	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
IS and telecommunications equipment	2,352	12,566
Celtic Interconnector Project	18,047	9,815
Facilities	2,527	2,267
<b>Total</b>	<b>22,926</b>	<b>14,648</b>

## 30. (K) Right of Use Assets and Lease Liabilities

	Property € '000	Motor vehicles € '000	Total € '000
<b>Right of use assets</b>			
<b>Cost</b>			
Balance as at 1 Oct 2019	32,478	29	32,507
Additions	–	–	–
Balance as at 1 Oct 2020	32,478	29	32,507
Lease modifications	633	–	633
<b>Balance as at 30 Sep 2021</b>	<b>33,111</b>	<b>29</b>	<b>33,140</b>
<b>Accumulated depreciation and impairment Losses</b>			
Balance as at 1 Oct 2019	–	–	–
Depreciation	3,015	14	3,029
Balance as at 1 Oct 2020	3,015	14	3,029
Depreciation	3,436	12	3,448
Balance as at 30 Sep 2021	6,451	26	6,477
<b>Carrying amount as at 30 Sep 2021</b>	<b>26,660</b>	<b>3</b>	<b>26,663</b>
<b>Carrying amount as at 30 Sep 2020</b>	<b>29,463</b>	<b>15</b>	<b>29,478</b>

	Total € '000
<b>Lease liabilities</b>	
Balance as at 1 Oct 2020	32,043
Lease modification	633
Interest	429
Lease payments	(3,420)
<b>Balance as at 30 Sep 2021</b>	<b>29,685</b>

	€ '000
<b>Analysed as:</b>	
Current	2,239
Non-current	27,446
<b>Balance as at 30 Sep 2021</b>	<b>29,685</b>

**30. (K) Right of Use Assets and Lease Liabilities (continued)**

The table below shows the maturity analysis of the discounted and undiscounted lease liability arising from the Group's leasing activities.

Lease liabilities	Discounted € '000	Undiscounted € '000
Within one year	2,239	2,634
Between two and five years	10,361	11,635
After five years	17,085	17,766
<b>Total</b>	<b>29,685</b>	<b>32,035</b>

Amounts recognised in consolidated income statement	Total € '000
Depreciation on right of use assets	3,448
Expenses relating to short terms leases	–
Variable lease payments *	17
Expenses relating to leases of low value leases, excluding short term leases of low value assets	–
Interest on lease liabilities	429

\* The Group has a managed print service contract with variable lease payments linked to future use of the underlying asset so these payments have been excluded from the measurement of the lease liabilities.

Amounts recognised in consolidated income statement	Total € '000
Total cash outflows for the lease during the year *	3,437

\* Includes interest expense, principal repayments, short term and low value lease expenses

**30. (L) Trade and Other Receivables – Amounts Falling due After More than One Year**

	Note	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Prepayments and deferred project costs		21,548	20,101
Other receivables		38,550	16,125
Amounts owed by subsidiary undertakings		162,250	163,540
Deferred tax	30 (S)	12,015	13,121
<b>Total</b>		<b>234,363</b>	<b>212,887</b>

The Directors consider that the carrying amount of trade and other receivables approximates their fair value.

Company prepayments and deferred project costs include deferred costs in respect of transmission projects of €21.5m (2020: €20.1m) respectively, all of which may not be recoverable within twelve months.

Other receivables includes €38.6m relating to recoverable costs arising from the introduction of the EU Regulation 2019/943 on the internal market for electricity which came into effect on 1 January 2020. The Group is satisfied that all costs arising from the implementation of the Regulation will be supported by a regulated, market-based tariff. These costs have been recognised through a provision as outlined in note 30 (U).

**30. (M) Cash and Cash Equivalents**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Cash and cash equivalents	455,095	413,311

Cash and cash equivalents primarily comprises cash held by the Company and short-term bank deposits with an original maturity of three months or less. The carrying amount of these assets approximates their fair value. The credit risk on liquid funds is limited because the counterparties are banks with relatively high credit ratings assigned by international credit rating agencies.

Included in the cash balances are security deposits of €8.8m (2020: €12.9m). Included in the cash balances is €60.0m. (2020: €46.5m) held on trust for market participants in the SEM and €29.1m (2020: €19.5m) held in SEM collateral reserve accounts (security accounts held in the name of market participants).



**30. (N) Trade and Other Receivables – Amounts Falling Due Within One Year**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Trade receivables	1,744	500
Prepayments and deferred project costs	29,562	27,713
Unbilled receivables	90,430	84,767
Other receivables	23,464	34,647
Current tax receivables	–	6,460
Amounts owed by subsidiary undertakings	16,302	31,429
<b>Total</b>	<b>161,502</b>	<b>185,516</b>

€5.7m (2020: €2.0m) of the other receivables balance relates to payments due from ESB as Transmission Asset Owner in Ireland.

Company prepayments and deferred project costs include deferred costs in respect of transmission projects of €21.2m. (2020: €19.2m), all of which expected be recoverable within twelve months.

Other receivables due in less than one year in the prior year included €9.3m owed from the SEM balancing market to SEMO in respect of working capital requirements that occurred in the balancing market during the prior year and was funded by external bank funding provided by EirGrid and SONI through SEMO. This balance was recovered through k-factor tariff adjustments in the year and the working capital facility was repaid. Due to overrecoveries in the market during the year there was a balance owing to the SEM balancing market at 30 Sep 2021 as outlined in note 30 (O).

**30. (O) Trade and Other Payables – Amounts Falling Due Within One Year**

	Note	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Trade payables		63,845	59,174
Accruals		166,327	158,269
Deferred income		1,712	1,109
Taxation and social insurance		13,366	12,844
Current tax payable		4,242	–
Other payables		108,899	58,051
Amounts owed to subsidiary undertakings		6,869	18,955
Grants	30 (Q)	147	356
Borrowings	30 (R)	10,352	9,928
Lease liabilities	30 (K)	2,239	2,639
<b>Total</b>		<b>377,998</b>	<b>321,325</b>

Taxation and social insurance comprises of the following:

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Income tax deducted under PAYE	549	512
Pay-related social insurance	494	505
VAT	11,901	11,079
Withholding tax	422	748
<b>Total</b>	<b>13,366</b>	<b>12,844</b>

Trade payables and accruals principally comprise amounts outstanding for trade purchases and ongoing costs. €57.8m (2020: €55.0m) of the Company trade payables balance relates to the charge payable to ESB as Transmission Asset Owner. Accruals consist mainly of the direct costs of running the transmission system for the last two months of the accounting period.

Other payables due in less than one year includes €61.6m (2020: €nil) owed to the SEM balancing market due to overrecoveries which will be returned via a k-factor tariff adjustment. The balancing market position was in a receivable position in the prior year as outlined in note 30 (N).

**30. (P) Trade and Other Payables – Amounts Falling Due After More Than One Year**

	Note	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Derivative financial instrument		56,029	70,579
Grants	30 (Q)	–	–
Borrowings	30 (R)	182,511	242,863
Lease liabilities	30 (K)	27,446	29,404
<b>Total</b>		<b>265,986</b>	<b>342,846</b>

**30. (Q) Grants**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Balance as at 1 Oct 2020	356	114
Additions	–	797
Amortisation	(209)	(555)
<b>Balance as at 30 Sep 2021</b>	<b>147</b>	<b>356</b>

**Analysed as:**

Current	147	356
Non-Current	–	–
<b>Closing balance</b>	<b>147</b>	<b>356</b>

The Horizon 2020 EU-SysFlex project represents an opportunity to lead and participate in a pan-European strategic project which is directly aligned with the strategic objective of the EirGrid Group to be a “world leader in smart grids and integration of renewables”. The grant is allowable for certain costs set out in the grant agreement. The grant income is released against the expenditure as it is incurred and there was €0.1m of unamortised grants at year end. A failure to comply with the terms and conditions of the EU Commission Grant Agreement could result in a clawback of grant funding received by EirGrid.

**30. (R) Borrowings**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
<b>Repayable by instalments</b>		
Repayable within one year	10,352	9,928
Repayable within one and two years	10,793	10,352
Repayable within two and five years	35,217	33,775
Repayable greater than five years	136,501	148,736
<b>Total</b>	<b>192,863</b>	<b>202,791</b>

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
<b>Repayable other than by instalments</b>		
Repayable within one year	–	–
Repayable within one and two years	–	50,000
Repayable within two and five years	–	–
Repayable greater than five years	–	–
<b>Total</b>	<b>–</b>	<b>50,000</b>

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
<b>Total Borrowings</b>		
Repayable within one year	10,352	9,928
Repayable within one and two years	10,793	60,352
Repayable within two and five years	35,217	33,775
Repayable greater than five years	136,501	148,736
<b>Total</b>	<b>192,863</b>	<b>252,791</b>

A proportion of the loans have been converted from floating interest rate to fixed floating interest rate by using interest rate swap contracts. See note 25 of the consolidated financial statements.

The Company had unutilised borrowing facilities of €150.0m (2020: €100.0m) at the Balance Sheet date. The majority of these unutilised borrowings have been arranged in order that the Company has sufficient standby facilities to meet unbudgeted and unexpected constraint payments.

**30. (S) Deferred Tax**

	Accelerated tax depreciation € '000	Retirement benefits obligations € '000	Cash Flow Hedges € '000	Total € '000
Deferred tax asset as at 1 Oct 2019	(943)	6,146	9,592	14,795
(Charge)/Credit to the Income Statement for the year	471	(131)	–	340
Charge to the Statement of Comprehensive Income	–	(1,244)	(770)	(2,014)
Deferred tax asset as at 30 Sep 2020	(472)	4,771	8,822	13,121
(Charge)/Credit to the Income Statement for the year	505	40	–	545
Charge to the Statement of Comprehensive Income	–	167	(1,818)	(1,651)
<b>Deferred tax asset as at 30 Sep 2021</b>	<b>33</b>	<b>4,978</b>	<b>7,004</b>	<b>12,015</b>

**30. (T) Retirement Benefit Obligations**

The amount included in the Balance Sheet arising from the obligations in respect of these defined benefit plans are as follows:

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Present value of funded defined benefit obligations that are wholly or partly funded	208,143	183,040
Fair value of Schemes' assets at end of year	(168,315)	(144,870)
<b>Net Liability</b>	<b>39,828</b>	<b>38,170</b>

As outlined in note 23, there is one pension scheme held on the balance sheet of EirGrid plc. Information has been provided on these pension schemes as per note 23 of the consolidated financial statements. As there are no material differences between the information given in the consolidated notes and the Company information, it has been chosen not to reproduce this information.

**30. (U) Other Provisions**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Opening balance	16,125	16,125
Provisions made during the year	22,425	–
<b>Closing balance</b>	<b>38,550</b>	<b>16,125</b>

EU Regulation 2019/943 (“Regulation”) on the internal market for electricity is part of the Clean Energy Package and came into effect on 1 January 2020. Article 12 of this Regulation refers to dispatching of generation and demand response, and Article 13 refers to redispatching (where a transmission system operator requests a generator to change – in this context usually reduce – its intended level of production). The SEM Committee is continuing to consider how the Regulation will be implemented in Ireland and Northern Ireland.

The SEM Committee launched a consultation on the Regulation focusing on Articles 12 and 13 (SEM-20-028 27 April 2020). The consultation paper outlined that the Regulation will involve updates to existing arrangements (SEM-11-062) to reflect the new requirements in relation to priority dispatch and also updates to arrangements (SEM-13-010) regarding compensation for curtailment and constraints as introduced by the Regulation.

The SEM Committee released a further consultation paper (SEM-21-026) in April 2021, providing details of the Regulatory Authorities minded to position in relation to specific areas raised in consultation paper SEM-20-028, related to the implementation of Articles 12 and 13 focusing on the definitions of dispatch, redispatch and non-market based redispatch in the SEM and arrangements for compensation under Article 13(7). While it was previously indicated that the issues associated with this regulation would be presented as part of a proposed decision paper, a further consultation was published given the number of complex issues associated with the regulation. Subsequently in August 2021, the SEM Committee published the responses received in respect of SEM-21-026 and SEM 21-027, however no final decision paper on the implementation of this regulation has yet been published.

While there is a divergence around the interpretation and proposed implementation of this regulation and although there is a possibility that the potential liability could be nil, we believe it is probable that, on foot of the Regulation, the Company has a payment obligation at 30 September 2021. The final amount will depend on how the Regulatory Authorities decide to implement the Regulation in Ireland and Northern Ireland with regard to constraint payments to renewable generators with firm connections, curtailment payments to renewable generators and constraint payments to renewable generators with non-firm connections. The potential liability is estimated to be in the range of €17.7m to €150.9m. As this is an estimate, there is a possibility that the potential liability could be above or below this range, however, based on the Company’s consideration the best estimate within this range is a provision of €38.6 m. The timing of payments is uncertain, however payments to affected parties may commence following the conclusion of the consultation process.

The Company is satisfied that all costs arising from the implementation of the Regulation will be supported by a regulated, market-based tariff arrangement. Accordingly, a recoverable amount of €38.6m has been included in Trade and other receivables in note 30 (L).



**30. (V) Capital Commitments**

	30 Sep 2021 € '000	30 Sep 2020 € '000
Expenditure contracted for, but not provided for in the Financial Statements	3,458	5,110

The Company has contractual commitments arising from the Celtic Interconnector project, which is the proposed electricity link between Ireland and continental Europe which is in the detailed design and consent stage

**30. (W) Contingent Liabilities**

The Company is not aware of any contingent liabilities at the financial year end (2020: nil).

**30. (X) Related Party Transactions**

Borrowings by EirGrid Interconnector Designated Activity Company are guaranteed by EirGrid plc through a cross-guarantee structure. The Company has issued letters of support for its EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Designated Activity Company and the EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company subsidiaries.

EirGrid plc has given a Parent Company Undertaking to SONI Limited to the value of £10.0m (2020: £10.0m).

The Company has taken advantage of the exemption under paragraph 8(k) of FRS101 not to disclose transactions with fellow wholly owned subsidiaries.

**30. (Y) Post Balance Sheet Events**

There have been no other events between the reporting date and the date on which the financial statements were approved by the Board, which would require disclosure in and/or adjustment to the financial statements.

**30. (Z) Approval of Financial Statements**

The Board approved the Financial Statements on 15 December 2021.



# Notes

EirGrid  
The Oval,  
160 Shelbourne Road,  
Ballsbridge,  
Dublin, Do4 FW28

T +353 1 677 1700  
[eirgridgroup.com](http://eirgridgroup.com)





# An tAm i Láthair á Chosaint. An Todhchaí á Cothú.



# Táimid ag athrú don todhchaí, duitse.

Oibríonn agus forbraíonn EirGrid Group an córas leictreachais in Éire agus i dTuaisceart Éireann. An príomhról atá againn ná córas cumhachta uile-oileáin agus an margadh leictreachais mordhíola a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú. Chomh maith leis sin, forbraímid agus oibrímid idirnáisc le heangacha in aice linn agus cumasaímid idirnascairí tríú páirtí. Seolann EirGrid cumhacht ón áit a ngintear í chuig an áit a dteastaítear í, ag an praghas is eacnamúla is féidir. Chomh maith leis sin, cinntímid go mbíonn leictreachas ar fáil i gcónaí, nuair a theastaítear é agus sna háiteanna a dteastaítear é, gach soicind, gach lá – agus ar feadh na mblianta fada amach romhainn.

Toisc gur féidir leictreachas a ghiniúint gan astaíochtaí carbóin, beidh ról lárnach aige inár bhfreagairt ar an athrú aeráide. Beidh deich mbliana d'athruithe ar an gcóras leictreachais ag teastáil chun leictreachas glan ó fhoinsí in-athnuaite a fhás, agus beidh EirGrid Group i gcroílár an chlaochlaithe seo. Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2020 go 30 Meán Fómhair 2021.


Ba thréimhse ríthábhachtach é na 12 mhí seo i ndáil le forbairt agus tabhairt chun críche an treochláir chun an t-aistriú slán seo agus a rannchuidiú maidir lenár gcuid uailmhianta aeráide do na blianta amach romhainn a sholáthar, agus chun dul tríd an bpróiseas chun Todhchaí ár Leictreachais a Mhúnlú a fhorbairt. D'fhorbraíomar ár gcur chuige inbhuanaitheachta féin chomh maith chun bheith chun tosaigh maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú na hearnála leictreachais.







# Léarscáil an Chórais Tarchurtha



# Clár na nÁbhar



Baile Átha Cliath



Béal Feirste



Corcaigh

Tuarascáil ón gCathaoirleach.....3

Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach.....8

Athbheithniú Airgeadais.....14

Chun Tosaigh maidir le Dícharbónú

Ár nAistriú Slán a Mhúnlú .....16

Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú .....22

Glúin an-éagsúil .....24

Bonneagar Lónra .....26

Oibríochtaí Córais .....34

Chun Tosaigh maidir le hInbhuanaitheacht

Inbhuanaitheacht á Sainiú ar son an Ghrúpa.....42

Gníomhú ar son na hAeráide agus Claoclú  
an Chórais Leictreachais a chur chun cinn .....43

Tiomanta do Shocháil Inbhuanaithe.....44

A bheith inár nGnólacht Freagrach.....50

Staitisticí Córais .....54

Gluais .....62

Ráitis Airgeadais .....66

# Súil Siar ar an mBliain



Profit before Tax

**40.7m**


Underlying Profit

**22.1m**




Electricity produced from  
**Renewable Energy Sources**  
(RES-E) across the island:

**37.1%**



**295g**

CO<sub>2</sub> per kWh  
generated in 2020



**8.3%**

All-Island  
Dispatch Down  
(wind)

## Shaping Our Electricity Future Consultations



**99**

Deliberative  
Dialogue  
participants



New record  
for all-island wind  
energy generated

**4,489MW**

New record  
for all-island system  
demand of

**5,357MW**



Trial commenced  
of SNSP at:

75%



East West  
InterConnector  
availability:

98%



8 Battery Storage  
Projects energised  
– total capacity of

335MW



4

Community  
Forums  
established



500

Submissions



100+

Virtual  
consultative  
events



4.5GW

of offshore wind  
applications received



**Brendan Tuohy**  
Cathaoirleach, EirGrid Group

## Tuarascáil ón gCathaoirleach 2020-21

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil EirGrid Group don bhliain airgeadais 2020/2021 a chur os bhur gcomhair. Leanamar leis an téama a bhí againn don tuarascáil anuraidh i mbliana, “An tAm i Láthair á Chosaint, an Todhchaí á Cothú” toisc go measaimid go léiríonn sé an bhliain atá caite go han-maith mar gheall ar ár ndearcadh athnuaite ar 2030 agus an claoclú atá le déanamh againn mar shochaí.

### Dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Straitéis EirGrid (2020-2025)

Chuamar ar aghaidh i gcomhthéacs na paindéime, a raibh tionchar mór aici ar an leibhéal domhanda agus an leibhéal áitiúil. Ba bhliain ríthábhachtach é seo don Ghrúpa agus ár Straitéis á cur i gcrích againn, lena n-áirítear sainiú an treochláir go dtí 2030 le Todhchaí ár Leictreachais a Mhúnlú agus dul chun cinn na dtionscadal ríthábhachtach bonneagair, amhail an tIdirnascaire

Ceilteach. Ar an dea-uair, leanamar lenár bhfreagairt láidir ar na dúshláin a bhí romhainn mar gheall ar an bpaindéim. D’athraíomar chun uirlisí fíorúla rannpháirtíochta a úsáid ionas gurbh fhéidir linn leanúint den rannpháirtíocht phoiblí agus a bhúil le tiomantas leanúnach ár bhfoirne ar fud an Ghrúpa, bhíomar in ann leanúint ar aghaidh agus bealaí nuálacha a aimsiú chun a áirithiú go raibh na cláir ar an mbealach ceart chun na spriocanna a bhaint amach.

Agus deireadh á chur leis an mbliain airgeadais seo, tháingamar i dtreo lárphointe Straitéis EirGrid Group (2020-2025), straitéis a múnlaíodh ag an dá fhachtóir a leanas: athrú aeráide agus an claoclú a theastaíonn san earnáil leictreachais, agus tá áthas orm tuairisc a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn agus an Straitéis á cur i gcrích againn, cé go raibh dúshláin sheachtracha romhainn.

Ceann de na dúshláin ardleibhéil a tugadh do EirGrid Group, breis agus deich mbliana ó shin, ná

sprioc, a raibh cuma an-dúshlánach uirthi ag an am, a bhaint amach. Iarradh orainn go dtáirgí 40% den leictreachas ar fad le fuinneamh in-athnuaite faoi 2020. Tá an-áthas orm a rá gur bhaineamar na spriocanna seo le haghaidh 2020 amach i gcomhair leictreachas in-athnuaite i ngach dlínse ar an oileán. Is mór an bua é seo, go háirithe agus córas leictreachais uile-oileáin againn atá sách beag agus gan ach idirnasc teoranta, toisc go raibh orainn réitigh a fhorbairt nárbh ann dóibh aon áit eile, agus é sin á dhéanamh againn, agus ról fionnachtaí a ghlacadh a chuir ar ár gcumas ár gcuid eolais agus taithí a roinnt le daoine eile.

### Dícharbónú á éascú ag leictreachas

Aithnítear gurb é an earnáil leictreachais an earnáil a bheidh ríthábhachtach maidir le dícharbónú na sochaí, mar a éiríonn an córas téimh agus codanna móra den chóras iompair níos spleáiche ar leictreachas glan mar fhoinse fuinnimh. Mar

“Is muidne, ar deireadh thiar, na daoine is fearr don réiteach fadhbanna a bhí ar Dhomhan riamh. Má tá an chumhacht againn an pláinéad seo a dhíchobhsú nuair nach bhfuilimid ag obair lena chéile, is cinnte go mbeimis cumhachtach go leor é a shábháil dá n-oibreois lena chéile.”

Sir David Attenborough

thoradh air sin, glacfaidh EirGrid Group ról tábhachtach ar fud an oileáin chun bheith mar bhonn faoin ngeilleagar agus i mbaint amach uailmhianta aeráide.

### Foinse Fuinnimh na hÉireann amach ón gcósta

Agus aitheantas á thabhairt aige don acmhainn shuntasach d’fhuinneamh in-athnuaite atá ar fáil d’Éirinn amach ón gcósta, d’iarr an Rialtas ar EirGrid i mí Bealtaine 2021 freagracht a ghlacadh as forbairt agus úinéireacht d’eangach leictreachais nua amach ón gcósta. Ní mór an eangach seo a thógáil chun tacaíocht a thabhairt d’uailmhianta an Rialtais leas a bhaint as breis agus 30GW de leictreachas is féidir a ghiniúint ó fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.

Bhí an-áthas ar an mBord glacadh leis an iarratas seo ón Rialtas agus fáiltíonn sé roimh an muinín atá léirithe ag an Rialtas in EirGrid chun an dúshlán mór seo a shárú agus deis ollmhór a chur ar fáil don tír go fadtréimhseach.

### Reachtaíocht agus Beartais maidir le Cúrsaí Aeráide – Éire

Céim thábhachtach ab ea achtú an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 ar an 23 Iúil 2021, chun an tír a threorú arís chun glacadh go fonnmhar le todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin bhithéagsúil, agus rath a bhaint aisti. Soláthraíonn an tAcht seo bonn dlíthiúil le haghaidh geilleagar aeráid-neodrach faoi 2050 agus an chéad chéim ar an gconair sin, laghdú 51% ar ár gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Soláthraíonn sé freisin an struchtúr rialála chun an fhís seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Pleananna bliantúla um Ghníomhú in aghaidh an Athraithe Aeráide agus Buiséid Charbóin, a mhairfidh cúig bliana, arna bhforbairt ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Tá comhairle curtha ar fáil ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide maidir leis na chéad bhuiséid charbóin don gheilleagar ar fad, agus tá béim curtha sna buiséid

sin ar an dúshlán atá romhainn sa tréimhse suas go dtí 2030, agus suas go dtí 2035 ar bhonn sealadach.

Léiríonn glacadh an Phlean Fhorbartha Náisiúnta 2040, agus foilsíú an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2021, go mbeidh méadú ar an sprioc do leictreachas in-athnuaite, ó 70% ar a laghad d’fhuinneamh in-athnuaite suas go 80% faoi 2030, mar chuid den laghdú seo ar gháis cheaptha teasa. Chomh maith leis sin, laghdófar an sprioc do na hastaíochtaí, faoi 2030, ó thart ar choibhéis CO<sub>2</sub> 8Mt go dtí idir choibhéis CO<sub>2</sub> 2Mt agus 4Mt. Beidh sé thar a bheith deacair an dúshlán seo a chomhlíonadh agus an geilleagar á leathnú agus méadú mór beartaithe maidir le húsáid leictreachais, ach tá EirGrid ag súil le haghaidh a thabhairt air.



## Reachtaíocht agus Beartais maidir le Cúrsaí Aeráide – Tuaisceart Éireann

Tá comhairliúchán ar bun ag an bhFeidhmeannas i dTuaisceart Éireann maidir le Straitéis um Fhuinneamh nua do Thuaisceart Éireann, agus é mar aidhm ag an straitéis sin earnáil fuinnimh Thuaisceart Éireann a dhíchárbónú faoi 2050, ar an gcostas is ísle don tomhaltóir. Sna cásanna ar fad arna samhltú ag an Roinn um an nGeilleagar, tá uaillmhian mhéadaithe ann i gcomhair leictreachas in-athnuaite, 70% ar a laghad is dócha. Bhí ról lárnach ag SONI, agus leanfaidh sé leis an ról tábhachtach sin, maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm na Straitéise. Seachas sin, tá dhá Bhille os comhair Thionól Thuaisceart Éireann, agus cé go bhfuil an cur chuige atá ag an dá cheann éagsúil, tá an dá cheann acu dírithe ar sprioc neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

## Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

Agus an chonair i dtreo bhaint amach na n-ardleibhéal d'fhuinneamh in-athnuaite agus astaíochtaí níos lú á leanúint againn, beidh orainn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shuntasacha theicniúla agus eacnamaíocha ar fud na líonraí, oibríochtaí agus margáí leictreachais ar fad. Beidh rannpháirtíocht ag teastáil leis an mórphobal agus pobail ina bhfuil agus ina mbeidh ár mbonneagar líonra agus bonneagar

líonra forbróirí glúnta. Bhí ár bpróiseas rannpháirtíochta maidir le Todhchaí ár Leictreachais a Mhúnlú uileghabhálach i ngach cuid den tsochaí agus den ghnó. Reáchtáladh breis agus céad imeacht ar fud na hÉireann agus ar fud Thuaisceart Éireann, agus fuarthas breis agus cúig chéad freagra ar chomhairliúcháin. Go háirithe, mar gheall ar chúrsaí paindéime, bhí orainn é seo a chur ar fáil go fíorúil, agus molaim iad siúd sa Ghrúpa a chinntigh go raibh ár gcuid rannpháirtíochta éifeachtach agus neamhtheoranta i dtéarmaí teagmhála agus caighdeán an dioscúrsa.

Agus treochlár éifeachtach á fhorbairt againn, éilíodh orainn go gcuirfimis a mhéad dearchtaí agus tuairimí arbh fhéidir san áireamh, ag baint leas as an ngaois atá ar fud na bpobal agus i saol an ghnó. Leagfaidh an treochlár seo fíis amach do chóras cumhachta le breis agus 70% d'athnuaiteáin faoi 2030 – an chéad chéim thábhachtach i dtreo 80% agus a bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi 2050.

## Astaíochtaí a laghdú

Is dúshlán suntasach é na leibhéil laghdaithe seo ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach. Ag féachaint ar thionchar phaindéim COVID-19, laghdaíodh na hastaíochtaí in Éirinn faoi 4% idir 2018 agus 2019 agus 3.6% eile idir 2019 agus 2020. Tharla sé seo mar thoradh ar athruithe suntasacha i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear cianobair agus níos lú taistil. Nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an meánlaghdú de 7% bliain i ndiaidh a chéile a theastaítear sa tréimhse

suas go dtí 2030, is léir go mbeidh níos mó iarrachta ag teastáil ar fud an gheilleagair agus ar fud na sochaí chun astaíochtaí aeráide a laghdú in am trátha.

## An Aincheist Thriarach agus Slándáil an tSoláthair

Beidh dúshlán ag baint leis an gclaohlú i dtreo a bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi 2050. Bhí trí ghné idirspéiceacha ag baint le beartas leictreachais go traidisiúnta, trí ghné ar cheart bheith cothrom (ar a dtugtar an Aincheist Thriarach Fuinnimh), eadhon slándáil an tsoláthair, iomaíocht/costas agus giniúint mhéadaithe ó athnuaiteáin agus ó theicneolaíochtaí ísealcharbóin eile. Bhí an Grúpa ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir na trí ní seo riamh agus, le linn an chlaohlaithe ón status quo reatha chuig córas cumhachta ísealcharbóin, éiríonn na dúshlán maidir le slándáil an tsoláthair agus iomaíocht/costas níos casta.

Le linn na bliana airgeadais seo, bhí níos mó inní orainn maidir le slándáil an tsoláthair, lena n-áirítear éaradh seirbhíse fada neamhbheartaithe ag dhá shaoráid ghiniúna mhóra; stáisiún cumhachta níos sine ag éirí níos neamhiontaofa agus gan an leibhéal céanna cothabhála a bheith déanta air mar gheall ar an bpaindéim; agus líon méadaithe stáisiún cumhachta ag teacht i dtreo deireadh a saoil agus an oibríocht iontu a stopadh. Chonacthas freisin nár tháinig cuid den acmhainn ghiniúna bheartaithe chun cinn mar a bhíodhas ag súil agus níos lú gaoithe ag tréimhsí

ríthábhachtacha le linn na bliana, rud a d'fhág gurbh éigean dúinn dul i muinín roinnt stáisiún cumhachta a bhí níos sine agus níos neamhiontaofa, chomh maith le roinnt allmhairí nach mbeidh ar fáil i gcónaí má bhíonn na dálaí aeráide céanna i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe. Agus iad seo ar fad á gcur le chéile, cruthaíodh roinnt dúshlán d'áirithiú shlándáil an tsoláthair.

In éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Coimisiún um Rialáil Fónais (ag a bhfuil an fhreagracht dhlíthiúil slándáil an tsoláthair a áirithiú), cuireadh clár le chéile chun soláthar leordhóthanach a chinntiú chun an t-éileamh a chomhlíonadh. Bhí go leor rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta le comhghleacaithe sna comhlachtaí seo, chomh maith le hoibritheoirí saoráidí giniúna agus daoine eile, ag teastáil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ceann de na comhlachtaí seo as ucht na spride agus an rúin lenár tugadh faoin rannpháirtíocht seo.

### Ag Féachaint Amach Romhainn

Aithnítear gur bagairt eiseach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna agus tugann sé sólas dúinn a fheiceáil go dtagann na huailmhianta atá againn ar fad ar fud oileán na hÉireann lena chéile chun sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhunú sa dá dhlíse faoi 2050. Tá córas leictreachais dícharbónaithe ag croílár shárú an dúshláin seo. Leanfaidh EirGrid Group air ag díriú ar an ról atá aige i gclaochlú an chórais chumhachta do na glúnta

amach romhainn chun a chinntiú go ndéanfaidh an córas leictreachais, agus an eangach agus an margadh go háirithe, a dhícheall chun sochaí dhícharbónaithe a bhaint amach.

Áirítear leis an Treochlár a ghabhann le Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú mionsonraí maidir leis an mbealach a mbainfí an fhís seo agus na spriocanna le haghaidh 2030 amach, mar chuid de Straitéis EirGrid (2020-2025).

### Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD agus lena chuid oifigeach, a thacaigh go mór lenár gcuid iarrachtaí le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire um an nGeilleagar, Gordon Lyons MLA agus leis an Aire um Bonneagar, Nichola Mallon MLA agus a gcuid oifigeach i dTuaisceart Éireann a bhí fíorthacúil freisin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais freisin, agus leis an Rialtóir Fónais i dTuaisceart Éireann, as a gcuid rannpháirtíochta cuidithir ar fud an Ghrúpa.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne in EirGrid agus SONI as a gcuid oibre leanúnaí chun an straitéis a chur i gcrích le himeacht bliain eile dheacair dhúshlánach.

Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Mark Foley, Príomhoifigigh an Ghrúpa agus na comhaltaí eile den Bhord as a gcuid ceannaireachta agus tacaíochta leanúnaí.





# Straitéis Grúpa go dtí 2025

## Ár gCuspóir

Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teacht

## An Phríomhspríoc atá Againn


Bheith chun tosaigh in earnáil leictreachais an oileáin i ndáil leis an inbhuanaitheacht agus dícharbónú

## Ár Spriocanna Tacúla

Eangach agus margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú

Obair a dhéanamh le páirtithe ar son athrú dearfach

Rannpháirtíocht a dhéanamh chun torthaí níos fearr do chách a bhaint amach



**Mark Foley**  
Príomhfheidhmeannach, EirGrid Group

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh 2020-21

Bhí an phaindéim ina cuid dár n-oibríochtaí gnó fós le linn bhliain airgeadais 2020-2021. Ba bhliain ríthábhachtach é agus muid ag teacht i dtreo lárphointe ár Straitéise Grúpa 2020-2025, ina bhfuil maolú an athraithe aeráide agus clochlú an chórais chumhachta ag an gcroílár. Tá mé thar a bheith bródúil as an méid atá bainte amach againn ar fud an Ghrúpa i mbliana, go háirithe mar gheall ar an ról suntasach a tugadh dúinn maidir le spriocanna aeráide agus fuinnimh ar fud an oileáin a bhaint amach.

Le himeacht na bliana suaithe seo, dhíríomar go dlúth ar chur i gcrích ár Straitéise. Léirítear é seo inár bhfeidhmíocht airgeadais le haghaidh 2020-2021, ina bhfuair an Grúpa ioncam de €737.4m agus brabús de €40.7m roimh cháin. An brabús i ndiaidh na cánach ná €35.7m. Mar thoradh air sin, is féidir linn díbhinn de €4m a mholadh don scairshealbhoir, atá i gcomhréir le blianta roimhe seo agus ionchais an scairshealbhóra.

Tugadh an tAire Fuinnimh sprioc dúinn, chomh fada siar le 2008, go dtiocfadh 40% dár n-éileamh ar leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020. Ina dhiaidh sin, in 2010, ghlac Feidhmeannas Thuaisceart Éireann leis an bhfigiúir seo le haghaidh Tuaisceart Éireann freisin leis an gCreat um Fhuinneamh Straitéiseach. Ag an tráth sin, dúirt go leor daoine nárbh fhéidir an sprioc sin a bhaint amach ar go leor fáthanna. Ach shíleamar in EirGrid agus san éiceachóras leictreachais níos leithne gurbh fhéidir le cur chuige comhoibríoch a chuimseodh an córas ar fad cuspóir an Aire a bhaint amach.

Rinneadh anailís cheannródaíoch agus leis sin d'fhorbraíomar cuir chuige chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le níos mó athnuaiteán a úsáid ar chóras cumhachta oileáin agus d'oibríomar leis an tionscal chun réitigh cheannródaíocha theicniúla a sholáthar le deich mbliana anuas. Mar fhreagairt air sin, sholáthair an tionscal mór-réimse tionscadal um

fhorbairt fuinneamh in-athnuaite, nár fhacthas a leithéid riamh roimhe sin. Bhain na tionscadail seo den chuid is mó le táirgí gaoithe ar tír agus rogha táirgí seirbhíse córais. Thacaigh pobail ar fud an oileáin le formhór na dtionscadal i gcomhairle le forbróirí. Ag obair leis an gCoiste um an Margadh Leictreachais Aonair, rinneamar athruithe ar ár struchtúr margaidh chun infheistíocht i dtáirgí nua a éascú agus d'athraigh ár gcur chuige oibríochta chun leibhéal mhéadaithe athnuaiteán agus seirbhísí córais a bhain leis sin a chur san áireamh.

Ní hamháin gur bhaineamar an sprioc sin (40%) amach i mbliana ach sháraíomar é. Tháinig thart ar 43% dár gcuid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite sa bhliain féilire 2020. Tá tairbhí díreacha maidir leis an aeráid agus an comhshaol ag baint leis an rath seo, chomh maith le hinfeistíocht shuntasach san éiceachóras fuinnimh, slándáil mhéadaithe an tsoláthair, mar a laghdaíomar ár spleáchas ar

“Bhí an próiseas le haghaidh **Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú** ar cheann de na próisis chomhairliúcháin is leithne agus is cuimsithí in aon earnáil le blianta fada anuas.”

bhreolaí iontaise allmhairithe. Táimid in ann 70% dár soláthar leictreachais a ghiniúint, ar bhonn láithreach, ó athnuaiteáin cheana féin i mbliana, tar éis triail rathúil, agus chuireamar tús le triail chun é seo a athrú go 75% sa bhliain amach romhainn, figiúirí atá chun tosaigh ar domhan in ionchuimsiú na n-athnuaiteán. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine sa Ghrúpa, agus leis an tionscal níos leithne freisin as a gcuid iarrachtaí agus a gcuid tacaíochta chun é seo a bhaint amach.

Tugann an teist go dtí seo muinín don Rialtas, agus dóibh siúd sa tionscal, féachaint chuig an earnáil leictreachais mar threoraí sa treochlár dícharbónaithe mar a leagtar amach i bPlean an Rialtais um Ghníomhú in aghaidh an Athraithe Aeráide. Leag an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide sprioc síos go mbeadh laghdú 51% ar astaíochtaí náisiúnta gás ceaptha teasa faoi 2030. Baineann cuid lárnach den phlean seo leis an leictreachas agus sainordáíonn an plean go mbainfeadh

an córas leictreachais an sprioc amach go dtiocfadh 70% ar a laghad, agus suas le 80%, dár gcuid leictreachais ó fhoinní in-athnuaite. Cuirtear an uailmhian ar bhonn foirmiúil sna buiséid charbóin ar fud an gheilleagair, arna gcur chun cinn ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, a cheanglóidh ar gach earnáil sa gheilleagar a ndícheall a dhéanamh. Chonaiceamar i dTuisceart Éireann nach bhfuil roinnt cinntí beartais curtha i gcrích go fóill, ach ceapaimid go mbeidh ról lárnach ag an leictreachas chun geilleagar dícharbónaithe a bhaint amach.

Tá treochlár nua de dhíth orainn, mar sin de, chun muid a thabhairt chuig an todhchaí nua seo atá á tógáil againn le haghaidh 2030 agus sin atá beartaithe againn tríd an bpróiseas chun **Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú** a forbairt. Ag tógáil ar an samhaltú leathan atá déanta ag EirGrid agus SONI le dhá bhliain anuas, agus i gcomhthéacs na sprice 70%, tá mé thar a bheith bródúil as an méid atá bainte

amach againn leis an bpróiseas comhairliúcháin i mbliana maidir le **Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú**.

Bhí an próiseas seo ar cheann de na próisis chomhairliúcháin is leithne agus is cuimsithí in aon earnáil le blianta fada anuas. Ní raibh próiseas comhairliúcháin againn riamh cheana a bhí chomh mór leathan agus a bhí an tréimhse chomhairliúcháin 14 sheachtain. Bhí an fhreagairt a fuair againn ó réimse leathan rannpháirtithe an-spreagúil chomh maith. Thug an dioscúrsa saibhir mealltach seo ar fud réimse ardán rannpháirtíochta léargas maith dúinn maidir le dearthaí na ndaoine, an tionscail agus ár n-earnála féin maidir le todhchaí an fhuinnimh agus an bheartais aeráide. An ghné is tábhachtaí den phróiseas seo ná gur chruthaigh sé ardán fíor i gcomhair éisteachta, chun dearthaí a roinnt agus, an dúshlán is mó, chun éagsúlacht peirspictíochtaí a chur i bhforbairt dheireanach ar bplean uailmhianaigh. Ceann de na torthaí is suntasaí ná a shásta a bhí



tomhaltóirí bheith rannpháirteach le córas fuinnimh na todhchaí le micrighiniúint. D'fhoilsíomar torthaí an phróisis seo i bhFómhair 2021 agus táim ag súil le bheith ag obair arís leis na páirtithe leasmhara ar fad agus muid ag dul chuig céim sholáthair nua den phlean iontach uailmhianach seo.

Bhí an rannpháirtíocht maidir le Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú mar chuid den athrú mór chuig rannpháirtíocht fhíorúil le himeacht na bliana. Sheolamar ár dtairseach nua chomhairliúcháin ar líne i mbliana agus bhaineamar an chéad úsáid as ardán um lá oscailte fíorúil chomh maith le forbairt sraithe d'fhíseáin eolais agus oideachais ar líne. D'fhoilsíomar ár Straitéis nua um Rannpháirtíocht Phoiblí i mí Feabhra agus tá tosaithe againn é seo a úsáid mar chuid dár gcleachtais rannpháirtíochta, lena n-áirítear bunú chúig fhóram pobail maidir le tionscadail tharchurtha in 2021. Ceadaíonn na fóraim seo, a bhfuil daoine neamhspleácha ina gcathaoirligh orthu, do dhaoine áitiúla bheith rannpháirteach sna tionscadail a mhéid is féidir agus a mhothú go bhfuil lámh acu iontu. Creidimid go bhfuil dioscúrsa poiblí timpeall fhorbairt thodhchaí an fhuinnimh ghlain ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil an tacaíocht againn don mhórghníomhaíocht atá le déanamh.

Aithnímid agus tugaimid tacaíocht do sprioc leasaithe an Rialtais de 80% de leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030, agus, i ndáil leis sin, tá obair tosaithe againn cheana féin chun an sprioc nua seo a chur san áireamh i nuashonrú beartaithe

ar Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú in 2023. Creidimid gur féidir an sprioc nua a bhaint amach agus táimid tiomanta don chonair is fearr a fhorbairt chun an uailmhian nua seo a bhaint amach faoi 2030.

Tá eanáil nua um ghaoth amach ón gcósta réidh le tosú in Éirinn. Bheadh eanáil den sórt sin ina ceannródaí ríthábhachtach chun ár spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach, ach chomh maith leis sin, tá sé d'acmhainn aici geilleagair an oileáin a athrú ó bhonn san fhadtréimhse más féidir linn leas a bhaint as na hacmhainní fairsinge atá againn ar an gcósta thiar ar shlí éifeachtúil sna blianta fada amach romhainn. Áiríodh le foilsiú Ráiteas Beartais an Rialtais ar an gCreat le haghaidh Chóras Tarchurtha Eischósta Leictreachais na hÉireann i mí na Bealtaine, cinneadh a d'fhéadfadh ár n-eagraíocht a athrú ó bhonn sna blianta amach romhainn. Rinne an creat foráil do chlaohlú céimnithe ó shamhail de chóras tarchurtha díláraithe amach ón gcósta chuig samhail láraithe le himeacht na ndeich mbliana seo, agus dúradh go sannfaí pleanáil agus úinéireacht na sócmhainní le haghaidh córas tarchurtha amach ón gcósta do EirGrid, gníomh a d'fhágfadh gurbh é EirGrid an t-oibrítheoir córais agus úinéir na sócmhainne maidir leis an gcóras tarchurtha amach ón gcósta. Tá tús curtha againn anois le raon oibre don chuid eile den bhliain airgeadais mar gheall ar an gcinneadh sin, lena n-áirítear obair agus rannpháirtíocht chun tacú le Céim 1 de tionscadail a bhaineann le gaothfhuinneamh amach ón gcósta.

Leanfaimid leis an obair sin le linn na bliana seo chugainn agus déanfar forbairt ar shonraíochtaí feidhmíochta le haghaidh an líonra gaothfhuinnimh amach ón gcósta, na measúnuithe maidir leis an nascadh leis an eangach do na tionscadail seo agus dul chun cinn na chéad Scéime Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite Amach ón gcósta (ORESS).

Cuireadh i gcuimhne dúinn i mbliana, áfach, nach féidir linn fáil réidh go fóill le teicneolaíochtaí a chuidigh go mór linn go dtí seo. Ní mór go mbeadh forbairt leanúnach agus coimeád na giniúna ísealcharbóin inseolta, gás ísealcharbóin is dócha, mar chuid de thodhchaí an fhuinnimh ghlain, agus is faoiseamh dúinn a fheiceáil go gcuireann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, in iúl go bhfuil gá le 2GW ar a laghad de ghiniúint nua gháis le linn na tréimhse suas go dtí 2030. Cuirfidh an ghiniúint nua gháis seo ar ár gcumas slándáil an tsoláthair a chinntiú nuair nach mbíonn na hathnuaiteáin ag feidhmiú ar chúiseanna aeráide, agus ceadóidh sí dúinn dúnadh na stáisiún cumhachta guail, móna agus ola a dheifriú. Tháinig an imní maidir le slándáil an tsoláthair chun cinn i mbliana ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear cliseadh dhá stáisiún cumhachta mhóra, drochshamhradh i ndáil le cúrsaí gaoithe agus fadhbanna ginearálta feidhmíochta le stáisiún giniúna níos sine ar an gcóras. D'oibríomar go dlúth leis an rialtóir agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun réimse de bhearta gearrthréimhseacha, meántréimhseacha agus

fadréimhseacha a chur i bhfeidhm chun tacú le clochlú slán sna blianta amach romhainn. Tacaímid leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais, an t-údarás stáit atá freagrach as slándáil an tsoláthair, lena chuid iarrachtaí soláthar na méideanna riachtanacha giniúna gáis a dheifriú chun tacú le slándáil an chórais agus leis an gclaochlú chuig córas cumhachta ísealcharbóin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad as a gcuid iarrachtaí seasta agus rannpháirtíocht dhearfach.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn freisin maidir leis an Idirmascaire Ceilteach le himeacht na bliana agus cuireadh iarratais thoilithe chun cinn agus isteach in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc.

Chomh maith leis sin, bronnadh cead pleanála ar an Idirmascaire Thuaidh-Theas, cinneadh ar seasadh leis i mí Dheireadh Fómhair tar

éis athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh air i dTuaisceart Éireann. Leanaimid orainn ag déanamh dul chun cinn maidir le tionscadail eile ríthábhachtacha tharchurtha ar fud an oileáin agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na pobail sin a raibh ár gcuid foirne i dteagmháil leo le himeacht na bliana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Brendan Tuohy, Cathaoirleach EirGrid plc, agus le comhaltaí de Bhord EirGrid a thug tacaíocht leanúnach dom féin agus don fhoireann fheidhmeach agus muid ag dul tríd an tréimhse neamhghnách seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, agus lena chomhpháirtithe, an tAire um an nGeilleagar, Gordon Lyons, MLA agus an tAire um Bonneagar, Nichola Mallon MLA, as a gcuid rannpháirtíochta dearfaí agus tacaíochta.

Ba mhaith liom mo bhúochas a ghabháil freisin lenár rialtóirí, an Coimisiún um Rialáil Fónais agus an Rialtóir Fónais i dTuaisceart Éireann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne as a gcuid tiomantais agus obair dhíograiseach le linn bliain eile dhúshlánach agus paindéim COVID-19 ag leanúint ar aghaidh. Braitheann ár bhfís agus cuir i gcrích éifeachtach na Straitéise ar a gcuid rannpháirteachais ar fud an Ghrúpa. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuireann siad le clochlú an chórais chumhachta do na glúnta amach romhainn agus cuidíonn siad go díreach le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide.



# Todhchaí an Fhuinnimh Ghlain a Sholáthar

8.2Mt CO<sub>2</sub>  
from the sector

8

Large thermal units  
required on system

5.8GW  
Onshore Wind

2024

2024

30.8TWh  
Demand

23,000MWs  
System  
inertia floor

56.6TWh  
Demand


17,500MWs  
System  
inertia floor

+2.6GW  
Dispatchable  
Low Carbon  
Generation


8.2GW  
Onshore Wind

2-4Mt CO<sub>2</sub>  
from the sector

4 or less  
Large thermal units  
required on system







0.2GW  
Battery Storage

0.5GW  
Large Scale Solar

70%  
System  
Non-Synchronous  
penetration

0.025GW  
Offshore Wind

2000


2030

1.3GW  
Large Scale Solar


1.65GW  
Battery Storage

95%  
System  
Non-Synchronous  
penetration

5.1GW  
Offshore Wind



600MW  
Micro Generation Solar



Aidan Skelly  
Príomhoifigeach Airgeadais

“De bharr na gaoithe níos ísle tugadh **coigilteas** do chustaiméirí”

## Athbhreithniú Airgeadais 2020-21

### Ioncam agus Brabúsacht

Tagann ioncam an Ghrúpa ó tharaifí rialaithe den chuid is mó.

An príomhioncam ná an taraif le haghaidh Úsáid Tharchurtha an Chórais (TUoS). Tá an muirear seo le híos ag gach úsáideoir de chuid na gcóras tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Saothraímid freisin sciar de na taraifí toisc go bhfuilimid inár nOibritheoir Margaidh agus Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais don Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM). Saothraíonn an tIdirnascaire Thoir-Thiar ioncam ó ioncam plódaíthe a thagann ó dhifreálaigh phraghais idir SEM agus margaí na Ríochta Aontaithe agus saothraítear ioncam le haghaidh sholáthar na seirbhísí córais freisin.

Bhí ioncam an Ghrúpa don bhliain suas go dtí 30 Meán Fómhair 2021, a bhí cothrom le €737.4m, níos airde (€49m / 7%) ná an bhliain roimhe sin.

An brabús roimh cháin le haghaidh 2021 ná €40.7m. Bhí sé seo níos airde ná €14.0m in 2020, mar thoradh, den chuid is mó, ar na dálaí gaoithe an-íse le linn na bliana, rud a d'fhág go raibh na costais a bhain leis i bhfad níos ísle ná an lamháltas ioncaim rialála ex-ante (tuartha), a d'fhág go raibh brabús níos airde roimh cháin ann le haghaidh 2021. Sa mhargadh níos leithne, rinneadh an coigilteas costais a fhritháireamh le praghsanna níos airde fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise.

Gan tionchar aisghabhálacha ró-arda nó ró-íse maidir leis an mbrabús a tuairiscíodh a chur san áireamh, rinne an lucht bainistíochta bunbhrabús oibríúcháin €22.1m a mheas le haghaidh 2021 (2020: €18.3m).

D'íoc EirGrid díbhinn de €4.0m i mí an Mheithimh 2021 le haghaidh 2019/20. Tá sé beartaithe go n-íocfar díbhinn de €4.0m le haghaidh 2020/21 sa dara ráithe de 2022.

### Rialúchán

Tá roinnt gníomhaíochtaí ceadúnaithe ag baint le EirGrid Group. Déanann an Coimisiún um Rialáil Fónais agus an Rialtóir Fónais ár ngníomhaíochtaí mar oibritheoir córais tarchurtha a rialú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá dhá cheadúnas ag an nGrúpa freisin mar Oibritheoir Idirnascairí, ceann amháin ón gCoimisiún um Rialáil Fónais agus ceann eile ón Oifig um Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) sa Ríocht Aontaithe. Anuas air sin, áirítear le ról EirGrid Group bheith ina Oibritheoir sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEMO) le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, rud atá á rialáil ag Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Ar an gcoiste seo tá an Coimisiún um Rialáil Fónais, an Rialtóir Fónais, comhalta neamhspleách agus comhalta tánaisteach neamhspleách.

## Príomhphointí Airgeadais €m Torthaí Comhdhlúite Airgeadais

	2021	2020
Ioncam	737.4	688.4
Costais Dhíreacha	-535.0	-518.6
Costais Oibriúcháin Eile	-145.2	-137.7
Brabúis Oibriúcháin	57.2	32.1
Costais Airgeadais	-16.5	-18.1
PBT	40.7	14.0
Bunbhrabús	22.1	18.3

Ar deireadh, ainmníodh EirGrid plc agus SONI Teoranta mar Oibrítheoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (NEMO) ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais in Éirinn agus ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann. Cuirimid seirbhísí NEMO ar fáil trí SEMOpX, ar comhfhiontar conartha 75/25 idir EirGrid plc agus SONI Teo. é. Bíonn gníomhaíochtaí ceadúnaithe an Ghrúpa faoi réir ag rialú praghsanna ilbhlianta. Maireann siad seo ar feadh cúig bliana de ghnáth. Foilsíodh na cinntí do rialuithe praghsanna na n-oibrítheoirí córais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le haghaidh na cúig bliana go dtí 2025 i mí na Nollag 2020 agus tá na coigeartuithe ceadúnaithe chun na rialuithe praghsanna sin a fheidhmiú curtha i bhfeidhm anois. Cuireadh an rialú praghsanna SEMO le haghaidh na trí bliana go dtí mí Mheán Fómhair 2024 i gcrích i mí Mheán Fómhair 2021. Anuas ar an gcreat ilbhlianta, cuireann gach ceadúnaí tuar faoi bhráid an údaráis rialála ábhartha roimh gach bliain taraifí. Clúdaíonn

sé seo éileamh na gcustaiméirí, costais dhíreacha agus riachtanais ioncain eile. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh, eisíonn na rialtóirí cinneadh foirmiúil maidir leis an ioncam incheadaithe ar féidir leis an ngnólacht é a aisghabháil.

D'fhéadfadh an t-ioncam a bhailítear faoi na ceadanna a bheith éagsúil leis na leibhéil a aontaíodh leis na rialtóirí roimhe sin ó bhliain go bliain. Tarlaíonn sé seo toisc go n-aontaítear na taraifí bunaithe ar thuartha agus bailítear iad bunaithe ar ídiú iarbhír fuinnimh. D'fhéadfadh costais a bheith éagsúil le leibhéil thuartha freisin. Mar gheall air sin, d'fhéadfaí go n-áireofaí le torthaí airgeadais i mbliain faoi leith aisghabhálacha rialála ró-arda nó ró-íse sa bhliain atá i gceist nó ceartú aisghabhálacha ró-arda nó ró-íse na bliana roimhe sin. Bíonn bunbhrabús bunaithe ar dhíobhadh difríochtaí rialála den sórt sin. Sa bhliain suas go dtí Meán Fómhair 2021, bhí an brabús roimh cháin ionann agus €40.7m agus bhí an bunbhrabús ionann agus €22.1m. Tabharfar an ró-aisghabháil

bhainteach ar ais do chustaiméirí trí tharaifí laghdaithe sna blianta amach anseo.

### Cúrsaí Airgeadais

Leanann an Grúpa ar aghaidh agus é i suíomh maith airgeadais agus léirigh sreafaí airgid an Ghrúpa go raibh siad láidir le linn phaindéim COVID-19. Dírítear go géar ar acmhainní airgid an Ghrúpa agus cuireadh saoráidí leordhóthanacha oibre ar bun chun leachtacht an Ghrúpa a chosaint.

Baineann na hiasachtaí is mó atá ag an nGrúpa leis an Idirascáire Thoir-Thiar. Tá dátaí fada aisíocaíochta ag baint leo agus tá siad cosanta ar luaineachtaí ar an ráta úis. Na tosaíochtaí don bhliain seo chugainn ná bainistiú dhúshlán na leachtachta agus tús a chur leis an bpróiseas a bhaineann leis an maoiniú a theastaíonn chun tacú le tionscadail an Idirascáire Cheiltigh a fháil.





# Chun Tosaigh maidir le Dícharbónú

Ár nAistriú Slán a Mhúnlú



# Dúshlán nach mór dúinn a shárú.



**51%** is ea sprioc na hÉireann maidir le laghdú astaíochtaí faoi 2030 (í gcomparáid le leibhéal 2018).



**3.6%** de laghdú ar astaíochtaí bliantúla idir 2019 agus 2020 ar fud an gheilleagair.

Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá romhainn ach is dúshlán é nach mór dúinn a shárú mar gheall ar an mbagairt eiseach a dhéanann sé ar an gcine daonna.

Tá an séú tuarascáil mheasúnachta á forbairt ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide anois. Tá béim leagtha cheana féin aige ar an mbagairt láidir eiseach a bhaineann leis an athrú aeráide dúinn mura réiteofar é, chomh maith leis an bpráinn atá ag teastáil chun gníomhú ina aghaidh.

Le hachtú an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ar an 23 Iúil 2021, bhunaigh Éire conair atá ina cheangal dlí chun geilleagar atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de, agus a chothaíonn bithéagsúlacht, a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Anuas air sin, sholáthair sé bonn dlíthiúil don chéad treoir bhealaigh ar an aistear seo, laghdú 51% ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 2018.

Bhunaigh sé chomh maith bonn dlíthiúil le haghaidh struchtúr rialála chun treoir a sholáthar maidir lenár n-iarrachtaí dícharbónaithe, lena n-áirítear socrú buiséad carbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála, chomh maith le foilsíú bliantúil Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun leanúint ar aghaidh ón bplean tosaigh a foilsíodh in 2019.

I dTuaisceart Éireann, sheol an Roinn um an nGeilleagar comhairliúchán dar teideal “Energy Strategy for Northern Ireland” [Straitéis Fuinnimh le haghaidh Thuaisceart Éireann] i mí an Mhárta 2021. An fhís bheartaithe le haghaidh na Straitéise Fuinnimh nua ná astaíochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, agus fuinneamh ar phraghas réasúnta a sholáthar fós do thomhaltóirí. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an Straitéis Fuinnimh roimh dheireadh 2021.

Tá sé d’aidhm ag na beartais fuinnimh agus aeráide san dá dhlí nse claochlú foriomlán a dhéanamh go fuinneamh a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050, agus spriocanna soiléire leagtha síos don chéad treoir bhealaigh ar an aistear sin in 2030.

In Éirinn, beidh méid an dúshláin go dtí 2030 soiléir sa chéad Bhuiséad Carbóin a chuimseoidh gach gné den gheilleagar. Mhol an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide é seo thar thrí thréimhse bhuiséadacha ilbhlianta, eadhon 2021 go 2025, 2026 go 2030 agus 2031 go 2035. Bheadh 2021 go 2025 agus 2026 go 2030 ceangailteach dá nglacfaidh an Rialtas leo agus níl an tríú ceann ach tascach i láthair na huaire.

Is fiú an dúshlán a chur i gcomhthéacs na bhfardal sealadach is deireanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh 2020.





I gcomparáid le figiúirí 2019, leag na fardail seo béim ar laghdú de 3.6% ar astaíochtaí ar fud an gheilleagair, le laghduithe suntasacha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch mar gheall ar COVID-19.

An laghdú inchomparáide idir 2018 agus 2019 ná thart ar 4%.


Tá scála an chlaochlaithe riachtanaigh le linn na tréimhse go dtí 2030 ollmhór, go háirithe nuair a chuirtear an fás eacnamaíoch le déanaí agus an fás eacnamaíoch tuartha san áireamh. Beidh gá le hiarrachtaí suntasacha chun an nasc idir astaíochtaí agus gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaint.

I dTuaisceart Éireann, tá dhá Bhille os comhair an Tionóil maidir leis an mbealach is fearr chun uailmhian aeráide Thuaisceart Éireann a ghabháil, chomh maith lena rannchuidiú i gcomhthéacs spriocanna foriomlána na Ríochta Aontaithe.

Beidh baint amach na n-uailmhianta aeráide ina dúshlán suntasach ar fud an oileáin agus beidh athruithe de dhíth ar fud an gheilleagair agus ar fud na sochaí. Tá EirGrid Group réidh le páirt a ghlacadh i dtreorú earnáil leictreachais an oileáin agus í ar an aistear chun inbhuanaitheacht agus dícharbónú níos fearr a bhaint amach.

“Tá sé d’aidhm ag na beartais fuinnimh agus aeráide san dá dhlínse **claochlú foriomlán a dhéanamh go fuinneamh a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050**, agus spriocanna soiléire leagtha síos don chéad treoir bhealaigh ar an aistear sin in 2030...”

Buiséid Charbóin Mholta (an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide; Deireadh Fómhair 2021) i gcomhthéacs na n-astaíochtaí le déanaí, chomh maith le tuartha agus sprioc an laghdaithe 51% ar astaíochtaí le hais 2018.



# Príomhról an leictreachais maidir le dícharbónú

Leanfaidh an leictreachas air agus ról lárnach aige i mbaint amach ár gcuspóirí aeráide. Tar éis treocht tosaigh in airde sna 1990idí, léiríonn an leictreachas rath san iarracht dícharbónaithe go dtí seo agus aistriú á dhéanamh ó bhreoslaí iontaise i dtreo leibhéil ardaithe athnuaiteán. Bhaineamar amach spriocanna na bliana 2020 le haghaidh leictreachas in-athnuaite in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach, agus tháinig 40% dár n-éileamh ar leictreachas ó fhoinis in-athnuaite.

De réir na staitisticí astaíochtaí d'Éirinn, a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, léiríonn tionscail fuinnimh (an earnáil leictreachais go príomha) laghdú 23.3% ar astaíochtaí le linn na tréimhse 1990 - 2020. Le linn na tréimhse sin, laghdaigh astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais faoi 21.2%, ach mhéadaigh ídiú foriomlán leictreachais faoi 139.5%. Léiríonn an laghdú seo go ndearnadh dul chun cinn suntasach, lena n-áirítear: an sciar mhéadaithe d'athnuaiteán (cumhacht gaoithe den chuid is mó), feabhsuithe éifeachtúlachta sna stáisiúin chumhachta nua-aimseartha ghásadhainte atá ann anois in ionad na stáisiún cumhachta níos sine a bhí móinbhreoslaithe agus olabhreoslaithe, úsáid laghdaithe guail agus móna agus idirnasacht níos fearr leis an eangach leictreachais sa Ríocht Aontaithe.

Laghdaigh sé seo na hastaíochtaí reatha ón earnáil 'leictreachas poiblí

agus giniúint teasa' go dtí díreach os cionn 8.2Mt CO<sub>2</sub>e in 2020, thart ar 296 gram de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh an aonaid leictreachais a ghintear. Gineadh 896 gram de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh an aonaid leictreachais i 1990.

I dTuaisceart Éireann, léiríonn na fardail is déanaí a foilsíodh maidir le hastaíochtaí le haghaidh 2019 ón Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe go raibh astaíochtaí foriomlána Thuaisceart Éireann cothrom le 21.4Mt CO<sub>2</sub>e, agus gur ionann 'soláthar fuinnimh' agus 2.8Mt CO<sub>2</sub>e de seo, nó thart ar 13%.


Laghdaíodh na hastaíochtaí a bhaineann leis an soláthar fuinnimh faoi 48% idir 1990 agus 2019.

Deir an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ina Tuairisc Theicniúil go bhfuil 'flúirse de leictreachas glan ríthábhachtach chun bheith mar bhonn faoi bhaint amach na mbuiséad carbóin agus an sprioc laghdaithe de 51%. Braitheann gach earnáil nach mór ar sholáthar méadaithe de chun dícharbónú a dhéanamh'. Ar an mbonn céanna, thug an comhairliúchán ar Straitéis Fuinnimh Thuaisceart Éireann an méid a leanas faoi deara:

'Tugann ár mbonn leictreachais in-athnuaite reatha ardán iontach dúinn chun an earnáil chumhachta a dhícharbónú tuilleadh agus chun cur le dícharbónú an chórais téimh agus an chórais iompair.'

Leag Clár an Rialtais, Ár dTodhchaí le Chéile (2020), agus comhairliúchán Straitéis Fuinnimh Thuaisceart Éireann, a thosaigh i mí an Mhárta 2021, béim ar an mbealach a gceanglófar ar an earnáil leictreachais astaíochtaí a laghdú laistigh den earnáil agus ar fud an gheilleagair le leictriúchán. In Éirinn, beidh sé riachtanach go mbeidh 70% den leictreachas in-athnuaite faoi 2030, agus méadaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, an cuspóir seo go dtí 80% de leictreachas in-athnuaite in Éirinn, In éineacht le tionscnaimh eile, laghdóidh na bearta sin astaíochtaí na hearnála ó 8.2Mt in 2020 go thart ar 2-4Mt faoi 2030.


Tá earnáil an leictreachais ag croílár ár n-iarrachta dícharbónaithe ar fud an oileáin agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh treochlár againn chun claochlú suntasach na hearnála sa tréimhse suas le 2030, agus ina dhiaidh sin, a bhaint amach.



21.2%

de laghdú ar astaíochtaí leictreachais ó 1990-2020 de bharr sciar mhéadaíthe d'athnuaiteáin agus stáisiúin chumhachta ghásadhainte.


Táirgeadh Traidisiúnta na hÉireann de réir Chineál an Bhreosla (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)



139.5%

de mhéadú ar an ídiú leictreachais idir 1990-2020, ach laghdaigh astaíochtaí de bharr ghiniúint an leictreachais le linn na tréimhse seo.


Déine Astaíochtaí an Leictreachais (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)



8-9 Mt

de laghdú spriocdhírthe ar astaíochtaí ó earnáil an leictreachais faoi 2030

Rannchuidiú na hearnála leictreachais le laghduithe foriomlána na n-astaíochtaí sa gheilleagar ar fad in Éirinn





“ Is rud thar a bheith dearfach é go bhfuil EirGrid ag glacadh céimeanna den sórt seo **chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc an phobail agus na bpáirtithe leasmhara.**”

Rannpháirtí de chuid ‘Deliberative Dialogue’

### Ár dtodhchaí leictreachais a mhúnlú

Tá an claochlú atá le déanamh ag an earnáil leictreachais chun an leibhéal dícharbónaithe seo a éascú ollmhór. Iompróidh an córas leictreachais níos mó cumhachta ná riamh cheana agus tiocfaidh formhór na cumhachta sin ó fhoinsí in-athnuaite amhail an ghaoth agus an ghrian. Cuirfear deireadh le giniúint bunaithe ar ghual agus ar bhreosla iontaise de réir a chéile sna deich mbliana amach romhainn, agus líonfaidh gás nádúrtha aon bhearnaí a bheidh ann agus na hathruithe á ndéanamh againn.

San am atá caite, bhíodh na gineadóirí ar fad sioncronaithe ag an minicíocht chéanna agus iad á nascadh leis an eangach leictreachais. D’fhonn na spriocanna d’athnuaiteáin a bhaint amach faoi 2030, áfach, beidh orainn a bheith in ann an eangach a fheidmiú le nach mór 100% d’fhoinsí nach mbeidh sioncronaithe leis an gcóras leictreachais, ar a dtugtar Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP), ag pointí áirithe.

Is iad athnuaiteáin, amhail giniúint ón ngaoth agus ón ngrian, na foinsí SNSP is coitianta.

Anuas air sin, bíonn an acmhainn atá ag na gineadóirí seo ag pointe áirithe éagsúil agus braitheann sí ar an aimsir. Tá sé ag croílár ár gcuid iarrachtaí dícharbónaithe go n-uasmhéadófaí úsáid athnuaiteán nuair a bhíonn siad ar fáil go flúirseach agus an riachtanas, a bhaineann le hiad a chasadh síos le linn tréimhsí a mbíonn an t-éileamh laghdaithe, a laghdú.



Próiseas ‘Deliberative Dialogue’ mar chuid de phróiseas comhairliúcháin Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

Beidh sé dúshlánach na spriocanna leictreachais in-athnuaite 2030 a bhaint amach ar fud na líonraí tarchurtha leictreachais, oibríocht an chórais chumhachta agus na margaí leictreachais. Bhí gá ann chomh maith le forbairt a dhéanamh ar fhís chomhtháite de chóras cumhachta agus margaí leictreachais 2030 le haghaidh na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Ar an 8 Márta 2021, sheol EirGrid agus SONI an comhairliúchán Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú. Thar na 14 seachtaine ina dhiaidh sin d’iarramar dearchtaí ó gach cearn den gheilleagar, den tsochaí agus den tionscal ar an smaointeoireacht thosaigh a bhí againn maidir leis an mbealach arbh fhéidir leis an eangach leictreachais, an margadh agus oibríocht an chórais athrú chun spriocanna 2030 a bhaint amach.

Reáchtáladh breis agus 100 imeacht ar fud na hÉireann agus ar fud Thuaisceart Éireann. Bhíothas rannpháirteach le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, pobail, gnólachtaí áitiúla, tionscal, tomhaltóirí, grúpaí talmhaíochta agus daoine óga. Fuaireamar breis agus 500 aighneacht mar chuid den chomhairliúchán.

Ar an iomlán, léirigh an t-aiseolas ón bpobal agus ón tionscal go bhfuil go leor tacaíochta ann le haghaidh todhchaí ísealcharbóin agus léirthuisicint go bhfuil fíorghníomh ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Leag pobail áitiúla béim ar na deiseanna do mhicrighiniúint bunaithe sna pobail áitiúla. Thug páirtithe leasmhara an tionscail réimse leathan aiseolais a chlúdaigh gnéithe teicniúla na margaí, na líonraí agus oibríochtaí an chórais leictreachais.

**Glúin iomlán difriúil** Beidh réimse de theicneolaíochtaí giniúna



### 1. Rannpháirtíocht

Conas tacaíocht a fháil ó úinéirí talún aonair, ón bpobal níos leithne agus ó pháirtithe leasmhara.



### 2. Líonraí

An cur chuige is fearr a mholadh chun ár dtodhchaí leictreach a fhorbairt agus a fheabhsú.



### 3. Oibríochtaí

An bealach is fearr chun slándáil an chórais leictreachais a chinntiú, chomh maith le hiontaofacht agus feidhm á baint as giniúint in-athnuaite níos eatramhaí.



### 4. Margai

Conas an infheistíocht is gá a dhreasú, infheistíocht a sholáthróidh spriocanna 2030 ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de.

Dúirt formhór na bhfreagraí go mbeidh cur chuige a chuimsíonn an tsochaí ar fad riachtanach, agus gach cuid den tsochaí ag glacadh ról gníomhach, chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán atá romhainn.

Tá an t-aiseolas agus ár bhfreagraí ar fáil ar ár suíomhanna gréasáin [www.eirgrid.ie/shaping](http://www.eirgrid.ie/shaping) agus [www.soni.ltd.uk/shaping](http://www.soni.ltd.uk/shaping).

Bunaithe ar an aiseolas sin, d'fhoilsíomar Treochlár le haghaidh Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú i mí na Samhna 2021, lena n-áirítear gníomhartha mionsonraithe atá ag teastáil chun ár spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach. I gcomhthéacs an 26ú cruinnithe de Chomhdháil na bPáirtithe (COP26) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus an tréimhse de na páirtithe i gComhaontú Pháras, beidh an treochlár seo ina chuid ríthábhachtach d'fhreagairt na hÉireann maidir leis an athrú aeráide.

## Feachtas Uaschéimnithe


Ar an 6 Deireadh Fómhair 2020, sheol EirGrid an feachtas Uaschéimnithe. Reáchtáladh ar feadh sé seachtaine é ar ardáin éagsúla lena n-áirítear fógra teilifíse. Thacaigh suíomh gréasáin tiomnaithe leis an bhfeachtas, ar a raibh eolas mealltach inrochtana. Bhí tionchar an-dearfach ag an bhfeachtas. Chuala 25% díobh siúd a ndearnadh pobalbhreith orthu faoi EirGrid mar gheall ar an bhfógra. Bhí tuiscint mhéadaithe ag an bpobal ar EirGrid agus na nithe a dhéanann sé, chomh maith le tuiscint mhéadaithe ar ról EirGrid i dtaobh na hinbhuanaitheachta.

I mí na Bealtaine 2021, d'athchóirigh EirGrid an fógra teilifíse don fheachtas Uaschéimnithe mar threoir chun gnímh le haghaidh chomhairliúcháin Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú, chun tacú leis na teachtaireachtaí agus na nithe comhthaobhacha eile a bhí in úsáid. Beartaíodh an fógra a rith nuair a bhí earcú ag tarlú le haghaidh 'Deliberative Dialogue' chun feachtas an phobail maidir le EirGrid agus leis an bpróiseas comhairliúcháin a ardú.

Bhí an fógra ar siúl ón 3-30 Bealtaine agus d'éirigh go han-mhaith leis. Baineadh amach na spriocanna le haghaidh rátála, clúdaigh agus cáilíochta agus bhí sé ar siúl ag an am céanna le cláir ag a bhfuil rátáil ard, lena n-áirítear an nuacht, cláir shiamsaíochta, cláir maidir le cúrsaí reatha, sobalchláir agus cláir spóirt. Bhí leagan Gaeilge den fhógra ar siúl ar TG4 le linn na tréimhse ama céanna freisin.

	Éire	Tuaisceart Éireann
Gaothfhuinneamh amach ón gCósta	+5,000MW	+100MW (Treoirthionscadal)
Fuinneamh Gaoithe ar an Talamh	+1,300MW	+1,100MW
Fótavoltachas Gréine	+1,500MW (500MW micrighiniúint)	+400MW (100 MW micrighiniúint)
Cadhraí	+1,450MW	+200MW
Acmhainn Gháis Dhírátáilte	+2,000MW	+600MW

Tábla achomair maidir leis an nginiúint nua lena bhfuiltear ag súil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi 2030



Ráiteas Beartais ó Rialtas na hÉireann ar an gCreat le haghaidh Chóras Tarchur Eischósta Leictreachais na hÉireann

agus tacúla atá fíordhifriúil againn in 2030 chun ár gcóras cumhachta a oibriú. Bunaithe ar an aiseolas a fuairamar le linn an chomhairliúcháin, táimid ag tuar go mbeidh na leibhéil de ghiniúint nua, mar a fheictear sa tábla thuas, againn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann in 2030.

### Gaothfhuinneamh amach ón gcósta

In Éirinn, táimid ag pleanáil go mbeidh 5GW i nginiúint gaothfhuinnimh amach ón gcósta i bhfeidhm faoi 2030. Beidh an chuid is mó de seo bunaithe ar chósta thoir na hÉireann toisc go bhfuil sé níos indéanta ó thaobh teicneolaíochta de ná an cósta theas ná an cósta thiar. Rinneadh tagairt do threoirthionscadal 100MW do gaothfhuinneamh amach ón gcósta i gcomhairliúchán Straitéis Fuinnimh Thuaisceart Éireann agus rinne an tAire um an nGeilleagar tagairt d'acmhainn níos mó de 1GW do gaothfhuinneamh amach ón gcósta i dTuaisceart Éireann don todhchaí.

Tá forbairt chomhuaineach ar shruthanna oibre éagsúla a bhaineann le beartais, reachtaíocht agus rialacháin ag teastáil chun an cuspóir maidir le 5GW de ghiniúint shuiteáilte gaothfhuinnimh amach ón gcósta faoi 2030 a chomhlíonadh. Áirítear leis sin bunú chóras toilithe nua rialála, soláthar bealach chun margaidh le Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite (RESS) don gaothfhuinneamh amach ón gcósta agus forbairt creat nua le haghaidh todhchaí na hÉireann i ndáil le córas tarchur eischósta leictreachais na hÉireann.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana airgeadais chun forbairt gaothfhuinnimh amach ón gcósta in Éirinn a chur chun cinn. Aithníonn EirGrid an phríomhpháirt a bheidh ag an ngaothfhuinneamh amach ón gcósta chun riachtanais fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh sna deich mbliana amach romhainn agus táimid ag iarraidh ár gcuid féin a dhéanamh chun tacú le cuspóir an Rialtais.

I mí Mheán Fómhair 2020, chuir EirGrid tús le rannpháirtíocht le forbróirí thionscadail ghiniúna fuinnimh amach ón gcósta Chéim 1 mar fhreagairt ar threoir ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais. Rinneadh iarratais chun nasc a dhéanamh leis an gcóras tarchurtha suas le 4.5GW; bhí 4.1GW de seo lonnaithe ar an gcósta thoir agus 400MW eile ar an gcósta thiar. Tar éis anailís fhairsing a dhéanamh ar an gcóras tarchurtha, ullmhaíodh tuairisc mhionsonraithe don Choimisiún um Rialáil Fóntais ina raibh mionsonraí maidir le treisiúcháin ar an gcladach mar gheall ar na hiarratais seo. Cuireadh an Measúnú ar Nascadh leis an Eangach le haghaidh thionscadal Chéim 1 amach ón gCósta faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntais i mí an Mhárta 2021. D'fhéach an tuairisc ar roghanna éagsúla chun an ghaoth a nascadh feadh an chósta thoir agus fuarthas amach go n-éascaíonn riachtanais chórais bheartaithe, atá á gcur chun cinn ar fud an chreata forbartha eangaí cheana féin, nascadh na giniúna seo, rud a laghdaíonn an gá le haghaidh bonneagar nua breise.

Tá scála na hoibre atá beartaithe do cheantar Bhaile Átha Cliath sna deich mbliana amach romhainn





## Ag imirt tionchair agus ag rannchuidiú ar scála Eorpach agus ar scála Domhanda

Is pobal domhanda é CIGRE a bunaíodh i bPáras i 1921 agus atá tiomanta d'fhorbairt chomhoibríoch agus roinnt saineolais maidir leis an gcóras cumhachta. Tá mílte gairmí mar chuid den phobal, agus is as breis agus 90 tír agus 1250 balleagraíocht iad, lena n-áirítear cuid de na saineolaithe is mó ar domhan.

Le 100 bliain anuas tá obair CIGRE i ndiaidh cur le go leor bunchlocha tábhachtacha teicniúla a bhaineann le córas cumhachta an lae inniu. Déanann CIGRE ceiliúradh gach bliain ar bhaill dá chuid a dhéanann rannchuidiú láidir.

Bhí an-áthas orainn nuair a tugadh aitheantas do dhuine dár n-innealtóirí féin, Marta Val Escudero agus nuair a bronnadh dhá ghradam uirthi ag an Seisiún Fíorúil Céad Bliain: “Women in Energy Award” (Gradam do Mhná in Earnáil an Fhuinnimh), a aithníonn rannchuidiú na mban in earnáil an fhuinnimh i dtaobh ghníomhaíochtaí CIGRE; agus “CIGRE Pioneer e-session Achievement Award” (Gradam Gnóthachtála CIGRE le haghaidh Ríomhsheisiúin Cheannródaíochta), a thug aitheantas dá rannchuidiú iontach in obair na gCoistí Staidéir.

suntasach go leor agus tá EirGrid ag obair go dlúth le Líonraí BSL maidir leis an bpleanáil a bhaineann le soláthar na n-oibreacha seo chun an deis a chuireann na tionscadail mhóra ghiniúna seo ar fáil a thapú.

I mí na Bealtaine 2021, tar éis cinneadh ón Rialtas, fógraíodh go gceapfaí EirGrid Group mar Oibríteoir Córais Tarchurtha agus Úinéir Sócmhainní de na sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta. Rinne beartas an Rialtais maidir leis an gCreat le haghaidh Chóras Leictreachais na hÉireann amach ón gcósta foráil le haghaidh aistriú céimnithe ó shamhail de chóras tarchurtha díláraithe amach ón gcósta go samhail láraithe le sraith ceantanna RESS a bhaineann go sonrach leis an ngaothfhuinneamh amach ón gcósta.

Tá EirGrid lántiomanta don aistriú céimnithe atá beartaithe i ráiteas beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm agus, cé go bhfuil fócas faoi leith ar sholáthar rathúil thionscadail Chéim 1, tá sé ríthábhachtach go dtacaíonn ár gcuid gníomhartha agus cinntí leis an aistriú chuig cur chuige arna threorú ag pleananna le haghaidh soláthar don eangach amach ón gcósta. Táimid ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus

Cumarsáide agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais chun tacú leo i bhforbairt na gcreataí reachtúla agus rialála a theastaítear.

Tá EirGrid ag obair go dlúth chomh maith le forbróirí Chéim 1, Wind Energy Ireland agus le páirtithe leasmhara eile maidir le gnéithe teicniúla agus tráchtála na nasc eangaí. Reachtáladh sraith ceardlann le forbróirí Chéim 1 le linn 2021 agus tá plean comhraic curtha ar bun chun comhobair a dhéanamh le forbróirí agus comhlachtaí ionadaíochta an tionscail.

Cuireadh tús chomh maith le nuashonrú agus leathnú ár sonraíochtaí feidhmíochta le haghaidh sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta.

### **An Scéim Thacaíochta um Leictreachas In-athnuaite**

Tacaíonn scéimeanna tacaíochta Rialtais, arna maoiniú ag tomhaltóirí leictreachais, le forbairt na giniúna in-athnuaite. Tar éis an cheant thosaigh rathúil de chuid na Scéime Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite, arna thionól ag EirGrid ar son an Rialtais, d'oibrigh EirGrid go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais

chun na téarmaí agus coinníollacha críochnaitheacha a fhorbairt don chéad cheant eile (RESS 2) agus Amchlár Ceant RESS 2. Foilsíodh an dá cheann acu seo ar an 29 Deireadh Fómhair 2021.

Le saineolas ó shainpháirtí a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise san earnáil fónas, thug EirGrid isteach réiteach TF ceann nua den scoth chun na próisis cháilíochta agus ceantála a éascú le haghaidh na gceantanna RESS ar fad sa todhchaí. Seoladh an réiteach TF nua i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tá sé ar fáil don cheant RESS 2 atá le teacht. Soláthróidh an córas seo comhéadan nua dár rannpháirtithe RESS agus beidh ardán acu chun faisnéis cháilíochta a chur isteach agus a choinneáil, chomh maith le tairiscintí a chur isteach le linn an cheant.

Tá tacaíocht tugtha freisin ag EirGrid leis na chéad Téarmaí agus Coinníollacha maidir le RESS amach ón gcósta (ORESS 1), a ndeachthas i gcomhairle ina dtaobh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i bhFómhair 2021.

## Teicneolaíochtaí nua

Beidh teicneolaíochtaí eile seachas athnuaiteáin agus gineadóirí traidisiúnta ag teastáil chun ár riachtanais le haghaidh 2030 a chomhlíonadh. Tá teicneolaíochtaí maidir le stóráil fuinnimh i gcadhnaí ag teastáil don soláthar cúltaisce, don leordhóthanacht toillte agus chun cabhrú le bainistiú plódaithe. Fuinnmhíodh ocht dtionscadal stórála i gcadhnaí, ar fud oileán na hÉireann, le toilleadh iomlán de bhreis agus 335MW.

Cé go raibh an t-éileamh ina chuid sách statach den chóras cumhachta roimhe seo, beidh air éirí níos solúbtha amach anseo chun méaduithe agus laghduithe ar an éileamh a éascú chun tacú leis an gcóras. Beidh solúbthacht ar thaobh an éilimh fíorthábhachtach chun a chinntiú gur féidir linn an t-aistriú chuig na spriocanna le haghaidh 2030 a chumasú agus leictriúchán na n-earnálacha téimh agus iompair a éascú fad is a choimeádar slándáil an chórais chumhachta. Is príomhchuid é seo den Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú.

Thacaigh seirbhísí seachas fuinneamh ó ghiniúint traidisiúnta leis an gcóras cumhachta go traidisiúnta. Cabhraíonn na seirbhísí seo le EirGrid agus SONI soláthar cobhsaí ardchaighdeáin cumhachta a chinntiú. De réir mar a dhéanaimid claochlú ar an gcóras cumhachta, teastóidh réimse níos leithne seirbhísí córais uainn, anuas ar infhaighteacht na seirbhísí sin ó réimse níos leithne foinsí.

Teastaíonn acmhainní seirbhísí nua córais ó fhoinsí ísealcharbóin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicniúla agus oibríochtúla a thagann as an ngá oibriú le leibhéil SNSP suas le 95% faoi 2030.

Rinneamar trí gheata soláthair do Sheirbhísí Córais DS3 i mbliana faoi na socruithe um Tharaifí Rialáilte, lena n-áirítear geataí comhthráthacha den chéad uair. Seoladh na geataí faoi seach i mí na Samhna 2020, mí Feabhra 2021 agus mí an Mheithimh 2021. Rinneamar conarthaí le haghaidh acmhainn cúltaisce de bhreis agus 330MW ó thionscadail nua stórála fuinnimh i gcadhnaí le linn na tréimhse seo.

Le linn an phróisis chomhairligh le haghaidh Ár dToghchaí Leictreachais a Mhúnlú, bhí micrighiniúint ar cheann de na gnéithe ba láidre ar a bhfuairamar aiseolas. Chuaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i gcomhairle i dtaobh na taraife onnmhairiúcháin le haghaidh micrighiniúna, agus cuirfidh sí i bhfeidhm í (go luath in 2022), agus meastar go mbeidh ról lárnach aige seo i mbaint an phobail agus na ndaoine aonair leis an aistriú chuig todhchaí ina mbeidh fuinneamh níos glaine.

## Bonneagar Líonra

### Riachtanais Thuartha le haghaidh 2030

Áiríodh leis an samháltú a rinneamar mar chuid de phróiseas Ár dToghchaí Leictreachais a Mhúnlú, tuiscint a fhorbairt ar riachtanais an líonra le haghaidh 2030.

Ó thaobh na forbartha líonra de, dhírigh an comhairliúchán ar cheithre chur chuige faoi leith agus chuir sé

1

## Arna stiúradh ag an nGiniúint

Giniúint leictreachais ghlain a chur gar don áit a n-úsáidtear an méid is mó cumhachta

2

## Arna stiúradh ag Forbróirí

Ligean d'fhorbróirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit ar cheart giniúint leictreachais ghlain a lonnú

3

## Arna stiúradh ag an Teicneolaíocht

Triail a bhaint as bealaí nua chun leictreachas glan a bhogadh ar fud na tíre

4

## Arna stiúradh ag an Éileamh

Leictreachas mór a chur gar d'fhoinsí de ghiniúint leictreachais ghlain

# “Beag beann ar an gcás a sholáthraítear, tá gá le bonneagar suntasach chun tacú leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin”

sraith ceisteanna in iúl a bhain leis na feabhsúcháin a theastaíonn le haghaidh oibríochtaí córais agus margaí leictreachais chun spriocanna 2030 a chomhlíonadh.

I dtaca leis na freagraí ar an gcomhairliúchán, ní fhacthas go raibh aon cheann de na ceithre chur chuige forbartha ina rogha shoiléir. Bhí tacaíocht shoiléir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ón bpobal do mheascán de chuir chuige arna stiúradh ag an nGiniúint agus arna stiúradh ag an Éileamh.

Tá roinnt bealaí éagsúla ann chun an líonra a uasghrádú, lena n-áirítear tógáil línte nua lasnairde nó cáblaí faoi thalamh, uasrátaíl nó ionadú línte reatha lasnairde nó cáblaí faoi thalamh, agus uasghrádú nó soláthar trealaimh agus teicneolaíochtaí chun úsáid éifeachtúil an líonra a uasmhéadú. Beag beann ar an gcur chuige um fhorbairt líonra a roghnófar, beidh gá le bonneagar líonra suntasach nua chun tacú le baint amach spriocanna 2030. D’aithin an anailís gur féidir go mbeidh thart ar 40 tionscadal tarchurtha nua ag teastáil in Éirinn agus 12 thionscadal ag teastáil i dTuaisceart Éireann, anuas ar na tionscadail atá á ndéanamh againn chun spriocanna 2030 a bhaint amach. Seasann na meastacháin don chostas tosaigh le haghaidh na dtionscadal seo ag breis agus €1 bhilliún. Is féidir tuilleadh sonraí air seo a aimsiú sa Treochlár Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú.

## Rannpháirtíocht an pobail

Sholáthair ár rannpháirtíocht phoiblí cur chuige cuimsitheach,

smaointeach, trédhearcach agus ionchuimsitheach. Ní mór dúinn éisteacht leo siúd atá ina gcónaí gar do bonneagar eangaí reatha, nó bonneagar a bheidh in úsáid amach anseo, chomh maith le déantóirí beartas agus cinneadóirí áitiúla agus náisiúnta. Ní bheimid in ann an t-athrú atá ag teastáil sna blianta amach romhainn a bhaint amach gan tacaíocht uathusan.

I mí Feabhra 2021, d’fhoilsigh EirGrid Straitéis nua um Rannpháirtíocht Phoiblí le haghaidh Todhchaí Leictreachais níos Glaine.

Rinneadh é seo i ndiaidh 12 mhí de thaighde, de mhachnamh agus de rannpháirtíocht a raibh foireann ilréimsiúil, ceardlanna seachtracha agus foghlaim ó dhea-chleachtas idirnáisiúnta mar chuid díobh. Chuir paindéim COVID-19 luas faoin bpróiseas a bhain le teicneolaíochtaí nua a ghlacadh, foghlaim trí dhéanamh agus dul in oiriúint do riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Thug sé seo taithí agus léargas breise dúinn chun bonn eolais a chur faoin straitéis nua, áfach. Mar gheall air sin tá straitéis nua atá díonta ar phaindéimí, dar linn, cruthaithe againn le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus creidimid gur léiríomar conas is féidir é seo a dhéanamh le samplaí de rannpháirtíocht a rinneamar ar Thionscadail maidir le Forbairt na hEangaí agus Straitéisí maidir le Forbairt na hEangaí le bliain anuas. Mar shampla, thacaigh an cleachtas seo linn 100 páirtí leasmhar a óstáil ar feadh trí lá i bpróiseas breithniúcháin, breis agus 100 imeacht a óstáil le linn tréimhse 14 seachtaine agus spás

a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun rannpháirtíocht aonair linn a chur in áirithe.

Is é cuspóir na straitéise nua seo:

- Tacaíocht a thabhairt don eagraíocht chun ár n-acmhainn rannpháirtíochta a fhorbairt - ag infheistiú go mór san fhoireann agus inár n-acmhainní tiomnaithe le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí a fhás
- Comhpháirtíochtaí nuálacha a chur i bhfeidhm agus aghaidh a thabhairt ar an rannpháirtíocht agus é beartaithe againn saineolas seachtrach fadréimhseach straitéiseach a uasmhéadú
- Rannpháirtíocht a dhíonú ar an todhchaí agus ar phaindéimí
- Páirtithe leasmhara a chur ag croílár an phróisis maidir le forbairt na heangaí
- Luas a chur faoi ghlacadh an phobail le bonneagar um tharchur leictreachais



Seoladh ár Straitéise nua um Rannpháirtíocht Phoiblí i mí Feabhra 2021



# “ Tá sé go hiontach go bhfuil EirGrid ag dul i dteagmháil agus i gcomhairle leis an bpobal. ”

Rannpháirtí i bhFóram na Sochaí Sibhialta

## Samplaí de chleachtas agus tionscnaimh nua i mbliana

### Fógraíocht

Ag deireadh 2020, sheolamar feachtas fógraíochta náisiúnta. Bhí cur chuige úr ag an bhfeachtas seo, chomh maith le cuspóir thar a bheith simplí. Mhínigh sé an bealach a gcuireann an ról atá againn EirGrid ag croílár ghníomhú na hÉireann in aghaidh an athraithe aeráide. Thaispeáin an taighde a rinneamar don fheachtas seo gur teachtaireacht thábhachtach ab ea é seo chun cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar an ngá le haghaidh tionscadal chun an eang a atreisiú. Léirigh téama an “uaschéimnithe” dúinn go raibh daoine ag gníomhú in aghaidh an athraithe aeráide cheana féin agus chuireamar é seo i gcomparáid leis an méid athraithe is féidir linn a dhéanamh – le tacaíocht ón bpobal. Bhí fíordhaoine san fheachtas, daoine a d’inis a gcuid scéalta féin chun béim a leagan ar chreidiúnacht ár dteachtaireachta.

### Tairseach Chomhairliúcháin nua ar líne a fhorbairt

I mí an Mhárta 2021, sheolamar tairseach chomhairliúcháin nua bhuan agus úsáidtear an tairseach sin anois chun comhairliúcháin maidir le tionscadail a bhaineann le forbairt na heangaí a óstáil. Soláthraíonn na suíomhanna nua ([consult.eirgrid.ie](http://consult.eirgrid.ie) agus [consult.soni.ltd.uk](http://consult.soni.ltd.uk)) comhtháthú gan stró idir ár bhfoireann dhigiteach agus eispéireas iontach úsáideora do na páirtithe leasmhara.

- Is féidir le páirtithe leasmhara a gcuid aiseolais ar bhealaí sonracha agus ranna de na tograí a sholáthar

- Is féidir le páirtithe leasmhara an tairseach a úsáid chun fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí tionscadal
- Is féidir le EirGrid an tairseach a úsáid chun a léiriú do pháirtithe leasmhara an bealach a n-úsáidtear a gcuid aiseolais
- Foilsímid freisin gach aighneacht ón bpobal agus gach aighneacht reachtúil ó pháirtithe leasmhara ar an tairseach, mar gheall air sin is féidir le páirtithe leasmhara an t-aiseolas eile atá á mheas againn a fheiceáil

### Spásanna Fíorúla Taispeána ar thionscadail a óstáil

Ba cheannródaí é EirGrid in úsáid an lae oscailte fhíorúil. Cheadaigh an leagan amach seo ar líne do pháirtithe leasmhara eolas a fheictear de ghnáth ar laethanta oscailte tionscadail a fheiceáil. Chuaigh cuairteoirí ar an suíomh isteach i seomra fíorúil ina raibh póstaer eolais do thionscadail ar taispeáint. Bhí siad in ann siúl tríd an seomra ansin agus tuilleadh sonraí a fháil agus iad ag idirghníomhú le gach póstaer. Chomh maith leis sin, cheadaigh an spás taispeána fíorúil do pháirtithe leasmhara clárú le haghaidh seimineár gréasáin agus a gcuid tuairimí a chur isteach – in aon áit amháin.

### Fóraim Phobail




Bunaíodh fóraim phobail le haghaidh roinnt tionscadal de chuid EirGrid i mbliana. Bunaíodh na fóraim seo a leanas in 2021:

- Clashavoon, Dún Mánmhaí in Iúil 2021

## Físeáin Eolais agus Oideachais

Tá bailiúchán nua físeán eolais cruthaithe ag EirGrid chun tuiscint ar ár gcuid oibre agus ar na teorainneacha atá ann a fhorbairt agus chun páirtithe leasmhara a chur ar a suaimhneas maidir le topaicí faoina bhfuil siad fiosrach. Sa bhailiúchán seo tá réimse físeán a forbraíodh i gcomhpháirt leis an Oibrítheoir Córtais Dáilte (BSL) chun leanúnachas na teachtaireachta a chinntiú.

Cuimsíonn siad:

- Suiteáil cáblaí faoi thalamh 
- An mbaianeann riosca don tsláinte le cáblaí lasnaide? 
- Cén fáth nach féidir linn gach rud a chur faoi thalamh? 

Cuirfear leis an mbailiúchán seo le himeacht ama.



Fógra Teilifíse Uaschéimnithe 2020-21

- Cill Dara, an Mhí i Lúnasa 2021
- Laois, Cill Chainnigh i Lúnasa 2021
- An tIdirnascaire Ceilteach i Meán Fómhair 2021

Ról na bhfóram ná a chinntiú go nglacann muintir na háite páirt sa tionscadal a mhéid is féidir agus go bhfuil rannpháirtíocht dhíreach acu maidir leis an tionscadal. Tá ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla, Comhairleoirí Contae áitiúla agus comhaltaí de Chumainn Lucht Tráchtála ina mbaill de na fóraim phobail. Cinntíonn fóraim phobail go léiríonn tosaíochtaí gach scéime tairbhí pobail, tosaíochtaí gach pobail áitiúil. Tá cathaoirleach neamhspleách ag gach fóram.

Tá gach fóram uathúil, agus tá croíghrúpa ag gach ceann acu ag a bhfuil prionsabail oibre agus téarmaí tagartha. Bíonn fócas gach fóraim éagsúil ag brath ar an gcéim ag a bhfuil an tionscadal. Mar shampla, príomhchúram Fhóram Pobail Chill Dara-na Mí le linn na tréimhse seo ná comhairliúchán agus rannpháirtíocht maidir le bealaí féideartha don tionscadal; chuir Fóram an Idirnascaire Cheiltigh tús le forbairt straitéise tairbhí don phobal chun creat a sholáthar le haghaidh fhorfheidhmiú na scéime tairbhí don phobal maidir leis an tionscadal sin. Toisc gur bunaíodh gach fóram le déanaí, bhí forbairt acmhainne ina príomhchúram freisin, ag spreagadh úinéireachta agus cumhachtaithe, ag cinntiú go mbeidh smacht níos láidre ag baill na bhfóram pobail maidir le forbairt a gceantar, leis an scéim tairbhí don phobal.

Go dtí seo reáchtáladh gach cruinniú go fíorúil, ach táthar ag súil le go

mbeidh na fóraim phobail in ann cruinniú le chéile ar an láthair agus srianta COVID-19 á maolú.

### Aithint ár gcleachtais

Tá ár gcleachtas roinnte againn go frithghníomhach agus go honnghníomhach le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ghlacamar páirt ag COP26 mar gheall ar an obair sin agus rinneamar ár gcleachtas in Éirinn a roinnt ar ardán domhanda.

Iarradh ar EirGrid agus rinne sé ár n-aistear rannpháirtíochta a roinnt go honnghníomhach le réimse comhlachtaí agus oibrítheoirí córais tarchurtha idirnáisiúnta, lena n-áirítear:

- An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh
- Ard-Stiúarthóireacht an Fhuinnimh sa Choimisiún Eorpach
- Red Eléctrica de Espana
- Imeacht foghlama idirnáisiúnta (an Ríocht Aontaithe) maidir lena bheith rannpháirteach leis an bpobal i ndáil le dícharbónú.

Anuas air sin, chuathas i dteagmháil le EirGrid chun tacú le foghlaim agus forbairt acmhainne i gcomhlachtaí stáit eile, lena n-áirítear:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

- Oifig an Rialálaí Pleanála

- Institiúid an Fhuinnimh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

### Freagairt agus feabhsú leanúnach

Tá straitéis ag EirGrid atá ag athrú ár rannpháirtíochta poiblí go mór agus cuireann sé sin ár gcuid oibre fairsinge le deich mbliana anuas chun cinn. Táimid ag obair anois le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chun na feabhsúcháin sin a sholáthar. Ina measc seo tá pobail áitiúla, úinéirí talún agus tionscal. An comhthéacs seachtrach atá ann le haghaidh na straitéise nua seo ná an riachtanas práinneach le dul i ngleic leis an athrú aeráide – agus ár soláthar leictreachais a chosaint le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Tá páirt uathúil ag EirGrid chun na níthe sin a sholáthar. Ag teacht i dtreo an spriocdháta chun an sprioc d'athnuaiteáin 2030 a bhaint amach, tiocfaidh athrú ar na riachtanais atá againn. Chomh maith leis sin, leanfaidh ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht phoiblí ag athrú. Soláthraíonn an straitéis seo fíis le haghaidh thús an phróisis seo. Caithfidh sé seo leanúint ar aghaidh agus caithfidh sé bheith ina phróiseas d'fheabhsú leanúnach. Ní mór dúinn éisteacht leo siúd ar leosan bonneagar eangaí na toadhchá, iad siúd a bheidh ag obair uirthi, agus iad siúd a bheidh ina gcónaí gar di. Ní bheimid in ann an t-athrú atá ag teastáil sna blianta beaga amach romhainn a bhaint amach gan tacaíocht uathusan.









---

“Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá romhainn ach **is dúshlán é nach mór dúinn a shárú** mar gheall ar an mbagairt eiseach a dhéanann sé ar an gcine daonna.”

---

“ Ról na bhfóram pobail ná a chinntiú go nglacann muintir na háite páirt sa tionscadal a mhéid is féidir agus go bhfuil **rannpháirtíocht dhíreach** acu maidir leis an tionscadal. ”

### Forbairtí maidir le Bonneagar Líonra le bliain anuas

I dtéarmaí ár dtionscadal reatha bonneagair, tá dul chun cinn suntasach déanta againn ar go leor bealaí:

#### An tIdirnascaire Ceilteach

Bhain foireann tionscadail EirGrid agus Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ), ár bpáirtí sa Fhrainc, go leor garspriocanna amach sa tionscadal ríthábhachtach seo le bliain anuas. Le linn an chéad leath den bhliain, deimhníodh na bealaí sonracha do cháblaí, suíomhanna na stáisiún tiontairí (a theastaíonn chun an chumhacht a thiontú ó shruth ailtéarnach (SA) go sruth díreach (SD) agus ar ais arís ag an dá thaobh) agus pointí nasctha fostáisiún ar an gcladach agus amach ón gcósta in Éirinn agus sa Fhrainc, agus amach ón gcósta laistigh de Limistéar Eisiach Eacnamaíochta (LEE) na Ríochta Aontaithe.

Tharla sé seo tar éis rannpháirtíocht leathan a bhí dearfach den chuid is mó le páirtithe leasmhara, leis an bpobal agus le húinéirí talún, in Éirinn. Cuireadh fóram pobail ar bun, a bhfuil an cathaoirleach neamhspleách, chun ábhair thábhachtacha a phlé maidir leis an tionscadal in Éirinn, agus áirítear leis sin bunú scéim tairbhí phobail le haghaidh an tionscadail.

Is Tionscadal Eorpach um Leas Comhchoiteann (PCI) sonraithe é Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh. Bhí próiseas casta réamhiarratais ag teastáil dó seo. Tugadh faoin bpróiseas

seo sna trí dhlínse ina mbeidh an tionscadal á chur i bhfeidhm.

Chomhordaigh comhfhoireann EirGrid/RTÉ an próiseas.

Tar éis dheireadh an phróisis réamhiarratais PCI in Éirinn, cuireadh iarratais thoilthe faoi bhráid na Roinne um Bonneagar Straitéiseach in An Bord Pleanála agus faoi bhráid an Aonaid Chladaigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí Iúil 2021. Meastar go ndéanfaí cinntí maidir leis na hiarratais thoilthe seo in Earrach 2022.

In éineacht leis seo, thug EirGrid agus RTÉ faoi phróiseas soláthair agus tairisceana do ghníomhaíochtaí a bhaineann le cur síos na gcáblaí agus tógáil na stáisiún tiontairí. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2021, rinneadh fothairgeoirí féideartha rathúla a ghearrliostú. Leanfaidh an próiseas foriomlán ar aghaidh ar feadh cuid mhór den bhliain airgeadais seo chugainn, agus ag an deireadh ceapfar conraitheoirí chun an tionscadal seo a thógáil, tar éis Cinneadh Deiridh Infheistíochta (FID) a dhéanamh.

Tá sé beartaithe go dtosófar ar chéim thógála an Idirnascaire Cheiltigh in 2022 agus meastar go gcuirfear i gcrích é in 2026. Beidh sé thart ar 575km i bhfad agus beidh toilleadh de 700MW aige – go leor cumhachta chun 450,000 teach a chumhachtú. Tá costas tuartha de thart ar €930m air (praghsanna 2018) agus tá sé á mhaoiniú i bpáirt ag an Aontas Eorpach.

### An tIdirnascaire Thuaidh-Theas

I mí Mheán Fómhair 2020, thug an tAire um Bonneagar i dTuaisceart Éireann, Nichola Mallon MLA, cead pleanála don tionscadal seo i dTuaisceart Éireann agus dhearbhaigh an Ardchúirt an cinneadh sin i mí Dheireadh Fómhair 2021 tar éis ceistiú breithiúnach. Tá an tionscadal seo ríthábhachtach maidir le feabhsú shlándáil an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Réitíonn sé bac a bhí ann le fada an lá ar an eangach uile-oileáin atá ríthábhachtach má tá an córas chun níos mó athnuaiteán a iompar amach anseo. Ceadóidh sé sreabhadh 900MW de leictreachas in-athnuaite thar an teorainn san dá threo. Tá sé seo leordhóthanach chun 600,000 teach a chumhachtú le leictreachas glan ó fhoinsí in-athnuaite.

Cinntíodh toiliú pleanála agus dlíthiúil san dá dhlínse agus tá tús curtha leis an tairiscint agus leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh na tógála.

### Tuaisceart Chonnacht

Baineadh amach garspriocanna suntasacha le haghaidh an tionscadail seo le bliain anuas. Fógraíodh an rogha is fearr feidhmíochta tar éis rannpháirtíocht leanúnach le pobail, úinéirí talún áitiúla agus gníomhaireachtaí ábhartha, mar aon le cur i gcrích taighde eile. Tá Tionscadal Thuaisceart Chonnacht 110kV ag deireadh chéim 4 den phróiseas ina bhfuil sé chéim.



Áirítear leis an tionscadal ciorcad cáblaí leictreachais 110kV de 60km faoi thalamh ó Fhostáisiún na Muaidhe i mBéal an Átha, Contae Mhaigh Eo, go dtí Fostáisiún na Tóna Rua, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin; uasghrádaithe agus oibreacha le cois ar fhostáisiún na Muaidhe agus na Tóna Rua; agus uasghrádú ar an líne lasnairde 110kV idir fhostáisiún na Tóna Rua agus an Átha Leacaigh i gContae Ros Comáin. Ní athróidh suíomh na líne.

Gintear méid mór leictreachais in-athnuaite i dTuaisceart Chonnacht i láthair na huairé agus tá níos mó beartaithe sna blianta amach romhainn.

Toisc nach féidir leis an líonra reatha leictreachais áitiúil an sreabhadh measta cumhachta a láimhseáil, beidh orainn an líonra leictreachais sa réigiún a fheabhsú. Cabhróidh an ciorcad nua le neartú na heangaí sa réigiún, rud a chabhróidh le tacú le forbairt leanúnach shóisialta agus eacnamaíoch an cheantair, lena n-áirítear tionscadal oiriúnach a mhealladh chuig an gceantar agus an pobal áitiúil a chumasú chun an t-aistriú a dhéanamh chuig ísealcharbóin.

Rinneadh rannpháirtíocht leathan le páirtithe leasmhara le linn an tionscadail. Reáchtáil foireann an tionscadail céim chomhairliúcháin a mhair 13 seachtaine ó Mheán Fómhair 2020 go dtí Nollaig 2020. Mar gheall ar na srianta a ghabh le COVID-19, d'aistríomar chuig ardán ar líne chun nuashonruithe tábhachtacha maidir leis an tionscadal a sholáthar agus

rannpháirtíocht a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus baill den phobal. Le linn 2021, bhíomar rannpháirteach le páirtithe leasmhara áitiúla ar bhonn leanúnach.

Ullmhófar iarratas pleanála a bheidh le cur faoi bhráid An Bord Pleanála go díreach. Meastar go gcuirfear an t-iarratas isteach sa chéad ráithe de 2022.

Tá pleananna chun fóram pobail a bhunú ar bun. Beidh cathaoirleach neamhspleách ar an bhfóram seo chun ábhair thábhachtacha a bhaineann leis an tionscadal a phlé, lena n-áirítear bunú scéim tairbhí pobail don tionscadal.

### Cill Dara agus an Mhí

Cuirfidh Uasghrádú Eangaí Chill Dara agus na Mí nasc leictreachais ardoillte faoi thalamh ar fáil idir fhostáisiún Bhaile Uí Dhuinn i gContae Chill Dara agus fhostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí. Cabhróidh an t-uasghrádú le cumhacht a chur chuig taobh thoir na tíre ar bhealach níos éifeachtúla agus dáilfidh sé í laistigh de líonra leictreachais na Mí, Chill Dara agus na gcontaetha máguaird. Tá an tionscadal seo ríthábhachtach chun tuilleadh forbartha ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a chumasú.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, chuaigh an tionscadal seo i gcomhairle i dtaobh cúig rogha lasnairde agus faoi thalamh, agus roghnaíodh cábla aonair 400kV faoi thalamh mar an rogha is feidhmiúla.

Chuaigh an próiseas comhairliúcháin poiblí 4 chéim i gcomhairle i dtaobh ceithre rogha bhealaigh don chábla faoi thalamh, chun eolas a dhéanamh don rogha bhealaigh is fearr a ndéanfar dearadh mionsonraithe uirthi. Cuireadh an comhairliúchán i gcrích i mí na Samhna 2021, agus táthar ag súil le torthaí i Ráithe 1 in 2022.

Cuireadh fóram pobail ar bun i mí Iúil 2021. Tá cathaoirleach neamhspleách ar an bhfóram seo. Tháinig comhaltaí an fhórait le chéile trí huairé sa bhliain airgeadais seo agus tá léargais luachmhara tugtha acu d'fhoireann an tionscadail.



**4** Fóram Pobail a bhain lenár n-eochairthionscadail curtha ar bun i mbliana





## Oibríochtaí Córais

D'fhonn na leibhéil de Threá Neamhshioncronach Córais (SNSP) a bhaint amach, na leibhéil a theastaíonn chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach, beidh orainn claochlú a dhéanamh ar an mbealach a n-oibrímid an córas cumhachta. San am atá caite, d'oibríomar córas cumhachta bunaithe ar ghiniúint thraidisiúnta, arbh fhéidir treoir a sheoladh chuige (treoir sheolta) chun aschur áirithe a ghiniúint, gan athraitheacht agus gach aonad giniúna sioncronaithe lena chéile. Úsáidfidh an córas amach anseo foinsí cumhachta in-athnuaite athraitheacha agus neamhshioncronaithe uaireanta. Baineann sé seo go dlúth le hoileán na hÉireann toisc nach bhfuilimid ró-idirnasctha, rud a chiallaíonn go mbeidh orainn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nach bhfeicfear go ceann blianta fada eile i gcórais eile atá thar a bheith idirnasctha.

Anuas air sin, ní mór go dtiocfadh riachtanais do dhearadh an mhargaidh le cuspóirí beartais le haghaidh athnuaiteáin fhadtréimhseacha, ar bhealach níos cóngaraí ar fud an oileáin. Tá sé seo ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil infheistíochtaí ó fhorbróirí tríú páirtithe spriocdhírthe go hiomchuí chun réitigh a sholáthar do dhúshlán an chórais uile-oileáin ar chostas atá inacmhainne don tomhaltóir. Ní mór é seo a dhéanamh agus beartais na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh, atá á n-athrú go mór, á gcur i bhfeidhm.

Beidh orainn ár mbeartais oibríúcháin a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil

na caighdeáin oibríochtúla chearta againn. Soláthraíonn gineadóirí réimse níos leithne seirbhísí don líonra seachas an fuinneamh a ghineann siad amháin, ar a dtugtar seirbhísí córais, rud a cheadaíonn dúinn soláthar slán cumhachta d'ardchaighdeán a chinntiú agus cliseadh ar an gcóras a bhainistiú. Beidh orainn athrú mór a dhéanamh ar sheirbhísí córais a gheobhaimid agus an áit óna bhfaighimid iad de réir mar a athraíonn an ghiniúint ar an gcóras le himeacht ama. Chomh maith leis sin, beidh orainn teicneolaíochtaí agus uirlisí nua a fhorbairt chun é a chur ar chumas ár lárionad rialaithe an córas nua cumhachta seo a bhainistiú ar bhealach slán. Ar deireadh, ní mór dúinn forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí nua sa chóras cumhachta a éascú.

Agus na rudaí seo ar fad á ndéanamh, beidh orainn obair a dhéanamh lenár bpáirtithe, na hOibritheoirí Córais Dáilte (OCDanna), toisc go mbeidh ar go leor gineadóirí agus soláthróirí seirbhísí córais nascadh leis an gcóras dáileacháin de réir mar a dhíláraíonn agus a éagsúlaíonn an punann giniúna.

## Forbairtí Oibríúcháin Córais i mbliana

### Aistriú slán a chinntiú

Príomhréimse fócais de chuid EirGrid le linn na bliana airgeadais seo ab ea slándáil an tsoláthair, de bharr an riosca mhéadaithe a bhain leis an dá éaradh seirbhíse shuntasacha éigeantacha (Baile an Huntaigh agus an Geata Bán). Tharla an dá éaradh seirbhíse seo (850MW ar an iomlán, ar ionann sin agus thart ar 15% den bhuaic-éileamh) i gcomhthéacs


teorainneacha acmhainne giniúna a bhí ag laghdú. Cuireadh seirbhís ar bun ag na gineadóirí seo arís i mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna agus bhí feabhsuithe le feiceáil sna teorainneacha briste mar thoradh air sin.

Mar sin féin, bhí fadhbanna maidir le hiontaofacht ag baint le roinnt de na stáisiúin chumhachta níos sine ar an gcóras. Chuir COVID-19 isteach air seo i roinnt cásanna toisc nach rabhthas in ann oibreacha deisiúcháin nó uasghrádaithe a dhéanamh nó, má rinneadh iad, bhí coinníollacha oibre srianta ann, rud a bhí ina chúis le héaradh seirbhíse fada. Bhí air na haonaid seo glacadh le héaradh seirbhíse chun deisiúcháin fíorthábhachtacha a dhéanamh nó d'fhéadfaí go mbeadh fadhbanna níos mó rompu. Mar gheall ar na deisiúcháin seo bhí níos lú stáisiún cumhachta giniúna ar fáil.

Tháinig laghdú ar an teorainn idir soláthar agus éileamh a bhí níos lú ná leibhéil normálta deich n-uaire le linn na bliana airgeadais, i gcomparáid le cúig huair sa bhliain airgeadais go dtí Meán Fómhair 2020. D'eisíomar foláireamh amháin chuig an gcóras freisin mar gheall ar theip ar an gcóras ar an 13 Aibreán 2021. Maidir leo sin:

- Bhain sé cinn acu sin le Tuaisceart Éireann agus tharla siad ar an 5 Samhain, an 19 Samhain, an 24 Samhain agus an 26 Samhain 2020 agus ar an 8 Eanáir agus an 12 Meán Fómhair 2021.

All-Island Electricity Fuel Mix as Percentage of Demand - Latest Available 12-Month Average (Oct 2020 to Sep 2021):



Aistriú Slán a Chinntiú

- Bhain ceithre cinn acu leis an oileán uile agus tharla siad ar an 9 Nollaig 2020, an 6 Eanáir, an 13 Aibreán agus an 6 Meán Fómhair 2021.
- Ní raibh baint ach ag ceann acu sin le hÉirinn amháin ar an 9 Meán Fómhair 2021. Anuas air sin, bhí giniúint gaoithe sa tréimhse suas go dtí deireadh na bliana airgeadais níos ísle (rannchuidiú foriomlán leis an éileamh de 37.1% le linn na tréimhse suas go dtí Deireadh Fómhair 2021) agus d'fhoirceann roinnt forbróirí acmhainn nua a bhí rathúil i gceantanna sa Mhargadh Acmhainne roimhe seo.

Go háirithe ag dul i dtreo dheireadh na bliana airgeadais nuair a bhí an ghaoth láidir, bhí teorainneacha thar a bheith leordhóthanach againn agus bhíomar in ann cumhacht a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe. Bhí dálaí aeráide againn a fhág go raibh tréimhse fhada againn gan ghaoth, agus bhí teinne ar an gcóras mar gheall air sin, agus ní rabhamar in ann iarraidh

ar an Ríocht Aontaithe tuilleadh tacaíochta a thabhairt dúinn.

Tháinig feabhas air sin nuair a d'fhill an ghiniúint ar a raibh éaradh seirbhíse. Bunaithe ar na stáisiúin chumhachta i mBaile an Huntaigh agus sa Gheata Bán ag filleadh ar sheirbhís iomlán, tá an réamhaisnéis fhoriomlán le haghaidh Gheimhreadh 2021/2022 dearfach, ar choinníoll nach dtarlódh aon teagmhas eile de chineál foiche Dé.

Le linn na bliana, rinne EirGrid agus SONI athbhreithnithe leathana ar ár bpleananna teagmhais agus nósanna imeachta lena mbaineann i gcomhairle leis na Ranna, rialtóirí agus OCDanna ábhartha. Áiríodh leis an obair sin rannpháirtíocht le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh, athbhreithniú ar nósanna imeachta um rialú éilimh agus cleachtais oiliúna ilpháirtithe leasmhara le SONI agus EirGrid.

Foilsíodh ár Ráiteas ar Acmhainn Ghiniúna 2021-2030 i Meán Fómhair 2021 agus leagadh

béim ann ar na saincheisteanna garthréimhseacha a bhaineann le slándáil an tsoláthair. Forbraíodh plean láidir i gcomhair leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse. Áirítear leis seo giniúint shealadach (éigeandála) a sholáthar, aonaid ghiniúna reatha a choinneáil, giniúint ísealcharbóin inseolta nua 2GW a fháil tríd an Margadh Acmhainne, agus réitigh bhuana a fhorbairt ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóras reatha (le réimse idirghabhálacha a bhaineann le beartais agus leis an margadh).





---

“Tugann ár mbonn leictreachais in-athnuaite reatha ardán iontach dúinn chun an earnáil chumhachta a dhícharbónú tuilleadh agus chun cur le dícharbónú an chórais téimh agus an chórais iompair.”

---



Stádas an Chórais Leictreachais	Sainmhíniú
<b>Foláireamh</b>	Le Foláireamh Córais, tugtar rabhadh maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le fadhbanna leis an soláthar leictreachais go luath, ionas gur féidir lenár n-innealtóirí saineolacha agus leis an earnáil leictreachais níos leithne ullmhú chun bearta réamhbheartaithe a dhéanamh chun iontaofacht na heangaí a chosaint. Nuair a bhíonn Foláireamh Córais ann, cuirtear idirghabháil leordhóthanach idir an soláthar leictreachais agus an t-éileamh agus réitíonn sé sin an fhadhb de ghnáth.
<b>Éigeandáil</b>	Eisíonn an tOibrítheoir Córais Tarchurtha Foláireamh Córais nuair a bhíonn ardriosca ann nach mbeifear in ann an t-éileamh leictreachais a chomhlíonadh. Oibríonn innealtóirí ón Oibrítheoir Córais Tarchurtha go dlúth le hinnealtóirí OCD chun bearta réamhbheartaithe a dhéanamh chun iontaofacht na heangaí a chosaint. I measc na mbearta a d'fhéadfaí a ghlacadh tá éaradh seirbhíse rialaithe agus laghdú sealadach ar sholáthar leictreachais roinnt úsáideoirí.
<b>Lándorchú</b>	Is ionann Staid Lándorchaithe agus cás ina gcailleann breis agus 50% den chóras leictreachas cumhacht, nó cás inar scoilteadh an córas ina ranna, agus nuair a bhíonn cuid díobh seo gan chumhacht. I gcásanna den sórt sin, déanann an tOibrítheoir Córais Tarchurtha bearta réamhbheartaithe céim ar chéim, lena n-áirítear an Plean um Aiscur an Chórais Chumhachta.

## Foláirimh Chórais a Bhainistiú

Ceann de na príomhthascanna a dhéanaimid ná an córas cumhachta a oibriú chun soláthar slán a chur ar fáil. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear a chinntiú go ngintear go leor leictreachais chun an t-éileamh le haghaidh cumhachta a chomhlíonadh. Ní mór go n-áireofaí leis an leictreachas foriomlán a ghintear teorainn shlánda. Ceadaíonn sé seo dúinn neamhchinnteacht a láimhseáil. I measc na nithe sé tá aschur éagsúil na giniúna gaoithe, nó an riosca a bhaineann le múchadh gineadóirí traidisiúnta de bharr fabhtanna.

Is minic go mbíonn foláirimh gníomhach ar feadh roinnt uaireanta an chloig le linn bhuaicthréimhse éilimh an lae, idir 5.00pm agus 7.00pm de ghnáth. Is ionann é seo agus an tréimhse ina mbaineann foinsí giniúna an t-uasleibhéil táirgeachta amach de ghnáth. Réitimid foláirimh trí bhíthin an chóras cumhachta a oibriú ar bhealach níos cosantaí. Déanann sé seo difear don ghiniúint, do laghdúithe ar an éileamh agus don idirasc. Úsáidimid na cineálacha giniúna ar fad atá ar fáil le linn na dtréimhsí seo.

Tugtar Foláireamh Córais ar an gcéad leibhéal, rud a thugann rabhadh maidir leis an bhféidearthacht go dtarlódh fadhbanna sealadacha leis an soláthar leictreachais roimh i bhfad. Nuair a tharlaíonn

Foláireamh Córais, is féidir lenár n-innealtóirí saineolacha agus an earnáil leictreachais níos leithne ullmhú chun bearta réamhbheartaithe a dhéanamh chun iontaofacht na heangaí a chosaint. Is ionann an chéad leibhéal foláirimh eile agus Éigeandáil Chórais. Eisíonn an tOibrítheoir Córais Tarchurtha é nuair a bhíonn ardriosca ann nach mbeifear in ann an t-éileamh leictreachais a chomhlíonadh. Nuair a tharlaíonn sé seo, oibríonn innealtóirí ón Oibrítheoir Córais Tarchurtha go dlúth le hinnealtóirí OCD chun bearta réamhbheartaithe a dhéanamh chun iontaofacht na heangaí a chosaint.

Dá dtarlódh fabht eile le linn an fhóiláirimh, d'fhéadfadh sé an soláthar is gá chun an buaic-éileamh leictreachais a chomhlíonadh a chur i mbaol. Dá dtífeadh an cás is measa amach, díscarfaí tomhaltóirí leictreachais. Go dtí seo, láimhseáladh gach foláireamh i mbliana gan cur isteach ar thomhaltóirí leictreachais. Leanaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar theorainneacha, ag láimhseáil tréimhsí riosca go honnghníomhach agus ag ullmhú le haghaidh foláireamh. Íoslaghdóidh sé seo an riosca a bhaineann le cur isteach ar thomhaltóirí, toisc go dtuigimid a thábhachtaí atá soláthar slán leictreachais le haghaidh an gheilleagair agus le haghaidh na beatha.

Cuireann roinnt fachtóirí coiteanna le foláirimh de ghnáth. Is iad seo a leanas na fachtóirí sin:

- leibhéal arda d'éaradh seirbhíse éigeantacha (fabhtanna) ar aonaid ghiniúna thraidisiúnta (breosla iontaise);
- infhaighteacht níos ísle d'aonaid éilimh ar féidir leo a n-ídiú leictreachais a laghdú nuair a iarrann an tOibrítheoir Córais Tarchurtha déanamh amhlaidh;
- srianta ar an líonra tarchurtha a chuireann teorainn lenár gcumas cumhacht a aistriú ó limistéar a bhfuil fuílleach ann go limistéar a bhfuil easnamh ann. Is ionann an cás le haghaidh aistrithe cumhachta idir Éire agus Tuaisceart Éireann go háirithe. Tarlaíonn sé seo mar gheall ar mhoill ar thógáil an Idirnascaire Thuaidh-Theas;
- coinníollacha an mhargaidh leictreachais a spreagann onnmhairithe go dtí an Ríocht Aontaithe;
- scor stáisiúin ghiniúna níos sine in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Cé go mbítear ag súil leis seo, b'fhachtóir é seo a chuir leis;
- tharla gach foláireamh nuair a bhí leibhéal ísle ghiniúna gaoithe ann – a chuir teorainn níos mó ar ár gcumas cumhacht a shlánú.

Iarrann an tOibrítheoir Córais Tarchurtha ar pháirtithe ar thaobh an éilimh – úsáideoirí móra fuinnimh ar féidir leo a gcuid éilimh a ísliú arna iarraidh sin – a n-ídiú leictreachais a laghdú chomh maith. Ar deireadh, is féidir linn cumhacht éigeandála

“ Chuireamar tús agus críoch rathúil le triail de 70% SNSP ar an gcóras, le breis agus 250 uair an chloig ag oibriú thar 65% SNSP. ”

a fháil ón Ríocht Aontaithe, ag úsáid an Idirnascaire Thoir-Thiar agus Idirnascaire na Maoile.

#### Idirnasc

Sa chéad ráithe den bhliain, d’aistrigh an Idirnascaire Thoir-Thiar chuig socruithe an mhargaidh fuinnimh iarBhreatimeachta. Bhí an infhaighteacht a bhain leis an Idirnascaire Thoir-Thiar ag 98% sna 12 mhí go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair.

#### Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP)

Chuireamar tús agus críoch le triail de 70% SNSP ar an gcóras (le breis agus 250 uair an chloig ag oibriú thar 65% SNSP) ar beartas buan ar an gcóras é anois. Chuireamar tús ina dhiaidh

sin leis an triail 75%, ach mar gheall ar ghaoth níos ísle le linn na coda eile den bhliain airgeadais ní rabhamar in ann na huairéanta an chloig a bhí ag teastáil don tástáil ag níos mó ná 70% SNSP a bhaint amach. Táimid ag súil leis go gcuirfear an triail seo i gcrích i dtreo lár na chéad bhliana airgeadais eile ag brath ar fhoinsí gaoithe cuí. Nuair a chuirfear an triail seo i gcrích go rathúil, beidh 75% SNSP ina bheartas buan oibriúcháin.

#### Cúltaisce Dhiúltach

Is ionann cúltaisce dhiúltach agus giniúint atá ar an gcóras chun cailliúint éilimh nó idirnascaire le linn an onnmhairithe a chumhdach. De bharr na cúltaisce diúltá, seachnaítear minicíocht ard chórais sna cásanna sin. Níorbh fhéidir ach le gineadóirí traidisiúnta an

chúltaisce dhiúltach a chur ar fáil san am atá caite. Chuireamar Tástáil um Chúltaisce Dhiúltach i gcrích i mbliana, rud a cheadaigh don ghiniúint ghaoithe cúltaisce dhiúltach a chur ar fáil ina ionad sin. Mar gheall air sin, tá 100MW níos lú i gcúltaisce dhiúltach againn ó ghiniúint thraidisiúnta ar an oileán. Mar gheall air sin beidh ciorrú níos lú de 100MW ann uaireanta agus éascú níos fearr ar fhuinneamh in-athnuaite.

#### Curiarrachtaí an Chórais


Briseadh curiarracht an chórais maidir le buaic-éileamh dhá uair. Taifeadh buaic-éileamh nua don chóras um thráthnóna de 5,357MW i mí na Nollag 2020. Taifeadh curiarrachtaí nua gaoithe i mí Feabhra in Éirinn, 3,591MW, agus ar oileán na hÉireann, 4,489MW.







# Chun Tosaigh maidir le hInbhuanaithéacht



# Chun Tosaigh maidir le hInbhuanaitheacht



**200** freagra ó pháirtithe leasmhara maidir lenár Suirbhé Ábharthachta chun bonn eolais a chur faoinár gcur chuige maidir leis an inbhuanaitheacht



**30%** de ról cheannaireachta ag mná, rud a fhágann go bhfuilimid níos airde ná ár bpiaraí, ach aithnímid go bhfuil níos mó le déanamh againn fós

## Inbhuanaitheacht á Sainiú ar son an Ghrúpa

I mbliana, chun tacú lenár bpríomhspríoc, ‘Bheith chun Tosaigh in Earnáil Leictreachais an Oileáin i ndáil leis an Inbhuanaitheacht agus Dícharbónú’, d’fhorbraíomar ár gcéad Straitéis Ghrúpa um Inbhuanaitheacht.

Rinneamar anailís dhea-chleachtais ar bhearnaí maidir lenár gcuid spríocanna agus tionscnamh inbhuanaitheachta go dtí seo, ag tarraingt ar dhea-chleachtas maidir le hinbhuanaitheacht laistigh den earnáil seo agus lasmuigh di freisin; rinneamar scrúdú ar na spríocanna a luaitear le Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun a fháil amach cérbh iad na spríocanna ab ábhartha dúinn féin agus cén áit arbh fhéidir an tionchar is dearfaí a bheith againn; agus comhairliúchán leathan inmheánach ar fud na gnólachta chun ár gconair inbhuanaitheachta a aithint agus leibhéal cuí uailmhéine a shocrú.

Chuireamar peirspictíochtaí na bpáirtithe leasmhara san áireamh le measúnú ar ábharthacht inar thugamar cuireadh do liosta cuimsitheach de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus fostaithe, chun rátáil agus aicmiú a dhéanamh ar liosta fada ábhar a bhain leis an inbhuanaitheacht, chomh maith

le hábhair a bhain go sonrach le EirGrid, chun tábhacht gach ábhair a fháil amach i ndáil leis na páirtithe leasmhara. Bhí cuid mhaith de na nithe, a cheap páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go bhfuil siad ábhartha, ag teacht le tuairimí a chéile ó thaobh dhearcadh na hinbhuanaitheachta don Ghrúpa agus chuir sé sin bonn eolais faoin mbealach ar chinneamar príomhréimsí fócais na straitéise.

## Ar Straitéis Inbhuanaitheachta

Chabhraigh torthaí ár n-anailíse agus rannpháirtíochta linn na croírreimsí fócais dár straitéis inbhuanaitheachta a aithint. Tá cinnte againn go mbainfeadh an cur chuige is straitéisí lenár straitéis a bhunú ar na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlInna) agus gur cheart dúinn tacar ábhartha SFlInna a roghnú chun ár gcuid iarrachtaí agus tionchair a dhírú.

Bunaithe ar an obair seo, tá trí réimse socraithe againn a threoróidh ár n-aistear inbhuanaitheachta mar a dtugtar tuairisc air:



- Gníomhú ar son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a chur chun cinn
- Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe
- A bheith inár nGnólacht Freagrach

Baineann an chéad réimse leis an méid a dhéanaimid mar Ghrúpa agus ár bpríomh-rannchuidiú le claochlú an chórais chumhachta agus dúshlán an athraithe aeráide go ginearálta. Leagann an dá réimse eile béim ar an mbealach a ndéanfaimid é sin agus, cé go bhfuil baint amach an toraidh sin ríthábhachtach, go gcinntídh an bealach a dtabharfaimid faoi an glantairbhe don tsochaí agus go gcinnteoidh sé go bhfuil an inbhuanaitheacht i gcróilár ár gcuid gníomhaíochtaí ar fad. Tugtar míniú níos doimhne anois ar gach ceann de na réimsí seo atá forbartha againn, agus a bhfuil tiomantas tugtha againn dóibh, sa straitéise seo.

**Gníomhú ar son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a chur chun cinn**

Thug ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha le fios gurb é an rannchuidiú is mó tionchair a bheidh ag EirGrid maidir leis an inbhuanaitheacht ná gníomhú ar son na haeráide agus claochlú an chórais chumhachta a chur chun cinn agus baint amach na dtairbhí dícharbónaithe níos leithne a d’fhéadfadh bheith ann ar fud an

gheilleagair le leictriúchán. Agus amhlaidh á dhéanamh, táimid ag an gcróilár maidir le tacaíocht a thabhairt do gheilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de ar fud an oileáin.

Na haidhmeanna atá againn faoin réimse seo ná:


- Claochlú slán chuig córas leictreachais ísealcharbóin a sholáthar
- Tacaíocht a thabhairt don smaointeoireacht chriticiúil a theastaíonn chun claochlú an chórais leictreachais a sholáthar, agus é a chur ag an gcróilár
- Cinntiú go mbeidh oiriúnú don athrú aeráide mar chuid den phleanáil ar aghaidh maidir le bainistíocht sócmhainní

Sa réimse seo tá tiomantas tugtha againn do na gníomhartha agus na hiarrachtaí a dhéanfaimid chun an toradh seo a bhaint amach, lena n-áirítear cur i gcrích ár Straitéise Grúpa, tacaíocht a thabhairt do bheartas an Rialtais maidir le fuinneamh agus cúrsaí aeráide, agus go garthréimhseach, tá sé sin cuimsithe i dTreochlár Ár dToghcháí Leictreachais a Mhúnlú. Mar gheall air seo, táimid ar an mbealach chun na spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach agus chun geilleagar aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050.

Laistigh den réimse seo, tá tiomantas tugtha againn d’obair a dhéanamh le gach páirtí sa chóras leictreachais



**Bheith chun tosaigh in Earnáil Leictreachais an Oileáin i ndáil leis an Inbhuanaitheacht agus Dícharbónú**



**Driving Climate Action and Transformation of the Energy System**

We will drive climate action through a transformation of the energy system whilst maintaining security of supply and minimising our own environmental footprint.

**Committed to Society**

We will work with all in the ecosystem to support the system change. We will support learning, and skills development across society to deliver our ambitions.

**Being a Responsible Business**

We will embed climate, sustainability and responsible business practices across our day to day operations and publicly report on our sustainability performance.

“ Beidh athrú suntasach ag teastáil ar fud na sochaí chun ár n-uailmhian aeráide a bhaint amach agus beidh páirt ag EirGrid Group ann. ”



chun aghaidh a thabhairt ar an bpróifíl astaíochtaí a bhaineann le hoibriú níos leithne na gcóras cumhachta (trí bhíthin cothromú seolta).

Tá sé seo ríofa againn mar chuid dár gcuid oibre maidir le ‘Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht’, toisc gur gné thar a bheith tábhachtach é nach mór aghaidh a thabhairt uirthi sa tréimhse suas go dtí 2030 agus beidh iarrachtaí gach páirtí ag teastáil.

Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis seo sa rannóg ar Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht.

Tá roinnt príomh-mhéadrachtaí cinnte againn chun ár ndul chun cinn sa réimse seo a léiriú, lena n-áirítear treá an leictreachais in-athnuaite, déine charbóin an leictreachais, SNSP, leibhéal an fhuinnimh in-athnuaite nach n-úsáidtear (seoladh thíos) agus lorg astaíochtaí Scóip 3 le haghaidh cothromú seolta (mionléirítear é seo sa rannóg ar Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht sa tuarascáil seo).

#### Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe

Beidh athrú suntasach ag teastáil chun ár n-uailmhianta aeráide a bhaint amach agus beidh páirt ag EirGrid Group ann.

Tá tiomantas tugtha againn d’obair a dhéanamh le gach páirtí leasmhar chun tacú leis an athrú seo ó roinnt peirspictíochtaí sóisialta. Tá tiomantas tugtha againn dár gcuid oibríochtaí gnó a dhéanamh ar bhealach a chinntíonn úsáid éifeachtúil acmhainní agus do thionchar comhshaoil ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú i dtéarmaí úsáid na

dtáirgí, idirghníomhaíocht leis an talamh, leis an uisce, le pobail agus le gnáthóga.

Na haidhmeanna atá againn faoin réimse seo ná:

- Feasacht na sochaí a chruthú agus a neartú maidir leis na dúshláin atá romhainn agus an pháirt ar féidir linn a ghlacadh
- Tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim agus d’fhorbairt scileanna ar fud na sochaí chun an claochlú a bhaint amach
- Tacaíocht a thabhairt don éagsúlacht agus don ionchuimsiú, agus iad a chur chun cinn
- Nósanna sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn

Tá ár gcur chuige sa réimse seo forbartha againn i mbliana, mar a fheictear i gcodanna eile den tuarascáil seo, le foilsiú ár Straitéise um Rannpháirtíocht Phoiblí breisithe, an próiseas comhairliúcháin fairsing a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú, agus ár dtiomantas do chláir forbartha na foirne, agus do chláir forbartha céimithe agus luathghairmithe. Tá ár gcritéir don scéim tairbhí don phobal leathnaithe againn i mbliana freisin chun díriú ar na trí shraith a thagann leis an réimse seo, eadhon bithéagsúlacht, pobal agus inbhuanaitheacht.

I measc na ndianiarrachtaí eile dár gcuid faoin réimse seo tá:

#### Oideachas agus Scileanna

Tuigimid go mbeidh daoine éirimíúla ag teastáil uainn de shíor amach anseo chun ár gcuid uailmhianta



straitéise a bhaint amach, agus rinneamar ár ndícheall déanamh amhlaidh i mbliana le linn tréimhse ina raibh an margadh trína chéile. Mhéadaigh ár bhfoireann earcaíochta éirimíúla i mbliana agus bhí sí chun tosaigh le hiarracht shuntasach earcaíochta chun daoine éirimíúla ó gach leibhéal timpeall na hÉireann agus thar lear a mhealladh.

Tá ár n-iontógáil céimithe méadaithe againn. Thosaigh grúpa uailmhianach lán fuinnimh de 35 céimí ag obair le EirGrid Group le cúpla bliain anuas. Léiríonn an buíon seo réimse éagsúil taithí, disciplíní agus cúlaí oideachais agus tá a lorg fágtha acu ar gach réimse dár gcuid gnó. Mar atá feicthe arís agus arís eile, leanann go leor dár gcéimithe ar aghaidh chun tionchar buan a dhéanamh mar a fhásann siad a gcuid gairmeacha linn.

Tá tacaíocht tugtha againn dár gcéimithe leis an rath mar mhac léinn a aistriú go héifeacht i dtimpeallacht chorparáideach. Tar éis dóibh clár ionduchtúcháin, a mhaireann ceithre seachtaine, a chríochnú, bronnar Teastas creidiúnaithe maidir le hÉifeachtúlacht Ghairmiúil ar gach céimí agus feicimid an toradh ar an infheistíocht luath sin mar a théann go leor acu leis na foirne. Reáchtáiltear ár gClár Forbartha Céimithe thar dhá bhliain agus faigheann gach céimí taithí i dtírí phríomhréimse den ghnó, ag forbairt réimse leathan scileanna

## Urraíocht SciFest

In 2021, rinneamar an cinneadh dul i gcomhpháirtíocht le SciFest maidir le clár SciFest@School. Cuireann an clár oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) chun cinn le soláthar fóraim le haghaidh daltaí ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun a gcuid mionscrúduithe eolaíochta a chur i láthair agus a chur ar taispeáint.

Bronntar Gradam Aeráide agus Todhchaí le Fuinnimh níos Glaine de chuid EirGrid ar na daltaí meánscoile a dhearann cur chuige cruthaitheach nuálach i ndáil le húsáid fuinnimh ó fhoinsí glana.





# “Tugann ár Straitéis um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú aghaidh ar gach cineál éagsúlachta, ach is é éagsúlacht inscne an príomhréimse fócais laistigh den straitéis fhoriomlán.”

teicniúla, tráchtála agus páirtithe leasmhara. Le linn mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2021, tar éis thréimhse fhada cianoibre, bhíothas in ann deiseanna a chruthú go sábháilte dár gcéimithe bheith ag caidreamh ar an láthair lena chéile agus leis an bhfoireann ceannaireachta sinsearaí, ag díriú go háirithe ar neartú a líonraí ar fud an Ghrúpa.

Tá paisean agus fuinneamh úr tugtha ag an ngrúpa éirimíúil luath seo dár ngnó, agus é ár bhfeidhm an córas cumhachta a chlaochlú ó bhonn le haghaidh na nglúnta atá le teacht, ag dul i bhfeidhm go láidir ar an mbuíon seo go háirithe.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

Cumhachtaíonn éagsúlacht nuálaíocht; tá sé mar aidhm againn bheith ionadaíoch ar an oileán a gcumhachtaímid é le héagsúlacht smaointeoireachta, taithí, cúlraí agus dearcthaí, agus muid féin a chumhachtú chun ár n-uailmhianta straitéise a bhaint amach. Deimhníonn ár Straitéis Daoine go bhfuil meas againn ar na daoine a oibríonn linn agus go ngabhann deis leis sin chun leanúint ar aghaidh agus lucht oibre atá éagsúil a fhorbairt agus áiteanna oibre ionchuimsitheacha a chothú, áiteanna ina mbíonn gach duine ar a suaimhneas agus ina mbeidh na deiseanna acu barr a gcumais a bhaint amach.

Tuigimid gannionadaíocht na mban a thagann amach as an ollscoil agus cáilíochtaí acu i réimsí na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta faisnéise, príomhdhisciplíní dár n-eagraíocht.

Tá mná i 30% de na rólí cheannaireachta, rud a fhágaimid chun tosaigh ar an tionscal níos leithne i dtéarmaí ionadaíochta, ach tá deis shuntasach againn tuilleadh athraithe a dhéanamh. Tugann ár Straitéis um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú aghaidh ar gach cineál éagsúlachta, ach is é éagsúlacht inscne an príomhréimse fócais laistigh den straitéis fhoriomlán.

Cuireann trí réimse bonn eolais faoinár gcur chuige.

An chéad cheann ná oideachas agus feasacht. Chuireamar ár gcéad suirbhé maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú i gcrích in 2021.

D’imir na torthaí tionchar díreach ar ár gcur chuige agus cuirfidh siad bonn eolais faoi na gníomhaíochtaí leanúnacha a dhéanfaimid sa bhliain amach romhainn. An chéad phríomhchéim eile ná rolladh amach na chéad chéime eile d’oiliúint maidir le claontacht neamhchomhfhiosach ar fud an ghrúpa.

An chéad réimse eile ná Tallann Éagsúil a Chotheú. Spreagaimid éagsúlacht ag gach leibhéal, agus tacaímid léi; dírimid ar thallann éagsúil agus aimsímid bealaí nuálacha chun iad a thabhairt ar an aistear ceannaireachta. Bealach amháin ab ea an Clár Céimithe chun éagsúlacht a thabhairt isteach ag an gcéim luathghairme. Cuirimid oiliúint ar dhaoine éirimíúla éagsúla, agus tugaimid meantóireacht dóibh agus bímid rannpháirteach le sainchomhlachtaí maidir leis an mbealach ar féidir linn daoine atá faoi mhíchumas a chumhachtú chun barr a gcumais a bhaint amach agus réimse

níos leithne cumais a thabhairt isteach chuig an eagraíocht.

Agus é sin á dhéanamh againn, fásaimid ár gcumas amach anseo agus cinnteoidimid go mbeidh go leor acmhainní againn chun na deiseanna atá amach romhainn a ghlacadh.

Baineann an tríú réimse le branda fostóra mealltach ionchuimsitheach a fhorbairt le painéil éagsúla roghnúcháin. Chuireamar tús le clár píolótach dár mionsamhail oibríoch hibrídeach nua i mbliana, samhail a thugann níos mó solúbthachta dár bhfoireann maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir a saolta oibre agus pearsanta. Chomh maith le roinnt de cheannchuideachtaí na hÉireann, tá an Gealltanais um Ionchuimsiú Sóisialta a Ardú tugtha againn, gealltanais de chuid Ghnó sa Phobal in Éirinn, chuireamar fáilte roimh mhúinteoirí ETIM faoi oiliúint bheith ina n-intéirneach linn, agus ghlacamar páirt i bhfeachtas ‘Mná in ETIM’ de chuid Irish Independent. Chomh maith leis sin, chuireamar tús i mbliana le hurraíocht líonra aonach eolaíochta SciFest, a chuirfidh EirGrid Group go díreach le hiarrachtaí chun mná agus fir óga a spreagadh le tabhairt faoi ETIM ag an tríú leibhéal.

## Rannpháirtíocht Chustaiméara/Tionscail

Áirítear lenár gcustaiméirí iad siúd atá ceangailte go díreach leis an gcóras tarchurtha. Gineann roinnt custaiméirí leictreachas ó fhoinsí traidisiúnta nó in-athnuaite, agus bíonn éileamh ard le haghaidh leictreachais ag custaiméirí eile; ní féidir ach leis an gcóras tarchurtha an cineál sin a sholáthar. Soláthraíonn daoine eile na seirbhísí a theastaíonn



**1,000**  
crann le cur mar gheall  
ar ár gcomhpháirtíocht  
le 'treesontheland'

chun an córas tarchurtha a oibriú, amhail aonaid ar thaobh an éilimh agus aonaid stórála fuinnimh. Soláthraíonn custaiméirí idirnascaire idirnasc le córais leictreachais eile.

Freastalaímid chomh maith ar sholáthróirí leictreachais agus páirtithe leasmhara níos leithne ag a bhfuil leas in oibriú agus i bhfeabhsú an chórais tharchurtha, lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíocha an tionscail, agus freagraímid do réimse leathan riachtanas ar fud na hearnála fuinnimh mórdhíola in Éirinn. Aithnímid gur cumasóirí bunriachtanacha iad an-chuid ár gcustaiméirí chun na spriocanna le haghaidh 2030 a bhaint amach trí ghiniúint leictreachais (lena n-áirítear micrighiniúint), idirnasc agus soláthar seirbhísí riachtanacha chun an córas a oibriú le treá ard giniúna ó fhoinsí in-athnuaite. Leanamar orainn i mbliana lenár gcuid rannpháirtíochta a thabhairt chun cinn chun a chinntiú go leanaimid ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanas ár gcuid custaiméirí, riachtanais a bhíonn ag síor-athrú, chomh maith le forbairt ar an mbealach a bpleanálaímid, a fhorbraímid agus a oibrímid an córas tarchurtha.

I mí na Nollag 2020, d'fhoilsíomar an cháipéis "Engage with Us – A Guide for Customers and Industry Stakeholders" [Bí Páirteach Linn – Treoir le haghaidh Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara an Tionscail]. Tugann an cháipéis seo achoimre ar bhealaí rannpháirtíochta EirGrid agus pointí teagmhála le haghaidh ár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara an tionscail. Forbraíodh í chun soiléireacht a thabhairt maidir leis an mbealach ar féidir lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara an tionscail bheith páirteach agus conas

a úsáidtear na léargais agus an t-aiseolas sin laistigh de EirGrid.

Nuair a dhéanaimid measúnú ar éifeachtúlacht ár rannpháirtíochta, smaoinímid ar cibé an bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil againn soiléir agus éasca le tuiscint i ngnáth-Bhéarla dár bpáirtithe leasmhara; an bhfuil aiseolas ábhartha faighte againn ó réimse páirtithe leasmhara le haghaidh machnaimh; an bhfuil léargais, foghlaim agus deiseanna aitheanta ón aiseolas agus an bhfuil peirspictíochtaí na bpáirtithe leasmhara curtha leis an gcinnteoireacht agus machnamh déanta orthu; an bhfuil trédhearcacht curtha ar fáil maidir le cinnteoireacht; agus an bhfuil cuspóir(í) aitheanta agus tairbhí bainte amach, ar dearadh an rannpháirtíochta chun iad a sholáthar.

### Bithéagsúlacht

Tá tionscadal feabhsaithe bithéagsúlachta á sholáthar ag EirGrid ag láthair stáisiún tiontaire an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) i gContae na Mí.

Ag láthair an stáisiún tiontaire EWIC tá cluain fhéarach gan bhainistiú ar thart ar cheithre heicteár den láthair seacht heicteár, agus tá áiteanna féaracha taitneamhachta, a ndéantar dlúthbhainistiú orthu, agus áit bheag a bhfuil fáschoill dhúchasach ann freisin.

Tá cur chuige, atá bunaithe ar fhianaise, maidir le feabhsú bithéagsúlachta á mhaoiniú ag EirGrid ag láthair an Phortáin. Tá rannpháirteachas malartach páirtithe leasmhara leis an tSeirbhís Páirceanna

Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Comhairle Contae na Mí, agus Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann, lárnach fós maidir le cinneadh a dhéanamh ar na gníomhartha a bhaineann le gnáthóga, lena mbaineann an croíphrionsabal de 'idirghabháil íseal'. Tá roinnt athruithe déanta againn amhail an córas lomtha sa chluain, síolú gliográin dhúchasach, agus baint lustan de láimh, agus tá bláthanna fiáine dúchasacha á spreagadh againn sa bhanc síolta chun gnáthóg de chluain féir atá oiriúnach do bheacha a athbhuí agus a mhúnlú. Tá an láthair EWIC cláraithe leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) agus, mar thaca le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, ní úsáideann EirGrid lotnaidicíd ná luibhicíd i gceantair ina mbíonn fiadhúlra a thuilleadh. Táimid tar éis dul i gcomhpháirtíocht le carthanacht 'treesontheland' chun 1,000 crann dúchasach Éireannach a chur, chun an fháschoill reatha a leathnú. Coinneofar loig den chré lom chun gnáthóg fhadtréimhseach neadaithe a sholáthar do bheacha tolltacha. Cuireadh bosca éin suas le haghaidh éin a neadaíonn i bpoill agus cinntíonn ceantair neamhfháilaithe, nach mbaintear an féar iontu, gur féidir le riabhóga atá ar an liosta dearg neadú go sábháilte le linn an tsamhraidh.

Seachas sin, éilíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2022 ar ranna rialtais na hÉireann agus ar NBDC sonraí agus eolas a thabhairt do líonraí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun tacú le taighde agus beartais chaomhnúcháin.

Ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don bheartas seo agus dár

# Trí réimse - gníomhaíochtaí in 2020/2021

## Aeráid

### Ceannaireacht Sheachtrach: Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht

- Gnó sa Phobal Éireann: lean ár bPríomhfheidhmeannach, Mark Foley, leis mar chomhchathaoirleach ar an nGrúpa Oibre maidir le hÍsealcharbón (Éire). Bhí an grúpa oibre seo chun tosaigh maidir leis an uailmhian bhunaidh, atá méadaithe anois, i ndáil leis an nGealltanais Ísealcharbóin, a d'iarr ar chuideachtaí in 2021 gealltanais a thabhairt do na Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht faoi 2024. Shínigh EirGrid an Gealltanais Ísealcharbóin.
- Gnó sa Phobal Thuaisceart Éireann: Tá SONI ina Thacadóir Aeráide le haghaidh na Gníomhaíochta Gnó san Fheachtas ar son na hAeráide agus tá sé ar an ngrúpa stiúrtha a bhí freagrach as forbairt an Ghealltanais um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar 'gealltanais poiblí é ó eagraíocht chun a cuid astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa faoi scóip 1 agus scóip 2 a laghdú faoi 30% nó 50% faoi 2030; agus chun obair a dhéanamh maidir le tomhas agus tuairisciú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó scóip 3'. Leis an ról atá againn mar Thacadóir Aeráide, reáchtálar seimineár gréasáin maidir le Gníomhú ar son na hAeráide in éineacht le Power NI sa bhliain airgeadais seo.

### Rannpháirtíocht Fostaithe:

- Reáchtálar comórtas grianghraf ar Lá Domhanda an Chomhshaoil le haghaidh na foirne agus bhí orthu grianghraif de na peirspictíochtaí ab ansa leo faoin gcomhshaoil a roinnt. D'éirigh go han-mhaith leis agus fuarthas líon maith grianghraf ardchaighdeáin, agus an rud is tábhachtaí, thug sé an deis don fhoireann smaoineamh ar an gcomhshaoil agus an bealach a gcaithfidimid ar fad iarracht a dhéanamh é a chosaint. (Féach ceann de na hiontrálacha is fearr ar leathanach 47).

## Gnólacht Freagrach

### Aitheantas Seachtrach:

- Bhronn Gnó sa Phobal Thuaisceart Éireann Deimhniúchán CORE ar SONI ag an ngnáthleibhéal. Ba é seo an chéad uair a bhain SONI an Deimhniúchán um Fhreagracht Chorporáideach agus Inbhuanaitheacht amach, agus rinneadh scrúdú dian ar gach réimse den ghnólacht, dearcadh an ghnó fhreagraigh agus na hinbhuanaitheachta mar chuid de.
- Bhuaigh EirGrid Gradam 'Dea-chleachtas na Bliana' 2020 de chuid Thionscnamh na nEangach In-athnuaite i gCatagóir na Cumarsáide agus na Rannpháirtíochta, le haghaidh an comhairliúcháin le páirtithe leasmhara mar gheall ar an Idirnascaire Ceilteach.
- Cuireadh casadh EirGrid i dtreo na rannpháirtíochta digití mar gheall ar COVID-19 ar ghearrliosta sa chatagóir 'Cumarsáide' i nGradaim Thionchar an Ghnó Inbhuanaithe
- Cuireadh Comhpháirtíocht SONI/Rugbaí Uladh ar an ngearrliosta sa chatagóir 'Infheistíocht sa Phobal' i nGradaim an Ghnó Fhreagraigh de chuid Ghnó sa Phobal Thuaisceart Éireann
- Cuireadh Comhpháirtíocht SONI/BookTrust Thuaisceart Éireann ar an ngearrliosta sa chatagóir 'Gradam na Rannpháirtíochta Cruthaithí sa Phobal' i nGradaim Ealaíon agus Ghnó Thuaisceart Éireann 2021.
- Fuair SONI rátáil chré-umha dár gcéad uair ag glacadh páirt i Suirbhé Tagarmharcála Comhshaoil Thuaisceart Éireann





## Sochaí

### Oibríú go Deonach:

- Ag tógáil ar an rath a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht dheonach reatha atá againn le Coláiste Pobail Margart Aylward i bhFionnhrú, Baile Átha Cliath, thosaíomar Clár nua um Meantóireacht Daltaí a mhairfidh dhá bhliain leis na daltaí ón gcúigiú bliain trí Chlár Gníomhaíochta Gnó ar Oideachas de chuid Ghnó sa Phobal Éireann. Chuir rannpháirtithe Chlár Céimithe EirGrid seisiúin mheantóireachta fhíorúla ar fáil maidir le hábhair éagsúla a bhain le scileanna acadúla agus scileanna maireachtála. Thug na seisiúin deis iontach do na daltaí dul i dteagmháil le duine fásta lasmuigh dá réimse saoil féin chun peirspictíocht nua a thabhairt dóibh maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu, agus thug na seisiúin deis forbartha dár gcéimithe scileanna nua oiliúna agus meantóireachta a fhoghlaim.

### Infheistíocht sa Phobal:

- I gcomhréir leis an bhfócas atá againn ar oideachas, leanamar lenár gcuid tacaíocht do Chlár Rochtana DCU chun 'oideachas a dhéanamh insroichte do dhaoine óga ó chúraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.' Mar chuid den tacaíocht sin, ghlac dalta ó Chlár Rochtana DCU páirt in Intéirneacht Samhraidh in EirGrid tríd an gclár 'Rochtain ar Obair'.
- Tacaíonn comhpháirtíocht SONI/BookTrust Thuaisceart Éireann le cur chun cinn na litearthachta ó aois luath. Leis an gcomhpháirtíocht seo, dheonaigh SONI pacáistí leabhar do réamhscoil na gCeall agus Choinnre agus do Réamhscoil na Tuaithe sna Cealla, Contae Aontroma.
- Thacaigh SONI le saorálaíochas trí chiste sparánachta 'Real Rugby Heroes – Game Changers' ó SONI/Rugbaí Uladh chun iarrachtaí na gclubanna agus na n-oibríthe deonacha ar fud Uladh a chúiteamh, a raibh sprid an rugbaí iontu agus iad ag coinneáil a gcuid imreoirí agus a gcuid pobal rannpháirteach le linn na paindéime, idir chur chun cinn na sláinte agus na folláine, agus pháistí agus teaghlaigh a choinneáil nasctha leis an gcluiche lasmuigh den pháirc imeartha.

### Rannpháirtíocht Fostaithe:

- I dteannta le comhpháirtíocht SONI/BookTrust Thuaisceart Éireann, reáchtálar comórtas Nollag le haghaidh na foirne chun pacáistí leabhar do pháistí a bhuachan chun an chomhpháirtíocht a chur chun cinn go himhneánach.



## Ceapadh Liam Ryan ar Bhord ENTSO-E

Ceapadh Liam Ryan, Príomhoifigeach Nuálaíochta agus Pleanála, ar Bhord ENTSO-E. Is é ENTSO-E, an Líonra Eorpach d'Oibrítheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais, an cumann le haghaidh comhoibríthe idir oibrítheoirí córais tarchurtha (TSOanna) na hEorpa. [www.entsoe.eu/about/inside-entsoe/members/](http://www.entsoe.eu/about/inside-entsoe/members/) Tá na 42 comhalta, ar oibrítheoirí córais tarchurtha iad a dhéanann ionadaíocht ar 35 tír, freagrach as oibríú slán comhordaithe chóras leictreachais na hEorpa.

Tá an Eoraip ag dul i dtreo córas fuinnimh inbhuanaíthe, digitithe, comtháite agus leictiríthe a mbeidh meascán d'acmhainní láraithe agus dáilte aige. Tá cumhacht thábhachtach ag ENTSO-E san Eoraip agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh tomhaltóirí ag croílár an chórais fuinnimh seo agus go n-oibrítear agus go bhforbraítear é agus aird á tabhairt ar chuspóirí aeráide agus ar an leas sóisialta. Tá sé tábhachtach go nglacfadh EirGrid páirt in ENTSO-E chun eolas a fháil ónár gcomhghleacaithe, ar oibrítheoirí córais tarchurtha iad, agus an dearcadh Éireannach a roinnt, agus go mbeimis rannpháirteach go gníomhach chun tionchar a imirt agus cur leis ar scála Eorpach agus domhanda.

“Chun a chinntiú go ndéanfar ár gcuid gníomhaíochta gnó ar bhealach inbhuanaithe, déanfaimid cúrsaí aeráide, cúrsaí inbhuanaitheachta agus cleachtais fhreagracha gnó a leabú ar fud na n-oibríochtaí laethúla agus tabharfaimid tuairiscí poiblí maidir lenár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta.”

dtiomantas don tsochaí, molann EirGrid go gcuireann comhairleoirí éiceolaíochta atá ag obair ar thionscadail tharchurtha taifid ábhartha éiceolaíochta faoi bhráid NBDC (ar speicis neamhchoitianta agus chosanta go háirithe).

In 2020, chuamar i gcomhar le breis agus 530 eagraíocht ar fud an domhain freisin chun an gealltanas maidir le Gnó don Dúlra a shíniú. Is comhghuaillíocht dhomhanda é Gnó don Dúlra ina bhfuil gnólaicthe agus eagraíochtaí caomhnúcháin, a dhíríonn ar fhianaise a neartú maidir le ceannaireacht gnó agus fuinneamh i ndáil leis an dúlra.

### A bheith inár nGnólacht Freagrach

Chun a chinntiú go ndéantar ár gcuid gníomhaíochta gnó ar bhealach inbhuanaithe, táimid tiomanta do chúrsaí aeráide, cúrsaí inbhuanaitheachta agus cleachtais fhreagracha gnó a leabú tuilleadh ar fud na n-oibríochtaí laethúla agus déanaimid tuairiscí poiblí a thabhairt maidir lenár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta.

Na haidhmeanna atá againn faoin réimse seo ná:

- Inbhuanaitheacht a leabú tuilleadh sa rialú, sna cinntí agus sa soláthar ar fud an ghnólaicthe
- Ár lorg carbóin féin a bhainistiú agus a laghdú
- Na caighdeáin eitice is airde a bhaint amach
- Trédhearcacht maidir lenár bhfeidhmíocht neamh-airgeadais a mhéadú

Toisc go bhfuil beartas aeráide agus fuinnimh ag croílár Straitéis EirGrid Group 2020-2025, tá struchtúir um dhea-bhainistiú curtha ar bun againn a dhíríonn ar an aeráid agus ar inbhuanaitheacht, ach caithfimid tuilleadh a dhéanamh. Tá clár dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh againn a laghdaigh an t-ídiú fuinnimh mar ghnó faoi 40% faoi 2020, arna thomhas i gcoinne bhonnlíne 2009. Tá príomhbheartais forbartha agus glactha againn le haghaidh an ghnólaicthe, lena n-áirítear beartais fuinnimh agus chomhshaoil don Ghrúpa. Tá moladh seachtrach faighte againn freisin mar gheall ar ár gcuid iarrachtaí, lena n-áirítear ‘Business Working Responsibly Mark’ in Éirinn agus creidiúnú CORE i dTuaisceart Éireann. Tá ról ceannaireachta glactha againn in eagraíochtaí amhail Gnó sa Phobal. Mar sin féin, faoin Straitéis Inbhuanaitheachta, rachaimid níos faide le roinnt gníomhaíochtaí suntasacha a dhéanfar i mbliana agus le himeacht na mblianta beaga atá le teacht.

Má fhorbraítear cuir chuige níos mionsonraithe maidir le méadracht inbhuanaitheachta, faoi thionchar sonraí, bunaithe ar dheiseanna, rioscaí agus comhlíontacht, treoróidh sé an grúpa sna blianta amach romhainn. Aithneoidimid tuilleadh deiseanna amach anseo chun é seo a leabú inár struchtúir rialaithe, agus aithneoidimid deiseanna chun ár gcur chuige a dheimhniú go seachtrach le tuairisciú agus nochtuithe cuí.

Is iad seo a leanas ár ngníomhaíochtaí reatha agus beartaithe faoin réimse seo.

### Spríocanna Bunaithe ar an Eolaíocht

In 2021, thug an Grúpa faoi mheasúnú ar lorg carbóin ar fud an ghnólaicthe chun cuidiú le socrú na spríocanna le haghaidh laghdú astaíochtaí i gcomhréir leis na spríocanna athugtar i gComhaontú Pháras<sup>1</sup> (ar a dtugtar Spríocanna Bunaithe ar an Eolaíocht).<sup>2</sup> Bristear astaíochtaí síos ina dtrí chatagóir nó ‘scóip’. Tagraíonn Scóip 1 d’astaíochtaí díreacha ó fhoinsí faoi úinéireacht nó faoi smacht; Baineann Scóip 2 le hastaíochtaí ó leictreachas a cheannaítear, téamh agus fuarú; agus tagraíonn Scóip 3 d’astaíochtaí indíreacha réamhtheachtacha agus iartheachacha ar fud an tslabhra soláthair, agus gníomhaíochtaí amhail timaistriú fostaithe agus taisteal gnó. Chuireamar cleachtadh fairsing i gcrích maidir le lorg na ngás ceaptha teasa againn a oibriú amach, chun tuiscint a fháil ar ár bpróifíl astaíochtaí ar fud na dtrí scóip agus chuireamar ár litir tiomantais faoi bhráid thionscnamh na Spríocanna Bunaithe ar an Eolaíocht. Ina dhiaidh sin, chuireamar ár spríocanna faoi bhráid thionscnamh na Spríocanna Bunaithe ar an Eolaíocht lena mbailíochtú.

Agus na hastaíochtaí againn á ríomh, d’úsáideamar 2019 le haghaidh an bhliain ba dhéanaí a bhí ar fáil roimh phaindeim COVID-19 agus ríomhamar ár lorg. Bhí an cleachtadh fairsing, agus cuireadh gach oibríocht gnó san áireamh, chomh maith le hastaíochtaí ó réimsí amhail úsáid fuinnimh, earraí agus seirbhísí ceannaithe, agus timaistriú fostaithe agus taisteal gnó. Próimhchinneadh i gcinntiú an loirg ná anailís a dhéanamh ar na hastaíochtaí atá sa chóras mar gheall ar chothromú seolta,

<sup>1</sup> <https://unfccc.int/process-and-meetings/the-paris-agreement/the-paris-agreement>

<sup>2</sup> <https://sciencebasedtargets.org/>

# Céard iad Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht?

Soláthraíonn spriocanna bunaithe ar an eolaíocht conair shoiléir do chuideachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Meastar go mbíonn spriocanna ‘bunaithe ar an eolaíocht’ má bhíonn siad i gcomhréir leis an méid a cheapann lucht na heolaíochta aeráide a bheith riachtanach chun spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh – teorainn a chur leis an téamh domhanda i bhfad faoi 2°C roimh leibhéal réamhthionslaíochta agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5°C a chur leis an téamh.

Faoi Phrótacal na nGás Ceaptha Teasa, roinntear astaíochtaí ina n-astaíochtaí díreacha (‘Scóip 1’) agus ina n-astaíochtaí indíreacha (‘Scóip 2 / 3’). Is ionann astaíochtaí díreacha agus iad siúd a thagann ó fhoinsí atá i seilbh nó á rialú ag an eintiteas tuairiscithe. Gintear astaíochtaí indíreacha mar gheall ar ghníomhaíochtaí an eintitis tuairiscithe ach tarlaíonn siad ag foinsí atá i seilbh nó á rialú ag eintiteas eile.

## Scóip 1


tagraíonn sé d’astaíochtaí díreacha ó fhoinsí faoi úinéireacht nó faoi smacht;

## Scóip 2

baineann sé le hastaíochtaí ó leictreachas a cheannaítear, téamh agus fuarú; agus

## Scóip 3

tagraíonn sé d’astaíochtaí indíreacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha ar fud an tslabhra soláthair, agus gníomhaíochtaí amhail taimaistríú fostaithe agus taisteal gnó.



Scóip astaíochtaí EirGrid Group



“ Má fhorbraítear cuir chuige níos mionsonraithe maidir le méadracht inbhuanaitheachta, faoi thionchar sonraí, bunaithe ar dheiseanna, rioscaí agus comhlíontacht, treoróidh sé an grúpa sna blianta amach romhainn. ”

.i. athsheoladh na giniúna. Tarlaíonn an t-athsheoladh seo mar gheall ar neart fachtóirí sa chóras, lena n-áirítear déine charbóin phunann na giniúna agus na teicneolaíochta, an líonra leictreachais agus na rialacha oibríochta agus margaidh. Maidir leis na hastaíochtaí seo a bhaineann le Scóip 3, tá ról a bhaineann le tionchar, tacaíocht agus aontacht ag EirGrid seachas ról a fhágann go bhfuil smacht dhíreach aige ar na hathruithe seo. Is réimsí casta idirghaolmhara iad na réimsí seo. Tá neamhchinnteacht shuntasach ann maidir leis an mbealach agus cá háit a n-athróidh an t-éileamh agus mar gheall air sin bíonn roinnt bealaí difriúla ann ar féidir le giniúint, córais líonraí agus oibríocht an chórais agus an mhargaidh athrú amach anseo.

D’úsáid ár ríomh agus tuar don ghné seo samhaltú bunaithe ar chásanna a roghnaíodh as téamaí aiseolais a ndearnadh machnamh orthu ó chomhairliúchán Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnú.

Roghnaíodh na cásanna maidir le héileamh agus giniúint 2030 agus

aiseolas ón gcomhairliúchán á chur san áireamh. Toisc go bhfuil an ghné seo den lorg ailínithe go maith freisin leis an éileamh leictreachais san bhliain i gceist, d’úsáideamar figiúr déine a bhain leis na hastaíochtaí a gineadh i dtéarmaí leibhéal an éilimh. Tá sprioc dearbhlaghdaithe úsáidte againn le haghaidh gach scóip eile.

Tá siad seo curtha faoi bhráid thionscnamh na Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht (SBTi) againn lena mbailíochtú, agus sílimid go bhfaighimid é sin sa dara ráithe de bhliain airgeadais 2021/22. Faightear ár bhfigiúirí bonnlíne le haghaidh 2019 agus na figiúirí loirg le haghaidh 2020 (don bhliain féilire sa dá chás) ar an leathanach thall.

#### Soláthar Inbhuanaithe

In 2021, chuir EirGrid Group tús le measúnú ar sholáthar inbhuanaithe chun tuiscint bhonnlíne a fháil maidir lenár bhfeidhmíocht reatha, agus é sin a úsáid chun deiseanna um fheabhsú sóisialta agus comhshaoil a aithint laistigh de

na próisis soláthair agus laistigh den slabhra soláthair, a chuirfear i gcrích sa chéad bhliain airgeadais eile. Úsáidfidimid é seo chun Straitéis um Sholáthar Inbhuanaithe a fhorbairt agus chun iniúchadh inbhuanaitheachta a dhéanamh ar na soláthróirí ardleibhéal atá againn.

#### Tuairisciú/Nochtuithe maidir le hInbhuanaitheacht

Tá tiomantas tugtha againn do thuairisciú bliantúil a dhéanamh maidir lenár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta i gcomparáid leis na trí réimse sa straitéis inbhuanaitheacht agus lena n-áirítear ár bhfeidhmíocht i gcoinne na Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht agus roghnú chreat nochtuithe seachtracha, amhail an tInnéacs Domhanda Tuairiscithe (GRI), an tascfhórsa um nochtuithe airgeadais a bhaineann leis an aeráid (TCFD) agus Tionscadal na Nochtuithe a bhaineann leis an Aeráid (CDP), agus nochtuithe a dhéanamh faoi 2024.

## Spriocanna a Cuireadh Isteach


Is iad seo a leanas na spriocanna a chuireamar isteach:

- Tá EirGrid Group tiomanta d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa ó scóip 1 agus scóip 2 a laghdú faoi 50% faoi 2030 ó bhliain bhonnlíne 2019.
- Tá EirGrid Group tiomanta freisin do gach astaíocht iomlán gás ceaptha teasa ó scóip 3 mar gheall ar sheirbhísí cothromaithe seolta a laghdú faoi 35% in aghaidh MWh d’éileamh foriomlán an chórais san achar ama céanna.
- Tá EirGrid Group tiomanta d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa eile ó scóip 3 a laghdú faoi 30% faoi 2030 ó bhliain bhonnlíne 2019.

	Bliain féilire 2019 (Bonnlíne)	Bliain féilire 2020
Scóip 1	229t CO <sub>2</sub> e	326t CO <sub>2</sub> e
Scóip 2	1,286t CO <sub>2</sub> e	1,035t CO <sub>2</sub> e
Scóip 3 (Oifig)	7,952t CO <sub>2</sub> e	6,136t CO <sub>2</sub> e
Iomlán na hoifige	9,467t CO <sub>2</sub> e	7,497t CO <sub>2</sub> e
Scóip 3 (Cothromú Seolta)	0.048t CO <sub>2</sub> e in aghaidh MWh d'éileamh ar leictreachas	0.071t CO <sub>2</sub> e in aghaidh MWh d'éileamh ar leictreachas

Ár bhfigiúirí bonnlíne le haghaidh 2019 agus na figiúirí loirg le haghaidh 2020

#### Miondealú Astaíochtaí de réir Bliana








# Córais




# Sonraí na bPríomhoibríochtaí


Fuel Mix in Ireland 2020





Fuel Mix in Northern Ireland 2020



All-Island Weekly Peaks







# Bord EirGrid Group



**Brendan Tuohy**

## Cathaoirleach

Ceapadh Brendan Tuohy mar chathaoirleach ar Bhord EirGrid i mí na Samhna 2019. Bhí sé ina Ard-Rúnaí sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ó 2000-2007 roimhe sin. Ó 2007 i leith, bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt bord de chuideachtaí. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus cáilíochtaí iarchéime ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Innealtóir Cairte é agus is Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann é chomh maith. Tá sé ina chathaoirleach faoi láthair freisin ar MAREI (Lárionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um an Aeráid, Fuinneamh agus Muir); ar TILDA (Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois); agus ar Chomhairle Cháilíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.



**An Dr Theresa Donaldson**

## Leaschathaoirleach agus Comhalta Boird

Is Stiúrthóir agus Comhalta Cairte í an Dr Theresa Donaldson d'Institiúid na Stiúrthóirí agus is Cathaoirleach í ar Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste. Tá ról neamhfheidhmiúcháin ag Theresa le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Bord Sláinte agus Cúram Sóisialta Thuaisceart Éireann. Is comhalta boird í den Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus Coiste Achomharc Thuaisceart Éireann le

haghaidh BBC Children in Need. Is Iar-phríomhfheidhmeannach de chuid an Rialtais Áitiúil í agus bhí roinnt post sa bhainistíocht shinsearach aici i réimse na sláinte agus an chúraim shóisialta agus i seirbhísí dlí i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear Stiúrthóir na mBeartas agus Sholáthar na Seirbhíse Sibhialta i gCoimisiún Thuaisceart Éireann um Sheirbhísí Dlí.



**Shane Brennan**

## Comhalta den Bhord

Ceapadh Shane Brennan ar an mbord i mí na Nollag 2016 mar ionadaí ar fhoireann EirGrid. Is céimí san innealtóireacht é ó Ollscoil Uladh, agus tá diplóma iarchéime aige san Innealtóireacht Timpeallachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le diplóma iarchéime sa rialú corparáide ó UCD Smurfit agus is comhalta é d'Innealtóirí Éireann. Tá breis agus 20 bliain de thaithí innealtóireachta aige agus thosaigh sé ag obair le EirGrid in 2008 agus é ina Bhainisteoir Tionscadail i bhForbairt Eangacha. Is Bainisteoir Tionscadail Sinsearach é faoi láthair don chuid de thionscadal an Idirnascaire Thuaidh-Theas a bhaineann le Tuaisceart Éireann agus bhí se ina ionadaí ar an gcuideachta ag go leor ócáidí poiblí ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.



**Tom Coughlan**

## Comhalta den Bhord

Tá taithí fhairsing ag Tom Coughlan maidir leis an mbainistíocht shinsearach agus leis

an gceannaireacht. Chuaigh sé ar scor agus é ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir tar éis gairm fhada sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aige san eamáil phoiblí agus bhí sé ina chathaoirleach agus ina stiúrthóir ar choistí agus ar bhoird éagsúla ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil. Is Cathaoirleach é Tom ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus is é an Cathaoirleach ar Bhinse Smachtaithe na gCleachtóirí Dlí. I measc na bpost atá aige faoi láthair tá Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin EirGrid plc agus Fáilte Éireann.



**Lynne Crowther**

## Comhalta den Bhord

Is comhairleoir cumarsáide í Lynne, a bhfuil an-taithí aici, agus a bhfuil ábhar a bhuaigh gradaim forbartha agus curtha i bhfeidhm aici do go leor eagraíochtaí gormshlíse. Bhí sí ina Ceann Cumarsáide le haghaidh Meáin Nua le haghaidh Coca-Cola Europe roimhe seo agus d'oibrigh sí ar thionscnaimh áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh réimse leathan cuideachtaí. Cuireann sí treoir, oiliúint, meantóireacht, gníomhachtú agus measúnú straitéiseach ar fáil freisin. Tugann Lynne léachtaí ag Ollscoil Uladh le haghaidh an Teastas Iarchéime, an Diplóma agus na Máistreachta i gCumarsáid na Meán Digiteach sna réimsí a bhaineann le straitéis dhigiteach agus straitéis ábhar. Is Comhalta boird í den Chomhairle Tomhaltóirí i dTuaisceart Éireann agus scríobhann sí blag, a bhfuil duaiseanna buaite aige.



**Mark Foley**

**Comhalta den Bhord**

Thosaigh Mark Foley ag obair le EirGrid Group i mí an Mheithimh 2018 agus é ina Phríomhfheidhmeannach. Roimhe sin bhí ról an Stiúrthóra Bainistíochta ar Réitigh Talún in Coillte aige ó bhí Eanáir 2016 ann. Roimhe sin, bhí Mark ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Fhiontar Coillte, áit inar threoraigh sé forbairt gnólachtaí nua san fhuinneamh in-athnuaite, teileachumarsáid, forbairt talún agus díol talún.

Roimhe sin, ó Shamhain 2000 go Lúnasa 2008, bhí Mark ina Stiúrthóir ar Chláir Chaipitiúla ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath. Nuair a bhí an ról sin aige, bhí sé freagrach as máistirpleanáil, ceadú, pleanáil agus soláthar thart ar €1.5 billiún i mbonneagar aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort na Sionainne agus Aerfort Chorcaí. Roimhe sin bhí roinnt ról mar oifigeach feidhmiúcháin sinsearach ag Mark le comhlachtaí ilnáisiúnta in earnálacha na Saincheimiceán agus Leictreonaice. Tá céim san Innealtóireacht Cheimiceach ag Mark ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Máistreacht san Innealtóireacht Thionsclaíoch ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus d'fhreastail sé ar chúrsaí forbartha d'fheidhmeannaigh in Penn State University agus IMD.



**Michael Hand**

**Comhalta den Bhord**

Ceapadh Michael Hand ar Bhord EirGrid i mí Iúil 2015 le haghaidh tréimhse 5 bliana agus athcheapadh é i gcomhair téarma nua i mí Iúil 2020. Tá taithí fhairsing ag Michael tar éis dó 35 bliain a chaitheamh ina cheannaire sinsearach in earnálacha na hInnealtóireachta Comhairlí agus Tógála in Éirinn. Bhí sé ina Stiúrthóir agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí príobháideacha agus poiblí agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Tá cuntas teiste aige i ndearadh agus i soláthar tionscadal mór bonneagair straitéisigh ar fud na hÉireann agus d'oibrigh sé mar oibrí deonach agus Stiúrthóir in earnáil na hoibre deonaí sa phobal.

Tá go leor cáilíochtaí ag Michael i réimsí na hInnealtóireachta agus an Ghnó, lena n-áirítear Céim Bhaitsiléara san Innealtóireacht Shibhialta ó Choláiste na hÉireann, Gaillimh, Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus Dochtúireacht Oinigh ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Comhalta é ar cheithre institiúid ghairmiúla agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil é.



**Eileen Maher**

**Comhalta den Bhord**

Is comhairleoir straitéiseach agus ceannaire í Eileen a bhfuil an-taithí

aici tar éis di 30 bliain a chaitheamh in earnáil na teileachumarsáide. Tá taithí láidir straitéiseach, thráchtála, chlaochlaithe, rialála agus dlí aici.

Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar GNBS agus Cathaoirleach ar Choiste Rioscaí GNBS í agus is comhalta í dá Coistí Airgeadais agus Iníúcháireachta. Is Comhalta de Choiste Comhlíontachta Údarás Craolacháin na hÉireann í. Is Cathaoirleach neamhspleách í chomh maith ar Fhóram Rannpháirtíochta Tionscail ComReg.

Bhí sí ina Stiúrthóir ar Straitéisí agus Gnóthaí Seachtracha in Vodafone Ireland, áit a raibh sí freagrach as gach tionscnamh straitéiseach, amhail tionscadail mhóra bhonneagair, agus as idirbheartaíocht a dhéanamh mar gheall ar chomhfhiontair thráchtála, comhpháirtíochtaí agus éadálacha.

Tá Baitsiléir Tráchtála agus Máistreacht i Staidéar Gnó ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, aici.



**John Trethowan**

**Comhalta den Bhord**

Is as Contae an Dúin John Trethowan agus tá sé pósta agus mac amháin aige. Tá John ina chathaoirleach ar Choiste Iníúcháireachta agus Riosca EirGrid Group. Is Baincér é agus is Coimisinéir ar Bhanc Ceannais na hÉireann é, áit a bhfuil sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Riosca, agus is comhalta den Choiste Iníúcháireachta é freisin. Tá taithí fhairsing sa seomra boird aige in earnálacha na Baincáireachta, an Iompair Phoiblí, an Chúram Sláinte Phoiblí agus san Earnáil Dheonach.

# An Fhoireann Feidhmiúcháin



**Mark Foley**

## Príomhfheidhmeannach

Féach beathaisnéis ar leathanach 58.



**Alan Campbell**

## Stiúrthóir Bainistíochta – SONI

Ceapadh Alan Campbell ina Stiúrthóir Bainistíochta ar SONI i mí an Mheithimh 2021, tar éis 9 mí a chaitheamh sa phost go hidirtréimhseach. Ceapadh Alan chuig Bord SONI i Nollaig 2020. Chuaigh sé le SONI in Iúil 2017, agus é ina Cheann Tionscadal Bonneagair Eangaí agus Nasc, i ndiaidh dó teacht ó BSL, áit a raibh sé freagrach as an Stáisiún Cumhachta 400MW ag Cúil Chaorach san Iarthuaisceart a bhainistiú. Bhain Alan céim céadonóracha san Innealtóireacht Mheicniúil amach ó Coláiste na Banríona, Béal Feirste agus thosaigh sé amach ar a ghairm bheatha ag AstraZeneca i Sasana sular thosaigh sé ag obair le BSL. Tá breis agus 20 bliain de thaithí ag Alan in earnáil an leictreachais.



**Martin Corrigan**

## Príomhoifigeach Straitéise agus Rúnaí na Cuideachta

Ceapadh Martin Corrigan ina Phríomhoifigeach Straitéise ar EirGrid Group i Meitheamh 2020. Thosaigh Martin ag obair le EirGrid in 2017 agus roimhe sin bhí ról an Stiúrthóra ar Thionscnaimh Straitéiseacha aige. Sular thosaigh sé ag obair le EirGrid, bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin ag Martin in One51 plc ó 2006 go dtí 2017 agus roimhe sin bhí ról shinsearacha airgeadais aige i roinnt cuideachtaí in Éirinn agus thar lear. Is céimí de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus is Comhalta de Chuntasóirí Cairte in Éirinn é.



**Rodney Doyle**

## Príomhoifigeach Oibríochtaí

Is é Rodney Doyle an Príomhoifigeach Oibríochtaí ag EirGrid, agus tá sé freagrach as oibríochtaí Córais, Margaidh agus Idirnascaire. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Mhargaí agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Sheirbhísí Eolais roimhe seo. Bhí roinnt ról eile in EirGrid ag Rodney chomh maith, lena n-áirítear Bainisteoir um Chomhtháthú Mhargadh na hEorpa; Bainisteoir Thionscadal Ullmhachta Gnó an Idirnascaire Thoir-Thiar, agus Bainisteoir na bhFosheirbhísí. Sular thosaigh sé ag obair le EirGrid agus Eangach Náisiúnta BSL, d'oibrigh Rodney mar Phríomhchomhairleoir sa rannóg líonraí d'Údarás Comórtais na Nua-Shéalainne

agus é ag díriú ar shaincheisteanna a bhain le rialú leictreachais agus gáis agus dearadh an mhargaidh. Is comhalta de roinnt grúpaí d'oibrítheoirí córais tarchurtha Eorpacha agus grúpaí comhardaithe margaidh é Rodney agus tá sé ina chomhalta boird de CORESO. Tá BA (Eacnamaíocht), MA (Eacnamaíocht) agus MBA ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag Rodney.



**Michael Mahon**

## An Príomhoifigeach Bonneagair

Thosaigh Michael Mahon ag obair le EirGrid Group i Lúnasa 2019. Leis an ról atá aige tá Michael freagrach as soláthar clár mór infheistíochtaí caipitil eangach, rannpháirtíocht phoiblí agus an comhéadan custaiméirí. Áirítear leis an ról seo forbairt agus soláthar an Idirnascaire Cheiltigh. Roimhe seo chaith Michael 20 bliain ag obair le BSL, agus tá taithí shuntasach cheannaireachta aige i soláthar tionscadal mór agus bainistíocht shinsearach. Is Innealtóir Cairte é chomh maith agus tá Diplóma larchéime aige i mBainistíocht Tionscadail agus sa Bhainistíocht.



**Liam Ryan**

## Príomhoifigeach Nuálaíochta agus Pleanála

Is é Liam Ryan an Príomhoifigeach Nuálaíochta agus Pleanála in EirGrid Group. Roimhe seo bhí Liam ina Stiúrthóir Idirtréimhseach ar Fhorbairt Eangach agus Idirnasc. Bhí roinnt ról ag Liam in EirGrid, lena n-áirítear Ceann an aistrithe



chuig Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite, Ceann na hInnealtóireachta agus na Cothabhála Tarchurtha, Ceann na nOibríochtaí Margaidh, Ceann na Pleanála Oibríochta um Chórais Chumhachta agus Ceann Oifig na Bainistíochta Clár. Is Leaschathaoirleach ar Bhord ENTSO-E é Liam faoi láthair, is é sin an Líonra Eorpach d'Oibrítheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais. Sular thosaigh sé ag obair le EirGrid, bhí ról shinsearach ag Liam sna ranna déantúsaíochta agus nuálaíochta in Hewlett Packard agus roimhe sin d'oibrigh sé in earnáil na comhairleachta. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é. Tá PhD aige agus céim san Innealtóireacht Mheicniúil, chomh maith le Máistreacht sa Mhatamaitic agus sa bhainistíocht shinsearach. Is Innealtóir Cairte é chomh maith agus tá Dioplóma larchéime aige i mBainistíocht Tionscadail agus sa Bhainistíocht.



**Aidan Skelly**

### Príomhoifigeach Airgeadais

Is é Aidan Skelly Príomhoifigeach Airgeadais EirGrid Group. Tá an post seo aige ó bhí Meitheamh 2005 ann. Bhí sé ina Phríomhfhéidhmeannach Idirthréimhseach ar EirGrid Group freisin idir Eanáir 2018 agus Meitheamh 2018. Bhí Aidan ina Stiúrthóir Airgeadais le Waterford Stanley Limited san am atá imithe thart. D'oibrigh sé le Waterford Crystal idir 1987 agus 2002, tréimhse ina raibh poist éagsúla airgeadais agus thráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Fuair sé oiliúint mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers agus is céimí tráchtála de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath é. Tá MBS i gCeannaireacht Chorpáraide aige freisin ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



### Príomhoifigeach Pearsanra agus Eolais

Is í Siobhán Toale an Príomhoifigeach Pearsanra agus Eolais ag EirGrid. Leis an ról seo tá Siobhán freagrach as an ngnólacht a chumasú glacadh leis an gcultúr digiteach nua-aimseartha le daoine, próisis agus réitigh teicneolaíochta faisnéise nuálacha. Sular thosaigh sí ag obair le EirGrid, bhí poist sa bhainistíocht shinsearach ag Siobhán sna hearnálacha Baincéireachta agus Teileachumarsáide. Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag Siobhán, chomh maith le Máistreacht in Iompraíocht Eagraíochtúil ó Ollscoil London. Is Comhalta Cairte d'Institiúid na Forbartha Pearsanra í freisin.

# Gluais na dTearmaí Teicniúla

## Acmhainn Ghiniúna

Is é seo an t-uasmhéid leictreachais atá ar fáil le giniúint bunaithe ar acmhainneacht aschurtha na ngineadóirí leictreachais atá nasctha leis an eangach.

## An Bord Pleanála

Údarás pleanála náisiúnta neamhspleách na hÉireann.

## An Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

Déanann an Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais ionadaíocht ar 43 oibritheoir córais tarchurtha leictreachais ó 36 tír ar fud na hEorpa.

## Ár dToghcháil Leictreachais a Mhúnlú

Soláthraíonn Treochlár Ár dToghcháil Leictreachais a Mhúnlú breac-chuntas ar na príomhfhorbairtí ó thaobh líonraí, rannpháirtíochta, oibríochtaí agus margaidh de, a theastaíonn chun tacú le haistriú slán chuig 70% d'athnuaiteáin ar an eangach leictreachais faoi 2030 – céim thábhachtach chun tosaigh ar an mbealach chuig 80% agus neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

## Astaíochtaí carbóin

Is ionann astaíocht charbóin agus scaoileadh carbóin san atmaisféar, trí bhíthin gníomhaíochta amhail dó breoslaí iontaise.

## Atreisiú

Acmhainn a mhéadú ar an eangach reatha leictreachais trí bhíthin bonneagar nua a thógáil nó trealamh atá ann cheana a uasghrádú.

## Breoslaí iontaise

Is breoslaí iad seo – amhail gual, ola nó gás – a thagann ó áit faoi thalamh de bharr dhianscaoileadh plandaí agus ainmhithe. Astaíonn

siad carbón nuair a dhóitear iad agus tá siad ina gcúis mar sin le hathrú aeráide.

## BSL

Is eagraíocht thráchtála stáit-tionscanta in Éirinn é Bord Soláthair an Leictreachais. Áirítear leis an ngrúpa seo Líonraí BSL, a oibríonn an córas dáilte leictreachais.

## Cileavolta (kV)

Voltas oibríúcháin threalamh tarchurtha an leictreachais. Tá cileavolta amháin cothrom le míle volta. An voltas is airde ar chóras tarchurtha na hÉireann ná 400kV.

## Ciorcad

An líne lasnairde nó cábla faoi thalamh a nascann dhá fhostáisiún. Mar shampla, ciorcad 400 kV Ghob na Muine – Bhaile Uí Dhuinn.

## Coibhéis mheigeathonna dé-ocsaíde carbóin (MtCO<sub>2</sub>e)

Is tomhas é coibhéis dé-ocsaíde carbóin a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir na hastaíochtaí ó gháis éagsúla ceaptha teasa bunaithe ar an bpoitéinseal ó thaobh an téimh dhomhanda de. Tomhaistear é seo i Meigeathonnaí, arb ionann é sin agus milliún tonna, le haghaidh méideanna móra.

## Córas Cumhachta

Cuireann an téarma seo síos ar iomlán comhtháite an chórais leictreachais níos leithne – idir ghiniúint, tharchur agus dháileadh.

## CRU

An Coimisiún um Rialáil Fóntais. Rialaíonn an institiúid seo ár gcuid gníomhaíochtaí in Éirinn.

## Cúltaisce Dhiúltach

Is ionann cúltaisce dhiúltach agus giniúint atá ar an gcóras chun cailliúint éilimh nó idirnascaire le linn an onnmhairithe a chumhdach.

## Déine astaíochtaí

An méid astaíochtaí carbóin i gcoibhneas le haonad singil gníomhaíochta, is é sin le rá, is ionann déine astaíochtaí an leictreachais agus an méid astaíochtaí carbóin in aghaidh aonad an leictreachais.

## Dícharbónú

Baint cineálacha giniúna leictreachais ón gcóras cumhachta a astaíonn carbón. Tarlaíonn astaíochtaí carbóin sa chomhthéacs seo nuair a dhónn gineadóirí traidisiúnta breoslaí iontaise chun leictreachas a chruthú.

## DS3

Is tionscnamh de chuid EirGrid Group é 'Córas Leictreachais Inbhuanaithe Slán a Sholáthar, a dearadh chun oibriú slán na heangaí a chinntiú, fad a bhaintear spriocanna fuinneamh in-athnuaite amach.

## Eangach

Féach Líonra Tarchurtha.

## Éileamh

An méid cumhachta leictirigh a thógann iad siúd a úsáideann leictreachas ón líonra. D'fhéadfaí labhairt faoi seo i dtéarmaí 'buaic-éileamh', arb é an t-uasmhéid cumhachta is féidir a thógáil le linn tréimhse faoi leith.

## Foinsí In-Athnuaite Fuinnimh le haghaidh Leictreachais (RES-E)

Leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, .i. an leictreachas a ghintear ó fhoinsí fuinnimh glana amhail cumhacht fótvoltach, cumhacht hidrileictreach, cumhacht na taoide nó tonnchumhacht, cumhacht ghaoithe, cumhacht gheoiteirmeach, agus bithmhais in-athnuaite.

**Fostáisiún**

Tacar trealaimh leictrigh a úsáidtear chun ciorcaid a nascadh le chéile agus an voltas a sheoltar ar líne nó cábla a athrú.

**Fuinmhithe**

Nuair a bhíonn líne nó cábla atá nuachríochnaithe ag feidhmiú go hiomlán agus nuair a bhíonn sé ina pháirt oibríoch den eangach leictreachais.

**Gigeavata (GW)**

Aonad cumhachta, cothrom le míle meigeavata. (Féach sainmhíniú ar mheigeavata thíos).

**Gineadóir**

Saoráid a tháirgeann leictreachas. Is féidir cumhacht a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla, mar shampla, stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe, stáisiúin chumhachta ghásdhainte agus feirmeacha gaoithe.

**Giniúint in-athnuaite**

Giniúint leictreachais le fuinneamh in-athnuaite, amhail cumhacht hidrileictreach, cumhacht ghaoithe, cumhacht ghréine, cumhacht na taoide agus cumhacht bhithmhaise.

**Giniúint thraidisiúnta**

Giniúint an leictreachais ag úsáid breoslaí iontaise, amhail gás nádúrtha, gual nó móin.

**IDA (Údarás Forbartha na hÉireann)**

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) freagrach as infheistíocht dhíreach ó thar lear a mhealladh go hÉirinn.

**Idirnasc**

Tarchur leictreachais ardvoltais idir eangacha leictreachais i ndlínsí éagsúla.

**Ionad sonraí**

Grúpa mór freastalaithe ríomhaire líonraithe a úsáidtear le haghaidh stóráil chianda faisnéise.

**Líne tharchuir**

Líne chumhachta ardvoltais a ritheann ag 400 kV, 275 kV, 220 kV nó 110 kV ar chóras tarchurtha na hÉireann. Ceadaíonn an t-ardvoltas soláthar bulc-chumhachta feadh achair fhada gan ach cailteanas cumhachta íosta.

**Líonra Dáilte**

Is é seo an líonra ísealvoltais, atá i seilbh agus arna oibriú ag oibritheoir córais dáilte. Seachadann sé cumhacht ón líonra tarchurtha chuig teaghlaigh agus gnólachtaí.

**Líonra nó Eangach Tharchurtha**

Is é seo an líonra línte, cáblaí agus fostáisiún cumhachta ardvoltais. Nascann sé gineadóirí leictreachais leis an líonra dáilte agus soláthraíonn sé cumhacht do chustaiméirí ag a bhfuil éileamh an-mhór. Oibríonn oibritheoir córais tarchurtha é agus tá sé faoi úinéireacht úinéir na sócmhainní tarchurtha.

**Meigeavata (MW)**

Is ionann meigeavata agus 1,000,000 vata. Is é an vata an t-aonad caighdeánach cumhachta. (Féach sainmhíniú ar Vata thíos).

**NEMO**

Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais. Tá NEMO i ngach críoch san Eoraip, mar a shanntar ag na rialtóirí fuinnimh faoi seach. Tá NEMO freagrach as trádáil an lá dar gcionn agus trádáil ionlae a reáchtáil don mhargadh leictreachais sin. D'fhéadfaí go mbeadh níos mó ná NEMO amháin i ngach críoch, toisc go bhfuil na feidhmeanna sin oscailte i gcomhair iomaíochta. Is seirbhísí

tráchtála iad seo agus tá siad difriúil ó na seirbhísí riachtanacha margaidh a theastaíonn chun margadh leictreachais feidhmiúil a choinneáil ar bun.

**Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)**

Úinéir na líonraí tarchurtha agus dáilte leictreachais i dTuaisceart Éireann.

**OCĐ**

Oibritheoir Córais Dáilte. Is é an tOibritheoir Córais Dáilte an t-údarás ainmnithe atá freagrach as oibriú an chórais dáilte.

**Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT)**

An eagraíocht atá freagrach as oibriú an chórais leictreachais ardvoltais i réigiún faoi leith.

**Páirtithe leasmhara**

Is daoine aonair nó eagraíochtaí iad seo a d'fhéadfadh cuideachtaí EirGrid Group dífeor a dhéanamh dóibh, nó ar féidir leosan tionchar a imirt ar na cuideachtaí sin.

**Pleanáil i gcomhair cásanna éagsúla**

An cleachtas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar réimse torthaí féideartha – nó cásanna – a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar riachtanais na heangáil leictreachais amach anseo.

**Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ)**

Oibritheoir Córais Tarchurtha Leictreachais na Fraince. Tá sé freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt na heangáil is mó leictreachais san Eoraip.

**RF**

An Rialtóir Fóntais. Rialaíonn an institiúid seo ár gcuid gníomhaíochtaí i dTuaisceart Éireann.



# Gluais na dTéarmaí Teicniúla

## Scéim Thacaíochta um Leictreachas In-athnuaite (RESS)

Scéim thacaíochta Rialtais chun tacú le breisiú na giniúna in-athnuaite mar thacú le huailmhian fhoriomlán an Stáit.

## Seirbhísí Córais

Is téarma é seo a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na seirbhísí cumasaithe agus tacúla a cheadaíonn don chóras leictreachais sciar níos mó cumhachta arna giniúint go hin-athnuaite a iompar.

## SEM

An Margadh Leictreachais Aonair. Cuimsíonn an margadh seo Éire agus Tuaisceart Éireann araon. Ceadaíonn sé trádáil agus soláthar an leictreachais ar bhonn uile-oileáin.

## SEMO

Oibríteoir sa Mhargadh Leictreachais Aonair. Is comhfhiontar de chuid EirGrid Group é seo a reáchtálann Margadh Leictreachais Aonair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tugann sé faoi na seirbhísí riachtanacha a theastaíonn chun margadh feidhmiúil le haghaidh an leictreachais mhórdhíola a chothabháil.

## Seoltóirí

Rud nó ábhar is féidir leictreachas a aistriú. Mar shampla, is seoltóirí maithe leictreachais iad roinnt sreanga miotail. Faightear seoltóirí i gcáblaí cumhachta faoi thalamh agus línte lasnairde.

## SONI

An tOibríteoir Córais do Thuaisceart Éireann. Tá an eagraíocht seo mar chuid de EirGrid Group. Bainistíonn sé, oibríonn sé agus forbraíonn sé an eangach tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann.

## Spríocanna Bunaithe ar an Eolaíocht

Conair do chuideachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Meastar go mbíonn spríocanna ‘bunaithe ar an eolaíocht’ má bhíonn siad i gcomhréir leis an méid a cheapann lucht na heolaíochta aeráide a bheith riachtanach chun spríocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh – teorainn a chur leis an téamh domhanda i bhfad faoi 2°C roimh leibhéal réamhthionslaíochta agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5°C a chur leis an téamh.

## Stáisiún Tiontaire

Bonneagar eangach a athraíonn leictreachas ó shruth ailtéarnach (AC) go dtí sruth díreach (SD) agus a mhalairt. Déantar é seo le comhlaí ardchumhachta ardvoltais leathsheoltóra leictreonaigh.

## Toilleadh

An méid leictreachais is féidir a aistriú go sábháilte ar an gcóras nó ar chiorcad.

## Trádáil an lá dar gcionn

Nuair a dhéantar conarthaí idir an díoltóir agus an ceannaitheoir le haghaidh ghiniúint agus sholáthar an leictreachais an lá dár gcionn.

## Treá Neamhshioncronach Córais (SNSP)

Is tomhas fíor-ama é Treá Neamhshioncronach Córais ar an gcéatadán giniúna a thagann ó fhoinsí neamhshioncronacha, amhail an ghaoth agus allmhairithe idirnascaire HVDC, i gcoibhneas le héileamh an chórais.

## Vata

Is é vata an t-aonad caighdeánach cumhachta i gCóras Idirnáisiúnta na nAonad. Tomhaiseann vata an

ráta ag a dtáirgtear nó a n-ídítear cumhacht. Mar shampla, ídeoidh fearas leictreach ardvata níos mó cumhachta ná fearas ísealvata.

## Voltas

Is tomhas é voltas de neart féideartha shreabhadh an leictreachais – cosúil le ‘brú’ i gcóras uisce. Is é voltas an tomhas ar lucht leictreach nó poitéinseal idir dhá phointe (i réimse leictreach) amhail idir foirceann dearfach agus foirceann diúltach cadhnra. Dá airde an voltas is é is mó sreabhadh féideartha an tsrutha leictreachais.









# Ráitis



# Ráitis Airgeadais

## Clár na nÁbhar

Tuarascáil na Stiúrthóirí .....	69
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí .....	82
Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid PLC .....	83
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam .....	87
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach .....	88
Clár Comhardaithe Comhdhlúite .....	89
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe sa Chothromas .....	91
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid .....	92
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais .....	93
Ráitis Airgeadais na Cuideachta .....	144

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí i láthair a dtuarascáil bhliantúil mar aon le Ráitis Airgeadais iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Cuimsíonn an Grúpa an Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí a nochtar i nóta 30 (e).

### Príomhghníomhaíochtaí

Príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa ná nasc, tarchur agus seirbhísí margaidh ardchaighdeán a thabhairt do ghineadóirí, do sholáthóirí agus do chustaiméirí a úsáideann an córas leictreachais ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá an fhreagracht ag EirGrid plc freisin an bonneagar eangaí a theastaíonn chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm freisin. Chomh maith leis sin, tá an Grúpa freagrach as oibriú an mhargaidh leictreachais mhórdhíola ar oileán na hÉireann. Is leis an nGrúpa an tIdirnascaire Thoir-Thiar (“EWIC”) agus oibríonn sé é, idirnascaire a nascann na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá an Grúpa ag obair freisin lena chomhghleacaí, ar oibrítheoir córais tarchurtha é, sa Fhrainc, maidir le forbairt thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh a bheidh ina nasc leictreach le haghaidh malartú díreach leictreachais idir Éire agus an Fhrainc.

Sa chomhthéacs seo, cuimsíonn an téarma Grúpa na gníomhaíochtaí ar fad a luaitear thuas (oibrítheoir córais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann; oibrítheoir margaidh agus oibrítheoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais ar son oileán na hÉireann; oibrítheoir EWIC, gníomhaíochtaí teileachumarsáide i ndáil le EWIC agus gníomhaíochtaí forbartha le haghaidh thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh).

Bailíonn an Grúpa taraifí chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo. Ceadáíonn na taraifí seo dreasachtaí agus brabús rialáilte le haghaidh caipitil a infheistítear sa ghnólacht, ag giniúint luacha don Ghrúpa thar an bhfadtréimhse.

### Torthaí agus Athbhreithniú ar an nGnólacht

Leagtar amach mionsonraí thorthaí airgeadais an Ghrúpa sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam ar leathanach 87 chomh maith leis na nótaí a ghabhann leo, 1-29.

An tréimhse reatha ar a bhfuil tuairisc á tabhairt ná an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Cumhdaíonn na figiúirí comparáideacha an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020.

Tugtar tráchttaireacht maidir le feidhmíocht don bhliain airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2021, chomh maith le heolas ar na cúrsaí is déanaí agus ar fhorbairtí amach anseo, i Ráiteas an Chathaoirligh, in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus san Athbhreithniú Airgeadais.

### Rialachas Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Le linn na bliana, chomhlíon an Grúpa an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) arna eisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Leagtar amach leis an gCód na prionsabail a bhaineann le rialachas corparáideach agus a cheanglaítear ar Bhoird Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, cloíonn an Grúpa le rialachas corparáideach agus le hoibleagáidí eile arna leagan síos ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus ag an Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001. Comhlíonann an Grúpa na prionsabail a leagtar síos i gCód na Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach, arna leasú in Iúil 2018, agus larscríbhinn na hÉireann um Rialachas Corparáideach arna heisiúint i Nollaig 2010.

Le linn na bliana, thabhaigh an Grúpa costais taistil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a bhí cothrom le €0.2m (2020: €0.6m) agus costais taistil thar lear a bhí cothrom le €0.01m (2020: €0.2m). Bhí an tsocraíocht agus costais dlí lena mbaineann don bhliain cothrom le €nialas (2020: €nialas). Bhí na costais um leas foirne cothrom le €0.1m agus bhí gnóthaí seachtracha cothrom le €0.001m (2020: €0.2m agus bhí gnóthaí seachtracha cothrom le €0.005m).



## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

### Tacaíocht Sheachtrach agus Costais Speisialtóra Comhairleacha:

	Nóta	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Seirbhísí don Mhargadh Leictreachais	(i)	1,103	2,297
Seirbhísí dlí agus comhairle		2,692	3,248
Seirbhísí tionscadail i ndáil leis an Líonra Tarchurtha	(ii)	9,739	7,014
Tacaíocht don Chóras TF	(iii)	505	565
Comhairle i ndáil le hAirgeadas Corparáideach		374	171
Comhairle Eagraíochtúil agus Achtúireach		344	776
Seirbhísí comhairleacha rialála		301	1,957
Eile		2,831	1,988
<b>Iomlán</b>		<b>17,889</b>	<b>18,016</b>
Costais arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam		9,091	8,963
Costais chaipitlithe		8,798	9,053
<b>Iomlán</b>		<b>17,889</b>	<b>18,016</b>

Nóta (i): Áirítear le seirbhísí don Mhargadh Aonair, na costais a bhaineann le feabhsú shocruithe an mhargaidh leictreachais uile-oileáin, ar a dtugtar SEM.

Nóta (ii): Is ionann seirbhísí tionscadail don Líonra Tarchurtha agus costais speisialaithe a bhaineann le tionscadail líonraí a thabhairt ón gcéad smaoineamh chuig cead pleanála a dheonú.

Nóta (iii): Is ionann Tacaíocht don Chóras TF agus costais um thacaíocht sheachtrach le haghaidh príomhchóras ar fud an ghnóilachta.

## Prionsabail an Dea-rialachais

### Comhaltaí Boird

Ar an mBord tá Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, an Príomhfheidhmeannach, ina ról mar Stiúrthóir feidhmiúcháin, Leaschathaoirleach, Stiúrthóir, ar ionadaí fostaithe é, agus seachtar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide gach Stiúrthóir agus leagtar a dtéarmaí oifige amach i scríbhinn.

### An Bord

Cé go dtagann an fhreagracht laethúil um cheannaireacht agus rialú an Ghrúpa faoi chúram an Phríomhfheidhmeannaigh agus a Fhoireann Bainistíochta, laistigh de theorainneacha sainithe údaráis, tá an Bord freagrach as feidhmíocht an Ghrúpa.

Tá aontaithe ag na Stiúrthóirí ina n-aonar cloí le Cód an Ghrúpa maidir le hlompar Gnó na Stiúrthóirí.

I gcomhréir le dea-chleachtas agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, déanann an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe bliantúil ar a chuid feidhmíochta féin. Tá sceideal foirmiúil ábhar ag an mBord a fhorchoimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnteoireachta ag na Cruinnithe Boird a réachtáiltear gach mí de ghnáth. Seoltar páipéir boird chuig na comhaltaí Boird sa tseachtain roimh an gCruinniú Boird.

Féadfaidh na Comhaltaí Boird, agus a gcuid dualgas á gcur chun cinn acu, comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil. Bíonn teacht ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais socraithe chun cosaint a thabhairt do Chomhaltaí Boird agus d'Oifigigh i leith dlíteanas a d'fhéadfadh a eascairt as caingne dlí ina n-aghaidh le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcuirtear córais éifeachtacha um rialú inmheánach i bhfeidhm agus deimhníonn sé gach bliain go bhfuil córais den sórt sin ag feidhmiú mar is cuí. Mar a thugtar le fios i dTuarascáil na Stiúrthóirí, níor aithin an Bord, nó ní cuireadh in iúl don Bhord, aon teip nó laige ar cheap sé a bheith suntasach.

### Coistí Boird in 2020/2021

Tá struchtúr coiste éifeachtach ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí, ina bhfuil roinnt coistí. Le linn na bliana airgeadais ba iad seo a leanas na buanchoistí: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Luacha Saothair, an Coiste um Thionscadail Bonneagair Eangach, Coiste Thuaisceart Éireann agus Uile-Oileáin (a díscaoileadh ar an 16 Nollaig 2020) agus an Coiste Nuálaíochta. Le linn na bliana airgeadais rinne an Bord athbhreithniú ar chúraimí gach coiste.

An fheidhm atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ná cabhrú leis an mBord agus a chuid freagrachtaí maoirseachta á gcomhlíonadh aige i dtaobh an phróisis um thuiriscíú airgeadais, córas an rialaithe inmheánaigh, na próisis um iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach, monatóireacht ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus comhlíonadh dlíthe agus rialacháin lena n-áirítear an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Soláthraíonn sé freisin tacaíocht don Bhord maidir le cinntiú na maoirseachta leanúnaí agus na tuisceana ar na príomhrioscaí straitéiseacha agus éifeachtúlacht fhreagairt na bainistíochta ar neamhchosaintí riosca príomha. Anuas air sin, tugann an Coiste comhairle don Bhord maidir lena chuid tuairimí i dtaobh na hinghlacthachta riosca, na hacmhainne riosca agus na straitéise riosca atá ag EirGrid. Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais úr agus ábhartha ag comhalta amháin den Choiste ar a laghad ó thús deireadh na bliana airgeadais.

Chlóigh EirGrid plc le beartas an Rialtais i ndáil le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ceadaíonn an Coiste Luacha Saothair struchtúr an luacha saothair le haghaidh na Bainistíochta Sinsearaí.

Feidhm an Choiste um Thionscadail Bonneagair Eangach ná cuidiú leis an mBord agus cinneadh á dhéanamh i ndáil le beartas/straitéis ghinearálta a bhaineann le forbairt na hEangaí agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise forbartha eangaí, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail bonneagair atá le teacht os comhair an Bhoird lena bhfaomhadh.

Feidhm an Choiste Nuálaíochta ná cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an bplean i gcomhair sholáthar uailmhian straitéiseach an Ghrúpa chun claochlú a dhéanamh ar an gcóras cumhachta i gcomhair na nglúnta atá le teacht agus cultúr nuálaíochta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta fad a choinnítear cur chuige cothrom i leith an riosca in aghaidh na nuálaíochta.

### Freastal ar Chruinnithe

Déantar achoimre sna táblaí thíos ar fhreastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird agus Coiste ar a raibh siad incháilithe le freastal orthu le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021.

	Incháilithe chun bheith i láthair	I láthair
Brendan Tuohy	11	11
Theresa Donaldson (Leaschathaoirleach)	11	11
Mark Foley	11	11
Shane Brennan	11	11
Tom Coughlan	11	10
Lynne Crowther	11	10
Michael Hand	11	11
Eileen Maher	11	11
Liam O'Halloran (Chuaigh ar scor ar an 14 Meán Fómhair 2021)	10	10
John Trethowan	11	11

### Tuarascáil na Stiúirthóirí (ar lean)

Na Comhaltaí Boird a bhí ann tráth a síníodh na ráitis airgeadais ná Brendan Tuohy, Theresa Donaldson, Mark Foley, Shane Brennan, Tom Coughlan, Lynne Crowther, Michael Hand, Eileen Maher agus John Trethowan.

#### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Leagtar freastal na gComhaltaí Boird ar na cruinnithe sin amach thíos:

	Incháilithe chun bheith i láthair	I láthair
John Trethowan (Cathaoirleach)	6	6
Brendan Tuohy	6	6
Michael Hand	6	6
Eileen Maher	6	6

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ann tráth a síníodh na ráitis airgeadais ná John Trethowan (Cathaoirleach), Brendan Tuohy, Michael Hand agus Eileen Maher.

#### An Coiste Luacha Saothair

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Luach Saothair i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Leagtar freastal na gComhaltaí Boird ar na cruinnithe sin amach thíos:

	Incháilithe chun bheith i láthair	I láthair
Brendan Tuohy (Cathaoirleach)	6	6
Theresa Donaldson	6	6
Liam O'Halloran (chuaigh ar scor ar an 14 Meán Fómhair 2021)	6	6

Comhaltaí an Choiste Luacha Saothair a bhí ann tráth a síníodh na ráitis airgeadais ná Brendan Tuohy (Cathaoirleach) agus Theresa Donaldson.

#### An Coiste um Thionscadail Bonneagair Eangach

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Thionscadail Bonneagair Eangach i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Leagtar freastal na gComhaltaí Boird ar na cruinnithe sin amach thíos:

	Incháilithe chun bheith i láthair	I láthair
Michael Hand (Cathaoirleach)	4	4
Shane Brennan	4	4
Tom Coughlan	4	4
Lynne Crowther	4	4

Comhaltaí an Choiste um Thionscadail Bonneagair Eangach a bhí ann tráth a síníodh na ráitis airgeadais ná Michael Hand (Cathaoirleach), Shane Brennan, Tom Coughlan agus Lynne Crowther.



## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

### An Coiste Nuálaíochta

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Nuálaíochta i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Leagtar freastal na gComhaltaí Boird ar na cruinnithe sin amach thíos:

	Incháilithe chun bheith i láthair	I láthair
Liam O'Halloran (Cathaoirleach – chuaigh ar scor ar an 14 Meán Fómhair 2021)	4	4
Shane Brennan	4	4
Lynne Crowther	4	4
Eileen Maher	4	4

Comhaltaí an Choiste Nuálaíochta a bhí ann tráth a síníodh na ráitis airgeadais ná Shane Brennan, Lynne Crowther agus Eileen Maher.

### Coistí a Díscóilteadh

Díscóilteadh Coiste Thuaisceart Éireann agus Uile-Oileáin ar an 16 Nollaig 2020 agus, mar sin de, níor reáchtáladh aon chruinniú i rith na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Na Comhaltaí Coiste go dtí dáta an dhíscóilte ná Theresa Donaldson (Cathaoirleach), Brendan Tuohy, Tom Coughlan agus John Trethowan.

## Rioscaí agus Neamhchinnteachtaí Príomha

### Bainistíocht Riosca

Forbraíodh Straitéis Riosca an Ghrúpa chun a chinntiú go mbunaíonn agus go gcoinníonn an Grúpa struchtúir agus gníomhaíochtaí riosca cuí ar bun chun spriocanna straitéiseacha an Ghrúpa a bhaint amach. Oibríochtaítear an Straitéis Riosca tríd an gCreat Bainistíochta Riosca (agus na Beartaí a thacaíonn leis), Ráitis Inghlacthachta Riosca agus an Plean Monatóireachta Riosca. Cuireann cleachtais, beartaí agus próisis riosca an Ghrúpa tiomantas an Ghrúpa i leith a chuid luachanna, chomh maith le comhlíonadh eitice, dlíthiúil agus rialála, i bhfeidhm i ngníomhartha bunaithe leabaithe. Cuirtear é seo i bhfeidhm ag gach leibhéal den Ghrúpa agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é ar fud na nOifigí. Mar chuid de leabú na hinghlacthachta riosca i gcultúr laethúil an ghnóilachta, déanann an Grúpa iarracht a chinntiú go bhfuil riosca mar chuid den phróiseas cinnteoireachta ag gach leibhéal, idir oibríochtaí laethúla agus chinntí oibríochtaí suntasacha straitéiseacha. Déanann an fheidhm Rialachais, Riosca agus Chomhlíontachta athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht na ngníomhartha maolaithe leis an bPlean Monatóireachta Riosca arna cheadú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht don Bhord maidir le cinntiú na maoirseachta leanúnaí agus na tuisceana ar na príomhrioscaí straitéiseacha agus éifeachtúlacht fhreagairt na bainistíochta ar neamhchosaintí riosca príomha. Anuas air sin, tugann an Coiste comhairle don Bhord maidir lena chuid tuairimí i dtaobh na hinghlacthachta riosca, na hacmhainne riosca agus na straitéise riosca atá ag EirGrid.

### Covid-19

Tá riosca ann go gcuirfí moill ar shruthanna oibre a bhaineann le gníomhartha straitéiseacha toisc go gcaithfí tús áite a thabhairt do bhearta maolaithe Covid-19. Rioscaí eile a bhaineann le Covid-19 agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chur i gcrích an Chláir um Fhorfheidhmiú Straitéise ilbhliantúil ná folláine na foirne, cibearbhagairt agus filleadh ar an ionad oibre.

### Breatimeacht

Chuir EirGrid Grúpa Athbhreithnithe ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Breatimeacht. Leanann an Grúpa air ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí agus tugann sé tuairiscí rialta don Bhord. Féachann sé ar réimse cásanna a bhaineann le Breatimeacht agus an tionchar féideartha a d'fhéadfaidís a imirt ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa. Leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, a ghabhann leis an gComhaontú Idirscartha, tugtar an bunús le haghaidh oibríocht leanúnach an Mhargaidh Leictreachais Aonair agus trádáil an leictreachais mhórdhíola ar fud oileán na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann tar éis an 1 Eanáir 2021. Faoin gComhaontú Saorthrádála, tá socruithe trádála nua SEM-GB le haghaidh mhargaidh an lá dar gcionn le cur ar bun, le haontú agus le cur i bhfeidhm. Beidh sé seo ina thosaíocht oibre le haghaidh SONI, SEMO agus idirnascairí na Ríochta Aontaithe thar an ghearrthréimhse. Go meántréimhseach,

## Tuarascáil na Stiúirthóirí (ar lean)

tá socruithe nua lonlae agus Comhardúcháin le soiléiriú, chomh maith le Creat nua Comhoibrithe idir oibritheoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe agus ENTSO-SE. Tá na stiúirthóirí muiníneach gur féidir socruithe nua a chur i bhfeidhm amach anseo chun aon chaillteanas san éifeachtúlacht a laghdú i dtaobh na trádála trasteorann. Tá EirGrid, Ranna ábhartha Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus rialtóirí ábhartha ag obair as lámha a chéile fós i ndáil leis sin.

## Airgeadas

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá roimh an nGrúpa le riosca leachtachta, riosca margaidh (go háirithe rioscaí a bhaineann leis an ráta malairte eachtraí, an riosca ráta úis agus an riosca a bhaineann le sreabhadh airgid) agus riosca creidmheasa. Déantar athbhreithniú rialta ar na beartais atá ann chun an Grúpa a chosaint ar na rioscaí seo, agus déanann an Bord iad a leasú agus a cheadú mar is cuí.

An príomhriosca airgeadais atá ag an nGrúpa ná leachtacht neamhimleor má tharlaíonn aisghabháil shuntasach rialála ró-íseal. Is eintiteas rialaithe é EirGrid Group agus socraítear taraifí roimh ré, agus mar gheall ar sin d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir aisghabhálacha ró-íseal na n-ioncam a theastaítear. Ní mór do EirGrid aon aisghabháil ró-íseal den sórt sin a mhaoiniú go dtí go mbeidh na taraifí rialaithe ardaithe i dtréimhse taraifí ina dhiaidh sin. Déanann an Bord iarracht a chinntiú go bhfuil línte baincéireachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun é a chumasú riachtanas den sórt sin a mhaoiniú, ag feitheamh le haisghabháil i dtréimhse praghsála rialála ina dhiaidh sin.

Mar gnólacht rialaithe a fheidhmíonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní bhaineann gníomhaíochtaí an Oibritheora Córais Tarchurtha le haon phraghasriosca suntasach. Faigheann an Grúpa thart ar 18% dá chuid ioncaim ón Ríocht Aontaithe agus mar sin de tá sé neamhchosanta ar luaineachtaí airgeadra Euro/Steirling. Déanann ioncam agus caiteachas ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe, atá i Steirling den chuid is mó, an riosca seo a mhaolú go páirteach. Tá iarracht déanta ag an nGrúpa an neamhchosaint seo a laghdú tuilleadh agus oibríochtaí sa Ríocht Aontaithe maoinithe ag úsáid iasachtaí Steirling.

Maoiníonn an Grúpa roinnt dá oibríochtaí ag úsáid iasachtaí. Bíonn an Grúpa ag iarraidh éifeachtaí na rioscaí ráta úis, a eascraíonn as a ghníomhaíocht oibríochtúil agus airgeadais, a íoslaghdú, le húsáid ionstraimí díorthacha chun neamhchosaintí riosca a fháil. Tá díorthaigh ráta úis ag an nGrúpa chun rátaí úis a shocrú maidir leis an bhfiachas a bhaineann le is an Idirnascaire Thoir-Thiar (“EWIC”). Ní bhíonn ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais díorthacha, chun críocha amhantraíochta, ag an nGrúpa, ná ní thrádálann sé iad.

Cuireann an Grúpa a chuid oibleagáidí mar Oibritheoir Margaidh i gcrích le comhfhiontair chonartha idir EirGrid plc agus SONI Teo. SEMOpx do mhargaidh an lá dár gcionn agus don mhargadh ionlae, agus SEMO don mhargadh comhardúcháin.

I gcás mhargadh an lá dár gcionn agus an mhargaidh ionlae, déanann Imréiteach Tráchtearraí na hEorpa (ECC) malartú cumhachta SEMOpx a imréiteach agus a shocrú agus glacann sé freagracht airgeadais as gach trádáil chríochnaithe. Cuireann ECC riachtanais chomhthaobhacha i bhfeidhm ar chomhaltaí malartaithe agus a mbainc imréitigh, agus glacann ECC, mar chontrapháirtí, le haon drochfhiach.

I gcás an mhargaidh chomhardúcháin, faoi théarmaí an Chóid um Thrádáil agus Socrú le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, éilítear ar gach páirtí clúdach creidmheasa a chur ar fáil ag leibhéal a chuireann an tOibritheoir Margaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin litreach creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe nó taisece airgid thirim arna coinneáil i gcuntas cúlchiste chomhthaobhaigh Mhargadh Leictreachais Aonair (cuntais shlándála le hainm na rannpháirtithe margaidh). Roinneann rannpháirtithe an mhargaidh aon drochfhiach a thagann as an Margadh Leictreachais Aonair, a mhéid a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, agus ní ghlacann an tOibritheoir Margaidh leis.

Tá socruithe cuí i bhfeidhm freisin chun riosca creidmheasa an Ghrúpa, a thagann as a chuid gníomhaíochtaí mar Oibritheoir Córais Tarchurtha, a bhainistiú go héifeachtúil.

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca a mhaoiníodh contrapháirtí ar a chuid oibleagáidí conartha agus go mbeidh caillteanas airgeadais an Ghrúpa mar thoradh air. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil a chuntais bainc aige leo. Maolaíonn an Grúpa an neamhchosaint nuair a leathnaíonn sé cistí ar fud roinnt institiúidí airgeadais ag a bhfuil rátáil chreidmheasa, ó ghníomhaireacht rátála neamhspleách, i gcomhréir leis an mBeartas Ciste arna cheadú ag an mBord. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca contrapháirtí freisin maidir le háiseanna gan tarraingt agus ionstraimí babhtála ráta úis. I gcomhréir lenár mBeartas Ciste, ní phléann an Grúpa ach amháin le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa arda chun an riosca seo a mhaolú.

An beartas agus an cleachtas atá ag an nGrúpa ná sonraisc a shocrú go pras de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a aontaítear le soláthróirí.

## Tuarascáil na Stiúirthóirí (ar lean)

### Oibríochtaí an Chórais agus an Mhargaidh

Tá an Grúpa freagrach as oibríocht shlán na gcóras tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. D'fhéadfadh briseadh ar an gcóras a bheith ina riosca maidir le seirbhísí riachtanacha a bhraitheann ar oibríocht shlán na gcóras tarchurtha. Tá an Grúpa freagrach as oibríocht an Mhargaidh Leictreachais Aonair uile-oileáin freisin, agus d'fhéadfadh briseadh air seo a bheith ina riosca maidir le moill ar shocrú pras an mhargaidh.

Tá clár iomlán i bhfeidhm chun na freagrachtaí seo a chur i gcrích agus áirítear leis na nithe a leanas:

- Láithreáin chúltaca le haghaidh na lárionad rialála i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, a dhéantar iad a thástáil go rialta;
- Clár árachais uile-ghabhálaigh, mar aon le sainchomhairleoirí árachais;
- Nósanna imeachta oibríochtúla cuimsitheacha i ndáil leis an gcóras cumhachta, ar a ndéantar athbhreithniú rialta, agus a thagann leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr;
- Caighdeáin agus beartais um chothabháil na heangaí, agus tacaíocht ó Chomhaontú Bonneagair mionsonraithe le Bord Soláthair an Leictreachais ('BSL'), Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn;
- Slándáil an Chórais Tarchurtha agus Caighdeáin Phleanála, le tacaíocht ó Chomhaontú um Chomhéadan Tarchurtha le Northern Ireland Electricity Networks ('NIE'), Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha i dTuaisceart Éireann;
- Tacaíocht do chéim réamhthógála fhorbairt an líonra in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ó Oifig Bainistíochta Cláir atá iomlán feidhmiúil, agus ag a bhfuil beartais, próisis agus smachta éifeachtacha cúí; agus
- Fócas leanúnach bainistíochta ar gach gné den tsláinte agus den tsábháilteacht. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (deimhnithe maidir le OHSAS 18001) ceadaithe agus curtha i bhfeidhm.

### Pinsin

Oibríonn an Grúpa dhá phlean pinsin le sochar sainithe le haghaidh fostaithe incháilithe darb ainm 'EirGrid Fund' [Ciste EirGrid] agus 'SONI Pension Scheme' [Scéim Phinsin SONI]. I measc na rioscaí a bhaineann leis an gcostas chun scéimeanna den sórt sin a sholáthar tá athruithe ar rátaí úis, leibhéal an bhrabúis ar shócmhainní pinsin, athruithe ar ionchais saoil agus athruithe ar bhoilsciú praghsanna agus tuarastal. Méid an easnaimh reatha IAS19 ar Shochair Fostaithe, a áirítear sna ráitis airgeadais ar an 30 Meán Fómhair 2021, roimh cháin iarchurtha, ná €42.6m (2020: €42.6m). Easnamh Chiste EirGrid ná €39.8m (2020: €38.2m) agus easnamh scéim pinsin SONI ná €2.8m (2020: €4.4m). Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa scéimeanna ranníocaíochta sainithe ceadaithe le haghaidh fostaithe EirGrid plc agus SONI Teoranta.

### Forbairt Líonra

Tá an fhreagracht ar EirGrid an bonneagar eangaí a theastaíonn chun tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a chur i bhfeidhm. Príomhghníomhaíochtaí EirGrid i ndáil leis seo ná pleanáil agus soláthar nasc nua idir gineadóirí agus custaiméirí a úsáideann, nó atá ag iarraidh úsáid a bhaint as, córas leictreachais ardvoltais agus tionscadail atreisithe líonraí tarchurtha ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Is mórathrú é an bonneagar eangaí atá le tógáil le linn thréimhse na straitéise 2020-2025, i gcomparáid leis an méid a soláthraíodh sa thréimhse 2015-2020. Tá riosca moille ann agus méadú iarmhartach ar an gcostas a bhaineann le tionscadail chasta líonra den chineál seo. Chun é seo a láimhseáil, foilsíonn EirGrid treoir maidir le forbairt líonraí agus tá creat measúnaithe láidir le haghaidh tionscadal i bhfeidhm aige. Déanaimid measúnú leanúnach freisin ar na próisis agus na nósanna imeachta chun a chinntiú go dtagann siad leis an dea-chleachtas agus go bhfuil siad oiriúnach don ghnólacht agus go gcomhlíonann siad riachtanais an phobail agus na bpobal sin a bhfuilimid rannpháirteach leo.

### Timpeallacht Rialaithe

Feidhmíonn EirGrid i dtimpeallacht rialaithe (gan a Ghnó teileachumarsáide a áireamh, gnó a bhainistíonn an nasc snáthoptaice idir Éire agus an Ríocht Aontaithe). D'fhéadfadh athruithe beartais rialála tionchar ábhartha a imirt ar an mbealach a n-oibrímid agus ar ár bhfeidhmíocht airgeadais.

Tá Foireann thiomnaithe rialála againn agus déanaimid iarracht a bheith rannpháirteach go dearfach agus go honnghníomhach i gcónaí leis na húdaráis Rialála.



## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

### An Idirnascaire Thoir-Thiar

Tá an Grúpa freagrach as bainistíocht sócmhainní agus oibriú an Idirnascaire Thoir-Thiar (“EWIC”) a nascann eangacha leictreachais in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá riosca ann a bhaineann le damáiste fisiciúil do EWIC, a bhfuil seans ann go dtarlódh éaradh seirbhíse faidréiseach EWIC agus costais shuntasacha aiscurtha dá bharr; mar sin féin, tá nósanna imeachta oibríochtúla cuimsitheacha agus socruithe cothabhála i bhfeidhm don Idirnascaire Thoir-Thiar, lena n-áirítear socruithe árachais iomchuí.

### Cibearshlándáil

Aithníonn EirGrid go bhfuil an Chibearshlándáil ina riosca criticiúil. Oibrímid foireann iomlán de bheartais shlándála agus caighdeán agus tá feidhm á baint againn as sásraí cosanta cuimsitheacha imlínte. Faigheann an fhoireann oiliúint maidir le feasacht slándála go rialta agus bíonn tuairiscíú monatóireachta agus comhlíontachta i ndáil le Cibearshlándáil againn i gcónaí. Tá dlúthchaidreamh oibre againn leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus Oibrítheoirí Córais Tarchurtha san Eoraip maidir le gach ábhar cibearshlándála. Táimid rannpháirteach go honnghníomhach leis na comhlachtaí Rialtais ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann maidir leis seo, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Slándáil na gCóras Líonra agus Faisnéise. Déanann an Bord maoirseacht ar thionscnaimh/maoluithe a bhaineann leis an gCibearshlándáil ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear athbhreithniú rialta ar ár Straitéis Chibearshlándála agus ar an gClár Cibirinfeistíochta a ghabhann léi, chomh maith le forléargas ar na féidearthachtaí bagartha.

## Eile – Eolas Neamh-Airgeadais

### Straitéis

I mí Mheán Fómhair 2019, sheol EirGrid Group Straitéis nua cúig bliana (2020 – 2025) agus Ráiteas Cuspóra athshainithe chun “An córas cumhachta a chlaochlú ó bhonn le haghaidh na nglúnta atá le teacht”.

Mhúnláigh dhá fhachtóir an straitéis nua: an t-athrú aeráide agus an claochlú atá le déanamh ar an earnáil leictreachais. An freagairt ón rialtas, ón Aontas Eorpach agus ag an leibhéal domhanda ná pleanáil a dhéanamh le haghaidh an aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin. Tá sé seo le feiceáil i gComhaontú Pháras 2016, i gCreat 2030 an Aontais Eorpaigh i gcomhair Beartais Aeráide agus Fuinnimh agus i bPlean Gníomhaíochta Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 agus 2021.

Beidh iarmhairtí fairsinge ag an aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin agus in-athnuaite. Beidh athruithe móra ar an mbealach a ngintear leictreachas agus ar an mbealach a gceannaítear, a ndíoltar agus a n-úsáidtear é, amhail le haghaidh iompair agus téimh. Iompróidh an córas leictreachais níos mó cumhachta ná riamh cheana agus tiocfaidh formhór na cumhachta sin ó fhoinsí in-athnuaite. Mar a tharlaíonn sé seo, ceadóidh nuatheicneolaíocht d’úsáideoirí leictreachais cumhacht a ghiniúint agus a stóráil, agus aon fhuílleach a thabhairt ar ais don eangach. Nuair a chuirtear é seo le heolas fíor-ama maidir le hídiú ó na húsáideoirí leictreachais, cruthaítear deiseanna do chách.

Beidh claochlú suntasach ar an gcóras leictreachais ag teastáil chun na deiseanna sin a bhaint amach. Níos tábhachtaí fós, ní mór na hathruithe seo a bhainistiú ar bhealach comhordaithe agus ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de. Tá ról uathúil ag EirGrid Group maidir leis an gclaochlú radacach seo a theastaíonn anois a threorú, agus aithnítear é seo inár straitéis ina bhfuil tacar príomhspríocanna, a bhfuil ár gcuspóir mar bhonn faoi.

### Sláinte, Sábháilteacht agus Comhshaoil

Tá EirGrid tiomanta do na caighdeáin is airde Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa a bhaint amach agus a choinneáil ar bun don fhoireann ar fad agus d’aon duine eile a d’fhéadfadh ár ngníomhaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, chomh maith le cosaint an Chomhshaoil.

Oibríonn EirGrid Córas Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil bunaithe ar na riachtanais atá ag an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde: OHSAS18001:2007 agus ag an gCaighdeán um Bainistíocht Chomhshaoil ISO14001:2015.

Cuireann an Córas Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar rioscaí éagsúla a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí, dár bhfoireann agus do dhaoine eile a d’fhéadfadh ár gcuid gníomhaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, agus don chomhshaoil; agus na rioscaí seo a chur i gcomhthéacs aon

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

riachtanas ábhartha dlíthiúil nó eile, rud a chinntíonn go bhfuil na bearta caomhnaithe agus rialaithe leordhóthanach agus go gcomhlíonann siad caighdeáin an dea-chleachtais. Cuimsítear lenár gCéimlathas Rialaithe maidir le Rioscaí Sláinte agus Sábháilteachta fócas ar inbhuanaitheacht i dtaobh na modhanna rialaithe.

Aithnímid go bhfuil freagracht orainn dea-bhainistíocht chomhshaoil a léiriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Tá clár i bhfeidhm againn chun ár gcuid tionchar comhshaoil a bhainistiú go freagrach trí bhíthin cuspóirí straitéiseacha a shocrú go bliantúil agus déanfaimid ár ndícheall dea-chleachtas a chur i bhfeidhm nuair is féidir. Socraímid cuspóirí straitéiseacha go bliantúil chun tacú le réimse ‘Caomhnaithe’ ár straitéise um fhreagracht shóisialta chorparáideach. Is é seo a leanas ár nGealltanas Caomhnaithe: “Tá meas againn ar an gcomhshaol: Déanaimid ár ndícheall dea-chleachtas a bhaint amach i ndáil leis an gcosaint chomhshaoil agus an eangach á forbairt againn. Cumasaímid an eangach chun méideanna leictreachas in-athnuaite, a fhásann de shíor, a iompar. Bainistímid ár gcuid tionchar féin ar an gcomhshaol go cúramach”.

An gealltanas atá againn ná ár gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach a chuireann an comhshaol san áireamh chun an comhshaol a chosaint ar dhochar agus ar dhíghrádú, truailliú a sheachaint agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht ár gcóras bainistíochta. Cuirfimid feachtas chun cinn go gníomhach i measc na bhfostaithe le cláir chumarsáide agus oiliúna chúí. Aithnímid freisin tionchair indéreacha tríú páirtithe sa slabhra soláthair a bhfuilimid mar chuid de agus feidhmímid ár gcuid próiseas soláthair i gcomhréir le Treoirlínte áitiúla an Rialtais. I measc na mbeartas a úsáidtear go gníomhach chun na próisis seo a bhainistiú tá an Beartas in aghaidh na Breabaireachta agus na Sclábhaíochta Comhaimseartha.

Tá Coiste Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil an Ghrúpa, ar a bhfuil baill foirne ó gach cuid den ghnólacht, freagrach as measúnú a dhéanamh ar chuspóirí oiriúnacha comhshaoil agus na cuspóirí sin a chur faoi bhráid na Foirne Feidhmiúcháin.

I gcomhthéacs an athraithe aeráide agus an gá atá ann an soláthar leictreachais a dhíchárbónú, tá ról lárnach ag EirGrid maidir le leibhéal arda fuinneamh in-athnuaite a nascadh agus an eangach leictreachais a fhorbairt chun foinsí in-athnuaite a nascadh, i gcomhréir le spriocanna an Aontais Eorpaigh agus spriocanna an Rialtais. Tá Córas Tarchurtha á fhorbairt ag EirGrid agus aird á tabhairt ar an gcomhshaol, ag baint úsáid as cleachtais mhaithe i ndáil leis an gcomhshaol agus na hoibleagáidí comhshaoil ar fad atá aige á gcomhlíonadh.

Tá éagsúlacht agus ionchuimsitheacht ina bpríomhréimse de straitéis an Ghrúpa. Aithníonn an Grúpa an luach atá ag an éagsúlacht agus tá sé feachtas ar na tairbhí a bhaineann leis an gcáil, leis an eacnamaíocht agus leis an tsochaí a thagann chun cinn nuair a bhíonn lucht oibre ilchineálach ann. Pléadh éagsúlacht agus ionchuimsitheacht tuilleadh sa chuid tosaigh den tuarascáil bhliantúil ar leathanach 44.

## Rialachas, Riosca agus Comhlíontacht

### Cóid Rialachais Chorparáidigh

Comhlíonann EirGrid an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Leagtar amach leis an gCód na prionsabail a bhaineann le rialachas corparáideach agus a cheanglaítear ar Bhoird Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, comhlíonann an Grúpa na hoibleagáidí rialachais chorparáidigh agus oibleagáidí eile arna bhforchur ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, mar aon leis na prionsabail i gCód na Ríochta Aontaithe um Rialachas Corparáideach, arna leasú in Iúil 2018, agus in larscríbhinn na hÉireann um Rialachas Corparáideach arna eisiúint i Nollaig 2010.

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córas an rialachais inmheánaigh an Ghrúpa agus maidir le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlach atá sé ag feidhmiú. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a sholáthar maidir le baint amach na spriocanna seo a leanas:

- An Grúpa a chumasú dul i ngleic le rioscaí chun oibríochtaí éifeachtacha éifeachtúla a éascú;
- Caighdeán an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh a chinntiú; agus
- Comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na mbeartas inmheánach is infheidhme a chinntiú.

Is iad seo a leanas eochairghnéithe chreat rialála inmheánach an Ghrúpa:

- Cód Iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus Fostaithe a shocraíonn cúrsaí ón mbarr anuas agus a éilíonn ar gach fostaí na caighdeáin is airde eitice a chomhlíonadh agus gnó á dhéanamh;
- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir, chomh maith le teorainneacha údaráis sainithe agus sásraí tuairiscithe;
- Creat rialachais chorparáidigh a chuimsíonn bainistíocht riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmiúla um rialachas ó gach Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

### Tuarascáil na Stiúirthóirí (ar lean)

- Beartais agus nósanna imeachta sainithe i ndáil le cúrsaí caiteachais agus ciste;
- Tuairisciú pras rialta ar fheidhmíocht airgeadais agus ghnó;
- Ullmhúchán buiséad bliantúil, agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i ndáil leis na buiséid, buiséid arna n-athbhreithniú agus arna gceadú ag an mBord;
- Feidhm iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar chórais chriticiúla agus rialúcháin agus a thuairiscíonn go neamhspleách don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:
  - A dhéanann athbhreithniú ar chlár na hIniúchóireachta Inmheánaí agus a mheasann na torthaí agus tuairiscí;
  - A dhéanann monatóireacht ar fhorfheidhmiú na moltaí arna n-ardú sna tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí roimhe sin;
  - A dhéanann athbhreithniú ar thuairiscí na n-iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí le fáil ar an obair a rinneadh maidir leis na príomhrioscaí iniúchta;
  - A dhéanann athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais, agus a cheadaíonn iad, sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na bPáirtithe Leasmhara iad; agus
  - A chuidíonn leis an mBord a ról maoirseachta maidir le bainistíocht riosca a chomhlíonadh;
- Nósanna imeachta chun comhlíonadh dlíthe agus rialachán a chinntiú, lena n-áirítear clár iniúchóireachtaí comhlíontachta a thomhaiseann feabhsuithe i bpróisis chomhlíontachta agus a chinntíonn go bpléitear le hábhair a bhaineann le neamhchomhlíontacht go hiomchuí.

Maidir le bainistíocht riosca, aithníonn Foireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin agus an Bord na príomhrioscaí atá os comhair an Ghrúpa i gcomhthéacs a chumais cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ar bhonn leanúnach. Anuas air sin, déantar measúnú ar na rioscaí seo i dtéarmaí ábharthachta agus déantar monatóireacht ar rioscaí, a meastar gur rioscaí ábhartha iad, ar bhonn míosúil agus déanann an Bord athbhreithniú orthu mar mhír sheasta ar an gclár gnó ag gach cruinniú de chuid an Bhoird le linn na bliana.

Le linn na tréimhse arna clúdach ag na ráitis airgeadais seo, d'fhorbair agus cheadaigh an Bord na nithe seo a leanas de chuid an Ghrúpa:

- Straitéis Riosca;
- Creat Bainistíochta Riosca;
- Uilíocht Riosca;
- Ráitis Inghlacthachta le haghaidh gach riosca ábhartha; agus
- Rinne sé athbhreithniú ar éifeachtúlacht bhearta maolaithe agus rialuithe na bainistíochta agus aghaidh á tabhairt ar rioscaí ábhartha.

Deimhníonn na Stiúirthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh a oibríodh le linn na tréimhse arna clúdach ag na Ráitis Airgeadais seo.

Le linn an athbhreithnithe seo, níor aithin an Bord, nó níor cuireadh in iúl don Bhoird, aon teip nó laige ar cheap sé bheith suntasach.

Aidhm an Ghrúpa i gcónaí chomh maith ná riachtanais tuairiscithe Ranna Rialtais a chomhlíonadh, mar a cheanglaítear orthu, ar bhonn pras cruinn.

### Luach Saothair an Stiúirthóra

Áirítear sna Ráitis Airgeadais €121,840 (2020: €122,000) le haghaidh táillí an Chathaoirligh agus na Stiúirthóirí, i gcomhréir le leibhéil an luacha saothair do Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Boird na gComhlachtaí Stáit mar a cheadaigh an tAire Airgeadais agus na socruithe leasaithe le haghaidh íocaíocht na dtáillí boird le fostaithe na hearnála poiblí faoi Phrionsabal “Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin” an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi na leibhéil luacha saothair cheadaithe, bhí táillí an Chathaoirligh cothrom le €21,600 sa bhliain le linn na bliana airgeadais (2020: €21,600 sa bhliain). Bhí táillí na Stiúirthóirí cothrom le €12,600 an duine sa bhliain le linn na bliana (2020: €12,600 an duine sa bhliain).

An Comhalta Boird feidhmiúcháin le linn na bliana ná Mark Foley, an Príomhfheidhmeannach. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de réimse arna shocrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.



### Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Cuimsítear le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh tuarastal bunúsach, sochair inchánach roimh cháin agus sochair áirithe scoir. Ríomhtar sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhonn bunphá amháin agus is é is aidhm acu pinsean atá cothrom le haon ochtóid den tuarastal in aghaidh na bliana seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach, agus bónas de thrí ochtóid den mhéid céanna nuair a rachfar ar scor.

#### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

	Buntuarastal € '000	Bónas Blíantúil € '000	Sochair inchánach € '000	*Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh (gach sochar sainithe) € '000	Táillí Stiúrthóra € '000	Iomlán € '000
Mark Foley	200	-	13	60	-	273
<b>Iomlán, 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>200</b>	<b>-</b>	<b>13</b>	<b>60</b>	<b>-</b>	<b>273</b>
Iomlán, 30 Meán Fómhair 20	200	-	13	40	-	253

\* Mhéadaigh an ranníocaíocht phinsin i gcomparáid leis an mbliain roimhe mar gheall ar mhéadú sa ráta maoinithe sochar sainithe ó 20.1% go 29.8%.

### Díbhinní

Agus meastóireacht á déanamh ar an díbhinn bhliantúil, arbh fhéidir leis an nGrúpa í a mholadh don Bhord, déantar machnamh ar na eochairthosca a leanas:

- Airgead atá ar fáil: Faigheann an Grúpa ioncam ó tharaifí a fheictear sa Ráiteas ar Ioncam agus a mhaoiníonn costais oibríochtúla an Ghrúpa agus tionscadail chaipitil a chaipitlítear agus a dhímheastar thar na tréimhsí sa todhchaí. Cruthaíonn sé seo mí-oiriúnú idir an t-airgead atá ar fáil agus na brabúis a thuairiscítear.
- Coigeartú a bhfuil súil leis le haghaidh aisghabhálacha ró-íseal nó ró-arda: Ní aithnítear aon chostas, a bhaineann le haisghabháil ró-íseal nó ró-ard tríd an ioncam ó tharaifí, sna Ráitis Airgeadais toisc go bhfeicfead é sna rátaí taraifí amach anseo. Léiríonn an beartas díbhinní na tionchair a bhfuil súil leo ar bhrabúis amach anseo a bhaineann leis an gcoigeartú d'aisghabháil ró-íseal/ró-ard na bliana airgeadais reatha sna rátaí taraifí amach anseo.
- Infheistíochtaí sa todhchaí: Maoiníonn an Grúpa roinnt tionscadal caipitil le hacmhainní reatha. Cuireann an beartas díbhinní infheistíochtaí, a bhfuil súil leo agus a bhfuil ceangaltas ann maidir leo, amach anseo san áireamh.
- Riachtanais Dhlíthiúla: Ní mór don Ghrúpa cloígh le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus dáileadh á dhéanamh.
- Leachtacht: Mar a luadh roimhe seo, an príomhríosca airgeadais atá ag an nGrúpa ná leachtacht neamhimleor má tharlaíonn aisghabháil shuntasach rialála ró-íseal. Cuireann an beartas díbhinní bainistíocht stuama an ríosca seo san áireamh. Tar éis dóibh na fachtóirí seo ar fad a chur san áireamh, molann Stiúrthóirí an Ghrúpa íocaíocht díbhinne dheiridh de €4,000,000 (2020: €4,000,000) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021.

### Leas an Stiúrthóra agus an Rúnaí i Scairchaipiteal

Ní raibh aon leas tairbhíúil i scairchaipiteal an Ghrúpa ag na Stiúrthóirí ná an Rúnaí a bhí in oifig idir an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus an 30 Meán Fómhair 2021.

Tá gnáthscair amháin den Chuideachta faoi úinéireacht an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe faoi úinéireacht an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó faoi úinéireacht ar a shon.

Tráth an Chláir Chomhardaithe ar an 30 Meán Fómhair 2021 bhí scair amháin an duine de scairchaipiteal na Cuideachta faoi úinéireacht Brendan Tuohy, Mark Foley agus Martin Corrigan ar son an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa síntiúis pholaitíochta.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

### Gnóthas Leantach

Tá na Stiúrthóirí ag súil go réasúnta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta, agus ag an nGrúpa san iomlán, le leanúint ar aghaidh i mbun oibriúcháin go ceann i bhfad. Déanann an Grúpa athbhreithnithe leanúnacha ar leachtacht an Ghrúpa chun a chinntiú go bhfuil maoiniú leordhóthanach aige agus rinneadh tástáil struis ar thuartha shreabhadh airgid an Ghrúpa, lena n-áirítear cásanna diúltacha, riosca phaindéim Covid-19 ina measc. Ar an gcúis seo, leanann an Grúpa de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

### Taifid Chuntasaíochta

Na bearta atá déanta ag na Stiúrthóirí chun comhlíonadh slán riachtanais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i ndáil le taifid chuntasaíochta a choinneáil ná na ndaoine cuí incháilithe a fhostú chun cuntasaíocht a dhéanamh agus córais agus nósanna imeachta cuntasaíochta oiriúnacha a úsáid. Coinnítear na taifid chuntasaíochta anseo: An tUbhchruth, 16o Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

### Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Leagtar amach mionsonraí maidir le teagmhais shuntasacha iarchláir chomhardaithe i Nóta 28 de na ráitis airgeadais.

### Na hIniúcháirí

Tá luaite ag na hiniúcháirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúla, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh ina n-oifig i gcomhréir le hAlt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

### Nochtadh Faisnéise do na hIniúcháirí

Go bhfios do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ag dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais:

- níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachtaí ar an eolas fúithi; agus
- tá na bearta go léir déanta ag na Stiúrthóirí gur cheart a bheith déanta acu mar Stiúrthóirí chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta agus chun a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúcháirí na Cuideachta.

### Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ("an tAcht"), dearbhaímid mar Stiúrthóirí na ráitis a leanas:

- Aithnímid go bhfuilimid freagrach as comhlíonadh na Cuideachta maidir leis na hoibleagáidí ábhartha atá aici, a shainítear in alt 225 (1) den Acht ("na hoibleagáidí ábhartha"); agus
- Deimhnímid go bhfuil gach ceann de na nithe a liostaítear thíos déanta:

i. rinneadh ráiteas comhlíontachta (mar a shainítear in alt 225(3)(a) den Acht) a leagadh síos, lena leagtar amach beartaí na Cuideachta (atá oiriúnach don Chuideachta dar linn), agus meas á thabhairt ar chomhlíonadh na Cuideachta maidir leis na hoibleagáidí ábhartha;

ii. rinneadh socruithe nó struchtúir oiriúnacha a chur i bhfeidhm, a dearadh chun comhlíontacht ábhartha a chinntiú, dar linn, maidir le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta; agus

iii. le linn na bliana airgeadais, lena mbaineann an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar shocruithe nó ar struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas.

**Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:**

**Brendan Tuohy**  
Cathaoirleach

**John Trethowan**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta  
agus Riosca

**Mark Foley**  
Príomhfheidhmeannach

*Brendan Tuohy*

*John Trethowan*

*Mark Foley*

Dáta: 15/12/2021



## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) lenar ghlac an tAontas Eorpach, agus ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir chreat nochta laghdaithe FRS 101 (Márta 2018). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa amhail ar dháta deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus cailiteanas an Ghrúpa sa bhliain airgeadais, agus ní mór dóibh cloí ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar éifeacht agus cúiseanna aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a cinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta nó go gcoinnítear ar a son iad, ina bhfuil míniú agus taifead ceart ar idirbhearta na Cuideachta, taifid a ligeann do shócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús/cailiteanas na Cuideachta a leagadh amach go réasúnta cruinn ag am ar bith, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a ligeann do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorpóraideach agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta a chothabháil, agus tá siad freagrach freisin as sláine na faisnéise sin.

### Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

**Brendan Tuohy**  
Cathaoirleach

**John Trethowan**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta  
agus Riosca

**Mark Foley**  
Príomhfheidhmeannach

*Brendan Tuohy*

*John Trethowan*

*Mark Foley*

Dáta: 15/12/2021

## Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid PLC

### Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais EirGrid plc (“an chuideachta”)

Inár dtuairim déanann ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta na nithe a leanas:

- Tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ar an 30 Meán Fómhair 2021 agus ar bhrabús an ghrúpa sa bhliain airgeadais ar tháinig deireadh léi ansin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis na creataí tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais iniúchta ná: ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam;
- Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach
- Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 29, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 2.

Ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas; agus
- nótaí 30(A) go 30(Z) lena mbaineann, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 2.

An creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais mar a ghlac an tAontas Eorpach (“IFRS”) (“an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”). An creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais na máthairchuideachta ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 101 ‘Creat Nocht Laghdaithe’ arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

### Bunús tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid maidir le “Freagrachtaí an iniúchóra i leith iniúchadh na ráiteas airgeadais” sa tuarascáil seo.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta i gcomhréir leis na riachtanais eitice atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eitice eile i gcomhréir leis na riachtanais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúcháireacht á déanamh ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de thátal as go bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh cuntasóireachta ag na stiúirthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais iomchuí.

## Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid PLC (ar lean)

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó tosca a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú, ina n-aonar nó le chéile, maidir le cumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse de dhá mhí déag ar a laghad, ón dáta ar a n-údaraitear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Eolas eile

Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchára orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ní chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, seachas a mhéid a dheirtear go sainráiteach inár dtuarascáil, ní thugaimid aon dearbhú maidir leis an eolas sin.

An fhreagracht atá orainn ná an t-eolas eile sin a léamh agus a bhreithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn na hiniúcháireachta, nó an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid aon neamhréireacht ábhartha den sórt sin, nó míshonruithe ábhartha eile, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha san eolas eile. Má bhainimid de thábal as, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míshonrú ábhartha san eolas eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos forleithne sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar an eolas agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus le rialú inmheánach a mhéid a chinneann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú, sa tslí go mbíonn siad saor ó mhíshonrú ábhartha, de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag úsáid bunús an ghnóthais leantaigh cuntasóireachta mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an grúpa nó an mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur leis na hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach déanamh amhlaidh.

### Freagrachtaí an Iníúchára maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, míshonrú de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint lena n-áirítear an tuairim atá againn. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le míshonruithe teacht as calaois nó earráidí agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil lena ndéanfaidís dífeall do chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire), cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus bíonn sceipteachas gairmiúil ag baint lenár gcuid oibre le linn na hiniúcháireachta. Chomh maith leis sin:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, de bharr calaoise nó earráide, dearaimid agus déanaimid próisis iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus faighimid fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur faoinár dtuairim. Tá an riosca a bhaineann le cás nach mbraithfí míshonrú ábhartha de bharr calaoise níos airde ná an riosca a bhaineann le cás ina mbaineann míshonrú ábhartha le hearráid, toisc go bhféadfaí go n-áireofaí leis an gcalaois claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon toisc, bréaglírithé, nó sárú an rialaithe inmheánaigh.



### Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid PLC (ar lean)

- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh, cinn atá oiriúnach do na tosca, ach ní chun críche tuairim a nochtadh ar éifeachtúlacht rialú inmheánach an ghrúpa nó na máthairchuideachta.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus nochtuithe lena mbaineann arna ndéanamh ag na stiúrthóirí.
- Déanaimid cinneadh ar oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh cuntasáochta agus na stiúrthóirí agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear, ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó tosca a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a tharraingt ar na nochtuithe lena mbaineann sna ráitis airgeadais inár dtuarascáil iniúchára, nó má bhíonn na nochtuithe sin uireasach, ár dtuairim a athrú. Tá na conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta na tuarascála iniúchára. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó tosca amach anseo stop a chur leis an eintiteas (nó an grúpa, i gcás inarb iomchuí) leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cinnimid an gcuireann na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus teagmhais bhunúsacha in iúl ar bhealach a dtugann léiriú cóir.
- Faighimid fianaise iniúcháireachta leordhóthanach oiriúnach maidir le heolas airgeadais ghníomhaíochtaí an ghnólachta, laistigh den ghrúpa, chun tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais (chomhdhlúite). Tá an grúpiniúcháir freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmíocht an ghrúpiniúchta. Is é an grúpiniúcháir amháin atá freagrach as an tuairim iniúcháireachta.

Bímid ag cumarsáid leo siúd atá freagrach as an rialú maidir le raon feidhme agus amú beartaithe na hiniúcháireachta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, i measc ábhar eile, lena n-áirítear aon easpa shuntasach sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúcháir le linn na hiniúcháireachta.

### Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

#### Tuairim ar chúrsaí eile leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Tuairiscímid na nithe seo a leanas bunaithe ar an obair atá déanta againn i gcaitheamh an iniúchta agus ar an obair sin amháin:

- Fuaireamar gach eolas agus míniúchán a cheapamar a bhí riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Bhí taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta leordhóthanach chun iniúchadh ceart éasca na ráiteas airgeadais a cheadú dar linn.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn, tá an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhréireach leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

#### Ábhair a gceanglaítear orainn iad a thuairisciú

Bunaithe ar eolas agus tuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus na timpeallachta a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha sna codanna sin de thuarascáil na stiúrthóirí a sonraíodh le haghaidh ár n-athbhreithnithe.

Ceanglaítear orainn freisin le hAcht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt duit mura sholáthar an chuideachta, dar linn, an t-eolas a éilítear le Rialachán 5(2) go 5(7) de Rialacháin 2017 ón Aontas Eorpach (Nochtadh na Faisnéise Neamh-airgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe) (arna leasú) le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (“an Cód Cleachtais”), ceanglaítear orainn tuairisc a chur faoi do bhráid mura léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach an chórais, a éilítear leis an gCód Cleachtais a áirítear leis an Ráiteas um Rialachas Corparáide i dtuarascáil na Stiúrthóirí, comhlíonadh an ghrúpa

### Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid PLC (ar lean)

i ndáil le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura dtagann sé leis an eolas faoina bhfuilimid feasach mar gheall ar an obair iniúcháireachta atá déanta againn ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

#### Úsáid ár dtuarascála

Tá an tuarascáil seo curtha i dtoll a chéile le haghaidh chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht amháin, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár n-obair iniúcháireachta déanta againn ionas gur féidir linn na nithe is éigean dúinn a dhearbhu do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhu dóibh i dtuarascáil iniúchára agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.



**Ann McGonagle**

Dáta: **20/12/2021**

Do agus thar ceann Deloitte Ireland LLP  
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúla  
Deloitte & Touche House, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam LE HAGHAIDH NA BLIANA AIRGEADAIS GO DTÍ AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Nóta	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Ioncam	3	737,359	688,385
Costais dhíreacha	3	(535,030)	(518,632)
Ollbhrabús		202,329	169,753
Costais oibriúcháin eile	5	(145,158)	(137,654)
Brabús oibriúcháin		57,171	32,099
Ús agus ioncam eile	6	19	73
Costais airgeadais	6	(16,475)	(18,139)
Sciar de na hinfheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasáíochta an chothromais i bhfeidhm orthu	11	–	5
Brabús roimh cháin	7	40,715	14,038
Costas i ndáil le cáin ioncaim	8	(4,977)	(2,113)
<b>Brabús don bhliain</b>		<b>35,738</b>	<b>11,925</b>
<b>Brabús inchurtha i leith:</b>			
Úinéirí na Máthairchuideachta		35,738	11,925



## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach LE HAGHAIDH NA BLIANA AIRGEADAIS GO DTÍ AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Nóta	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Míreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús nó mar chailiteanas:</b>			
Gluaiseacht sna gnóthachain neamhréadaithe maidir le fálú ar an sreabhadh airgid	26	19,528	9,842
Cáin iarchurtha is féidir a cheangal le gluaiseacht sna gnóthachain neamhréadaithe maidir le fálú ar an sreabhadh airgid	8	(2,441)	(1,230)
Difríochtaí san aistriú airgeadra		444	(24)
		<b>17,531</b>	<b>8,588</b>
<b>Iomlán na míreanna a fhéadfaí a athaicmiú mar bhrabús nó mar chailiteanas de bharr sin</b>			
<b>Míreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús nó mar chailiteanas:</b>			
Atomhas (cailiteanais)/gnóthachain an ghlandliteanais sochair	23	(386)	6,859
Creidmheas cánach iarchurtha ar atomhas (cailiteanas)/gnóthachan	8	(14)	(656)
		<b>(400)</b>	<b>6,203</b>
<b>Iomlán na míreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús nó mar chailiteanas</b>			
Brabús don bhliain airgeadais		35,738	11,925
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		<b>52,869</b>	<b>26,716</b>
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán is féidir a cheangal le:</b>			
Úinéirí na Máthairchuideachta		52,869	26,716

## Clár Comhardaithe Comhdhlúite AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Nóta	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
<b>Sócmhainní</b>		<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
<b>Sócmhainní neamhreatha</b>			
Infheistíochtaí cóirluacha	10	356	356
Infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasáochta an chothromais i bhfeidhm orthu	11	–	55
Sócmhainní doláimhsithe	12	70,129	81,011
Sealúchas, gléasra agus trealamh	13	491,515	488,887
Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	14	41,873	45,288
Sócmhainn cánach iarchurtha	8	19,304	22,821
Trádáil agus infháltais eile	15	87,955	54,068
<b>Iomlán na sócmhainní neamhreatha</b>		<b>711,132</b>	<b>692,486</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Trádáil agus infháltais eile	15	164,017	165,875
Infháltas na cánach reatha		–	7,072
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	19	528,583	482,914
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<b>692,600</b>	<b>655,861</b>
<b>Iomlán na sócmhainní</b>		<b>1,403,732</b>	<b>1,348,347</b>
<b>Cothromas agus Dlíteanais</b>			
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas	18	38	38
Cúlchiste caipitil		49,182	49,182
Cúlchiste fáilaithe		(63,176)	(80,263)
Cúlchiste aistriúcháin		540	96
Tuilleamh coinnithe		385,276	353,938
<b>Cothromas iomlán</b>		<b>371,860</b>	<b>322,991</b>
<b>Dlíteanais neamhreatha</b>			
Ionstraimí díorthacha airgeadais	26	72,201	91,729
Dlíteanas cánach iarchurtha	8	34,609	36,793
Trádáil agus iníocthaigh eile	16	4,573	4,819
Deontais	17	83,792	86,855
Dlíteanais léasa	14	37,162	38,911
Iasachtaí	24	260,121	349,054
Soláthair	20	–	21,500
Oibleagáidí sochair scoir	23	42,644	42,612
<b>Iomlán na ndlíteanas neamhreatha</b>		<b>535,102</b>	<b>672,273</b>
<b>Dlíteanais reatha</b>			
Dlíteanas cánach reatha		3,670	–
Dlíteanais léasa	14	2,519	2,913
Iasachtaí	24	21,542	20,519
Soláthair	20	51,400	–
Deontais	17	3,413	3,667
Trádáil agus iníocthaigh eile	16	414,226	325,984
<b>Iomlán na ndlíteanas reatha</b>		<b>496,770</b>	<b>353,083</b>
<b>Dlíteanais iomlána</b>		<b>1,031,872</b>	<b>1,025,356</b>
<b>Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas</b>		<b>1,403,732</b>	<b>1,348,347</b>

## Clár Comhardaithe Comhdhlúite AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021 (AR LEAN)

### Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

**Brendan Tuohy**  
Cathaoirleach

**John Trethowan**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta  
agus Riosca

**Mark Foley**  
Príomhfheidhmeannach

*Brendan Tuohy*

*John Trethowan*

*Mark Foley*

Dáta: 15/12/2021



## Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe sa Chothromas LE HAGHAIDH NA BLIANA AIRGE- ADAIS GO DTÍ AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Scairchaipiteal eisishe € '000	Cúlchiste caipitil € '000	Cúlchiste fálaithe € '000	Cúlchiste aistriúcháin € '000	Tuilleamh coinnithe € '000	An t-iomlán is féidir a cheangal le sealbhóirí cothromais € '000
An t-iarhméid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	38	49,182	(88,875)	120	339,810	300,275
Brabús don bhliain	-	-	-	-	11,925	11,925
<b>Ioncam cuimsitheach eile</b>						
Atomhais ar scéim sochair sainithe glan ar cháin iarchurtha	-	-	-	-	6,203	6,203
Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar ghluaiseacht na cánach iarchurtha	-	-	8,612	-	-	8,612
Gluaiseacht an chúlchiste aistriúcháin	-	-	-	(24)	-	(24)
Díbhinní	-	-	-	-	(4,000)	(4,000)
An t-iarhméid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	38	49,182	(80,263)	96	353,938	322,991
Brabús don bhliain	-	-	-	-	35,738	35,738
<b>Ioncam cuimsitheach eile</b>						
Atomhais ar scéim sochair sainithe glan ar cháin iarchurtha	-	-	-	-	(400)	(400)
Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar ghluaiseacht na cánach iarchurtha	-	-	17,087	-	-	17,087
Gluaiseacht an chúlchiste aistriúcháin	-	-	-	444	-	444
Díbhinní	-	-	-	-	(4,000)	(4,000)
<b>An t-iarhméid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>38</b>	<b>49,182</b>	<b>(63,176)</b>	<b>540</b>	<b>385,276</b>	<b>371,860</b>

### Cúlchiste Caipitil

Tháinig an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí an oibrítheora córais tarchurtha ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níor tharla aon ghluaiseacht sa chúlchiste ó shin i leith.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an sciar carnach de na gnóthachain agus de na cailteanais maidir le hionstraimí fálaithe a measadh a bhí éifeachtach i bhfálú ar an sreabhadh airgid. Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas carnach iarchurtha ar na hionstraimí fálaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas nuair a dhéanann idirbheart fálaithe dífear don bhrabús nó don chaillteanas, nó má chuimsítear é mar athrú bunaidh ar mhír fhálaithe neamh-airgeadais.

### Cúlchiste Aistriúcháin

Léiríonn an cúlchiste aistriúcháin difríochtaí sa mhalartán eachtrach a thagann ó aistriú glansócmhainní ó oibríochtaí eachtracha an Ghrúpa ón n-airgeadra feidhmiúil go hairgeadra feidhmiúil EirGrid, eadhon an Euro, lena n-áirítear aistriú bhrabúis agus chaillteanas oibríochtaí den sórt sin.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe, tuilleamh carntha glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais roimhe sin.

## Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid LE HAGHAIDH NA BLIANA AIRGEADAIS GO DTÍ AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Nóta	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin</b>			
Brabús i ndiaidh cánachais		35,738	11,925
Sciar den infheistíocht ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi		–	(5)
Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh	13	21,655	21,810
Dímheas sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	14	4,052	3,638
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	12	24,622	23,238
Amúchadh an deontais	17	(3,317)	(3,668)
Ús agus ioncam eile		(19)	(73)
Costais airgeadais		16,475	18,139
Costas as sochair scoir		6,910	3,244
Gnóthachan/(caillteanas) malartáin eachtraigh nár baineadh amach		(1,658)	1,698
Costas i ndáil le cáin ioncaim		6,339	2,113
Ranníocaíochtaí pinsin íochta		(9,217)	(5,420)
<b>Sreabhadh airgid oibríúcháin roimh ghluaiseachtaí i gcaipíteal oibre</b>		<b>101,580</b>	<b>76,639</b>
<b>Gluaiseachtaí i gcaipíteal oibre</b>			
Méadú/(laghdú) ar infháltais thrádála agus ar infháltais eile		(31,653)	78,342
Méadú ar shuimeanna iníochta trádála agus ar shuimeanna iníochta eile		113,323	118,304
<b>Airgead tirim ó oibríochtaí</b>		<b>183,250</b>	<b>273,285</b>
Fáltais ó cháin ioncaim/ (íocaíocht)		5,310	(4,203)
Ús faighte		19	73
<b>Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin</b>		<b>188,579</b>	<b>269,155</b>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Ceannach sealúchais, gléasra agus trealaimh		(21,746)	(8,007)
Ceannach sócmhainní doláimhsithe		(11,890)	(12,046)
Deontais		–	3,224
<b>Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>(33,636)</b>	<b>(16,829)</b>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiníúcháin</b>			
Díbhinní íochta		(4,000)	(4,000)
Léasanna a íocadh	14	(3,789)	(4,294)
Íasachtaí a tarraingíodh anuas		–	15,980
Íasachtaí a aisíocadh		(89,235)	(77,270)
Costais airgeadais a íocadh		(15,247)	(16,790)
<b>Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiníúcháin</b>		<b>(112,271)</b>	<b>(86,374)</b>
<b>Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim</b>		<b>42,672</b>	165,952
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana</b>		<b>482,914</b>	<b>318,621</b>
Íarmhairtí na malairte eachtraí		2,997	(1,659)
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana</b>	19	<b>528,583</b>	<b>482,914</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid plc ('an Chuideachta'), atá corpraithe in Éirinn, arna cur ar bun de bhun Ionstraim Reachtuil Uimh. 445 de 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais mar an Oibritheoir Córais Tarchurtha in Éirinn agus mar Oibritheoir Margaidh don mhargadh leictreachais mhórdhíola ar oileán na hÉireann. Tá SONI Teoranta (fochuideachta de chuid EirGrid plc) ceadúnaithe ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann mar an Oibritheoir Córais Tarchurtha i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnú mar Oibritheoir Margaidh aige le haghaidh oileán na hÉireann. Tá EirGrid Interconnector Designated Activity Company (fochuideachta de chuid EirGrid plc) ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus ag Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibritheoir an Idirnascaire Thoir-Thiar. Tá oifig chláráithe EirGrid plc lonnaithe ag An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 (Uimhir chlárúcháin 338522). Déantar cur síos ar phríomghníomhaíocht na Cuideachta ar leathanach 69 de Thuarascáil na Stiúrthóirí.

### 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ag gach eintiteas de chuid an Ghrúpa, mura sonraíodh a mhalairt.

#### Bunús ullmhúcháin

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) lenar ghlac an tAontas Eorpach. Ullmhaíodh iad ar bhonn gach IFRS agus Léirmhíniú atá sainordaitheach le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021 agus i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014. Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na dtuartha airgeadais reatha agus na n-áiseanna atá ar fáil, go bhfuil go leor acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun oibríochta go ceann i bhfad. Dá bharr seo, leanann na Stiúrthóirí orthu de na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir an Chreata Nochtuithe Laghdaithe FRS 101 ("FRS 101"). Ní chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais seo ráiteas ioncaim Chuideachta faoi leith toisc gur bhain an Chuideachta leas as an díolúine atá ar fáil in Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuireadh na Ráitis Airgeadais ar fáil in Euro, agus na méideanna slánaithe chuig an míle is gaire, mura sonraítear a mhalairt, agus ullmhaíodh iad ar bhonn an chostais stairiúil, seachas athluacháil ionstraimí áirithe airgeadais a choinnítear ar chóirluach. Bunaítear costas stairiúil ar chóirluach na comaoine arna tabhairt mar mhalartú ar shócmhainní de ghnáth.

Éilíonn ullmhú na Ráiteas Airgeadais ar an lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh, cinn a dhéanann dífead do mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas, do nochtuithe sócmhainní agus dliteanas teagmhasacha agus do mhéideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin seo.

An tréimhse reatha ar a bhfuil tuairisc á tabhairt ná an bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Cumhdaíonn na figiúirí comparáideacha an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020.

Caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe i dtaca le caighdeáin fhoilsithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill

Níor chuir an Ghrúpa caighdeáin, leasuithe ná léirmhínithe nua áirithe i bhfeidhm ar chaighdeáin reatha a eisíodh ach nach bhfuil éifeachtach fós. Áirítear leo sin:

- Leasuithe ar IAS 1 Léiriú na Ráiteas Airgeadais: Rangú na nDliteanas mar Reatha nó Neamhreatha;
- Leasuithe ar IAS 1 Léiriú na Ráiteas Airgeadais agus IFRS, Ráiteas Cleachtais 2: Nochtadh na mBeartas Cuntasaíochta;
- Leasuithe ar IAS 8 Beartais chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí: Sainmhíniú na Meastachán Cuntasaíochta;
- Leasuithe ar IAS 16 Sealúchas, Gléasra agus Trealamh: Fáiltais roimh Úsáid Bheartaithe;
- Leasuithe ar IAS 37 Soláthair, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha: Conarthaí Dochraideacha – an Costas a bhaineann le Conradh a Chomhlíonadh;



## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

- IFRS 17 Conarthaí árachais;
- Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39, IFRS 7, IFRS 4 agus IFRS 16 Leasú ar Thagarmharcáil an Ráta Úis – Céim 2;
- Leasuithe ar IFRS 3 Comhcheangail Ghnó: Tagairt don Chreat Coincheapúil;
- Feabhsuithe bliantúla ar Chaighdeáin IFRS, Timthriall 2018-2020;

### Glacadh le caighdeáin nua

Sa bhliain airgeadais reatha, glacadh leis na caighdeáin agus léirmhínte nua agus leasaithe a leanas agus tá difear déanta acu do na méideanna a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais seo (le haghaidh na mblianta airgeadais bliantúla dar dtús an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh):

- Leasuithe ar IFRS 16, Léasanna – Lamháiltais chíosa a bhain le Covid-19;
- Leasuithe ar IAS 1 agus IAS 8 Sainmhíniú an Ábhair;
- Leasuithe ar IFRS 3 Comhcheangail Ghnó: Sainmhíniú ar Ghnólacht;
- Leasuithe ar IFRS 9, IAS39 agus IFRS 7, Leasú ar Thagarmharcáil an Ráta Úis – Céim 1;

Ní raibh tionchar ábhartha ag glacadh na leasuithe a liostaítear thuas ar ráitis airgeadais na bliana reatha.

### Bunús an chomhdhlúthaithe

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus na n-eintiteas arna rialú ag an gCuideachta (a fochuideachtaí) suas go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain. Baintear rialú amach nuair a bhíonn na rudaí a leanas fíor faoin gCuideachta:

- tá cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin;
- tá sí nocht do bhrabús athraitheach de bharr a rannpháirtíochta leis an institiúid infheistiúcháin, nó tá cearta aici i ndáil leis an mbrabús sin; agus
- tá an cumas aici a cuid cumhachta a úsáid chun difear a dhéanamh dá brabús.

Déanann an Chuideachta athmheasúnú ar cibé acu an rialaíonn sí nó nach rialaíonn sí institiúid infheistiúcháin má thugann fíricí agus tosca le fios go bhfuil athrú ar cheann amháin ar a laghad de na trí ghné den rialú a liostaítear thuas.

I gcás ina bhfuil níos lú ná formhór na gceart vótála ag an gCuideachta i ndáil le hinstitiúid infheistiúcháin, measann an Chuideachta go bhfuil cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin nuair is leor na cearta vótála chun cumas praiticiúil a thabhairt di gníomhaíochtaí ábhartha na hinstitiúide infheistiúcháin a stiúradh go haontaobhach. Cuireann an Chuideachta gach fíric agus toisc ábhartha san áireamh agus measúnú á dhéanamh aici ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cearta vótála na Cuideachta, i ndáil le hinstitiúid infheistiúcháin, leordhóthanach chun cumhacht a thabhairt di, lena n-áirítear:

- méid shealúchas na Cuideachta i ndáil le cearta vótála i gcomparáid le méid agus scaipeadh shealúchas na sealbhóirí vótaí eile;
- cearta féideartha vótála i seilbh na Cuideachta, sealbhóirí vótaí eile nó páirtithe eile;
- cearta a thagann as socruithe conartha eile; agus
- aon fhíric nó toisc eile a thugann le fios go bhfuil, nó nach bhfuil, sé de chumas ag an gCuideachta na gníomhaíochtaí ábhartha a stiúradh ag an tráth a gcaithfear cinntí a dhéanamh, lena n-áirítear patrúin vótála ag cruinnithe le páirtithe leasmhara roimhe sin.

Tosaíonn comhdhlúthú fochuideachta nuair a fhaigheann an Chuideachta úrlamhas ar an bhfochuideachta agus stopann sé nuair a chailleann an Chuideachta úrlamhas ar an bhfochuideachta. Cuirtear na torthaí a fhaightear nó a chuirtear de láimh le linn na bliana airgeadais san áireamh sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam ón dáta a fhaigheann an Chuideachta rialú go dtí an dáta a stopann rialú na Cuideachta ar an bhfochuideachta.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Luaitear brabús nó cailteanas agus gach cuid d'ioncam cuimsitheach eile le húinéirí na Cuideachta.

I gcás inarb iomchuí, déantar coigeartaithe ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun na beartais chuntasaíochta a úsáidtear a thabhairt i gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuirtear sócmhainní agus dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreabhadh airgead ionghrúpa a bhaineann le hidirbhearta idir comhaltaí an Ghrúpa as an áireamh nuair a chomhdhlúthaítear é.

Iompraítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar a gcostas lúide laige i ráitis airgeadais na Cuideachta.

### Comhoibríochtaí

Cuimsíonn Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta torthaí an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi seach, chomh maith lena scair de na torthaí agus sócmhainní agus dliteanais na comhoibríochta lena bhfuil sé rannpháirteach, ag úsáid mhodh an chomhdhlúthaithe chomhréirigh arna cheadú faoi IFRS 11. Toisc gur comhshocrú é an chomhoibríocht ag a bhfuil comhrialú ag na páirtithe ar an socrú, chomh maith le cearta ar na sócmhainní agus oibleagáidí maidir leis na dliteanais a bhaineann leis an socrú, aithníonn na stiúrthóirí a sócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas i ndáil leis an leas i gcomhoibríocht.

Cuirtear sciar an Ghrúpa agus na Cuideachta de na torthaí agus glansócmhainní na gcomhoibríochtaí san áireamh ar bhonn an chomhdhlúthaithe chomhréirigh ón dáta ar a gcuirtear na socrúithe conartha a ordaíonn comhrialú i gcrích, agus dí-aithnítear iad nuair a chuirtear stop le comhrialú. Comhcheanglaíonn an Chuideachta a sciar de na comhshocrúithe, ioncam aonair agus costais, sócmhainní agus dliteanais agus dliteanais agus sreabhadh airgid ar bhonn líne ar líne agus tá míreanna comhchosúla i ráitis airgeadais na Cuideachta freisin.

### Infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

Is ionann comhpháirtithe agus na heintitis sin ar a n-imríonn an Grúpa tionchar suntasach, ach ní rialú ná comhrialú, ar na beartais airgeadais agus oibríochta. Is ionann comhfhiontar agus socrú ar a bhfuil comhrialú ag an nGrúpa, ina bhfuil cearta ag an nGrúpa i ndáil le glansócmhainní an tsocráithe, in ionad cearta i ndáil leis na sócmhainní agus oibleagáidí dá dhliteanais. Cuirtear leas i gcomhpháirtithe agus i gcomhfhiontair san áireamh ag úsáid mhodh an chothromais. Aithnítear ar dtús iad ar a gcostas, ina gcuirtear costais idirbheart san áireamh. Tar éis an chéad aithint, áirítear leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa i ndáil leis an mbrabús nó leis an gcaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile a bhaineann leis na hinfeistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, go dtí an dáta ar a stophtar an tionchar suntasach nó an comhrialú.

### Comhcheangail ghnó

Cuirtear comhcheangail ghnó san áireamh ag úsáid mhodh na héadála. Tomhaistear costas éadála mar chomhiomlán na comaoine aistrithe, arna tomhas le cóirluach an dáta éadála agus an méid leasa neamh-urlámhais san fhaighteán. I gcás gach comhcheangail ghnó, tomhaiseann an Grúpa an leas neamh-urlámhais san fhaighteán ag an gcóirluach nó ag sciar comhréireach ghlansócmhainní inaitheanta an fhaighteáin. Cláraítear costais éadála mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnólacht, déanann sé measúnú ar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais ghafa le haghaidh rangú agus ainmniú cuí i gcomhréir leis na téarmaí conartha, na tosca eacnamaíocha agus na tosca ábhartha amhail ar dháta na héadála. Má bhaintear an comhcheangail ghnó amach i gcéimeanna, déantar atomhas ar leas cothromais an Ghrúpa san fhaighteán roimh ré mar chóirluach ar an dáta a bhfaigheann an Grúpa rialú ar an gcéad dul síos leis an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam. Aithneofar aon chomaoin theagmhasach atá le haistriú ag an bhfaighteoir ag an gcóirluach ar dháta na héadála. Aithneofar athruithe ina dhiaidh sin ar chóirluach na comaoine teagmhasaí, a meastar gur sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais é, i gcomhréir le IFRS 9 sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam.

Tomhaistear an dea-thoil ar a costas ar dtús, arb é sin agus fuilleach chomhiomlán na comaoine arna haistriú agus an méid a aithnítear le haghaidh an leasa neamh-urlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus dliteanais ghafa.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáíochta (ar lean)

### Dea-thoil

Tomhaistear dea-thoil ar éadálacha ar a chostas ar dtús, arb é sin agus fuílleach chostas an chomhcheangail ghnó thar leas an fhaighteora i nglan-chóirluach na sócmhainní, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach aitheanta. Leithdháiltear dea-thoil a fhaightear i gcomhcheangal gnó, ón dáta éadála, ar aonaid giniúna airgid thirim nó grúpaí d'aonaid giniúna airgid thirim, a mheastar go mbainfidh siad tairbhe as an gcomhcheangal gnó as ar tháinig an dea-thoil.

Tar éis na haitheanta tosaigh, tomhaistear dea-thoil ar a costas lúide aon chaillteanais charntha maidir le laigí. Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil go bliantúil nó níos rialta má thugann teagmhais nó athruithe ar thosca le fios go bhféadfaí dochar a dhéanamh don luach anonn. Déantar na tástálacha laige dea-thola ag an am céanna gach bliain airgeadais. Cinntítear laige trí bhíthin measúnú a dhéanamh ar an méid in-aisghabhála den aonad giniúna airgid thirim lena mbaineann an dea-thoil. I gcás ina bhfuil an méid in-aisghabhála den Aonad Giniúna Airgid Thirim níos lú ná an tsuim ghlanluacha, aithnítear go bhfuil caillteanas laige ann. Ní aisiompaítear caillteanais laige a thagann chun cinn de bharr dea-thola tar éis na haitheanta.

### Ioncam

Léiríonn ioncam go príomha an t-ioncam a dhíorthaíonn ó sholáthar tharchur an leictreachais, díol na gceart tarchurtha airgeadais (FTRanna), ioncam acmhainne an Idirnascaire Thoir-Thiar, ioncam plódaithe a thagann chun cinn ón Idirnascaire Thoir-Thiar agus seirbhísí an Oibritheora Mhargaidh le custaiméirí le linn na bliana airgeadais agus níl cáin bhreisluacha san áireamh.

Meastar go bhfuil an Grúpa ina phríomhpháirtí sa socrú nuair a rialaíonn sé seirbhís gheallta sula n-aistríonn sé í chuig custaiméir nó sula gcomhlíonann sé oibleagáid na feidhmíochta é féin, agus nuair a aithníonn sé an t-ioncam ar ollbhonn dá réir sin.

#### *Ioncam Úsáid Tarchurtha an Chórais OCT:*

Tagann an príomhioncam ón taraif maidir le hÚsáid Tarchurtha an Chórais (TUoS), ar muirear é atá le hóc ag gach úsáideoir de chuid na gcóras tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Taifeadtar ioncam ó sholáthar tharchur an leictreachais (oibleagáid feidhmíochta) ag pointe ama faoi leith (de réir mar a tharchuirtear an leictreachas) bunaithe ar MW an leictreachais a iompraítear. Aithnítear ioncam billeáilte mar thrádáil infhaighte agus nochtar ioncaim neamhbhilleáilte ar leithligh.

#### *Ioncam an Oibritheora Mhargaidh:*

Oibleagáid an Oibritheora Mhargaidh ná díol an leictreachais a éascú le socrú leanúnach (oibleagáid feidhmíochta) an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Faigheann SEMO taraifí an oibritheora mhargaidh as na seirbhísí sin, lena n-áirítear muirir sheasta bunaithe ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus costais athraitheacha bunaithe ar an MW leictreachais arna thrádáil sa mhargadh.

Ainmníodh EirGrid plc agus SONI Teoranta mar Oibritheoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (NEMO) ag an gCoimisiún um Rialáil Fónais in Éirinn agus ag an Rialtóir Fónais i dTuaisceart Éireann. Ceadaíonn ainmniúcháin NEMO do EirGrid plc agus SONI Teo. ceantáil an lá dar gcionn agus margaí ionlae le haghaidh trádála a sholáthar (oibleagáid feidhmíochta) sa Mhargadh Leictreachais Aonair mar gheall ar an gcomhfhiontar conartha atá acu, SEMOpx. Taifeadtar ioncam ag pointe ama faoi leith de réir mar a dhéantar an t-idirbheart.

#### *An tIdirnascaire Thoir-Thiar – Ioncam Acmhainne:*

Glacann an tIdirnascaire Thoir-Thiar páirt sna ceantanna acmhainne i margaí an Mhargaidh Leictreachais Aonair agus na Ríochta Aontaithe, áit a mbíonn roinnt ceantanna ar siúl le linn na bliana. D'éirigh go maith leis an Idirnascaire Thoir-Thiar sna margaí seo roimhe seo agus faigheann sé ioncam acmhainn le haghaidh gach MW a dhíoltar leis an margadh sa cheant (oibleagáid feidhmíochta). Aithnítear an t-ioncam acmhainne le himeacht ama toisc go reáchtáiltear na ceantanna le haghaidh acmhainn shonraithe gach bliain ina n-éilítear go mbeidh an gineadóir ar fáil. Cuireann na hamlínte san áireamh próisis chun riachtanais acmhainne, srianta áitiúla agus cáilíocht aonaid a shocrú.



## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### *An tIdirnascaire Thoir-Thiar – Ioncam Plódaithe:*

Cúitítear an tIdirnascaire Thoir-Thiar as difríochtaí praghsanna a laghdú ('plódú') idir réigiúin an mhargaidh agus faigheann sé ioncaim phlódaithe. Díorthaíonn sé ó iompar an leictreachais (oibleagáid feidhmíochta) idir Éire agus an Bhreatain Mhór.

### *An tIdirnascaire Thoir-Thiar – Díol FTRanna:*

Díolann an tIdirnascaire Thoir-Thiar Cearta maidir le Tarchur Fadtéarmach mar Chearta Tarchurtha Airgeadais (FTRanna). Is cineál conartha le haghaidh difríochta iad FTRanna a nasctar le praghsanna in dhá mhargadh atá nasctha le chéile agus deonaíonn siad an ceart don sealbhóir (oibleagáid feidhmíochta) raon difríochta praghsanna margaidh a fháil le linn na tréimhse FTR. Bainistíonn an Joint Allocation Office riarachán FTRanna agus ní contrapháirtí de chuid na trádála FTR é an tIdirnascaire Thoir-Thiar. Díoltar FTRanna ar ardán ceantála i gceantanna míosúla, ráithiúla, séasúracha agus bliantúla. Is ionann an t-ioncam agus an méid arna bhailiú ag an nGrúpa ó cheantáil FTR arna thairfead ar bhonn atá comhréireach leis an am thar thréimhse an chonartha FTR.

### *Coigeartuithe Rialála:*

I gcás ina mbíonn ioncam a fhaightear nó infháltas mar chúis le méid a sháraíonn an spriocmhéid arna shocrú ag comhaontú rialála, déanfar coigeartuithe ar tharaifí amach anseo chun an aisghabháil ró-ard a léiriú. Ní aithnítear aon dliteanas mar go léireoidh an rialtóir é seo mar tharaifí laghdaithe i dtréimhsí tarchurtha amach anseo, agus beidh ioncaim níos ísle mar thoradh air seo le linn na dtréimhsí sin. Ar an mbonn céanna, ní aithnítear aon sócmhainn i gcás ina gceadaíonn comhaontú rialála coigeartuithe a dhéanamh ar tharaifí amach anseo i ndáil le haisghabháil ró-ard atáthar ag meas go mbeidh sé fritháirithe ag méaduithe ar an taraif amach anseo.

Mar Oibríteoir Margaidh le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, ní ghníomhaíonn an Grúpa ar a shon féin i ndáil le díol nó ceannach leictreachais. Ní aithníonn an Grúpa airgead a dhíorthaíonn ó dhíol an leictreachais mar ioncam. Aithnítear iníocthaigh agus infháltais a bhaineann le trádáil an leictreachais sa Chlár Comhardaithe. Aithnítear airgead a fhaightear ó tharaifí atá faoi réir cinneadh rialála mar ioncam.

Léiríonn ioncam neamhbhilleáilte (sócmhainn chonartha) ioncam ó sheirbhísí tarchurtha leictreachais nár billeáladh i gcomhréir leis an gclár ama rialála. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte ar bhonn fabhráithe agus is é glanluach na cánach breisluacha é.

Léiríonn ioncam iarchurtha (dliteanas conartha) ioncam iarchurtha a eascraíonn as ceantanna FTR agus conarthaí Teileachumarsáide.

### **Costais dhíreacha**

Léiríonn costais dhíreacha na costais a bhaineann le soláthar na seirbhísí tarchurtha leictreachais do chustaiméirí le linn na bliana airgeadais go príomha, agus ní áirítear leis cáin bhreislucha. Áirítear le costais dhíreacha muirir úinéir na sócmhainní tarchurtha, eisíocaíochtaí um chearta tarchurtha airgeadais agus fosheirbhísí. Aithnítear costais dhíreacha de réir mar a thabhaítear iad.

### **Brabús oibriúcháin**

Tá formáid Ráitis Ioncaim glactha ag an nGrúpa, formáid a dhéanann iarracht aird a tharraingt ar na míreanna suntasacha laistigh de na torthaí le haghaidh na tréimhse. Dá réir sin, luaitear brabús oibriúcháin tar éis ghearradh na gcostas díreach agus tar éis na gcostas oibriúcháin eile ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Léiríonn costais oibriúcháin eile costais a bhaineann le fostaithe, táillí gairmiúla, conraitheoirí agus costais bunaithe go príomha. Aithnítear costais oibriúcháin eile de réir mar a thabhaítear iad.

### **Airgeadraí eachtracha**

Cuirtear Ráitis Airgeadais gach eintitis de chuid an Ghrúpa ar fáil in airgeadra na timpeallachta eacnamaíche príomha ina n-oibríonn an t-eintiteas (an t-airgeadra feidhmiúil). Chun críche na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite, tugtar na torthaí agus staid airgeadais gach eintitis de chuid an Ghrúpa in Euro, arb é sin agus airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra tuairiscithe le haghaidh na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha ag an ráta malairte a bhí i réim ar dháta na n-idirbheart. Ar dháta gach Chláir Chomhardaithe, athaistrítear sócmhainní airgeadaíocha agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí eachtracha leis na rátaí a bhí i réim ar an dáta sin, agus feictear difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite de réir mar a thagann siad aníos.

Nuair a chomhdhlúthaítear iad, aistrítear Ráitis Ioncaim an dá fhochuideachta atá ag an nGrúpa go Euro ag úsáid an mheánráta mhalairte. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí seo ag na rátaí malairte atá i réim ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tugtar difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú fhochuideachtaí airgeadra eachtrach an Ghrúpa go díreach chuig comhchuid scartha de chothromas na scairshealbhoírí.

Caitear le dea-thoil agus coigeartuithe ar chóirluach a eascraíonn as éadail na bhfochuideachtaí eachtracha amhail is gur sócmhainní agus dliteanais de chuid na bhfochuideachtaí eachtracha iad agus aistrítear iad ag úsáid an ráta reatha.

### Costais as sochair scoir

I gcás pleananna sochair sainithe, cinntear an costas a bhaineann le soláthar na sochar ag úsáid Mhodh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa, agus déantar luachálacha achtúireacha ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den bhrabús nó den chailleanas agus léirítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Léiríonn na hoibleagáidí i ndáil le sochar scoir a aithnítear sa Chlár Comhardaithe luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe arna laghdú de chóirluach shócmhainní an phlean. Tá aon sócmhainn a eascraíonn as an ríomh seo teoranta do chostas na seribhíse roimhe seo, móide luach láithreach cistí atá ar fail agus laghduithe ar ranníocaíochtaí amach anseo leis an bplan.

Cuirtear uasteorainn sócmhainne pinsin i bhfeidhm ar na sócmhainní pinsin mura mbíonn aon cheart neamhchoinníollach ann chun sócmhainní na scéimeanna a bhaint amach tráth éigin le linn shaolré an phlean nó nuair a shocrófar an plan.

Caipitlítear na costais a bhaineann le seirbhís reatha an tsochair scoir le haghaidh fostaithe atá bainte le tionscadail caipitil sa Chlár Comhardaithe de réir mar a thabhaítear na costais.

Feidhmíonn an Comhlacht plan ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is é atá i bplan ranníocaíochta sainithe ná plan pinsin faoina n-íocann an Comhlacht ranníocaíochtaí sainithe le haonán ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim nuair a bhíonn siad dlite. Taispeántar na méideanna nár íocadh i bhfabhráithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

### Cánachas

Léiríonn caiteachas cánach ioncaim iomlán na cánach atá le híoc i láthair na huair chomh maith leis an gcáin iarchurtha.

Tá an cháin atá le híoc faoi láthair bunaithe ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais. Tá brabús inchánach difriúil le brabús mar a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim toisc go gcuireann sé míreanna ioncaim nó caiteachais atá inchánach nó inasbhainte roimh cháin i dtréimhsí eile as an áireamh, agus chomh maith leis sin, cuireann sé míreanna eile nach mbíonn inchánach nó inasbhainte roimh cháin riamh as an áireamh. Ríomhtar dliteanas an Ghrúpa i leith cáin reatha ag úsáid rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Chláir Chomhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na dliteanas sna Ráitis Airgeadais agus na boinn chomhfhreagracha cánach a úsáidtear i ríomh an bhrabúis inchánaigh, agus cuirtear san áireamh é ag baint úsáid as modh dliteanais an chláir chomhardaithe. Is iondúil go n-aithnítear dliteanais chánach iarchurtha le haghaidh gach difríochta shealadaigh inchánaigh, agus is iondúil go n-aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh gach difríochta shealadaigh atá inasbhainte roimh cháin a mhéid is dócha go mbeidh brabúis inchánacha ar fáil, agus a mhéid is féidir na difríochtaí sealadacha sin atá inasbhainte roimh cháin a úsáid ina leith. Ní aithnítear sócmhainní ná dliteanais den sórt sin má eascraíonn an difríocht shealadach as aithint tosaigh na dea-thola.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha ag na rátaí cánach atáthar ag ceapadh go gcuirfí i bhfeidhm iad sa tréimhse ina socraítear an dliteanas nó sa tréimhse ina mbaintear amach an tsócmhainn, bunaithe ar rátaí cánach (agus dlíthe cánach) a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Léiríonn tomhas na ndlíteanas agus sócmhainní cánach iarchurtha na hiarmhairtí cánach a leanfadh an bealach, a bhfuil súil ag an nGrúpa leis, ag an dáta tuairiscithe, chun suim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhlíteanas a aisghabháil nó a shocrú. Gearrtar an cháin iarchurtha, nó cuirtear do shochar e, sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin nuair a bhaineann sé le míreanna a ghearrtar ar ioncam cuimsitheach eile nó go díreach chuig an gcothromas, nó míreanna a chuirtear do shochar na nithe seo, agus sa chás seo, pléitear leis an gcáin iarchurtha laistigh d'ioncam cuimsitheach nó cothromas eile de réir mar is cuí.

Déantar sócmhainní agus dlíteanas cánach iarchurtha a fhritháireamh nuair a bhí ceart infheidhmithe le dlí ann chun sócmhainní a fhritháireamh i leith dlíteanas cáin reatha agus nuair a bhíonn sé i gceist ag an nGrúpa a shócmhainní agus dlíteanas cáin reatha a shocrú ar ghlanbhonn.

### Sealúchas, gléasra agus trealamh

Luaitear sealúchas, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide an dímheas carntha agus aon chailteanas mallachair carntha, seachas i gcás talamh ruílse a thaispeántar ar a chostas lúide mallachar.

Aithnítear dímheas chun costas na sócmhainní thar a saolré ionchais mheasta a dhíscríobh, ag úsáid mhodh an mhéid chothroim. Déantar athbhreithniú ar shaolré ionchais mheasta, luachanna iarmharacha agus an modh dímheasa ag deireadh gach tréimhse, agus cuirtear éifeacht aon cheann de na hathruithe seo sa mheastachán san áireamh ar bhonn ionchasach.

Is iad seo a leanas na tréimhsí dímheasa le haghaidh phríomhchatagóirí an tsealúchais, an ghléasra agus an trealaimh:

- Feabhsúcháin ar fhoirgnimh léasacha: thar thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsúcháin: idir 5 agus 15 bliana;
- Daingneáin agus feistiú: 5 bliana;
- Trealamh TF, teileachumarsáide agus eile: idir 3 agus 8 mbliana;
- Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite: 5 bliana.

Is iad seo a leanas na tréimhsí dímheasa le haghaidh chatagóir an Idirnascaire Thoir-Thiar laistigh den sealúchas, den ghléasra agus den trealamh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tionairí, trádstóras agus trealamh: 30 bliain;
- Fuíoll-trasfhoirmeoir agus páirteanna spártha: 30 bliain;
- Córas rialúcháin an tiontaire: 15 bliana;
- Trealamh an fhreastalaí TF: 6 bliana; agus
- Suirbhé Mara: 3 bliana.

Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála.

Iompraítear sócmhainní i gcaitheamh tógála ar a gcostas lúide aon chailteanas laige aitheanta. Áirítear le costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastal, costais sochair scoir agus aon chostas eile a tabhaíodh a bhaineann go díreach le tógáil sócmhainní den sórt sin. Déantar na sócmhainní seo a athaicmiú ar chatagóirí chúí agus tosaíonn dímheas ar na sócmhainní seo nuair a bhíonn na sócmhainní réidh don úsáid atá beartaithe dóibh.

Cinntear an brabús nó an cailteanas a eascraíonn as diúscairt nó scor sealúchais, gléasra agus trealaimh mar an difríocht idir fáltais na nglandíolachán agus suim ghlanluacha na sócmhainne a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim.

### Costais iasachta

Cuirtear costais iasachtaithe a bhaineann go díreach le héadáil, tógáil nó táirgeadh na sócmhainní incháilithe, ar sócmhainní iad a theastaíonn tréimhse mhaith ama chun iad a ullmhú le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh nó le haghaidh an díolacháin, cuirtear iad le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní sin réidh le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

I gcás ina n-úsáidtear iasachtaí ar rátaí athraitheacha chun sócmhainn incháilithe a mhaoiniú agus iad fálaíthe i bhfálú éifeachtach ar an sreabhadh airgid de riosca ráta úis, is ionann an t-ús móide costas na sócmhainne incháilithe agus costas an ghlan-úis tar éis éifeacht an fhálaíthe.

Asbhaintear ioncam infheistíochta a shaothraítear ar infheistíocht shealadach iasachtaí sonracha ag feitheamh leis an gcaiteachas ar shócmhainní incháilithe o na costais iasachtaithe le haghaidh caipitlithe.

Aithnítear gach costas iasachtaithe eile mar bhrabús nó mar chailleanas sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

### Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó ar leithligh ón dea-thoil i gcás ina sásaíonn siad sainmhíniú na sócmhainne doláimhsithe agus i gcás inar féidir a gcóirluachanna a thomhais go beacht. Costas sócmhainní doláimhsithe den sórt sin ná an cóirluach a bhí orthu ar dháta na héadála. Tar éis na haitheanta tosaigh, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus cailleanais laige charntha. I gcás ina mbíonn saolré ionchais fhinideach mheasta ag sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh ar bhonn an mhéid chothroim thar a shaolré ionchais mheasta.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil saolré neamhshonrach ag na comhaontuithe ceadúnais mar oibrítheoir córas tarchurtha agus oibrítheoir margaidh le haghaidh Tuaisceart Éireann. Measadh na príomhfhachtóirí a leanas agus saolré ionchais na gcomhaontuithe ceadúnais thuas á gcinneadh; úsáid mheasta, saolré thipiciúil táirgí de shócmhainní comhchosúla a úsáidtear ar bhealach comhchosúil, seasmhacht an tionscail ina n-oibrítear an tsócmhainn, tréimhse rialúcháin thar an tsócmhainn agus dátaí éaga comhaontuithe ceadúnais. Ní dócha go gcuirfí na ceadúnais thuas ar ceal agus toisc go bhfuil na ceadúnais neamhiata in-athnuaite agus toisc nach bhfuil aon teorainn inmheasta leis an tréimhse lena measfaí go mbeadh an tsócmhainn ag giniúint glan-insreabhadh airgid le haghaidh an Ghrúpa, tá bonn tuisceana go bhfuil saolré neamhshonrach aige réasúnta. Déantar tástáil ar na sócmhainní seo le haghaidh mallachair go bliantúil.

Luaítear bogearraí ríomhaireachta, lena n-áirítear bogearraí ríomhaireachta nach bhfuil mar chuid chomhtháite de chrua-earraí ríomhaireachta, mar chostas lúide aon amúchadh carntha agus aon chailleanas carntha laige. Cuimsíonn an costas an praghas ceannaigh agus aon chostas eile a bhaineann go díreach leis.

Aithnítear bogearraí ríomhaireachta má chomhlíonann sé na critéir a leanas:

- is féidir sócmhainní a aithint ar leithligh;
- is dócha go nginfidh an tsócmhainn a cruthaíodh sochair eacnamaíocha amach anseo;
- is féidir costas forbartha na sócmhainne a thomhas go beacht;
- is dócha go rachaidh aon sochar eacnamaíoch measta amach anseo, a bhaineann leis an tsócmhainn, chuig an eintiteas; agus
- is féidir costas na sócmhainne a thomhas go beacht;.

Caipitlítear costais a bhaineann le forbairt bogearraí ríomhaireachta le haghaidh úsáid inmheánach nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais a thugtar thuas.

Is iad seo a leanas na tréimhsí amúchta le haghaidh na bpríomhchatagóirí de shócmhainní doláimhsithe:

- Sócmhainn Leictreachais Aonair Chomhtháite: 5 bliana;
- Bogearraí eile: idir 3 agus 8 mbliana.

Iompraítear bogearraí atá á bhforbairt ar a gcostas lúide aon chailleanas laige aitheanta. Áirítear le costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastal, costais sochair scoir agus aon chostas eile a tabhaíodh a bhaineann go díreach le tógáil sócmhainní den sórt sin. Déantar na sócmhainní seo a athaicmiú ar chatagóirí chúil agus tosaíonn amúchadh ar na sócmhainní seo nuair a bhíonn na sócmhainní réidh don úsáid atá beartaithe dóibh.

Déantar athbhreithniú ar shaolré ionchais mheasta agus an modh amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, agus cuirtear éifeacht aon cheann de na hathruithe seo sa mheastachán san áireamh ar bhonn ionchasach.



## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáíochta (ar lean)

Déantar athbhreithniú ar shuim ghlanluacha sócmhainní doláimhsithe, ag a bhfuil saolré fhinideach, le haghaidh táscairí maidir le mallachar ag gach dáta tuairiscithe agus bíonn siad faoi réir tástála mallachair nuair a thugann teagmhais nó athruithe ar thosca go bhféadfaí nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghafa.

### Mallachar sócmhainní

Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a shócmhainní doláimhsithe agus sealúchas, gléasra agus trealamh ar dháta gach Cláir Chomhardaithe chun a cinneadh an bhfuil comhartha ann go bhfuil aon chaillteanas laige ag baint leis na sócmhainní sin. Má ann d'aon chomhartha den sórt sin, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne chun méid an chaillteanais laige a chinneadh (más ann d'aon cheann). I gcás nach féidir méid in-aisghabhála sócmhainn aonair, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid thirim (CGU) lena mbaineann an tsócmhainn. I gcás inar féidir bunús réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáide ar CGUanna aonair freisin, nó seachas sin, leithdháiltear iad ar an ngrúpa is lú de CGUanna ar féidir bunús leithdháilte réasúnta comhsheasmhach a aithint dó.

Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde den chóirluach lúide costais chun iad a dhíol agus luach úsáide. Agus measúnú á dhéanamh ar luach úsáide, lascaíntear an sreabhadh airgid measta amach anseo ar an luach láithreach ag úsáid ráta lascaine réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh maidir le hamluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach ndearnadh meastacháin an tsreafa airgid amach anseo a choigeartú ina taobh go fóill.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU níos lú ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha na sócmhainne nó GCU chuig an méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas laige láithreach sa Ráiteas loncaim, mura n-iompraítear an tsócmhainn ábhartha nó CGU ar mhéid athluacháilte, agus sa chás sin caitear leis an gcaillteanas laige mar laghdú athluachála.

### Dlíteanas léasa agus sócmhainní i ndáil le ceart úsáide

Glacann an Grúpa léasanna le haghaidh réimse sócmhainní, go háirithe i ndáil le foirgnimh, feithiclí agus ceadúnais urthrá. Bíonn téarmaí éagsúla agus cearta athnuachana ag baint leis na léasanna seo. Ní fhorfheidhmíonn téarmaí agus coinníollacha na léasanna seo srianta suntasacha airgeadais ar an nGrúpa.

Tá léas i gconradh má bhíonn sé infhorfheidhmithe agus má thugann sé lios go bhfuil an ceart ar rialú úsáide na sócmhainne sonraithe ann ar feadh tréimhse ama mar mhalartú ar chomaoín, a ndéantar measúnú air tráth a cheaptha. Déanann an Grúpa measúnú le feiceáil an léas é an Conradh, nó le feiceáil an bhfuil léas sa chonradh, tráth a cheaptar an Conradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn i ndáil le ceart úsáide agus dlíteanas léasa comhfhreagrach maidir le gach comhaontú léasú ina bhfuil sé ina léasaí seachas léasanna gearrthréimhseacha (a shonraítear mar léasanna ag a bhfuil téarma léasa cothrom le 12 mhí nó níos lú) agus léasanna a bhaineann le sócmhainní luach íseal (amhail míreanna beaga de threalamh oifige). Maidir leis na léasanna seo, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasanna mar chaiteachas oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa. Tá sé beartaithe ag an nGrúpa freisin comhchodanna neamhléasa a scaradh ó chomhchodanna léasa. Cuimsíonn na comhchodanna neamhléasa táillí seirbhíse ar léasanna réadmhaoine agus táillí cothabhála i ndáil le mótarfeithiclí.

Ar dtús, tomhaistear an dlíteanas léasa ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa gan íoc ag an dáta tosaigh, arna lascaíniú trí úsáid a bhaint as an ráta atá intuigthe sa léas. Mura féidir an ráta seo a chinneadh go héasca, úsáideann an Grúpa a ráta iasachta incriminteach.

Cuimsítear le híocaíochtaí léasa atá i dtomhas an dlíteanais léasa na nithe a leanas:

- Íocaíochtaí léasa seasta (lena n-áirítear íocaíochtaí seasta), lúide aon dreasacht léasa is féidir a fháil;
- Íocaíochtaí léasa athraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, arna dtomhas ar dtús ag baint úsáide as an innéacs nó an ráta ag an dáta tosaigh;
- Íocaíochtaí léasa seasta (lena n-áirítear íocaíochtaí seasta), lúide aon dreasacht léasa is féidir a fháil;
- Íocaíochtaí léasa athraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, arna dtomhas ar dtús ag baint úsáide as an innéacs nó an ráta ag an dáta tosaigh;
- An méid atá le híoc ag an léasaí faoi na barántais luach iarmharach;

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

- Praghas feidhmithe na roghanna ceannaigh, má bhíonn an léasaí cinnte a dhóthain na roghanna a fheidhmiú; agus
- Íocaíochtaí pionós as an léas a fhoirceannadh, má léiríonn an téarma an leasa feidhmiú rogha chun an léas a fhoirceannadh.

Úsáidtear roghanna foirceanta i roinnt léasanna réadmhaoine ar fud an Ghrúpa chun solúbthacht oibriúcháin a sholáthar i ndáil le bainistiú na sócmhainní. Ní áirítear le téarma an léasa roghanna sínte ach amháin má bhítear cinnte a dhóthain go gcuirfí síneadh ama leis an léas (nó nach bhfoirceannfar é).

Is iondúil go meastar na fachtóirí a leanas agus cinneadh á dhéanamh ar cheart rogha foirceanta a fheidhmiú:

- Má bhíonn pionóis shuntasacha ag baint le foirceannadh; Má bhíonn an Grúpa cinnte a dhóthain nach bhfoirceannfar
- Má thagann úsáid na sócmhainne le straitéis an Ghrúpa go fóill

Cuirtear an dlíteanas léasa in iúl ar líne ar leithligh sa ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais. Tomhaistear an dlíteanas léasa ina dhiaidh sin agus an tsuim ghlanluacha á méadú chun ús ar an dlíteanas léasa a léiriú (ag úsáid modh an úis éifeachtaigh) agus tríd an tsuim ghlanluacha a laghdú chun na híocaíochtaí léasa arna ndéanamh a léiriú.

Tomhaiseann an Grúpa an dlíteanas léasa agus déanann sé coigeartú comhfhreagrach ar an tsócmhainn i ndáil le ceart úsáide lena mbaineann in aon cheann de na cásanna a leanas:

- Athraíodh téarma an léasa nó tharla teagmhas suntasach nó athrú ar thosca lena mbaineann athrú ar mheasúnú fheidhmiú rogha ceannaigh, agus sa chás sin, déantar atomhas ar an dlíteanas léasa trí na híocaíochtaí léasa a lascainiú ag úsáid lascaine leasaithe.
- Athraíonn na híocaíochtaí léasa de bharr athruithe ar innéacs nó ráta nó athrú ar an íocaíocht a bhfuil súil leis faoi luach iarmharach ráthaithe, agus i gcásanna den sórt sin déantar atomhas ar an dlíteanas léasa trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid ráta lascaine neamhathraithe (mura tharla an t-athrú ar íocaíochtaí léasa mar gheall ar athrú ar ráta comhlúthach úis, agus i gcás den sórt sin, úsáidtear ráta lascaine leasaithe).
- Déantar mionathrú ar chonradh léasa agus ní chuirtear an mionathrú léasa san áireamh mar léas ar leithligh, agus i gcás den sórt sin déantar atomhas ar an dlíteanas léasa bunaithe ar théarma léasa an léasa mhionathraithe trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid ráta lascaine leasaithe atá éifeachtach ar dháta an mhionathraithe.

Cuirtear na sócmhainní i ndáil le ceart úsáide in iúl ar líne ar leithligh sa ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais.

Déantar tomhas ar na sócmhainní i ndáil le ceart úsáide ar a gcostas, lena gcuimsítear na nithe a leanas:

- méid thomhas tosaigh an dlíteanais léasa
- aon íocaíocht léasa arna déanamh ar an dáta tosaigh nó roimhe lúide aon dreasacht léasa a fuarthas
- aon chostas díreach tosaigh
- costais athchóirithe

Déantar sócmhainní i ndáil le ceart úsáide a dhímheas thar an tsaolré is giorra idir saolré ionchais na sócmhainne agus téarma an léasa ar bhonn an mhéid chothroim. Má bhíonn an Grúpa réasúnta cinnte go bhfeidhmeofaí rogha ceannaigh, déantar sócmhainn i ndáil le ceart úsáide a dhímheas thar shaolré ionchais na bunsócmhainne.

Aithnítear íocaíochtaí a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha agus gach léas de chuid sócmhainn ag a bhfuil luach íseal ar bhonn an mhéid chothroim mar chaiteachas i mbrabús nó i gcaillteanas. Is ionann léasanna gearrthréimhseacha agus léasanna ag a bhfuil téarma léasa de 12 mhí nó níos lú.

### Deontais

Cuirtear deontais a bhaineann le caipitil san áireamh mar ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe má tá an tsócmhainn á húsáid agus má scaoiltear le brabús nó cailteanas é thar shaolré ionchais na sócmhainní lena mbaineann. Má bhíonn an tsócmhainn á tógáil fós, déantar an deontas a ríomh lúide luach anonn na sócmhainne.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear deontais ioncaim mar ioncam thar na tréimhsí riachtanacha chun teacht leis an deontas ar bhonn córasach maidir leis na costais dá bhfuil sé beartaithe.

Ní aithnítear deontais go dtí go bhfuil dearbhú réasúnta ann go gcomhlíonfaidh an Grúpa na tosca a cheanglaíonn iad agus go bhfaighfear na deontais.

### Sócmhainní airgeadais agus dliteanais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ar an gClár Comhardaithe nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí maidir le soláthar conartha ionstraime. Nuair a aithnítear ar dtús é, aicmítear sócmhainn airgeadais mar a thomhaistear é ag costas amúchta, cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile nó cóirluach trí bhrabús agus trí chaillteanas. Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a athaicmiú tar éis a aitheanta tosaigh mura n-athraíonn an Grúpa a mhúnla gnó chun sócmhainní airgeadais a bhainistiú. Tomhaistear na dliteanais airgeadais ar chostas amúchta.

Tomhaistear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais ar chóirluach trí ioncam cuimsitheach eile toisc nach sealbhaítear iad le haghaidh trádála.

Tomhaistear sócmhainn airgeadais ar an gcósta amúchta má chomhlíonann se an dá thoisc seo a leanas agus mura n-ainmnítear é ag an gcóirluach trí bhrabús agus trí chaillteanas:

- Sealbhaítear é laistigh de mhúnla gnó, arb é a chuspóir é sócmhainní a shealbhú agus sreabhadh airgid conartha a bhailiú; agus
- Bíonn sreabhadh airgid ann ar dhátaí sonraithe mar gheall ar a dtéarmaí conartha, sreabhadh airgid atá ann le haghaidh íocaíochtaí de phríomhshuim nó d'ús ar an bpríomhshuim gan íoc.

Comhlíonann infháltais trádála, infháltais eile agus costais iarchurtha tionscadail na tosca seo agus tomhaistear iad ar an gcostas amúchta dá bharr sin.

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a iompraítear airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí ardleachtachta gearrthréimhseacha eile atá inmhalartaithe go héasca chuig méid aitheanta airgead tirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach i ndáil le hathruithe ar an luach.

Tomhaistear iníochtaigh thrádála ar aithint tosaigh ar an luach sonraisc, a mheasann cóirluach agus a iompraíonn costas amúchta ina dhiaidh sin. Ní bhaineann ús le trádáil agus iníochtaigh eile.

Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús ar an gcóirluach, arb ionann é agus luach na bhfáltas a fuarthas lúide costais shocraithe lena mbaineann go díreach. Tar éis na haitheanta tosaigh, luaitear na hiasachtaí seo ar an gcostas a múchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ar an gClár Comhardaithe nuair a scoireann an Grúpa de bheith ina pháirtí maidir le soláthar conartha ionstraime.

Fritháirítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais, chomh maith leis an nglanmhéid arna chur in iúl sa chlár chomhardaithe, nuair a bhíonn ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus nuair atá sé beartaithe aige iad a shocrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a scaoileadh agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

### Soláthairtí agus dliteanais theagmhasacha

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid reatha (dlíthiúil nó cuiditheach) ag an nGrúpa mar gheall ar theagmhas roimhe sin, agus is dócha go gceanglófaí ar an nGrúpa an oibleagáid sin a shocrú agus is féidir meastachán beacht a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Is é an méid a aithnítear mar sholáthar an meastachán is fearr maidir leis an gcomaoin a éilítear chun an oibleagáid reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe agus na rioscaí agus neamhchinnteachtaí maidir leis an oibleagáid á gcur san áireamh. I gcás ina dtomhaistear soláthar ag úsáid sreabhadh airgid a measadh chun an oibleagáid reatha a shocrú, is ionann an tsuim ghlanluacha agus luach láithreach an tsreafa airgid (níor a bhíonn éifeacht an amluacha airgid ábhartha). Nuair a mheastar go n-aisghabhfaí roinnt sochar eacnamaíoch, nó na sochair eacnamaíocha ar fad ó thrí páirtí, a éilítear chun soláthar a shocrú, aithnítear infháltas mar shócmhainn má bhítear nach mór cinnte go bhfaighfí aisíocaíocht agus gurbh fhéidir méid an infháltais a thomhais go beacht.

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

Nuair nach dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh sochair gheilleagracha, nó nár féidir an méid a mheas go hiontaofa, nochtar an oibleagáid mar dhliteanas teagmhasach, mura bhfuil caolseans ann go dtarlóidh eis-sreabhadh sochair gheilleagracha. Déantar oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, nárbh fhéidir iad a dheimhniú ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn ceann amháin nó níos mó de theagmhais sa todhchaí, a nochtadh mar dhliteanas theagmhais mura bhfuil caolseans ann go dtarlóidh eis-sreabhadh sochair gheilleagracha.

### Ionstraimí díorthacha airgeadais

Glacann an Grúpa páirt i mbabhtáil ráta úis chun an neamhchosaint roimh riosca ráta úis a bhainistiú. Nochtar tuilleadh mionsonraí maidir le hionstraimí díorthacha airgeadais i nóta 26.

Aithnítear ionstraimí díorthacha airgeadais ar an gcóirluach ar an dáta ar a gcuirtear tús leis an gconradh díorthach agus déantar atomhas air ina dhiaidh sin ar an gcóirluach ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Cinntear cóirluach na babhtála ráta úis ar an data tuairiscithe trí bhíthin an sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú ag úsáid fachtóirí lascainithe idirshuite ó chuir an ráta úis ar an dáta tuairiscithe arna choigeartú le haghaidh riosca creidmheasa an chontrapháirtí. Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas dá bharr sin mar bhrabús nó mar chaillteanas láithreach mura n-ainmnítear aon díorthach agus éifeachtach mar ionstraim fálaíthe, agus i gcás den sórt sin, braitheann amú na haitheanta mar bhrabús nó mar chaillteanas ar staid an chaidrimh fhálaíthe.

### Ionstraimí fálaíthe

Ainmníonn an Grúpa a bhabhtáil rata úis mar fhálú ar an sreabhadh airgid. Éilíonn sé seo ar an nGrúpa a chinntiú go mbeidh an caidreamh cuntasáiochta fálaíthe ailínithe lena spriocanna agus a straitéis bainistíochta riosca agus cur chuige a bheidh níos cáilíochtúla agus níos réamhbhreathnaithe chun measúnú ar éifeachtúlacht fál a chur i bhfeidhm. Ag céim cheaptha an chaidrimh fhálaíthe, déanann an Grúpa taifead ar an gcaidreamh idir an ionstraim fálaíthe agus an mír fhálaíthe, chomh maith lena chuid cuspóirí um bainistiú riosca agus an straitéis atá aige chun idirbhearta fálaíthe éagsúla a ghlacadh. Anuas air sin, ag céim cheaptha an fhálaíthe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa taifead ar éifeacht ard na hionstraime fálaíthe a úsáidtear sa chaidreamh fálaíthe i ndáil leis na hathruithe ar shreabhadh airgid na míre fálaíthe a fhritháireamh.

Aithnítear scair éifeachtach na n-athruithe ar chóirluach na babhtála ráta úis agus tá siad incháilithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile agus carntar iad sa chothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas a bhaineann leis an scair neamhéifeachtach láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus cuirtear san áireamh é sna costais airgeadais sa Ráiteas ar Ioncam. Athchúrsáiltear méideanna a charntar i gcothromas mar bhrabús nó mar chaillteanas sna tréimhsí ina n-aithnítear an mhír fhálaíthe mar bhrabús nó mar chaillteanas, ar an líne chéanna den Ráiteas ar Ioncam leis an mír fhálaíthe aitheanta, nó cuirtear san áireamh é mar choigeartú bonnlíne ar mhír fhálaíthe neamhairgeadais.

Scoirtear d'úsáid an chuntasáiocht fhálaíthe nuair a aisghaireann an Grúpa an caidreamh fálaíthe, nuair a théann an ionstraim fhálaíthe in éag nó nuair a dhíoltar, nuair a fhoirceannantar nó nuair a fheidhmítear cuntasáiocht fhálaíthe, nó nuair nach mbíonn cuntasáiocht fhálaíthe incháilithe a thuilleadh.

Leagtar amach le nóta 26 na mionsonraí ar chóirluachanna babhtála ráta úis reatha an Ghrúpa a úsáidtear chun críocha fálaíthe. Mionsonraítear gluaiseachtaí sa chúltaisce fálaíthe sa chothromas chomh maith sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

### Mallachar sócmhainní airgeadais

Éilítear le IFRS 9 go n-aithneofaí na soláthair mhallachair bunaithe ar chaillteanas mheasta do shochar ('ECL'). Baineann sé le sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta, sócmhainní conartha faoi IFRS 15, ioncam ó chonradh le custaiméirí. Maidir le infháltais thrádála agus sócmhainní conartha, cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe IFRS 9 i bhfeidhm chun cailteanas mheasta chreidmheasa a thomhas, rud a úsáideann lamháltas de chaillteanasúint a bhfuil súil leis thar shaolré. Tá na lamháltais chaillteanas ar shócmhainní airgeadais bunaithe ar an mbonn tuisceana faoi riosca loicthe agus rátaí cailteanas ionchais. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na boinn tuisceana seo á ndéanamh agus na hionchuir á roghnú maidir leis na ríomhanna i ndáil le cailteanas measta ar chreidmheas, bunaithe ar bheartas bainistíochta riosca creidmheasa an Ghrúpa, ar an stair, ar thosca reatha margaidh agus meastacháin a fhéachann chun tosaigh ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

Maidir le gach sócmhainn airgeadais eile, aithníonn an Grúpa ECL saolré nuair a bhí méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón aithint tosaigh. Mar sin féin, murar mhéadaigh an riosca creidmheasa i ndáil leis an ionstraim airgeadais go suntasach ón aithint tosaigh, tomhaiseann an Grúpa an lamháltas cailteanas le haghaidh na hionstraime airgeadais sin ar mhéid atá cothrom le ECL 12 mhí. Léiríonn ECL saolré na cailteanas a bhfuil súil leo do shochar a bheidh mar thoradh ar gach teagmhas loicthe féideartha



## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

thar shaolré ionchais na hionstraime airgeadais. I gcodarsnacht leis sin, léiríonn ECL 12 mhí an scair de shaolré ECL a mheastar mar gheall ar theagmhais loicthe ar ionstraim airgeadais is féidir tarlú laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

### Iasachtaí lena mbaineann ús ar an luach cóir

Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús ar an gcóirluach, arb ionann é agus luach na bhfáltas a fuarthas lúide costais shocraithe lena mbaineann go díreach. Tar éis na haitheanta tosaigh, luaitear na hiasachtaí seo ar an gcostas a múchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

### Ioncam airgeadais agus costais

Saothraítear ioncam úis ar thaiscí bainc agus fabhraítear é ar bhonn ama de réir na tagartha ar an bpríomhshuim gan íoc agus ar an glanráta úis is infheidhme, arb é sin an rata a lascaíonn na fáltais airgid mheasta amach anseo ar feadh shaolré mheasta na sócmhainne airgeadais chuig luach anonn na sócmhainne sin.

Saothraítear ioncam freisin trí bhíthin ús, arna gcoigeartú ag an mboilsciú, a ghearradh ar chostais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha.

Cuimsíonn costais airgeadais ús ar iasachtaí agus babhtáil ráta úis lena mbaineann. Aithnítear costais airgeadais mar chaiteachas sa tréimhse ina dtabhaítear iad, ach amháin i gcás ina mbaineann costais airgeadais go díreach le héadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainní incháilithe, agus sa chás sin cuirtear san áireamh iad mar chostais iasachtaithe.

Ríomhtar costais airgeadais ag úsáid modh an ráta úis ghlain, modh a bhaineann le ríomh costas amúchta dliteanas airgeadais agus leithdháileadh caiteachas úis thar an tréimhse ábhartha. Is ionann an ráta úis glan agus an ráta a lascaíonn na híocaíochtaí airgid measta amach anseo le linn shaolré mheasta an dliteanas airgeadais.

### Breithiúnais i ndáil le cuntasaíocht chriticiúil agus príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin

Le hullmhú na Ráiteas Airgeadais, ní mór don bhainistíocht meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh maidir leis na suimeanna glanluacha arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an Chláir Chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse sin nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a mheastar a bheith bainteach. Fágann saintréithe an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhrí bheith difriúil leis na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus na boinn tuisceana forluiteacha ar bhonn leanúnach.

Is ionann na nithe seo a leanas agus príomhfhoinsí maidir le meastachán agus neamhchinnteacht agus breithiúnais i ndáil le cuntasaíocht chriticiúil:

- **Soláthair**

Ar an 1 Eanáir 2020, tháinig Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach (“an Rialachán”) maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais i bhfeidhm, lena n-áirítear dliteanas féideartha le haghaidh an Ghrúpa faoi Airteagal 13. Cé go bhféadfaí go mbeadh an dliteanas féideartha cothrom le nialas, is dócha go bhfuil oibleagáid íocaíochta ag an nGrúpa amháin an 30 Meán Fómhair 2021 mar gheall ar an Rialachán sin. Cé go bhféadfadh réimse torthaí titim amach, creideann na stiúrthóirí go bhfuil an réimse réasúnta féideartha idir €23.6m agus €201.2m. Measadh soláthar de €51.4m (2020: €21.5m) mar an meastachán is fearr laistigh den réimse. Mar sin féin, toisc gur meastachán é seo, tá féidearthacht ann go bhféadfadh an dliteanas féideartha bheith cothrom le nialas nó níos airde nó níos ísle ná an réimse sin. Agus an dliteanas féideartha á mheas, tá boinn tuisceana bainte ag na stiúrthóirí i ndáil le léirmhíniú an Rialacháin toisc go bhfuil roinnt saincheisteanna casta ag baint leis. Braithfidh an méid deiridh ar an mbealach a gcuirfidh Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair Airteagail 12 agus 13 i bhfeidhm in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá an próiseas comhairliúcháin críochnaithe ach tá an tréimhse atá ag Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair chun Airteagal 13 a chur i bhfeidhm sa mhargadh neamhchinnte. De bharr na neamhchinnteachtaí lena mbaineann, is féidir go mbeadh athbhreithniú ar na meastacháin ag teastáil le linn na bliana má shoiléirítear léirmhínithe ar an Rialachán. Féach nóta 20 le haghaidh tuilleadh sonraí.

- **Saolré ionchais sealúchais, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe**

Léiríonn sealúchas, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe scair shuntasach de shócmhainní iomlána an Ghrúpa. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa agus amúchta ar shaolré ionchais gach cineáil sócmhainne go príomha, agus i dtosca áirithe, meastacháin na luachanna iarmharacha. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar an tsaolré ionchais agus na luachanna iarmharacha seo agus athraíonn sé iad más gá chun teacht leis na tosca reatha. Bíonn an tsaolré bunaithe ar thaithí stairiúil le sócmhainní

## 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

comhchosúla chomh maith le hionchasú teagmhas amach anseo, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tsaolré, amhail athruithe ar theicneolaíocht. Go dtí seo, ní raibh athruithe ábhartha ar mhúirear dímhéasa agus amúchta an Ghrúpa mar thoradh ar an tsaolré ionchais.

Déanann an Grúpa tástáil go bliantúil mar gheall ar shócmhainn an chomhaontaithe cheadúnais atá aige agus le feiceáil an ndearnadh aon mhallachar air. Cinneadh méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháiltear ar Aonad Giniúna Airgid Thirim (CGU) le ríomhanna ar luachanna úsáide, a úsáideann buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse suas go dtí 30 Meán Fómhair 2027. Éilíonn na ríomhanna seo úsáid meastachán agus bonn tuisceana, a phléitear ar bhealach níos mionsonraithe i nóta 12. Bhí an comhaontú cheadúnais a áiríodh leis na sócmhainní doláimhsithe amhail an 30 Meán Fómhair 2021 cothrom le €2.1m (2020: €2.0m).

### • Oibleagáidí Sochair Scoir

Oibríonn an Grúpa dhá phlean pinsin le sochar sainithe darb ainm 'EirGrid Fund' [Ciste EirGrid] agus 'SONI Pension Scheme' [Scéim Phinsin SONI]. Tá níos mó sonraí maidir leis na pléanna seo ar fáil i nóta 23. Tá luacháil aachtúreach dhliteanas an phlean pinsin bunaithe ar bhoinn tuisceana éagsúla airgeadais agus déimeagrafacha maidir leis an todhchaí, lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, méaduithe ar an tuarastal, méaduithe ar an bpinséan agus rátaí básmaireachta. Ríomhann aachtúirí atá cáilithe go neamhspleách oibleagáidí an Ghrúpa i ndáil leis na pléanna agus déantar iad a nuashonrú go bliantúil ar a laghad. Tá an oibleagáid amhail an 30 Meán Fómhair 2021 cothrom le €253.7m (2020: €224.7m) agus is ionann cóirluach na sócmhainní pléan agus €211.1m (2020: €182.1m). Fágann sé seo glan-easnamh pinsin de €42.6m le haghaidh an Ghrúpa roimh cháin iarchurtha (2020: €42.6m).

### • Léasanna

Agus an ráta iasachta incriminteach le haghaidh conarthaí léasa/dlíteanas á chinneadh, tá úsáid bainte ag an nGrúpa as eolas tagarmharcála seachtrach, nuair a bhí se in ann, agus tá téarma an léasa curtha san áireamh. Tá breithiúnas maidir le cinneadh théarma léasa na gconarthaí, lena n-áirítear roghanna athnuachana, curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa. Má bhíonn an Grúpa cinnte a dhóthain maidir le feidhmiú roghanna den sórt déanfaidh sé sin difear do théarma an léasa, agus do mhéid na ndlíteanas léasa agus na sócmhainní i ndáil le ceart úsáide a aithnítear dá réir sin. Déanann an Grúpa measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais seo arís má tharlaíonn teagmhas suntasach nó athrú suntasach ar na tosca.

### • Cáin iarchurtha

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha a mhéid is dócha go mbeidh brabús cánach amach anseo ar fáil agus is féidir aon chaillteanas cánach neamhúsáidte agus creidmheas cánach neamhúsáidte a úsáid ina leith seo. Measann an Grúpa an méid is dócha de bhrabúis inchánacha amach anseo, ag úsáid bonn tuisceana atá comhsheasmhach leo sin a chuirtear i bhfeidhm i ríomhanna mallachair. Is gá meastacháin a úsáid chun na ríomhaireachtaí sin a dhéanamh. Bhí an tsócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2021 cothrom le €19.3m (2020: sócmhainn cánach iarchurtha de €22.8m). Bhí an dlíteanas cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2021 cothrom le €34.6m (2020: dlíteanas cánach iarchurtha de €36.8m).

Tá réimsí eile ann ina n-éilítear meastacháin chuntasaíochta agus breithiúnas ach ní mheastar go bhfuil siad chomh suntasach céanna leis na nithe a luaitear thuas.

## 3. Eolas Deighleog agus Ioncaim

Is ionann deighleog fheidhmiúil agus cuid d'eintiteas a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnó ónar féidir leis ioncam a shaothrú agus costais a thabhtú, a ndéanann an Bord, príomhchinnteoir an eintitis i ndáil leis an oibriúchán, athbhreithniú rialta ar a thorthaí oibriúcháin, chun cinntí a dhéanamh maidir leis na hacmhainní atá le leithdháilleadh ar an deighleog agus measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus le feiceáil cén t-eolas airgeadais scoite atá ar fáil. Déantar anailís ar an nGrúpa i gcúig deighleog intuairiscithe chun críocha tuairiscithe inmheánaigh:

- Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid, a fhaigheann a chuid ioncaim ó sholáthar seirbhísí mar an Oibritheoir Córais Tarchurtha in Éirinn agus rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fóntais é. Tá trádáil i ndáil le EirGrid Telecoms Designated Activity Company, cuideachta a bhainistíonn ceadúnas an chábla snáthoptaice tráchtála arna thógáil mar chuid de thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar curtha san áireamh i ndeighleog Oibritheora Córais Tarchurtha EirGrid mar gheall ar a mhéid coibhneasta. Tá sciar Oibritheora Córais Tarchurtha EirGrid i sócmhainní agus dliteanas DAC an Idirnascaire Cheiltigh curtha san áireamh i ndeighleog Oibritheora Córais Tarchurtha EirGrid agus nochtar na sócmhainní agus dliteanas seo ar leithligh sa nóta ar chomh-oibríocht (nóta 11).
- Oibritheoir sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEMO) a fhaigheann a chuid ioncaim ó bheith ina Oibritheoir Margaidh le haghaidh mhargadh mórdhíola an leictreachais ar oileán na hÉireann.

### 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim (ar lean)

- Malartán Cumhachta an Oibritheora sa Mhargadh Leictreachais aonair ('SEMOpX'), a fhaigheann a chuid ioncaim ó sholáthar ceantanna an lá dar gcionn agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) tar éis a cheapacháin mar oibritheoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais ('NEMO') ar oileán na hÉireann.
- Oibritheoir Córais Tarchurtha SONI, atá ceadúnaithe ag Rialtóir Fónais Thuaisceart Éireann agus a fhaigheann a chuid ioncaim ó bheith ina Oibritheoir Córais Tarchurtha i dTuaisceart Éireann. Tá trádáil in EirGrid UK Holdings Limited, cuideachta shealbháochta fhochuideachta SONI curtha san áireamh i ndeighleog Oibritheora Córais Tarchurtha SONI.
- Malartán Cumhachta an Oibritheora sa Mhargadh Leictreachais aonair ('SEMOpX'), a fhaigheann a chuid ioncaim ó sholáthar ceantanna an lá dar gcionn agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) tar éis a cheapacháin mar oibritheoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais ('NEMO') ar oileán na hÉireann.
- Oibríocht agus úinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar, arb é an nasc idir eangaí leictreachais na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe é.

### 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim (ar lean)

Is iad seo a leanas na torthaí deighleoige le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021:

Míreanna an Ráitis ar Ioncam	Nóta	EirGrid Oibritheoir Córais Tarchurtha € '000	SEMO € '000	SEMO px € '000	SONI Oibritheoir Córais Tarchurtha € '000	An Idirnascaire Thoir-Thiar € '000	Cur as an áireamh € '000	Iomlán € '000
Ioncam na deighleoige		574,209	17,378	3,798	125,520	69,021	(52,567)	737,359
Costais dhíreacha		(481,338)	–	(2,191)	(95,809)	(8,259)	52,567	(535,030)
Ollbhrabús		92,871	17,378	1,607	29,711	60,762	–	202,329
Costais oibríúcháin eile (gan dímhéas nó amúchadh san áireamh)		(55,727)	(10,262)	(1,390)	(16,626)	(13,910)		(97,915)
Dímhéas agus amúchadh (glanmhéid an deontais amúchta)*		(24,858)	(2,180)	(36)	(6,727)	(13,442)		(47,243)
Iomlán na gcostas oibríúcháin eile		(80,585)	(12,442)	(1,426)	(23,353)	(27,352)		(145,158)
Brabús oibríúcháin		12,286	4,936	181	6,358	33,410		57,171
Ús agus ioncam eile								19
Costais airgeadais								(16,475)
Sciár den infheistíocht ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi								–
Brabús roimh cháin								40,715
Muirear na cánach ioncaim								(4,977)
Brabús don bhliain								35,738
<b>Míreanna an Chláir Chomhardaithe</b>								
Sócmhainní na deighleoige		670,473	174,597	3,004	87,701	465,885		1,401,660
Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe	12							2,072
Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite								1,403,732
Dlíteanas na deighleoige		617,447	132,797	619	48,022	232,987		1,031,872
Iomlán na ndlíteanas mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite								1,031,872

\* Dímhéas (nóta 13 agus 14) + amúchadh doláimhsithe (nóta 12) – deontas amúchta an Idirnascaire Thoir-Thiar (nóta 17). Tá deontas amúchta Sysflex curtha san áireamh sna costais oibríúcháin chun teacht leis an gcaiteachas a tabhaíodh.



### 3. Eolas Deighleoise agus Ioncaim (ar lean)

Is iad seo a leanas na torthaí comparáideacha deighleoise le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020:

Míreanna an Ráitis ar Ioncam	EirGrid Oibritheoir Córais Tarchurtha Nóta	SEMO € '000	SEMO px € '000	SONI Oibritheoir Córais Tarchurtha € '000	An tldirnascaire Thoir-Thiar € '000	Cur as an áireamh € '000	Iomlán € '000
Ioncam na deighleoise	533,033	14,236	4,143	115,879	69,747	(48,653)	688,385
Costais dhíreacha	(453,966)	–	(1,869)	(92,220)	(19,230)	48,653	(518,632)
Ollbhrabús	79,067	14,236	2,274	23,659	50,517	–	169,753
Costais oibriúcháin eile (gan dímheas nó amúchadh san áireamh)	(52,026)	(11,591)	(1,572)	(16,913)	(9,979)	–	(92,081)
Dímheas agus amúchadh (glanmhéid an deontais amúchta)*	(23,817)	(1,686)	(16)	(6,491)	(13,563)	–	(45,573)
Iomlán na gcostas oibriúcháin eile	(75,843)	(13,277)	(1,588)	(23,404)	(23,542)	–	(137,654)
Brabús oibriúcháin	3,224	959	686	255	26,975	–	32,099
Ús agus ioncam eile							73
Costais airgeadais							(18,139)
Sciar den infheistíocht ar cuireadh modh cuntasáochta an chothromais i bhfeidhm uirthi							5
Brabús roimh cháin							14,038
Muirear na cánach ioncaim							(2,113)
Brabús don bhliain							11,925
<b>Míreanna an Chláir Chomhardaithe</b>							
Sócmhainní na deighleoise	630,083	147,783	2,259	81,725	484,511		1,346,361
Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe	12						1,986
Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite							1,348,347
Dliteanas na deighleoise	668,346	44,903	433	63,475	248,199		1,025,356
Iomlán na ndliteanas mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite							1,025,356

Eolas geografach	Ioncam		Sócmhainní neamhreatha	
	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
Éire	606,541	567,911	578,911	588,211
An Ríocht Aontaithe	130,818	120,474	24,962	27,386
<b>Iomlán</b>	<b>737,359</b>	<b>688,385</b>	<b>603,873</b>	<b>615,597</b>

### 3. Eolas Deighleoise agus Ioncaim (ar lean)

#### Eolas maidir le sruthanna ioncaim

- Cuimsíonn ioncaim Oibritheora Córais Tarchurtha EirGrid agus SONI muirir maidir le hÚsáid Tarchurtha an Chórais atá riachtanach le haghaidh oibriú slán an chórais leictreachais.
- Is ionann ioncaim SEMO agus muirir le haghaidh oibritheoirí margaidh rannpháirteacha SEMO a úsáidtear chun na costais a bhaineann le riar an mhargaidh a aisghabháil.
- Is ionann na hioncaim SEMOpx agus muirir le haghaidh mhargadh rannpháirteach SEMOpx a cheadaíonn dóibh rochtain a fháil ar mhargadh an lár dar gcionn agus ar an margadh ionlae, agus trádáil a dhéanamh iontu.
- Chuimsigh ioncam le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar le haghaidh na bliana airgeadais taraif rialaithe na bliana airgeadais de €4.4m (2020: €12.4m). Baineann an chuid eile den ioncam maidir leis an Idirnascaire Thoir-Thiar le hadmhálacha ceant na gCeart Tarchurtha Airgeadais, €5.1m ar an iomlán (2020: €17.7m), ioncam plódaithe de €31.1m (2020: €18.3m) agus ioncam ó sholáthar seirbhísí eile don chóras €15.0m (2020: €13.9m). Chomh maith leis sin, fuair an tIdirnascaire Thoir-Thiar €13.3m (2020: €9.8m) in íocaíochtaí acmhainne freisin don bhliain agus ioncam eile de €0.1m (2020: (€2.2m)). D'imir Breatimeacht tionchar ar thrádáil thrasteorann an Idirnascaire Thoir-Thiar toisc nach bhfuil sé indéanta Cearta Tarchurtha Airgeadais a thrádáil. Faoin gComhaontú Saorthrádála, tá socruithe trádála nua SEM-GB le haghaidh mhargadh an lae dar gcionn le cur ar bun, le haontú agus le cur i bhfeidhm.

#### Eolas maidir le mórchustaiméirí

Áirítear le hioncaim deighleoise Oibritheora Córais Tarchurtha EirGrid de €574.2m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €533.0m), ioncaim de thart ar €222.3m (2020: €208.0m), €87.7m (2020: €100.8m), €78.2m (2020: €71.3m) agus €49.4m (2020: €53.4m) a d'eascair as díolacháin leis na ceithre chustaiméir is mó atá ag an deighleog.

Áirítear le hioncaim deighleoise SEMO de €17.4m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €14.2m), ioncaim de thart ar €6.9m (2020: €5.2m), €2.2m (2020: €2.0m), €3.2m (2020: €3.3m) agus €1.4m (2020: €1.3m) a d'eascair as díolacháin leis na ceithre chustaiméir is mó atá ag an deighleog.

Áirítear le hioncaim deighleoise SEMOpx de €3.8m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €4.1m), ioncaim de thart ar €1.1m (2020: €1.1m), €0.5m (2020: €0.6m), €0.3m (2020: €0.4m) agus €0.2m (2020: €0.3m) a d'eascair as díolacháin leis na ceithre chustaiméir is mó atá ag an deighleog.

Áirítear le hioncaim deighleoise Oibritheora Córais Tarchurtha SONI de €125.5m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €115.8m), ioncaim de thart ar €39.7m (2020: €28.9m), €27.9m (2020: €22.1m), €21.1m (2020: €20.8m) agus €7.4m (2020: €12.8m) a d'eascair as díolacháin leis na ceithre chustaiméir is mó atá ag an deighleog.

#### Iarmhéideanna conarthaí

Áirítear le trádáil agus infháltais eile (nóta 15) €97.4m (2020: €91.9m) a bhaineann le hinfháltais ó chonarthaí le custaiméirí. Áirítear le trádáil agus infóthaigh eile (nóta 16) €6.8m (2020: €6.2m) a bhaineann le dliteanais chonarthaí. Aithníodh €1.4m (2020: €2.7m) de dhliteanais chonarthaí na bliana roimhe mar ioncaim le linn na bliana.

### 4. Fostaithe

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ag an nGrúpa le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ná 488 (2020: 462), gan an fhoireann a bhaineann le tionscadail chaipitil san áireamh.

Meánlíon na ndaoine a bhí bainteach le tionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ná 86 (2020: 83). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe sin agus b'é €8.2m an t-iomlán dóibh don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €7.3m).

## 4. Fostaithe (ar lean)

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ar bhonn míosúil de réir gníomhaíochta gnó:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 Líon	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 Líon
Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid	319	297
Oibritheoir Córais Tarchurtha SONI	95	89
SEMO	60	62
SEMOpX	7	8
An tIdirnascaire Thoir-Thiar	7	6
Tionscadail chaipítíl	86	83
<b>Iomlán</b>	<b>574</b>	<b>545</b>

Chuimsigh luach saothair iomlán, lena n-áirítear tuarastal na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin, na nithe a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Pá agus tuarastail	40,341	38,617
Costais árachais sóisialta	4,331	4,315
Costais as sochair scoir eile	9,765	5,064
<b>Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe</b>	<b>54,437</b>	<b>47,996</b>
Costais fostaithe arna ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim	46,269	40,655
Costais fostaithe chaipítílithe	8,168	7,341
<b>Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe</b>	<b>54,437</b>	<b>47,966</b>

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Cúiteamh le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:</b>		
Tuarastail agus sochair ghearrthréimhseacha fostaithe	1,689	1,677

Sainmhínítear príomhphearsanra bainistíochta mar an Bord Stiúrthóirí, an Príomhfheidhmeannach agus na seachtar comhaltaí ar an bhFoireann Feidhmiúcháin.

## 4. Fostaithe (ar lean)

Bandaí le haghaidh sochair fostaithe:	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 Líon	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 Líon
€50,000 - €75,000	201	195
€75,001 - €100,000	95	90
€100,001 - €125,000	63	55
€125,001 - €150,000	17	17
€150,000 + *	16	17
<b>Iomlán</b>	<b>392</b>	<b>374</b>

Ní áirítear le sochair fostaithe na costais a bhaineann le pinsean na bhfostaithe.

\* I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nochtar tuarastail atá os cionn €50,000 i mbandaí de €25,000 seachas tuarastail atá os cionn €150,000 a nochtadh i mbanda aonair mar aitheantas ar impleachtaí féideartha maidir le cosaint sonraí. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an t-imeacht seo ón gCód.

## 5. Costais Oibríocháin Eile

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Costais fostaí (nóta 4)	46,269	40,655
Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh (nóta 13)	21,655	21,810
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 12)	24,622	23,238
Dímheas sócmhainní i ndáil le ceart úsáide (nóta 14)	4,052	3,638
Amúchadh deontais (nóta 17)	(3,317)	(3,668)
Oibríochtaí agus cothabháil	51,877	51,981
<b>Iomlán</b>	<b>145,158</b>	<b>137,654</b>

## 6. Ús agus Ioncam Eile, agus Costais Airgeadais

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Ioncam Úis:</b>		
Ioncam úis ar thaisc	(19)	(73)
<b>Costais Airgeadais:</b>		
Iasacht bhainc agus rótharraingtí	15,478	17,075
Ús léasa (nóta 14)	569	605
Glan-ús ar an scéim pinsin (nóta 23)	428	459
<b>Costais airgeadais iomlána</b>	<b>16,475</b>	<b>18,139</b>



## 6. Ús agus Ioncam Eile, agus Costais Airgeadais (ar lean)

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis toisc go bhfaigheann sé cistí ar iasacht ag rátaí comhlúthacha úis. Bainistíonn an Grúpa an riosca agus meascán cuí idir iasachtaí ag a bhfuil rátaí seasta agus comhlúthacha á chothabháil aige agus úsáid á baint as conarthaí babhtála ráta úis.

## 7. Brabús Roimh Cháin

Tugtar an brabús roimh cháin tar éis ghearradh / (chur do shochar) na nithe a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Dímheas (nóta 13 agus nóta 14)	25,707	25,448
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 12)	24,622	23,238
Amúchadh deontais (nóta 17)	(3,317)	(3,668)
Cailteanas sa mhalartán eachtrach	3,287	1,698

Is iad seo a leanas na luachanna saothair comhiomlána a íocadh le stiúrthóirí, nó na luachanna saothair comhiomlána atá le fáil ag stiúrthóirí, in dáil le seirbhísí incháilithe:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
– le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóir	122	122
– le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin	213	213
<b>Iomlán</b>	<b>335</b>	<b>335</b>

Ranníocaíochtaí comhiomlána a íocadh, a chaitear leo mar nithe íoctha nó atá le híoc le linn na bliana airgeadais le scéim um shochar pinsean i ndáil le seirbhísí incháilithe na stiúrthóirí:

– scéimeanna le sochar sainithe (le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin)	60	40
---	----	----

Níl ach Stiúrthóir amháin (an Príomhfheidhmeannach) i scéim pinsin. Is scéim le shochar sainithe é seo. Déantar anailís ar luach saothair an iniúcháora i dtaobh na bliana airgeadais mar a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
– iniúchadh ar ghrúpchuideachtaí	272	225
– seirbhísí dearbhaithe eile	43	60
– seirbhísí comhairleacha cánach	–	85
– seirbhísí neamh-iniúcháireachta eile	–	–

## 8. Cánacha Ioncaim

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Costas na cánach reatha	6,794	258
Coigeartú maidir leis an mbliain roimhe	(458)	(2,110)
Costas na cánach reatha	6,336	(1,852)
Cáin iarchurtha a bhaineann le bunsamhaltú agus malartú difríochtaí sealadacha	(2,304)	3,965
Coigeartú maidir leis an mbliain roimhe	945	–
Costas cánach iarchurtha	(1,359)	3,965
<b>Costas cánach ioncaim le haghaidh na bliana</b>	<b>4,977</b>	<b>2,113</b>

Is féidir an muirear iomlán le haghaidh na bliana airgeadais a réiteach le brabús cuntasáíochta mar seo a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Brabús roimh cháin</b>	40,715	14,038
Cánachas ar an ráta caighdeánach de 12.5% (2020: 12.5%)	5,089	1,755
<b>Éifeacht na rátaí cánach níos airde ar ioncam eile</b>	113	626
Éifeacht an ioncaim agus na gcostas a cuireadh as an áireamh agus brabús cánach á chinneadh	232	452
Éifeacht na rátaí cánach níos airde ar ghnóthachain i bhfochuideachtaí na Ríochta Aontaithe	117	(184)
Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo	487	(2,110)
Difríochtaí eile	(1,061)	1,574
<b>Costas cánach ioncaim arna aithint sa Ráiteas ar Ioncam</b>	<b>4,977</b>	<b>2,113</b>

**Fachtóirí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rátaí cánach todhchaí agus nochtuithe eile**

Níltear ag súil le haon athrú suntasach ar an ráta caighdeánach de cháin chorparáide in Éirinn, atá ag 12.5% i láthair na huair. Is é 19% an ráta caighdeánach cánach sa Ríocht Aontaithe. Ní mór iarmhéideanna cánach iarchurtha a aithint ag an ráta cánach todhchaí is infheidhme nuair atáthar ag súil go leachtófar an t-iarmhéid.

## 8. Cánacha Ioncaim (ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(dliteanais) cánach iarchurtha ó na nithe a leanas:

	Sócmhainní Doláimhsithe € '000	Dímheas cánach luathaithe € '000	Oibleagáidí sochair scoir € '000	Fálú ar an sreabhadh airgid € '000	Cailteanais chánach € '000	Iomlán € '000
<b>(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019</b>	<b>(256)</b>	<b>(32,244)</b>	<b>6,429</b>	<b>12,696</b>	<b>5,160</b>	<b>(8,215)</b>
Creidmheas/(muirear) ar an Ioncam						
Ráiteas don bhliain	–	(4,409)	(131)	–	575	(3,965)
Muirear ar Ráiteas						
an Ioncaim Chuimsithigh	–	–	(656)	(1,230)	–	(1,886)
Difríochtaí malairte	87	29	(22)	–	–	94
<b>(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	<b>(169)</b>	<b>(36,624)</b>	<b>5,620</b>	<b>11,466</b>	<b>5,735</b>	<b>(13,972)</b>
Creidmheas/(muirear) ar an Ioncam						
Ráiteas don bhliain	–	2,461	(132)	–	(970)	1,359
Muirear ar Ráiteas						
an Ioncaim Chuimsithigh	–	–	(14)	(2,441)	–	(2,455)
Difríochtaí malairte	(247)	(30)	40	–	–	(237)
<b>(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>(416)</b>	<b>(34,193)</b>	<b>5,514</b>	<b>9,025</b>	<b>4,765</b>	<b>(15,305)</b>
Sócmhainn cánach iarchurtha	–	–	5,514	9,025	4,765	19,304
Dliteanas cánach iarchurtha	(416)	(34,193)	–	–	–	(34,609)
<b>Iomlán, 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>(416)</b>	<b>(34,193)</b>	<b>5,514</b>	<b>9,025</b>	<b>4,765</b>	<b>(15,305)</b>
Sócmhainn cánach iarchurtha	–	–	5,620	11,466	5,735	22,821
Dliteanas cánach iarchurtha	(169)	(36,624)	–	–	–	(36,793)
<b>Iomlán, 30 Meán Fómhair 2020</b>	<b>(169)</b>	<b>(36,624)</b>	<b>5,620</b>	<b>11,466</b>	<b>5,735</b>	<b>(13,972)</b>

## Anailís ar na (dliteanais)/sócmhainní cánach iarchurtha de réir na dlínse cánach:

	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
Éire	(15,986)	(14,003)
An Ríocht Aontaithe	681	31
<b>Glandliteanas cánach iarchurtha</b>	<b>(15,305)</b>	<b>(13,972)</b>

## 9. Díbhinní

Mar a léirítear i nóta 18, tá cineál amháin de scairchaipiteal ag an gcuideachta i gceist, Gnáthscaireanna. Is iad seo a leanas na díbhinní i ndáil leis an gcineál scairchaipitil seo:

Díbhinní le haghaidh Scairshealbhóirí	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
<b>Cothromas</b>		
Díbhinn arna híoc – €133.33 in aghaidh na Gnáthscaire	4,000	4,000
<b>Iomlán</b>	<b>4,000</b>	<b>4,000</b>

Molann Stiúrthóirí an Ghrúpa íocaíocht díbhinne deiridh de €4,000,000 (2020: €4,000,000) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021.

## 10. Infheistíochtaí cóirluacha

	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	356	356
Breiseanna	–	–
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>356</b>	<b>356</b>

In 2018 fuair EirGrid leas cothromais de 4.75% in Joint Allocation Office S.A., cuideachta atá cláraithe i Lucsamburg, le haghaidh €0.2m. Faoi Rialacha AE, ceanglaítear ar Oibrítheoirí Córais Tarchurtha Ardán Leithdháilte Lárnach a chur i bhfeidhm i ndáil le hacmhainn ar idirnascairí. Tá EirGrid, agus é ina Oibrítheoir Córais Tarchurtha deimhnithe le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar, anois ina scairshealbhóir in Joint Allocation Office (JAO).

Faoi na rialacha Eorpacha (Cóid Líonraí), ceanglaítear ar EirGrid bheith ag comhoibriú ar bhonn réigiúnach le ‘Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach’ (CSR) amháin ar a laghad, agus mar sin de, fuair sé leas cothromais de 5% i CSR Coreso SA, cuideachta atá cláraithe sa Bheilg, le haghaidh €0.1m in 2018.



## 11. Leas i gComhoibríochtaí

Tá leas cothromais de 50% ag EirGrid plc in Celtic Interconnector DAC, cuideachta atá corpraithe in Éirinn, ar comhshocrú é idir EirGrid plc agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Nasc leictreachais beartaithe faoin bhfarráige is ea tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, tionscadal a nascaídh Éire agus an Fhrainc. Cuspóir an chomhshocrú ná oibreacha ainmnithe áirithe a dhéanamh le linn chéim dhearaidh agus chomhairliúcháin an tionscadail.

Faoi IFRS 11, aicmíonn an Grúpa a leas i gcomhshocrúithe mar chomhoibríochtaí nó comhfhiontair, ag brath ar chearta an Ghrúpa i leith sócmhainní agus i leith oibleagáidí i ndáil le dliteanais na gcomhshocrúithe. Agus measúnú á dhéanamh, pléann an Grúpa struchtúr agus foirm dhlíthiúil na socrúithe, téarmaí conartha an tsocrúithe lena n-aontaíonn na páirtithe agus fíricí agus tosca eile nuair is ábhartha.

Ceapadh gur comhfhiontar a bhí in Celtic Interconnector DAC sna blianta roimhe agus, mar sin de, cuireadh an infheistíocht san áireamh ag úsáid mhodh cuntasáíochta an chothromais, ag aithint a infheistíochta tosaigh de €50,000 agus an scair de na brabúis de €5,000. Mar sin, is é €55,000 a aithníodh ar an gclár comhardaithe.

Cé gur eintiteas dlíthiúil ar leithligh e Celtic Interconnector DAC, tá athaicmiú déanta ag an nGrúpa air mar chomhoibríocht de bharr na socrúithe conartha atá i bhfeidhm idir EirGrid plc agus RTE. Tá an dá pháirtí ag soláthar an airgid chun dliteanais Celtic Interconnector DAC a shocrú agus soláthraítear torthaí Celtic Interconnector DAC don dá pháirtí.

Mar thoradh air sin, dhí-aithin an Grúpa a infheistíocht tosaigh agus a sciar de na brabúis ó Celtic Interconnector DAC agus tá a sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais Celtic Interconnector DAC curtha san áireamh aige i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar bhonn líne ar líne. Meastar go bhfuil 50% de na cearta i ndáil leis na sócmhainní agus 50% de na hoibleagáidí as na dliteanais faoi úinéireacht EirGrid plc.

Tá na méideanna a leanas ó Celtic Interconnector DAC curtha san áireamh i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar bhonn líne ar líne:

	<b>30 Meán Fómhair 2021</b> € '000
Sócmhainní neamhreacha	–
Sócmhainní reatha	2,284
<b>Iomlán na sócmhainní</b>	<b>2,284</b>
Cothromas iomlán	54
Dlíteanais reatha	2,230
Dlíteanais iomlána	2,230
<b>Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas</b>	<b>2,284</b>
	<b>Bliain go dtí</b> <b>30 Meán Fómhair 2021</b> € '000
Ioncam	11
Costais	(10)
<b>Brabús oibriúcháin</b>	<b>1</b>

Is comhoibríocht 75/25 é SEMO agus SEMOpX idir EirGrid plc (an Mháthairchuideachta) agus SONI Teoranta (fochuideachta 100%) agus, mar sin de, cuirtear 100% den sciar sna comhoibríochtaí seo san áireamh i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus nochtar iad ar leithligh i nóta 3. Tugtar breac-chuntas ar nochtuithe eile i ndáil leis na comhoibríochtaí seo agus sciar 75% na Máthairchuideachta sna sócmhainní, sna dliteanais, san ioncam agus sna costais i nóta 30 (H).

## 12. Sócmhainní doláimhsithe

	Dea-thoil	Comhaontuithe ceadúnais	Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite	Bogearraí TF eile	Bogearraí atá á bhforbairt	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
<b>Costas</b>						
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	4,360	17,724	95,334	55,441	5,327	178,186
Breiseanna	–	–	–	–	12,159	12,159
Aistriú (chuig)/ó shócmhainní eile	–	–	4,313	1,398	(5,711)	–
Difríochtaí malairte	(83)	(354)	(430)	(388)	(53)	(1,308)
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	4,277	17,370	99,217	56,451	11,722	189,037
Breiseanna	–	–	–	–	12,533	12,533
Aistriú (chuig)/ ó shócmhainní eile	–	–	4,900	5,119	(10,019)	–
Difríochtaí malairte	216	863	1,114	1,272	108	3,573
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	4,493	18,233	105,231	62,842	14,344	205,143
<b>Amúchadh carntha</b>						
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	4,360	15,684	18,677	47,015	–	85,736
Amúchadh	–	–	19,830	3,408	–	23,238
Difríochtaí malairte	(83)	(300)	(221)	(344)	–	(948)
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	4,277	15,384	38,286	50,079	–	108,026
Amúchadh	–	–	20,533	4,089	–	24,622
Difríochtaí malairte	216	777	500	873	–	2,366
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	4,493	16,161	59,319	55,041	–	135,014
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>–</b>	<b>2,072</b>	<b>45,912</b>	<b>7,801</b>	<b>14,344</b>	<b>70,129</b>
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	<b>–</b>	<b>1,986</b>	<b>60,931</b>	<b>6,372</b>	<b>11,722</b>	<b>81,011</b>

An comhaontú ceadúnais de €2.1m (2020: €2.0m), leithdháileadh é ar na haonaid ghiniúna airgid thirim SEMO chun laige féideartha a mheasúnú. Ní amúchtar an comhaontú dea-thola agus ceadúnais toisc go bhfuil saolré ionchais neamhshonrach acu.

Cinneadh méid in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháiltear ar an Aonad Giniúna Airgid Thirim (CGU) le ríomhanna ar luachanna úsáide, a úsáideann buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse suas go dtí 30 Meán Fómhair 2027. Seo é an tréimhse ina gcreideann an bhainistíocht gur féidir tuartha scoite maidir le sreabhadh airgid measta a dhéanamh go réasúnta. Na príomhbhoinn tuisceana le haghaidh ríomhanna an luacha úsáide ná na cinn sin a bhaineann le rátaí lascaire, rátaí fáis agus aisghabhálacha rialála ionchasacha a eascraíonn as rialuithe praghsanna.

## 12. Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)

I measc na bpríomhbhonn tuisceana a úsáidtear sna ríomhanna, tá na cinn a leanas:

- Bunaíodh leibhéil bhrabúsachta SEMO ar rialuithe praghsanna rialála a aontaíodh in 2020 agus clúdaíonn siad an tréimhse 2020-2025.
- Rinneadh rátaí lascaine de 3.8% agus 4.03% (2020: 4.72% agus 5.90%) a ghlacadh le haghaidh CGU SEMO bunaithe ar na rialuithe praghsanna a luaitear thuas;
- Rinneadh rátaí fáis de 2% (2020: 2.0%) a ghlacadh go buan do bhoinn sócmhainní rialála SEMO (RAB). Rinneadh ráta fáis de nialas% (2020: nialas%) a ghlacadh go buan le haghaidh dreasachtaí rialála SEMO. Léiríonn na boinn tuisceana seo ionchas na bainistíochta i leith fás fadtréimhseach.

Braitheann tástáil laige ar thuartha agus ar bhreithiúnais na bainistíochta, go háirithe i ndáil le tuar an tsreafa airgid sa todhchaí, an cóimheas gearála lena nglactar is féidir a bhaint amach, na rátaí lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar an sreabhadh airgid agus na rátaí fáis fadtréimhseacha ionchasacha. Tá anailís íogaireachta déanta ag an nGrúpa ar an tástáil laige ar luachanna anonn CGU. Dá mbeadh méadú ar an ráta lascaine de 0.5%, bheadh laige ar luach an cheadúnais in CGU SEMO de €nialas (2020: nialas). Dá mbeadh laghdú ar ráta fáis buaine RAB de 1.0%, bheadh laige ar luach an cheadúnais in CGU SEMO de €nialas (2020: €nialas).

Tá athrú suntasach déanta ar an Margadh Leictreachais Aonair. Tá reachtaíocht ón Aontas Eorpach ag tabhairt margaí fuinnimh ar fud na hEorpa le chéile agus é mar aidhm margadh leictreachais inmheánach atá go hiomlán saor a chruthú. Bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil agus an Margadh Leictreachais Aonair á athdhearadh agus tá na costais seo sainithe mar shócmhainn de chuid an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite ('I-SEM').

## 13. Sealúchas, Gléasra agus Trealamh

	Talamh agus foirgnimh *	Daingneáin agus feistíú	TF, trealamh teileachumarsáide agus eile	Leictreachas Aonair **	Mótarfheithiclí	An tIdirnascaire Thoir-Thiar	Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite	Sócmhainní á dtógáil	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
<b>Costas</b>									
An t-iarhmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	17,292	3,337	78,876	48,916	77	575,277	3,901	13,557	741,233
Athaicmithe mar shócmhainní i ndáil le ceart úsáide (Nóta 14)****						(7,150)	-	-	(7,150)
Breiseanna	-	-	-	-	-	-	-	5,095	5,095
Diúscairtí	-	-	(18,077)	(48,743)	-	-	-	-	(66,820)
Aistrithe (chuig)/ ó shócmhainní eile	18	-	2,922	-	-	18	-	2,922	-
Difríochtaí malairte	(132)	-	(62)	(173)	-	(132)	-	(62)	(173)
An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	17,178	3,337	63,659	-	77	568,897	3,882	14,939	671,969
Breiseanna	10,001	-	-	-	-	-	-	14,029	24,030
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Aistrithe (chuig)/ ó shócmhainní eile	-	2,235	1,991	-	-	1,428	-	(5,654)	-
Difríochtaí malairte	342	-	190	-	-	-	48	10	590
An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	27,521	5,572	65,840	-	77	570,325	3,930	23,324	696,589
<b>Dímheas</b>									
An t-iarhmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	8,017	2,414	66,283	48,916	50	103,441	763	-	229,884
Athaicmithe mar shócmhainní i ndáil le ceart úsáide (Nóta 14)****	-	-	-	-	-	(1,485)	-	-	(1,485)
An Muirear	647	253	3,793	-	15	16,301	801	-	21,810
Diúscairtí	-	-	(18,077)	(48,743)	-	-	-	-	(66,820)
Difríochtaí malairte	(67)	-	(57)	(173)	-	-	(10)	-	(307)
An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	8,597	2,667	51,942	-	65	118,257	1,554	-	183,082
An Muirear	648	656	3,373	-	10	16,184	784	-	21,655
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Difríochtaí malairte	170	-	145	-	-	-	22	-	337
An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 21	9,415	3,323	55,460	-	75	134,441	2,360	-	205,074
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>									
	<b>18,106</b>	<b>2,249</b>	<b>10,380</b>	<b>-</b>	<b>2</b>	<b>435,884</b>	<b>1,570</b>	<b>23,324</b>	<b>491,515</b>
An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020	8,581	670	11,717	-	12	450,640	2,328	14,939	488,887

\* Áirítear le costas fhoirgnimh an Ghrúpa feabhsúcháin léasachta.

\*\* Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann leis an Margadh Leictreachais Aonair roimh athdhearadh an mhargaidh nua. Díchoimisíúnaíodh na sócmhainní seo le linn 2019/20.

\*\*\* Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an Mhargaidh Leictreachais Aonair nua agus baineann sí le cruá-earraí TF.

\*\*\*\* Bhain ceadúnas urthrá Éireannach an Idirnascaire Thoir-Thiar le réamhíocaíocht le haghaidh úsáid na sócmhainne thar thréimhse shonraithe ama. Athaicmíodh é chuig sócmhainn i ndáil le ceart úsáide tar éis glacadh le IFR16.



### 13. Sealúchas, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

\*\*\*\*\* Cuimsíonn acmhainní atá á dtógáil na nithe a leanas:

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Trealamh TF agus teileachumarsáide	2,434	2,705
Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh	18,047	9,815
An tIdirnascaire Thoir-Thiar	131	105
Saoráidí	2,712	2,314
<b>Iomlán</b>	<b>23,324</b>	<b>14,939</b>

### 14. Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dlíteanais Léasa

Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	Sealúchas € '000	Mótarfheithiclí € '000	Ceadúnas Urthrá € '000	Iomlán € '000
<b>Costas</b>				
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	33,314	40	9,907	43,261
Aistriú ó shealúchas, gléasra agus trealamh (nóta 13)*	–	–	7,150	7,150
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	33,314	40	17,057	50,411
Mionathrú ar léas	633	4	–	637
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	33,947	44	17,057	51,048
<b>Dímheas carntha</b>				
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	–	–	–	–
Aistriú ó shealúchas, gléasra agus trealamh (nóta 13)*	–	–	1,485	1,485
Dímheas	<b>3,064</b>	<b>21</b>	<b>533</b>	<b>3,638</b>
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	3,064	21	2,038	5,123
Dímheas	3,482	17	553	4,052
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	6,546	38	2,591	9,175
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>27,401</b>	<b>6</b>	<b>14,466</b>	<b>41,873</b>
An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020	30,250	19	15,019	45,288

\* Bhain ceadúnas urthrá Éireannach an Idirnascaire Thoir-Thiar le réamhíocaíocht le haghaidh úsáid na sócmhainne thar thréimhse shonraithe ama. Athaicmíodh é chuig sócmhainn i ndáil le ceart úsáide tar éis glacadh le IFR16.

## 14. Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dlíteanais Léasa (ar lean)

	<b>Iomlán</b>
<b>Dlíteanais léasa</b>	<b>€ '000</b>
An t-iarmhéid amháil an 1 Deireadh Fómhair 2020	41,824
Mionathrú ar léas	637
Ús	569
Íocaíochtaí léasa	(3,789)
Difríochtaí malairte	440
<b>An t-iarmhéid amháil an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>39,681</b>
<b>Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:</b>	<b>€ '000</b>
Reatha	2,519
Neamhreatha	37,162
<b>An t-iarmhéid amháil an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>39,681</b>

Taispeánann an tábla thíos an anailís aibíochta a bhaineann leis an dlíteanas léasa lascainithe agus neamhlescainithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí léasa an Ghrúpa.

	<b>Lascainithe</b>	<b>Neamhlescainithe</b>
<b>Dlíteanais léasa</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Laistigh de bhliain amháin	2,519	3,051
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	11,506	13,286
Tar éis cúig bliana	25,656	27,877
<b>Iomlán</b>	<b>39,681</b>	<b>44,214</b>

	<b>Iomlán</b>
<b>Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam</b>	<b>€ '000</b>
Dímheas maidir le sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	4,052
Costais a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha	–
Íocaíochtaí léasa athraitheacha *	17
Costais a bhaineann le léasanna de shócmhainní lena mbaineann luach íseal, gan léasanna gearrthréimhseacha de shócmhainní lena mbaineann luach íseal san áireamh	–
Ús ar dhlíteanais léasa	569

\* Tá conradh seirbhíse priontála bainistíochta ag an nGrúpa agus tá íocaíochtaí léasa athraitheacha bainte le húsáid na sócmhainne forluití amach anseo, mar sin de, fágadh na híocaíochtaí seo as an áireamh sa tomhas ar dhlíteanais léasa.

	<b>Iomlán</b>
<b>Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid</b>	<b>€ '000</b>
Iomlán an tsreafa airgid le haghaidh an léasa le linn na bliana *	3,806

\* Áirítear leis costais úis, aisíocaíochtaí príomha, costais gearrthréimhseacha agus costais léasa lena mbaineann luach íseal

## 15. Trádáil agus Infháltais Eile

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Méideanna atá dlite i níos lú ná bliain:</b>		
Infháltais thrádála	1,728	505
Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail	35,720	33,290
Infháltais neamhbhilleáilte	97,432	91,894
Infháltais eile	29,137	40,186
<b>Iomlán</b>	<b>164,017</b>	<b>165,875</b>
<b>Méideanna atá dlite i mbreis agus bliain:</b>		
Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail	36,555	32,568
Infháltais eile	51,400	21,500
	<b>87,955</b>	<b>54,068</b>
<b>Iomlán</b>	<b>251,972</b>	<b>219,943</b>

Dar leis na Stiúirtheoirí go measann suim ghlanluacha na trádála agus na n-infháltas eile a gcóirluach.

€5.7m (2020: €2.0m) d'iarmhéid na n-infháltas eile, baineann sé le híocaíochtaí atá dlite ó BSL.

Cuimsítear le hinfháltais neamhbhilleáilte den chuid is mó ioncam le haghaidh an dá mhí dheireanacha den bhliain airgeadais, nár billeáladh i gcomhréir leis an amchlár rialála ag deireadh na bliana airgeadais faoi leith sin.

I measc na n-infháltas eile a bhí dlite i níos lú ná bliain sa bhliain roimhe sin bhí €12.4m a bhí dlite ó mhargadh cothromúcháin an Mhargaidh Leictreachais Aonair le SEMO i ndáil le riachtanais caipítíl oibre a tharla sa mhargadh cothromúcháin le linn na bliana roimhe sin agus a maoiníodh le cistiúchán ó bhanc seachtrach arna chur EirGrid agus SONI ar fáil trí SEMO é. Aisghabhadh an t-iarmhéid seo le coigeartuithe ar tharaifí k-fhachtóra le linn na bliana agus aisíocadh saoráid an chaipítíl oibre. De bharr aisghabhálacha ró-arda sa mhargadh le linn na bliana bhí iarmhéid dlite leis an margadh cothromúcháin SEM amhail an 30 Meán Fómhair 2021 mar a leagtar amach i nóta 16.

I measc na n-infháltas eile dlite i mbreis agus bliain tá €51.4m a bhaineann le costais aisghabhála a eascraíonn as feidhmiú Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais, rialachán a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tá an Grúpa sásta go dtacófar le gach costas a eascraíonn as feidhmiú an Rialacháin le taraif rialaithe bunaithe ar an margadh. Aithníodh na costais seo le foráil a leagtar amach i nóta 20.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha de €57.8m. (2020: €52.3m), agus d'fhéadfaí nach mbeifí in ann €36.6m (2020: €32.6m) a aisghabháil laistigh de dhá mhí déag.

## 16. Trádáil agus Iníocthaigh Eile

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Méideanna atá dlite i níos lú ná bliain:</b>		
Iníocthaigh thrádála	64,360	59,168
Fabhraithe	189,620	172,656
Ioncam iarchurtha	2,166	1,405
Cánachas agus árachas sóisialta	15,379	19,933
Iníocthaigh eile	142,701	72,822
<b>Iomlán</b>	<b>414,226</b>	<b>325,984</b>
<b>Méideanna atá dlite i mbreis agus bliain:</b>		
Ioncam iarchurtha	4,573	4,819
<b>Iomlán</b>	<b>4,573</b>	<b>4,819</b>
<b>Iomlán</b>	<b>418,799</b>	<b>330,803</b>

Cuimsítear le cánachas agus árachas sóisialta na nithe a leanas:

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
ÍMAT/ÁSPC	1,043	1,256
CBL	13,839	17,766
Cáin shiarchoinneálach	497	911
<b>Iomlán</b>	<b>15,379</b>	<b>19,933</b>

Cuimsítear le hiníocthaigh thrádála agus fabhraithe, méideanna gan íoc le haghaidh ceannacháin thrádála agus costais leantacha go príomha. Dar leis na Stiúrthóirí go measann suim ghlanluacha na n-iníocthach thrádála a gcóirluach. Tá beartais i ndáil le bainistíocht an riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa chun a chinntiú go n-íoctar gach iníocthach laistigh den tréimhse ama chreidmheasa.

€56.8m (2020: €55.0m) d'iarmhéid iníocthaigh thrádála an Ghrúpa agus €10.7m. (2020: €4.6m) d'iarmhéid fabhraithe an Ghrúpa, baineann siad le muirir atá le híoc le BSL agus NIE mar Úinéirí na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Eireann faoi seach. Cuimsítear le fabhraithe costais dhíreacha go príomha, costais a bhaineann le reáchtáil an chórais tarchurtha don dá mhí dheireanacha sa tréimhse chuntasaíochta.

Áirítear le hiníocthaigh eile atá dlite i níos lú ná bliain €82.1m (2020: €nialas) atá dlite don mhargadh cothromúcháin SEM de bharr aisghabhálacha ró-arda a chuirfear ar ais leis an gcoigeartú ar an taraif k-fhachtóra. Bhí an margadh cothromúcháin i staid infháltais sa bhliain roimhe sin mar a leagtar amach i nóta 15.



## 17. Deontais

	€ '000
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	93,368
Breiseanna	822
Amúchadh an deontais	(3,668)
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	90,522
Breiseanna	–
Amúchadh an deontais	(3,317)
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>87,205</b>
Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:	€ '000
Reatha	3,413
Neamhreatha	83,792
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>87,205</b>

Bhain deontais chaipitil a fuarthas le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar agus fuarthas iad ón gCoimisiún Eorpach. An cistiúchán deontais iomlán a bhí ar fáil agus a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh an tionscadail ná €112.3m agus tá €86.9m i ndeontais amúchta san áireamh san iarmhéid ag deireadh na bliana. Níl aon toisc neamhchomhlíonta nó teagmhas eile ag baint leis na deontais chaipitil a fuarthas. Amúchtar deontais chaipitil i gcomhréir le dímheas shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar.

Is deis é tionscadal AE-SysFlex Fís 2020 chun bheith chun tosaigh agus rannpháirteach i dtionscadal straitéiseach a chuimsíonn an Eoraip ar fad agus atá ailínithe go díreach le cuspóir straitéiseach EirGrid Group a bheith “ina cheannaire domhanda maidir le heangaí cliste agus ionchuimsiú athnuaiteán”. Tá an deontas incheadaithe le haghaidh costais áirithe a leagtar amach sa chomhaontú deontais agus scaoiltear an t-ioncam deontais i leith an chaiteachais de réir mar a thabhaítear é. Tá €0.3m i ndeontais gan amúchadh san áireamh san iarmhéid ag deireadh na bliana. Mura gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha Chomhaontú Deontais an Choimisiúin Eorpaigh, d’fhéadfaí go dtarraingeofaí an cistiú deontas arna fháil ag EirGrid ar ais.

Faigheann an Grúpa deontais i leith an tionscadail Cheiltigh faoi chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, sásra airgeadais an Aontais Eorpaigh chun tacú le bonneagar tras-Eorpach. Is nasc leictreach nua beartaithe é an tIdirnascaire Ceilteach a nascaidh an Fhrainc agus Éire, atá á chomhfhorbairt ag EirGrid plc agus Oibritheoir Córais Tarchurtha na Fraince – Réseau De Transport D’Électricité (‘RTÉ’). Tá €5.1m i ndeontais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ó bhlianta roimhe seo ríofa lúide caiteachas thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh laistigh de shócmhainní atá á dtógáil i nóta 13. Aithneofar an deontas ar leithligh mar ioncam iarchurtha nuair a chuirfear tús le húsáid na sócmhainne.

## 18. Scairchaipitil Eisiúna

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Údaraithe:</b>		
30,000 i ngnáthscaireanna ar €1.25 an ceann	38	38
<b>Cionroinnte, tarraingthe anuas agus íoctha go hiomlán:</b>		
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas:		
30,000 i ngnáthscaireanna ar €1.25 an ceann	38	38

Tá cineál amháin de ghnáthscair ag an gCuideachta, gnáthscair nach bhfuil aon ioncam seasta ag dul leis.

## 19. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	528,583	482,914

Cuimsítear le hairgead agus coibhéisí airgid thirim airgead arna shealbhú ag an nGrúpa agus cúltaisí bainc gearrthréimhseacha ag a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú tráth a eisiúna. Measann suim ghlanluacha na sócmhainní seo a gcóirluach. Tá an riosca creidmheasa i ndáil le cistí leachtacha teoranta toisc gur bainc iad na contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa atá sách ard agus atá sannta ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátálacha creidmheasa.

Áirítear le hiarmhéideanna airgid an ghrúpa €80.0m (2020: €62.0m) arna shealbhú ar iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa Mhargadh Leictreachais Aonair agus €38.8m (2020: €26.0m) arna shealbhú i gcuntais cúlchiste chomhthaobhaigh an Mhargaidh Leictreachais Aonair (cuntais shlándála arna sealbhú in ainm na rannpháirtithe margaidh).

Áirítear le hiarmhéideanna airgid an Ghrúpa taiscí slándála de €12.3m (2020: €19.4m). Áirítear le hiarmhéideanna airgid an Ghrúpa €6.7m (2020: €9.2m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach chun críocha shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar.

## 20. Soláthair

	€ '000
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	21,500
Soláthair déanta i rith na bliana	29,900
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	51,400
<b>Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:</b>	€ '000
Reatha	51,400
Neamhreatha	–
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>51,400</b>

Tá Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach (“Rialachán”) maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais mar chuid den Phacáiste um Fhuinneamh Glan agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tagraíonn Airteagal 12 den Rialachán seo do sheoladh na freagartha giniúna agus éilimh, agus tagraíonn Airteagal 13 don athsheoladh (i gcás ina n-iarrann oibrítheoir córais tarchurtha ar gineadóir an leibhéal beartaithe táirgthe a athrú – chun é a laghdú de ghnáth sa chomhthéacs seo). Tá Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair fós ag plé chur i bhfeidhm an Rialacháin in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Sheol Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair comhairliúchán maidir leis an Rialachán ag díriú ar Airteagail 12 agus 13 (SEM-20-028 27 Aibreán 2020). Leagadh amach leis an bpáipéar comhairliúcháin go mbainfidh nuashonruithe ar na socruithe reatha leis an Rialachán (SEM-11-062) chun na riachtanais nua maidir le seoladh tosaíochta a léiriú agus, chomh maith leis sin, nuashonruithe ar shocruithe (SEM-13-010) maidir le cúiteamh le haghaidh ciorrúcháin agus srianta arna dtabhairt isteach ag an Rialachán.

Sheol Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair páipéar comhairliúcháin (SEM-21-026) eile freisin in Aibreán 2021, inar tugadh sonraí maidir le tuairimí na nÚdarás Rialála i ndáil leis an staid maidir le réimsí áirithe arna n-ardú sa pháipéar comhairliúcháin SEM-20-028, a bhain le cur chun feidhme na nAirteagal 12 agus 13 ag díriú ar shainmhínte an tseolta, an athsheolta agus athsheolta nach bhfuil bunaithe ar an margadh sa Mhargadh Leictreachais Aonair agus socruithe le haghaidh cúitimh faoi Airteagal 13(7). Cé gur tugadh le fios roimhe seo go gcuirfí na saincheisteanna a bhaineann leis an rialachán seo i láthair mar chuid de pháipéar cinnteoireachta beartaithe, foilsíodh comhairliúchán eile mar gheall ar roinnt saincheisteanna casta a bhain leis an rialachán. Ina dhiaidh sin, i Lúnasa 2021, d’fhoilsigh Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair na freagraí a fuarthas i ndáil le SEM-21-026 agus SEM 21-027, ach níor foilsíodh aon pháipéar cinnteoireachta críochnaitheach mar gheall ar chur i bhfeidhm an rialacháin go dtí seo.

Cé go bhfuil dibhéirseacht ag baint le léirmhíniú agus forfheidhmiú beartaithe an rialacháin seo, agus cé go bhfuil féidearthacht ann go mbeadh an dliteanas féideartha cothrom le nialas, creidim gur dócha, mar gheall ar an Rialachán, go bhfuil oibleagáid íocaíochta ar an nGrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2021. Braithfidh an méid deiridh ar an mbealach a gcinnfidh na hÚdarás Rialála an Rialachán a chur chun feidhme in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann maidir le híocaíochtaí sriantachta le gineadóirí in-athnuaite ag a bhfuil naisc dhochta, íocaíochtaí ciorrúcháin le gineadóirí in-athnuaite agus íocaíochtaí sriantachta le gineadóirí in-athnuaite nach bhfuil naisc dhochta acu. Meastar go mbeidh an dliteanas féideartha idir €23.6m agus €201.2m. Toisc gur meastachán é seo, tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh an dliteanas féideartha a bheith os cionn an raoin seo nó níos ísle ná é. Mar sin féin, bunaithe ar bhreithniú an Ghrúpa, is é €51.4m an meastachán is fearr laistigh den raon seo. Tá amú na n-íocaíochtaí neamhchinnte, ach d’fhéadfaí tús a chur le híocaíochtaí leis na páirtithe lena mbaineann tar éis chríochnaíocht an phróisis comhairliúcháin. Tá an Grúpa sásta go dtacófar le gach costas a eascraíonn as feidhmiú an Rialacháin le socrú taraife rialaithe bunaithe ar an margadh. Dá réir sin, cuireadh méid in-aisghabhála de €51.4m san áireamh i dTrádáil agus infháltais eile.

## 21. Ceangaltais Chaipitil

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Caiteachas a ndearnadh conradh dó, ach nach ndearnadh foráil dó sna Ráitis Airgeadais	3,458	5,110

Tá ceangaltais chonartha ag an nGrúpa a eascraíonn as tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, arb é sin an nasc beartaithe leictreachais idir Éire agus mór-roinn na hEorpa atá ag céim an dearaidh mhionsonraithe agus toilithe.

## 22. Dlíteanais Theagmhasacha

Tá éileamh ar chúiteamh faighte ag an nGrúpa mar gheall ar laghdú ar an nglan-acmhainn aistrithe idirnascaire (GAI), le linn tréimhse d'infhaighteacht ghiniúna laghdaithe ar oileán na hÉireann, beart a glacadh chun slándáil an tsoláthair a chinntiú. An luach iomlán féideartha le haghaidh an éilimh airbheartaithe suas go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021 ná €5m, ach ní bheidh an tionchar deiridh (más ann d'aon cheann) ar eolas ach in am trátha. Ní dhearnadh aon fhoráil sna ráitis airgeadais toisc nach measann an bhainistíocht go mbeidh cailteanas dóchúil ag baint leis an éileamh, mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a bhaineann leis an mbunús dlíthiúil a d'fhéadfadh a fhágáil go gcaithfear cúiteamh a íoc. Sa chás ina n-éireodh le héileamh ar chúiteamh, bheimis ag súil le go mbeadh an íocaíocht clúdaithe ag na cistí arna sealbhú ar Chlár Comhardaithe an Ghrúpa agus ní bheadh aon tionchar aige ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir

### Scéimeanna Sochair Sainithe

Oibríonn an Grúpa dhá shocrú le sochar sainithe le haghaidh fostaithe incháilithe; oibrítear ceann acu le haghaidh fostaithe na Cuideachta agus le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin (“Ciste EirGrid”, agus oibrítear an ceann eile le haghaidh fostaithe de chuid SONI Teoranta (Rannóg Dhírithé “Scéim Pinsin SONI”; “Rannóg Dhírithé SONI”).

Feidhmíonn príomhscéim pinsin an Ghrúpa in Éirinn, Ciste EirGrid, faoi dhlí iontaobhais na hÉireann agus bainistítear agus riartar é thar ceann na mball, i gcomhréir leis na téarmaí a fhorluíonn ghníomhas an iontaobhais; rialacháin scéime; agus reachtaíocht na hÉireann (an tAcht Pinsean 1990 go príomha). Faoi reachtaíocht na hÉireann, ceanglaítear ar scéim pinsin le sochar sainithe go leor cistí a shaothrú agus a choinneáil chun a dteidlíochtaí pinsin a íoc leis na baill dá gcuirfí deireadh leis an scéim. Éilítear ar iontaobhaithe scéimeanna pinsin, luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha a fháil go rialta, Togra Maoiniúcháin a chur i bhfeidhm a thugann aghaidh ar aon easnamh maoiniúcháin reachtúil agus é sin a chur faoi bhráid Údarás Pinsean na hÉireann lena fhaomhadh (i gcás inarb iomchuí).

Tá Ciste EirGrid dúnta anois le haghaidh baill nua agus tháinig sé seo i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2019. Bhí fostaithe nua de chuid EirGrid plc incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngrúpsocrú idirthréimhseach ‘Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta’ (CCSP) ón 1 Aibreán 2019 agus bhí siad incháilithe chun bheith páirteach i scéim ranníocaíochtaí sainithe nua ó Lúnasa 2021.

Feidhmíonn Rannóg Dhírithé SONI faoi dhlí iontaobhais na Ríochta Aontaithe agus déantar í a bhainistiú agus a riar thar ceann a mball i gcomhréir le téarmaí ghníomhas an iontaobhais, na rialacha scéime agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe (an tAcht Pinsean 1993, an tAcht Pinsean 1995 agus an tAcht Pinsean 2004 go príomha). Faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, éilítear ar scéim pinsin le sochar sainithe an cuspóir maoinithe reachtúil a chomhlíonadh, cuspóir a bhaineann le sócmhainní leordhóthanacha cuí a bheith ar fáil chun na dlíteanais a chlúdadh. Éilítear ar iontaobhaithe scéimeanna pinsin: Ráiteas ar Phrionsabail Mhaoiniúcháin a ullmhú; luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha a fháil go rialta; Sceidil Ranníocaíochtaí a chur i bhfeidhm, agus i gcás ina bhfuil sé ábhartha, Plean Téarnaimh a thugann aghaidh ar aon easnamh maoiniúcháin; agus Ráitis Achoimre ar Mhaoiniú a sheoladh chuig baill na scéime pinsin go rialta.

Riarann iontaobhais éagsúla, atá scartha go dlíthiúil ón nGrúpa, Ciste EirGrid agus Scéim Pinsin SONI (na “Scéimeanna DB”). Tá iontaobhaíocht na Scéimeanna DB curtha i gcrích faoi láthair ag meascán d'iontaobhaithe arna n-ainmniú ag Baill agus d'iontaobhaithe arna n-ainmniú ag an gCuideachta. Ceanglaítear ar iontaobhaithe Scéimeanna DB gníomhú i gcomhréir leis na doiciméid reachtúla iontaobhais agus tá freagracht mhuiníneach orthu gníomhú ar son leas thairbhíthe na Scéimeanna DB. Áirítear le liosta neamhchuisitheach de dhualgais iontaobhaithe Scéimeanna DB na nithe a leanas; bailiú agus infheistiú ranníocaíochtaí, straitéis infheistiúcháin a chinneadh, riar na sochar agus gníomhú le hintinn mhaith agus i gcomhréir le doiciméid iontaobhais Scéimeanna DB.



### 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Faoi Chiste EirGrid, bíonn fostaithe incháilithe i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil nuair a rachaidh siad ar scor. Faoi Rannóg Dhírithé SONI, bíonn fostaithe incháilithe i dteideal pinsean a fháil nuair a rachaidh siad ar scor. D'fhéadfaí go mbeadh pinsean marthanóra agus/nó cnapshuim iníoctha dá bhfaigheadh duine bás faoi Scéimeanna DB. Tá sochair scoir atá iníoctha bunaithe ar thuarastal agus ar fhad na seirbhíse.

Ní raibh aon leasú, ciorrúchán ábhartha ná socrú i ndáil le Ciste EirGrid nó Rannóg Dhírithé SONI le linn na bliana airgeadais.

Fágann Scéimeanna DB go bhfuil an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí amhail riosca infheistíochta, riosca ráta úis, riosca fadsaolaí agus riosca tuarastail.

Riosca infheistíochta	Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna DB ag úsáid ráta lascaine arna chinneadh agus tagairt á déanamh do thoradh bannaí corparáide ardchaighdeáin; má bhíonn an brabús ar shócmhainní Scéimeanna DB faoi bhun an ráta sin, cruthóidh sé easnamh nochta cuntasaíochta (agus gach rud eile cothrom).
Riosca ráta úis	Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna DB ag úsáid ráta lascaine arna chinneadh agus tagairt á déanamh do thoradh bannaí corparáide ardchaighdeáin ar dháta an tomhais. Méadóidh laghdú ar thorthaí bannaí corparáide dliteanas na Scéimeanna DB (agus gach rud eile cothrom).
Riosca fadsaolaí	Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna DB agus tagairt á déanamh don mheastachán is fearr ar bhásmhaireacht rannpháirtithe Scéimeanna DB, le linn na fostaíochta agus ina diaidh. Méadóidh méadú ar ionchas saoil rannpháirtithe na Scéimeanna DB, dliteanas na Scéimeanna DB (agus gach rud eile cothrom).
Riosca tuarastail	Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna DB agus tagairt á déanamh do na boinn tuisceana maidir le tuarastail amach anseo le haghaidh rannpháirtithe na Scéimeanna DB. Dá bharr sin, méadóidh méadú ar thuarastal rannpháirtithe na Scéimeanna DB (coibhneasta don bhonn tuisceana roghnaithe) dliteanas na Scéimeanna DB (agus gach rud eile cothrom).

### Scéim ranníocaíochtaí sainithe

Toisc gur dúnadh Rannóg Dhírithé SONI le haghaidh baill nua ó bhí 1998 ann, seachas chun críche baill foirne a thabhairt isteach mar gheall ar aistriú na feidhme pleanála i dTuaisceart Éireann roimhe sin, oibríonn an Grúpa scéim cheadaithe ranníocaíochtaí sainithe freisin, “Rannóg Roghanna SONI” (ar rannóg ranníocaíochtaí sainithe í de Scéim Pinsin SONI le haghaidh fostaithe de chuid SONI Teoranta). Íocann na baill agus SONI Teoranta ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir, ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Áracháitear sochair bháis ar bhonn grúpa agus d'fhéadfaí iad a íoc mar cnapshuim agus/nó mar phinsean marthanóra. Sealbhaítear sócmhainní Rannóg Roghanna SONI ar iontaobhas agus tá siad ar leithligh ó chinn an Ghrúpa. An t-aon oibleagáid atá ag SONI Teoranta i leith Rannóg Roghanna SONI ná ranníocaíochtaí sonraithe a dhéanamh agus costais riaracháin a íoc. Aithnítear oibleagáidí le haghaidh ranníocaíochtaí le Rannóg Roghanna SONI mar chostas sa Ráiteas Ioncaim mar a thabhaítear iad. Léiríonn an muirear pinsin don bhliain airgeadais an ranníocaíocht iarbhír arna híoc ag SONI Teoranta, agus b'ionann é agus €1.1m (2020: €1.0m).

Bhí grúpsocrú idirthréimhseach ‘Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta’ (CCSP) á oibriú ag EirGrid plc le haghaidh baill nua i ndiaidh an 1 Aibreán 2019, sular cuireadh Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe (“Scéim DC EirGrid”) ar bun i Lúnasa 2021. An t-iomlán de CCSP agus ranníocaíochtaí sainithe arna n-íoc ag EirGrid plc ná €0.6m (2020: €0.3m).

### 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

#### Scéimeanna Sochair Sainithe – Dlíteanais

Rinneadh na luachálacha achtúireacha ba dhéanaí ar shócmhainní agus luach láithreach na n-oibleagáidí sainithe sochair ar an 30 Meán Fómhair 2021 le haghaidh phlean EirGrid agus le haghaidh phlean Dírithe SONI, faoi riachtanais Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 19: Sochair Fostaithe (IAS 19). Tomhaiseadh luachanna láithreacha na n-oibleagáidí sochair sainithe, agus na costais seirbhíse reatha agus na hiarchostais seirbhíse lena mbaineann ag úsáid Mhodh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa.

Is mar seo a leanas an méid atá sa Chlár Comhardaithe a d'eascair as na hoibleagáidí mar gheall ar na pleananna sochair sainithe seo:

	Iomlán, 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Plean EirGrid, 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Plean Dírithe SONI, 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Iomlán, 30 Meán Fómhair 2020 € '000	Plean EirGrid, 30 Meán Fómhair 2020 € '000	Plean Dírithe SONI, 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe maoinithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach	253,746	208,143	45,603	224,724	183,040	41,684
Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana	(211,102)	(168,315)	(42,787)	(182,112)	(144,870)	(37,242)
Glandliteanas	42,644	39,828	2,816	42,612	38,170	4,442
Cáin iarchurtha ar oibleagáid an ghlanphinsin (nóta 8)	(5,514)	(4,979)	(535)	(5,620)	(4,771)	(849)
<b>Glandliteanas tar éis na Cánach Iarchurtha</b>	<b>37,130</b>	<b>34,849</b>	<b>2,281</b>	<b>36,992</b>	<b>33,399</b>	<b>3,593</b>

D'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar na méideanna sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim mar seo a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000
Costas na seirbhíse reatha	8,085	9,781
Creidmheas seirbhíse roimhe seo	–	(6,093)
Glanspeansas úis	428	459
Costas phinsean an fhostóra arna chaipitliú	(1,321)	(668)
<b>Méid a cuimsíodh i gcostais oibriúcháin eile a bhaineann le scéimeanna sochair sainithe</b>	<b>7,192</b>	<b>3,479</b>

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na méideanna a aithníodh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach:

	Bliain Iomlán go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Plean EirGrid, an Bhliain suas go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Plean Dírithe SONI, an Bhliain suas go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain Iomlán go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000	Plean EirGrid, an Bhliain suas go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000	Plean Dírithe SONI, an Bhliain suas go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Atomhas an ghlandliteanais sochair sainithe:						
An gnóthachan achtúireach a eascraíonn as sócmhainní na Scéimeanna	18,223	14,497	3,727	1,832	2,382	(550)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha	506	–	505	(2,793)	(3,215)	422
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais	(22,150)	(18,681)	(3,469)	4,981	7,934	(2,953)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as coigeartuithe eispéiris	3,035	2,844	191	2,839	2,847	(8)
<b>An méid a áiríodh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach</b>	<b>(386)</b>	<b>(1,340)</b>	<b>954</b>	<b>6,859</b>	<b>9,948</b>	<b>(3,089)</b>

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe sa bhliain reatha airgeadais:

	Plean EirGrid		Plean Dírithe SONI	
	30-MFómh-21 € '000	30-MFómh-20 € '000	30-MFómh-21 € '000	30-MFómh-20 € '000
Luach láithreach na hoibleagáide sainithe ag tús na bliana	183,040	186,025	41,684	40,877
Costas na seirbhíse reatha lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag rannpháirtithe na Scéimeanna	9,034	10,740	419	497
Creidmheas seirbhíse roimhe seo	–	(6,093)	–	–
Costas úis	2,004	1,760	655	745
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana dhéimeagrafacha	–	3,215	(506)	(422)
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais	18,681	(7,934)	3,469	2,953
(Gnóthachan)/caillteanas achtúireach a eascraíonn as coigeartuithe eispéiris	(2,844)	(2,847)	(191)	8
Sochair a íocadh	(1,772)	(1,826)	(2,056)	(2,143)
Difríochtaí malairte	–	–	2,129	(831)
<b>Luach láithreach na hoibleagáide sochair sainithe ag deireadh na bliana</b>	<b>208,143</b>	<b>183,040</b>	<b>45,603</b>	<b>41,684</b>

### 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach shócmhainní an phlean sa bhliain reatha airgeadais:

	Plean EirGrid		Plean Dírithe SONI	
	30-MFómh-21	30-MFómh-20	30-MFómh-21	30-MFómh-20
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
	Iomlán	Iomlán	Iomlán	Iomlán
Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag tús na bliana	144,870	136,860	37,242	39,400
Ioncam Úis	1,637	1,325	594	722
Gnóthachain/(cailteanais) ar shócmhainní na Scéimeanna	14,497	2,383	3,727	(550)
Ranníocaíochtaí ó na Cuideachtaí	7,738	4,715	1,479	705
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na Scéimeanna	1,345	1,413	23	42
Costais riaracháin	–	–	(146)	(223)
Sochair a íocadh	(1,772)	(1,826)	(2,056)	(2,143)
Tionchar uasteorainn na sócmhainní gan méideanna a áirítear leis an gcostas úis san áireamh	–	–	–	–
Difríochtaí malairte	–	–	1,924	(711)
<b>Luach láithreach na hoibleagáide sochair sainithe ag deireadh na bliana</b>	<b>168,315</b>	<b>144,870</b>	<b>42,787</b>	<b>37,242</b>

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun críocha na luachálacha aachtúireacha:

Modh luachála	Plean EirGrid		Plean Dírithe SONI	
	Aonad Tuartha, 30 Meán Fómhair 2021	Aonad Tuartha, 30 Meán Fómhair 2020	Aonad Tuartha, 30 Meán Fómhair 2021	Aonad Tuartha, 30 Meán Fómhair 2020
	Ráta lascaine	1.4%	1.10%	1.95%
Méaduithe ar thuarastail	2.25% Móide scála	1.55% Móide scála	3.90% Móide scála	3.40% Móide scála
Méaduithe ar phinsin	2.0%	1.35%	3.30%	2.45%
Boilsciú	2.0%	1.30%	3.65%	3.15%
<b>Ionchas saoil iarscoir iad siúd a rachaidh ar scor ag aois 65 in 2039:</b>				
– Fir	24.1 bliain	24 bliain	24.7 bliain	25 bliain
– Mná	26.2 bliain	26.1 bliain	26.6 bliain	26.7 bliain

Bhí an ráta lascaine arna úsáid ag aachtúirí an phlean i ríomh na ndliteanas pinsin ag deireadh na bliana cothrom le 1.40% (2020: 1.10%) le haghaidh phlean EirGrid agus 1.95% (2020: 1.55%) le haghaidh phlean Dírithe SONI. Bunaíodh ráta lascaine phlean EirGrid ar thoradh go dtí fuascailt ar bhandaí corparáide ardchaighdeán a bhí ainmnithe in Euro eachtarshuite ag neastréimhse ama de 27 bliain (2020: 27 bliain). Bunaíodh ráta lascaine phlean Dírithe SONI ar thoradh go dtí fuascailt ar bhandaí corparáide ardchaighdeán a bhí ainmnithe in Steirling eachtarshuite ag neastréimhse ama de 18 mbliana (2020: 19 mbliana). Tagann sé seo le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iarscoir.



### 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Baineann neamhchinnteachtaí bunúsacha leis na boinn tuisceana dhéimeagrafacha agus airgeadais arna nglacadh ag an nGrúpa. Mar chomhartha ar thionchar na n-athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha, mhéadóidh laghdú 50 bonnphointe ar rátaí lascaine glandliteanas an phlean phinsin faoi thart ar 14% (2020: 13%).

#### Riachtanais Chistiúcháin agus Sreabhadh Airgid amach anseo

Éilítear luacháil chistiúcháin leanúnach ar Chiste EirGrid gach trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochta a theastaítear chun sochair amach anseo a mhaoiniú. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 1 Eanáir 2020. Coigeartaítear an ráta ranníocaíochta a theastaítear chun íoc as dlíteanas seirbhíse amach anseo le haghaidh bhaill reatha gníomhacha pinsin, chun luach aon bharrachais nó easnaimh iarsheirbhíse, atá i gCiste EirGrid, a chur san áireamh.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar staid an Chaighdeáin Mhaoiniúcháin (an íosriachtanas cistiúcháin reachtúil) a bhaineann le Ciste EirGrid. I gcás nach bhfuil sócmhainní leordhóthanacha ag scéim sochair sainithe Éireannach chun an Caighdeán Maoiniúcháin a shásamh, d'fhéadfaí go mbeadh maoiniú luathaithe i bhfoirm Togra Maoiniúcháin ag teastáil. Toisc go gcomhlíonann Ciste EirGrid an Caighdeán Maoiniúcháin, níl aon Togra Maoiniúcháin den sórt sin ag teastáil.

Ní mór luacháil achtúireach ar Rannóg Dhírthe SONI a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 31 Márta 2019. Príomhchuspóir na luachála maoiniúcháin ná na ranníocaíochtaí iníoctha ag SONI Teoranta a aontú ionas go mbeifí ag súil go mbeadh na sócmhainní leordhóthanacha ag Rannóg Dhírthe SONI chun na sochair a ghealltar do na baill a íoc. Deimhníonn Achtúire na Scéime gur ríomhadh na Forálacha Teicniúla i gcomhréir leis na rialacháin agus le Ráiteas na nIonantobhaithe ar Phrionsabail Mhaoiniúcháin agus táthar ag súil le go gcomhlíonfaí an Cuspóir Maoiniúcháin Reachtúil faoi dheireadh na tréimhse arna clúdach ag Sceideal na Ranníocaíochtaí. Ní mór luacháil Alt 179 a dhéanamh freisin chun a chinntiú go bhfuil sócmhainní leordhóthanacha ag Rannóg Dhírthe SONI chun a cuid dlíteanas i ndáil leis an gcúiteamh a bheadh á íoc ag Ciste na Cosanta Pinsin a chlúdach.

Is iad seo a leanas na príomhchatagóirí de shócmhainní phlean ar dháta an Chláir Chomhardaithe le haghaidh gach catagóire:

Plean EirGrid	Cóirluach	
	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Cothromais	55,867	68,147
Bannaí	63,426	30,864
Sealúchas	10,607	10,285
Airgead Tirim	1,247	1,923
Malairtí	32,078	28,416
Blianachtaí	5,090	5,235
<b>Cóirluach shócmhainní an phlean</b>	<b>168,315</b>	<b>144,870</b>

I gcás shócmhainní phlean EirGrid, thug gach sócmhainn seachas blianachtaí €163.2m (2020: €139.6m) praghsanna margaidh i margadh gníomhach. Níl aon phraghas margaidh ag na blianachtaí de €5.1m (2020: €5.2m) i margadh gníomhach.

Plean Dírthe SONI	Cóirluach	
	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Cothromais	18,996	17,469
Sárurrúis agus Bannaí	23,605	19,531
Eile	186	242
<b>Cóirluach shócmhainní an phlean</b>	<b>42,787</b>	<b>37,242</b>

I gcás shócmhainní phlean Dírthe SONI, thug gach catagóir €42.8m (2020: €37.2m) praghsanna margaidh i margadh gníomhach.

### 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

An fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime an Ghrúpa ná gnóthachan de €20.5m (2020: €3.9m). An fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime Phlean EirGrid ná gnóthachan de €16.1m (2020: €3.7m) agus an fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime Phlean Dírithe SONI ná gnóthachan de €4.3m (2020: €0.2m).

Tá an Grúpa ag súil le ranníocaíochtaí de €7.4m (2020: €8.4m) a íoc le haghaidh Phlean EirGrid agus €1.1m. (2020: €0.6m) a íoc le haghaidh Phlean Dírithe SONI sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.

### 24. Iasachtaí

Tugtar breac-chuntas ar iasachtaí an Ghrúpa, lena mbaineann ús, thíos.

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Inaisíochta i dtráthchodanna</b>		
<b>Inaisíochta laistigh de bhliain amháin:</b>		
Iasachtaí bainc	21,542	20,519
Iomlán na n-iasachtaí reatha	21,542	20,519
<b>Inaisíochta tar éis breis agus bliain</b>		
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	22,443	21,386
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	63,341	63,484
Laistigh de chúig bliana nó níos mó ná sin	174,337	196,268
Iomlán na n-iasachtaí neamhreatha	260,121	281,138
<b>Iomlán na n-iasachtaí gan íoc</b>	<b>281,663</b>	<b>301,657</b>

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Inaisíochta ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna</b>		
<b>Inaisíochta laistigh de bhliain amháin:</b>		
Iasachtaí bainc	–	–
Iomlán na n-iasachtaí reatha	–	–
<b>Inaisíochta tar éis breis agus bliain</b>		
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	–	–
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	–	67,916
Laistigh de chúig bliana nó níos mó ná sin	–	–
Iomlán na n-iasachtaí neamhreatha	–	67,916
<b>Iomlán na n-iasachtaí gan íoc</b>	<b>–</b>	<b>67,916</b>

## 24. Iasachtaí (ar lean)

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
Iomlán	€ '000	€ '000
<b>Áirítear leis na dliteanais reatha:</b>		
iasachtaí bainc	21,542	20,519
iasachtaí reatha lena mbaineann ús ar an luach cóir	21,542	20,519
<b>Áirítear leis na dliteanais neamhreatha:</b>		
iasachtaí bainc	260,121	349,054
iasachtaí neamhreatha lena mbaineann ús ar an luach cóir	260,121	349,054
Iomlán na n-iasachtaí bainc agus rótharraingtí	281,663	369,573
Iomlán na n-iasachtaí lena mbaineann ús	281,663	369,573

Ráthaíonn EirGrid plc iasachtaí na fochuideachta, EirGrid Interconnector DAC le struchtúr trasráthaíochta. Is iasachtaí neamhurráithe iad iasachtaí bainc. Aistríodh sciar de na hiasachtaí ó ráta comhlúthach úis atá bunaithe ar ráta tairgthe idirbhainc an Euro móide corrlach chuig ráta úis sheasta agus úsáid á baint as conarthaí babhtála ráta úis, féach nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Cuireadh saoráidí creidmheasa nua i bhfeidhm le haghaidh sheoladh an Mhargaidh Leictreachais Aonair nua. Ag deireadh na bliana bhí €nialas (2020: €67.9m) tarraingthe anuas ag EirGrid agus SONI ó na saoráidí creidmheasa imrothlaí seo chun riachtanais maidir le caipiteal oibre a mhaoiniú sa mhargadh cothromúcháin. Tá iasacht théarmach de £5.6m ((€6.5m) (2020: £8.4m (€9.3m)) gan íoc ag deireadh na bliana. Tá ús ar na hiasachtaí seo ar rátaí comhlúthacha atá bunaithe ar Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro agus Ráta Tairgthe Idirbhainc Londen móide corrlach.

Bhí saoráidí iasachta gan úsáid ag an nGrúpa de €211.5m (2020: €143.1m) ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Cuireadh formhór na n-iasachtaí gan úsáid seo in ord ionas go mbeadh saoráidí teannta leordhóthanacha ag an nGrúpa chun íocaíochtaí sriantachta nach bhfuil sa bhuiséad nó nach mbeadh súil leo a chlúdach.

Is iad seo a leanas téarmaí na n-iasachtaí gan íoc:

	Airgeadra	Bliain airgeadais aibíochta	Ag tús na bliana €'000	Sreabhadh airgid €'000	Neamhairgid €'000	Ag deireadh na bliana €'000
Saoráid neamhurráithe iasachta téarmaí	EUR	2030	89,605	(7,504)	213	82,314
Saoráid neamhurráithe iasachta téarmaí	EUR	2035	202,791	(9,928)	–	192,863
iasacht théarmach	STG	2023	9,261	(3,205)	430	6,486
Saoráid creidmheasa imrothlaigh	EUR	2023	50,000	(50,000)	–	–
Saoráid creidmheasa imrothlaigh	STG	2023	17,916	(18,598)	682	–
<b>Iomlán</b>			<b>369,573</b>	<b>(89,235)</b>	<b>1,325</b>	<b>281,663</b>

## 25. Catagóirí de Shócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais

	Sócmhainní airgeadais ag costais amúchta	Dliteanais airgeadais ag costais amúchta	Cóirluach trí ordú a gcealaíonn a chomhlíonadh ordú eile	Iomlán
Suim Ghlanluacha	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>30 Meán Fómhair 2021</b>				
Infheistíochtaí	–	–	356	356
Trádáil agus infháltais eile	82,265	–	–	82,265
Costais tionscadail iarchurtha	57,755	–	–	57,755
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	528,583	–	–	528,583
Trádáil agus iníocthaigh eile	–	(207,061)	–	(207,061)
Iasachtaí	–	(281,663)	–	(281,663)
Dliteanais léasa	–	(39,681)	–	(39,681)
Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 25)	–	–	(72,201)	(72,201)
<b>Iomlán</b>	<b>668,603</b>	<b>(528,405)</b>	<b>(71,845)</b>	<b>68,353</b>

	Sócmhainní airgeadais ag costais amúchta	Dliteanais airgeadais ag costais amúchta	Cóirluach trí ordú a gcealaíonn a chomhlíonadh ordú eile	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>30 Meán Fómhair 2021</b>				
Infheistíochtaí	–	–	356	356
Trádáil agus infháltais eile	62,191	–	–	62,191
Costais tionscadail iarchurtha	52,268	–	–	52,268
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	482,914	–	–	482,914
Trádáil agus iníocthaigh eile	–	(131,956)	–	(131,956)
Iasachtaí	–	(369,573)	–	(369,573)
Dliteanais léasa	–	(41,824)	–	(41,824)
Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 25)	–	–	(91,729)	(91,729)
<b>Iomlán</b>	<b>597,373</b>	<b>(543,353)</b>	<b>(91,373)</b>	<b>(37,353)</b>



## 25. Catagóirí de Shócmhainní Airgeadais agus Dlíteanais Airgeadais (ar lean)

Cóirluach	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Leibhéal 4
	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>30 Meán Fómhair 2021</b>				
Infheistíochtaí	–	–	356	356
Trádáil agus infháltais eile	–	–	–	–
Costais tionscadail iarchurtha	–	–	–	–
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	–	–	–	–
Trádáil agus iníocthaigh eile	–	–	–	–
Íasachtaí	–	–	–	–
Dlíteanais léasa	–	–	–	–
Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 25)	–	(72,201)	–	(71,201)
<b>Iomlán</b>	<b>–</b>	<b>(72,201)</b>	<b>356</b>	<b>(71,845)</b>
<b>30 Meán Fómhair 2020</b>				
Infheistíochtaí	–	–	356	356
Trádáil agus infháltais eile	–	–	–	–
Costais tionscadail iarchurtha	–	–	–	–
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	–	–	–	–
Trádáil agus iníocthaigh eile	–	–	–	–
Íasachtaí	–	–	–	–
Dlíteanais léasa	–	–	–	–
Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 25)	–	(91,729)	–	(91,729)
<b>Iomlán</b>	<b>–</b>	<b>(91,729)</b>	<b>356</b>	<b>(91,373)</b>

## 25. Catagóirí de Shócmhainní Airgeadais agus Dlíteanais Airgeadais (ar lean)

Cuirtear ionstraimí airgeadais a thomhaistear i ndiaidh na haitheanta tosaigh ag cóirluach i Leibhéal 1 go 3 bunaithe ar a mhéid a bhíonn an cóirluach inbhraite:

- is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 1 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó phraghsanna (gan choigeartú) a luaitear i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dlíteanais atá díreach mar an gcéanna;
- is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 2 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó ionchuir seachas na praghsanna a luaitear agus a áirítear laistigh de Leibhéal 1 atá inbhraite le haghaidh na sócmhainne nó an dlíteanais, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. díorthaithe ó phraghsanna);
- is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 3 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó theicnící luachála lena n-áirítear ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dlíteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (ionchuir neamh-inbhraite).

### Meastachán cóirluachanna

Mínítear thíos na príomh-mhodhanna agus boinn tuisceana a úsáidtear chun cóirluachanna sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a mheas.

### Infheistíochtaí

Tomhaistear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais ar chóirluach. Ní raibh aon aistriú idir leibhéil luachála le linn na bliana.

### Trádáil agus infháltas/iníocthaigh eile agus costais tionscadail iarchurtha

I gcás na n-infháltas agus na n-iníocthach, is neastachán réasúnta den chóirluach é suim ghlanluacha lúide liúntais laige, nuair is cú.

### Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

I gcás tascí bainc gearrthréimhseacha agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, meastar go léiríonn an tsuim ghlanluacha neastachán réasúnta ar chóirluach.

### Iasachtaí

Ríomhtar an cóirluach bunaithe ar shreabhadh airgid príomha agus úis lascainithe amach anseo agus níl aon difríocht ábhartha idir an cóirluach agus an tsuim ghlanluacha.

### Ionstraim dhíorthach airgeadais (babhtálacha ráta úis)

Cinntear cóirluach bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa ar an dáta tuairiscithe trí bhíthin sreabhadh airgid na todhchaí a lascainiú ag úsáid cuar ráta úis inbhraite ar an dáta tuairiscithe agus, mar sin de, meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad. Ní raibh aon aistriú idir leibhéil luachála le linn na bliana.

Toisc go dtagann na díorthaigh as an airgead níl aon neamhchosaint ar chontrapháirtithe an bhainc agus, mar sin de, ní theastaíonn aon choigeartú creidmheasa do chontrapháirtithe. Tá rátálacha arda creidmheasa ag na bainc ag a bhfuil díorthaigh agus, mar sin de, fiú da mbeadh neamhchosaint ann dóibh i dtéarmaí mharcáil dhíorthach de réir luachálacha margaidh, ní mheasfadh an Grúpa go mbeadh gá le coigeartuithe creidmheasa. D'fhan an Grúpa i riocht seasta ó thaobh creidmheasa agus airgeadais de le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021 agus, mar sin de, níl aon ghá le coigeartú creidmheasa.

## 26. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht chaipitil

Thug EirGrid plc caipitil isteach faoi Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006 agus an t-oibritheoir córais tarchurtha á dhílsiú. Is ionann an caipiteal seo agus bunchaipiteal an Ghrúpa. Ní dhearnadh aon athrú ar bhunchaipiteal an Ghrúpa le linn na bliana airgeadais. Tá aon athrú ar struchtúr an chaipitil faoi réir faofa ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Maoinítear an Grúpa ar bhonn leanúnach trí chóras na dtaraifí rialála. Tá saoráidí bainc curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun leachtacht agus sreabhadh airgid a bhainistiú chun mímhéaitseáil amaithe idir fáil na dtaraifí rialála agus riachtanais caipitil oibre a cheadú.

Maoiníonn iasachtaí seachtracha, faoi réir faofa ón Aire, tionscadail lena mbaineann caiteachas caipitil suntasach. Socraítear cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa le reachtaíocht agus tá iasachtaí aonair faoi réir faofa ón Aire. Ar an 14 Márta 2008, achtaíodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid), 2008. Go príomha, thug an tAcht seo cumhacht don Ghrúpa an tIdirnascaire Thoir-Thiar a thógáil agus, chomh maith leis sin, mhéadaigh sé cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa go teorainn de €750m.

Beartas an Ghrúpa ná costas cistí íseal, seasmhach, inghlactha a chinntiú le himeacht ama, faoi réir leibhéil inghlactha rioscaí. Cothaíonn an Grúpa próifíl chothromaithe aibíochta freisin i ndáil leis an gcroíphunann iasachta chun aisíocaíochtaí arda agus riosca athmhaoiniúcháin a sheachaint.

Leagtar amach thíos tuilleadh sonraí maidir leis na saoráidí iasachtaithe agus na straitéisí fáilithe lena mbaineann

### Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais

Níl aon tiús suntasach i ndáil le riosca ann agus ní dhearnadh aon athrú suntasach le linn na bliana airgeadais, nó ó dheireadh na bliana, ar na cineálacha rioscaí airgeadais atá roimh an nGrúpa nó roimh chur chuige an Ghrúpa maidir le bainistíocht na rioscaí sin.

Bainistíonn feidhm ciste an Ghrúpa maoiniú, leachtacht agus neamhchosaint an Ghrúpa ar rioscaí úis agus rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí. Déantar athbhreithniú rialta ar na beartais atá ann chun an Ghrúpa a chosaint ar na rioscaí seo agus ar rioscaí eile, agus déanann an Bord iad a cheadú.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais ar a bhfuil an Grúpa neamhchosanta le leachtacht, caipiteal, an margadh (lena n-áirítear ráta úis) agus riosca caipitil a eascraíonn as oibríochtaí laethúla agus as tionscadail a bhaineann le caiteachas príomhchaipitil.

Bainistíonn an Grúpa a leachtacht agus riosca caipitil le haghaidh oibríochtaí laethúla le próiseas rialála chun taraifí a leagadh amach leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais agus Rialtóir Fónais Thuaisceart Éireann agus le buiséadú inmheánach agus monatóireacht ar athruithe. Tá idirbheartaíocht déanta ag an nGrúpa i leith saoráidí cúltaca le bainc éagsúla chun tacú le tuartha ar an sreabhadh airgid agus leis na riachtanais a ghabhann leo.

Maidir le caiteachas caipitil, tá próisis cheadaithe um príomhchaiteachas agus um bainistíocht tionscadal curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa.

### Bainistíocht riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca a mhaíneoidh contrapháirtí ar a chuid oibleagáidí conartha agus go mbeidh caillteanas airgeadais an Ghrúpa mar thoradh air. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil a chuntais bainc aige leo. Maolaíonn an Grúpa an neamhchosaint nuair a leathnaíonn sé cistí ar fud roinnt institiúidí airgeadais ag a bhfuil ráthaíocht cheannasach maidir le tascí custaiméirí nó ag a bhfuil rátáil chreidmheasa, ó ghníomhaireacht rátála neamhspleách, atá comhsheasmhach leis an mbeartas ciste arna cheadú ag an mBord. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca contrapháirtí freisin maidir le háiseanna gan tarraingt agus ionstraimí babhtála ráta úis. I gcomhréir lenár mBeartas Ciste, ní phléann an Grúpa ach amháin le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa arda chun an riosca seo a mhaolú. Ní cheapann an bhainistíocht nach gcomhlíonadh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí. Léirítear an uasneamhchosaint ar riosca creidmheasa i suim ghlanluacha gach sócmhainne.

I gcás an mhargaidh chomhardúcháin, faoi théarmaí an Chóid um Thrádáil agus Socrú le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, éilítear ar gach páirtí clúdach creidmheasa a chur ar fáil ag leibhéal a chuireann an tOibritheoir Margaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin litreach creidmheasa teannta

## 26. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

neamh-íochúlghairthe nó taisce airgid thirim arna coinneáil i gcuntas cúlchiste chomhthaobhaigh Mhargadh Leictreachais Aonair (cuntais shlándála le hainm na rannpháirtithe margaidh). Roinneann rannpháirtithe an mhargaidh aon drochfhiach a thagann as an Margadh Leictreachais Aonair, a mhéid a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, agus ní ghlacann an tOibrítheoir Margaidh leis. B'ionann infháltais thrádála rannpháirtithe margaidh SEMO, a áiríodh le hinfháltais eile de chuid an Ghrúpa, amhail an 30 Meán Fómhair 2021 agus €0.3m (2020: €0.4m). Áirítear le hiníocthaigh eile €82.1m atá dlite don mhargadh i leith an bharrachais mhargaidh. Áiríodh leis an mbliain roimhe sin €12.4m in iníocthaigh eile i ndáil le heasnamh margaidh. Tagann an t-iarhmhéid margaidh aníos mar gheall ar mhímheaitseáil idir ráta ioncaim na taraife buiséadaithe agus costais shriantachta iarbhí a bhíonn éagsúil gach bliain mar gheall ar staid dhothuartha an mhargaidh chothromúcháin. Socraítear na hiarmhéideanna margaidh le coigeartú taraife k-fhachtóra i mblianta ina dhiaidh sin.

Bainistíonn EPEX margadh an lá dár gcionn agus an margadh ionlae le haghaidh SEMOp. Déanann Imréiteach Tráchtearraí na hEorpa (ECC) malartú cumhachta SEMOp a imréiteach agus a shocrú agus glacann sé freagracht airgeadais as gach trádáil chríochnaithe. Cuireann ECC riachtanais chomhthaobhacha i bhfeidhm ar chomhaltáí malartaithe agus a mbainc imréitigh, agus glacann ECC, mar chontrapháirtí, le haon drochfhiach.

Tá socruithe cúí i bhfeidhm freisin chun riosca creidmheasa an Ghrúpa, a thagann as a chuid gníomhaíochtaí mar Oibrítheoir Córais Tarchurtha, a bhainistiú go héifeachtúil. Ní mór do gach úsáideoir soláthar don Ghrúpa agus slándáil a chothú ina dhiaidh sin i leith íocaíocht an airgid go léir atá dlite don Ghrúpa faoin gComhaontú i ndáil le hÚsáid an Chórais (“Clúdach Slándála”) i bhfoirm litreach creidmheasa nó taisce airgid thirim.

Rialaíonn rialacha leithdháilte JAO na rannpháirtithe i margadh FTR. Tugann na rialacha leithdháilte seo údarás i ndáil le ráthaíocht bainc nó taisce airgid thirim.

Aisghabhatar costais an tionscadail iarchurtha ó úinéirí na sócmhainní tarchurtha arna rialú ag na comhaontuithe a éascaíonn an idirghníomhaíocht oibriúcháin idir oibrítheoirí córais tarchurtha agus ÚSTanna. Cinntíonn na comhaontuithe sin nach mbíonn na hoibrítheoirí córais tarchurtha neamhchosanta ar aon riosca creidmheasa ó aisghabháil chostais an tionscadail.

Cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe i bhfeidhm i ndáil le cailleanais chreidmheasa thuartha a sholáthar, arna leagan amach ag IFRS 9, a cheadaíonn úsáid fhoráil an chailleanais thuartha thar shaolré le haghaidh gach uile infháltas trádála agus sócmhainn chonartha. Úsáidtear mairtís liúntais chun ECLanna na n-infháltas trádála a thomhas ach níl aon neamhchosaint ann ar mhainneachtain de bharr na mbeartas um bainistíocht riosca creidmheasa a leagtar amach thuas. Mar thoradh air sin, bhí an liúntas cailleanais amhail an 30 Meán Fómhair 2021 cothrom le nialas.

An mheántréimhse chreidmheasa maidir le hinfháltais thrádála ná dhá mhí. Is iad seo a leanas próifíl aoise na n-iarhmhéideanna dlite nach bhfuil laige orthu:

	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
Idir 60 agus 90 lá	–	–
Idir 90 agus 120 lá	–	–
Breis agus 120 lá	–	–
<b>Iomlán</b>	<b>–</b>	<b>–</b>

### Bainistíocht riosca leachtachta

Tá an Bord Stiúthóirí freagrach as an riosca leachtachta a bhainistiú, agus thóg an Bord creat iomchuí um bainistíocht riosca chun bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais bainistíochta maoiniúcháin agus leachtachta ghearrtréimhseacha, mheántréimhseacha agus fhadtréimhseacha an Ghrúpa. Bainistíonn an Grúpa an riosca leachtachta trí bhíthin cúltaisc, saoráidí bainc agus saoráidí iasachtaithe cúltaisc leordhóthanacha a chothú, monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreabhadh airgid tuartha agus iarbhí agus próifíl aibíochta sócmhainní agus dliteanas airgeadais a mheaitseáil. Déantar monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh an Ghrúpa maidir le conarthaí fiachais, bunaithe ar chuntais bhainistíochta.



## 26. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Tá beartais i ndáil le bainistíocht an riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa chun a chinntiú go n-íoctar gach iníochtach laistigh den tréimhse ama chreidmheasa. Tá gach iníochtach trádála ar an dáta tuairiscithe laistigh den chreat creidmheasa sin. I gcás ina mbíonn an Chuideachta ina cúis le híocaíocht dhéanach sonraisc, íoctar ús leis an soláthróir.

Tá rochtain ag an nGrúpa ar shaoráidí maoiniúcháin, agus bhí méid iomlán gan úsáid na saoráidí cothrom le €200.0m ar dháta an Chláir Chomhardaithe (2020: €143.1m). Cuireadh formhór na n-iasachtaí gan úsáid seo in ord ionas go mbeadh saoráidí teannta leordhóthanacha ag an nGrúpa chun íocaíochtaí sriantachta nach bhfuil sa bhuiséad nó nach mbeadh súil leo a chlúdach. Measann an Grúpa go gcomhlíonfaidh sé a oibleagáidí eile maidir le sreabhadh airgid oibriúcháin.

Tugtar sonraí sa tábla a leanas maidir leis an aibíocht chonartha atá fágtha ag an nGrúpa le haghaidh a dhliteanais airgid neamhdhíorthacha. Leagadh amach an tábla bunaithe ar shreabhadh airgid neamhslascaithe maidir le dliteanais airgeadais bunaithe ar an dáta is luaithe faoina gceanglaítear ar an nGrúpa íocaíocht a dhéanamh. Áirítear leis an tábla ús agus príomhsreabhadh airgid.

Suím Ghlanluacha	Níos lú ná mí amháin €'000	Idir 1 agus 12 mhí €'000	Idir 1 agus 5 mbliana €'000	Breis agus 5 bliana €'000	Iomlán €'000
<b>30 Meán Fómhair 2021</b>					
Trádáil agus iníocthaigh eile	178,644	28,417	–	–	207,061
Dlíteanais léasa lena n-áirítear ús	–	3,051	13,286	27,877	44,214
lasachtaí lena n-áirítear ús	–	23,294	90,754	177,076	291,124
Babhtáil ráta úis – eis-sreabhadh glanairgid	–	11,665	37,734	32,415	81,814
<b>Iomlán</b>	<b>178,644</b>	<b>66,427</b>	<b>141,774</b>	<b>237,368</b>	<b>624,213</b>
<b>30 Meán Fómhair 2020</b>					
Trádáil agus iníocthaigh eile	104,431	27,524	–	–	131,955
Dlíteanais léasa lena n-áirítear ús	290	3,191	12,203	31,126	46,810
lasachtaí lena n-áirítear ús	–	22,482	90,766	200,246	313,494
Babhtáil ráta úis – eis-sreabhadh glanairgid	–	12,099	40,696	40,344	93,139
<b>Iomlán</b>	<b>104,721</b>	<b>65,296</b>	<b>143,665</b>	<b>271,716</b>	<b>585,398</b>

Meastar go dtarlóidh fálú ar an sreabhadh airgid agus go ndéanfaidh sé difear don ráiteas ioncaim thar thréimhse de 15 bliana.

Is mar a leanas iad na méideanna arna n-aithint agus arna n-athaicmiú maidir le cúltaisce an fhálaithe ar an sreabhadh airgid:

	30 Meán Fómhair 2021 €'000	30 Meán Fómhair 2020 €'000
Gnóthachan/(Caillteanas) a tháinig aníos le linn na bliana	7,039	(4,666)
Athaicmithe ar an ráiteas ioncaim (lena n-áirítear i gcostais airgeadais)	12,489	14,508
<b>Iomlán</b>	<b>19,528</b>	<b>9,842</b>

## 26. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Riosca Margaidh

#### Bainistíocht riosca ráta úis

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis toisc go bhfaigheann sé cistí ar iasacht ag rátaí comhlúthacha úis. Bainistíonn an Grúpa an riosca agus meascán cuí idir iasachtaí ag rátaí seasta agus comhlúthacha a chothabháil agus úsáid á baint as conarthaí babhtála ráta úis.

Bhí dliteanas na babhtála ráta úis ag deireadh na bliana cothrom le €72.2m (2020: €91.7m). Bhí an méid barúlach cothrom le €277.0m (2020: €293.4m) ar ráta úis de 3.8% (2020:3.8%), a fhálaigh na saoráidí neamhurráithe iasachta téarmaí de €277.0m (2020: €293.4m).

Faoi chonarthaí babhtála ráta úis, d'aontaigh an Grúpa an difríocht idir méideanna úis seasta agus ar ráta comhlúthach a mhalartú, arna ríomh bunaithe ar mhéideanna aontaithe de phrionsabal barúlach. Cuireann conarthaí den sórt sin ar chumas an Ghrúpa an riosca a bhaineann le neamhchosaint ar an sreabhadh airgid a mhaolú i ndáil leis an ús eisithe ar ráta athraitheach maidir le hiasachtaí.

Socraítear babhtálacha ráta úis an Ghrúpa go tráthrialta agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha idir gach trí agus sé mhí. Íocfaidh an Grúpa nó gheobhaidh sé an difríocht idir an ráta úis seasta agus comhlúthach ar ghlanbhonn.

Ainmnítear gach conradh babhtála ráta úis a mhalartaíonn méideanna úis ar ráta comhlúthach le haghaidh méideanna úis ar ráta seasta mar fhálú ar an sreabhadh airgid chun neamhchosaint shreabhadh airgid an Ghrúpa a mhaolú, rud a mbíonn rátaí úis athraitheacha ar iasachtaí mar thoradh air. Tarlaíonn na glansocraíochtaí faoi na babhtálacha ráta úis agus íocaíochtaí úis ar na hiasachtaí go comhuaineach. Aithnítear an méid a iarchuirtear i gcothromas mar bhrabús nó mar chaillteanas thar an tréimhse ina ndéanann na híocaíochtaí úis ar ráta comhlúthach maidir leis an bhfiachas difear don bhrabús nó don chaillteanas.

#### Anailís ar íogaireacht an ráta úis

Cinneadh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an gcomh-neamhchosaint ar rátaí úis le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí díorthacha ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú de 50 bonnphointe agus riosca ráta úis á thuairisciú agus léiríonn sé sin measúnú na bainistíochta ar athruithe ar rátaí úis, ar réasúnta go dtarlóidh siad.

Dá mbeadh rátaí úis reatha agus réamhrátaí úis 50 (2020: 50) bonnphointe níos airde/níos ísle agus dá mbeadh gach athróg eile seasta, bheadh na nithe a leanas a bhaineann leis an nGrúpa fíor:

- Bheadh difear de €nialas (2020: €nialas) déanta don bhrabús le haghaidh na bliana amhail an 30 Meán Fómhair 2021 agus
- Bheadh tionchar de €10.5m/ (€11.0m)/ (2020: €12.7m/ (€14.4m)) imeartha ar chúltaiscí cothromais eile, mar gheall ar athruithe sa chóirluach a bhaineann leis an bhfálú ar an sreabhadh airgid go príomha.

#### Bainistíocht an riosca a bhaineann le malartú airgeadra eachtraigh

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh le hoibríochtaí an dá fhochuideachta atá corpraithe i dTuaisceart Éireann, ag a bhfuil an Steirling mar airgeadra feidhmiúil agus mar gheall ar chaiteachas caipitil i Steirling. Úsáidtear Steirling d'fhormhór an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe, rud a dhéanann an riosca a eascraíonn as na fochuideachtaí seo, ag a bhfuil airgeadraí feidhmiúla Steirling, a mhaolú i bpáirt. Tá iarracht déanta ag an nGrúpa an neamhchosaint seo a laghdú tuilleadh agus oibríochtaí i dTuaisceart Éireann a mhaoiniú ag úsáid iasachtaí Steirling.

#### Anailís íogaireachta um malairt airgeadra eachtraigh

Cinneadh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar neamhchosaint an Ghrúpa ar a oibríochtaí Steirling amhail dáta an Chláir Chomhardaithe. Thairfeadh deighleog oibrítheoir córais tarchurtha SONI brabús roimh cháin de €5.6m le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: cailteanas de €1.6m). Úsáideadh méadú nó laghdú de 20% agus riosca malairte airgeadra eachtraigh á thuairisciú agus léiríonn sé sin measúnú na bainistíochta ar athruithe ar rátaí malairte, ar réasúnta go dtarlóidh siad.

Dá mbeadh rátaí malairte 20% níos airde/níos ísle agus dá mbeadh gach athróg eile seasta, bheadh tionchar de €10.6m (2020: €8.7m) imeartha ar bhrabús roimh cháin an Ghrúpa le haghaidh na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021. Bheadh tionchar de €2.6m (2020: €1.5m) imeartha ar chúltaiscí cothromais eile.

## 27. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is eagraíocht thráchtála stáit Éireannach é EirGrid plc agus, mar sin de, is páirtí é atá gaolmhar le Rialtas na hÉireann. Tá scair amháin de scairchaipiteal na Cuideachta ag Brendan Tuohy, Mark Foley agus Martin Corrigan thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin den Chuideachta ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó sealbhaítear é thar a cheann.

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí boird sa Ghrúpa le linn na bliana.

Mar an gcéanna le heintitis eile, bíonn an Grúpa ag plé le gnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile arna n-urrú ag an Rialtas amhail BSL, agus nochtar na mór-idirbhearta thíos.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus BSL faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fónais, i ndáil le róil úinéir agus oibritheoir an chórais tarchurtha. Mar seo a leanas a bhí na muirir ar na Ráitis Chomhdhlúite loncaim faoin gComhaontú:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
<b>Muirear úinéir na sócmhainní tarchurtha</b>	301,108	284,639

Bhí iomlán de €56.8m (2020: €55.0m) le híoc le BSL faoin gComhaontú seo amhail an 30 Meán Fómhair 2021. Bhí an ghluaiseacht san iarmhéid seo mar a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
An t-iarmhéid tosaigh	55,048	48,524
Muirir le linn na bliana	341,758	323,065
Íocaíochtaí déanta le linn na bliana	(339,973)	(316,541)
<b>An t-iarmhéid deiridh</b>	<b>56,833</b>	<b>55,048</b>

Tá an t-iarmhéid gan íoc seo neamhurráithe agus tá sé iníoctha in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

## 28. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a dteastódh nochtadh agus/nó coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

## 29. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 15 Nollaig 2021.

## Ráitis Airgeadais na Cuideachta LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

### Clár Comhardaithe Comhdhlúite na Cuideachta AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

		30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	Nóta	€ '000	€ '000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	30 (E)	155,761	155,761
Infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu	30 (F)	–	55
Infheistíochtaí eile	30 (H)	325	325
Sócmhainní doláimhsithe	30 (I)	49,991	58,646
Sealúchas, gléasra agus trealamh	30 (J)	50,301	32,749
Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	30 (K)	26,663	29,478
<b>Iomlán na sócmhainní neamhreacha</b>		<b>283,041</b>	<b>277,014</b>
Trádáil agus infháltais eile: méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin	30 (L)	234,363	212,887
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	30 (M)	455,095	413,311
Trádáil agus infháltais eile	30 (N)	161,502	185,516
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<b>616,597</b>	<b>598,827</b>
Trádáil agus iníocthaigh eile: méideanna atá le n-íoc laistigh de bhliain amháin	30 (O)	(377,998)	(321,325)
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>238,599</b>	<b>277,502</b>
<b>Iomlán na sócmhainní líide dlíteanais reatha</b>		<b>756,003</b>	<b>767,403</b>
Trádáil agus iníocthaigh eile: Méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin	30 (P)	(265,986)	(342,846)
<b>Soláthair</b>			
Oibleagáid sochair scoir	30 (T)	(39,828)	(38,170)
Soláthairtí eile	30 (U)	(38,550)	(16,125)
<b>Glansócmhainní</b>		<b>411,639</b>	<b>370,262</b>
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas	18	38	38
Cúlchiste caipítíl		49,182	49,182
Cúlchiste fálaíthe		(49,024)	(61,756)
Tuilleamh coinnithe		411,443	382,798
<b>Cothromas iomlán</b>		<b>411,639</b>	<b>370,262</b>

Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

**Brendan Tuohy**  
Cathaoirleach

**John Trethowan**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

**Mark Foley**  
Príomhfheidhmeannach

*Brendan Tuohy*

*John Trethowan*

*Mark Foley*

Dáta: 15/12/2021



## Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas LE HAGHAIDH NA BLIANA AIRGEADAIS GO DTÍ AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

	Scairchaipítíl eisiúna	Cúlchiste caipítíl	Cúlchiste fálaithe	Tuilleamh coinnithe	An t-iomlán is féidir a cheangal le sealbhóirí cothromais
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>An t-iarhmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020</b>	38	49,182	(67,142)	359,232	341,310
Brabús don bhliain	–	–	–	18,862	18,862
<b>Ioncam cuimsitheach eile</b>					
Atomhais ar scéim sochair sainithe glan ar cháin iarchurtha	–	–	–	8,704	8,704
Gluaiseacht an fhálaithe ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha	–	–	5,386	–	5,386
Díbhinní	–	–	–	(4,000)	(4,000)
<b>An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	38	49,182	(61,756)	382,798	370,262
Brabús don bhliain	–	–	–	33,818	33,818
<b>Ioncam cuimsitheach eile</b>					
Atomhais ar scéim sochair sainithe glan ar cháin iarchurtha	–	–	–	(1,173)	(1,173)
Gluaiseacht an fhálaithe ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha	–	–	12,732	–	12,732
Díbhinní	–	–	–	(4,000)	(4,000)
<b>An t-iarhmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>38</b>	<b>49,182</b>	<b>(49,024)</b>	<b>411,443</b>	<b>411,639</b>

### Cúlchiste Caipítíl

Tháinig an cúlchiste caipítíl ó dhílsiú oibríochtaí an oibrítheora córais tarchurtha ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níor tharla aon ghluaiseacht sa chúlchiste ó shin i leith.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an sciar carnach de na gnóthachain agus de na cailteanais maidir le hionstraimí fálaithe a measadh a bhí éifeachtach i bhfálú ar an sreabhadh airgid. Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas carnach iarchurtha ar na hionstraimí fálaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas nuair a dhéanann idirbheart fálaithe dífeair don bhrabús nó don chaillteanas, nó má chuimsítear é mar athrú bunaidh ar mhír fhálaithe neamh-airgeadais.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe, tuilleamh carntha glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais roimhe sin.

### 30. (A) Ráiteas ar Chomhlíontacht

Ullmhaíodh ráitis aonair airgeadais na Cuideachta de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 101 Creata Faisnéisithe Laghdaithe (Márta 2018) (“FRS 101”). Glac ráitis airgeadais na Cuideachta roinnt díolúintí faoi FRS 101. Áirítear leis na díolúintí seo:

- ráiteas ar sreabhadh airgead agus nótaí gaolmhara;
- nochtuithe maidir le haithint ioncaim;
- nochtuithe maidir le cúiteamh foireann príomhbhainistíochta;
- nochtuithe maidir le idirbhearta le fochuideachtaí ar lánúinéireacht;
- nochtuithe maidir le bainistiú chaipitil;
- faisnéis comparáideach áirithe; agus
- éifeachtaí IFRSanna nua, nach bhfuil éifeachtach go fóill áfach.

Os rud é go gcuimsíonn na ráiteas airgeadais comhdhlúite na nochtuithe coibhéiseacha, bhain an Chuideachta leas freisin as na díolúintí atá ar fáil faoi CTA 101 maidir leis na nochtuithe seo a leanas:

- Nochtuithe áirithe a éilíonn Tomhas cóirluacha CITA 13 agus na nochtuithe a éilíonn Nochtuithe Ionstraimí Airgeadais CITA 7.

### 30. (B) Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid plc agus tá sé corpraithe in Éirinn. Tá oifig chláraithe EirGrid plc lonnaithe ag An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 (Uimhir chlárúcháin 338522). Déantar cur síos ar phríomhghníomhaíocht na Cuideachta ar leathanach 69 de Thuarascáil na Stiúrthóirí. An grúpa is mó a bhfuil an Chuideachta mar chuid de, agus dár ullmhaíodh grúpchuntais, ná EirGrid plc. Tá cóipeanna de ghrúpchuntais chomhdhlúite EirGrid plc atá ar leathanaigh 69 go 143 ar fáil ó Rúnaí na Cuideachta, EirGrid plc, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.

Cuireann an Chuideachta beartais chuntasaíochta chomhsheasmhacha i bhfeidhm orthu seo arna gcur i bhfeidhm ag an nGrúpa. Féach leathanaigh 93-106 de ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtadh maidir leis na beartais chuntasaíochta ábhartha.

### 30. (C) Brabúis is féidir a cheangal le EirGrid PLC

Iomlán an bhrabúis don bhliain, arbh fhéidir é a cheangal leis an Máthairchuideachta, ná €33.8m (2020: €18.9m). I gcomhréir le hAlt 304(2) d’Acht na gCuideachtaí, 2014, tá leas á bhaint ag an gCuideachta as díolúintí a bhaineann lena Ráiteas ar an Ioncam aonair a chur i láthair ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Tá leas bainte freisin ag an gCuideachta as an díolúine a bhaineann le comhdú a Ráitis ar Ioncam aonair le Cláritheoir na gCuideachtaí arna cheadú ag Alt 304(2) d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

### 30. (D) Fostaithe

Meánlín na ndaoine arna bhfostú ag an gCuideachta le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ná 376 (2020: 356), gan an fhoireann a bhaineann le tionscadail chaipitil san áireamh.

Meánlín na ndaoine a bhí bainteach le tionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ná 79 (2020: 71). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe sin agus b’é €7.5m an t-iomlán dóibh don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (2020: €6.4m).

**30. (D) Fostaithe (ar lean)**

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ar bhonn míosúil de réir gníomhaíochta gnó:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020
	Líon	Líon
Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid	319	297
SEMO	45	47
SEMOpX	5	6
An tIdirnascaire Thoir-Thiar	7	6
Tionscadail chaipítíl	79	71
<b>Iomlán</b>	<b>455</b>	<b>427</b>

Chuimsigh luach saothair iomlán lena n-áirítear tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin na nithe a leanas:

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020
	Líon	Líon
Pá agus tuarastail	32,755	31,472
Costais árachais sóisialta	3,659	3,363
Costais as sochair scoir eile	8,247	3,581
<b>Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe</b>	<b>44,661</b>	<b>38,416</b>
Costais fostaithe arna ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim	37,208	32,063
Costais fostaithe chaipítíle	7,453	6,353
<b>Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe</b>	<b>44,661</b>	<b>38,416</b>

**30. (E) Infheistíocht i bhFochuideachtaí**

Is iad seo a leanas fochuideachtaí an Ghrúpa, agus tá siad faoi úinéireacht iomlán an Ghrúpa:

Fochuideachta	Tír an Chorpaithe	Príomhghníomhaíocht
EirGrid UK Holdings Limited	Tuaisceart Éireann	Cuideachta shealbhaíochta
SONI Teoranta, Tuaisceart Éireann	Tuaisceart Éireann	Oibritheoir Córais Tarchurtha
EirGrid Interconnector Designated Activity Company	Éire	Idirnasc
EirGrid Telecoms Designated Activity Company	Éire	Teileachumarsáid
EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company	Éire	Cuideachta dhíomhaoin

### 30. (E) Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

Tá EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Designated Activity Company, EirGrid Telecoms Designated Activity Company agus EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company faoi úinéireacht dhíreach na Cuideachta. Tá SONI Teoranta faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings Limited.

Tá EirGrid plc agus EirGrid Interconnector Designated Activity Company ina bpáirtithe i roinnt comhaontuithe airgeadais maidir le húinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar, lena n-éilítear faomhadh éifeachtach ó bhainc iasachta le haghaidh aon dáileadh idir EirGrid Interconnector Designated Activity Company agus EirGrid plc.

Corpraíodh EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company ar an 12 Meán Fómhair 2018 agus bhí sé díomhaoín go dtí deireadh na bliana airgeadais.

Tá oifig chláráithe EirGrid Interconnector Designated Activity Company, EirGrid Telecoms Designated Activity Company agus EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company lonnaithe ag The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Tá oifig cláráithe EirGrid UK Holdings Limited agus SONI Teoranta lonnaithe ag Teach an Chaisleáin Riabhaigh, 12 Bóthar an Mhansa, Béal Feirste.

Infheistíocht i bhFochuideachtaí	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	155,761	155,761
Breiseanna	–	–
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>155,761</b>	<b>155,761</b>

Tá airleacain de €31.7m (2020: €31.7m) san iomlán tugtha ag an gCuideachta do EirGrid Interconnector Designated Activity Company, chomh maith le fiachas iomlán ar iasacht de €285.0m (2020: €285.0m) in 2009. Tá infheistíocht de €155.5m. (2020: €155.5m) in EirGrid Interconnector Designated Activity Company aitheanta ag an gCuideachta chomh maith le €0.2m (2020: €0.2m) in EirGrid Telecoms Designated Activity Company, a léiríonn meastachán cóirluacha den ráta tráchtála d'ús roimhe seo ón gCuideachta thar shaolré na n-iasachtaí seo. Iarmhéid fiachais ar iasacht le EirGrid Interconnector Designated Activity Company ag deireadh na bliana ná €132.3m. (2020: €135.1m).

### 30. (F) Comhshocrú

Tá leas cothromais de 50% ag EirGrid plc in Celtic Interconnector DAC, cuideachta atá corpraithe in Éirinn, ar comhshocrú é idir EirGrid plc agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Nasc leictreachais beartaithe faoin bhfarraige is ea tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, tionscadal a nascfaidh Éire agus an Fhrainc. Cuspóir an chomhshocrú ná oibreacha ainmnithe áirithe a dhéanamh le linn chéim dhearaidh agus chomhairliúcháin an tionscadail.

Faoi IFRS 11, aicmíonn an Chuideachta a leas i gcomhshocrúithe mar chomhoibríochtaí nó comhfhiontair ag braith ar chearta na Cuideachta i leith sócmhainní agus i leith oibleagáidí i ndáil le dlíteanais na gcomhshocrúithe. Agus measúnú á dhéanamh, measann an Chuideachta struchtúir agus foirm dhlíthiúil na socruithe, téarmaí conartha an tsocrúithe lena n-aontaíonn na páirtithe agus fíricí agus tosca eile nuair is ábhartha.

Ceapadh gur comhfhiontar a bhí in Celtic Interconnector DAC sna blianta roimhe agus, mar sin de, cuireadh an infheistíocht san áireamh ag úsáid mhodh cuntasáochta an chothromais, ag aithint a infheistíochta tosaigh de €50,000 agus an scair de na brabúis de €5,000. Mar sin, is é €55,000 a aithníodh ar an gclár comhardaithe.

Cé gur eintiteas dlíthiúil ar leithligh e an Idirnascaire Ceilteach DAC, tá athaicmiú déanta ag an gCuideachta air mar chomhoibríocht de bharr na socruithe conartha atá i bhfeidhm idir EirGrid plc agus RTE. Tá an dá pháirtí ag soláthar an airgid chun dlíteanais an Idirnascaire Cheiltigh DAC a shocrú agus soláthraítear torthaí an Idirnascaire Cheiltigh don dá pháirtí.



### 30. (F) Comhshocrú (ar lean)

Mar thoradh air sin, dhí-aithnigh an Chuideachta a infheistíocht tosaigh agus scair de na brabúis ón Idirnascaire Ceilteach DAC agus tá a scair de shócmhainní an Idirnascaire Cheiltigh DAC, chomh maith leis na dliteanais, ioncam agus na costais curtha san áireamh aige i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne a nochtar i nóta 30 (H). Meastar go bhfuil 50% de na cearta i ndáil leis na sócmhainní agus 50% de na hoibleagáidí as na dliteanais faoi úinéireacht EirGrid plc.

### 30. (G) Leas i gComhoibríocht

Is é an Margadh Leictreachais aonair an margadh leictreachais mhórdhíola a oibríonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, margadh ar cuireadh tús leis ar an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin, cuireadh stop leis an seanmhargadh leictreachais mhórdhíola in Éirinn agus cuireadh tús leis an Margadh Leictreachais Aonair nua. Cuireadh SEMO ar bun mar chomhoibríocht conartha idir an gCuideachta agus SONI Teoranta atá teoranta as oibriú an mhargaidh leictreachais mhórdhíola le haghaidh oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 ar aghaidh. Tá leas de 75% ag an gCuideachta in SEMO.

Tá seirbhísí NEMO forbartha agus curtha i bhfeidhm ag EirGrid plc agus SONI Teoranta le haghaidh Tuaisceart Éireann agus le haghaidh na hÉireann le SEMOpx, comhoibríocht chonartha 75/25 idir EirGrid plc agus SONI Teoranta. Cuireadh SEMOpx ar bun ar an 28 Meán Fómhair 2018. Tá EirGrid plc ainmnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais mar NEMO le haghaidh na hÉireann agus tá SONI Teoranta ainmnithe ag an Rialtóir Fóntais mar an Oibrítheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (NEMO) le haghaidh Tuaisceart Éireann. Ceadaíonn ainmnithe NEMO do SONI Teoranta agus EirGrid plc ceantanna an lá dar gcionn agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair a sholáthar.

Is comhoibríocht 75/25 idir EirGrid plc agus SONI Teoranta é Cód JV an Mhargaidh Acmhainne, arna chur ar bun ar an 28 Meán Fómhair 2018. An chuspóir atá aige ná Cód an Mhargaidh Acmhainne a riar.

Tá measta ag an gCuideachta gur comhoibríochtaí iad na socruithe seo, agus mar sin de, cuireadh scair na sócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas san áireamh i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne.

Áirítear le Ráitis Airgeadais na Cuideachta na méideanna a leanas ar bhonn líne ar líne chun SEMO agus SEMOpx a léiriú i gcuntais na Cuideachta.

	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
Sócmhainní neamhreacha	9,296	6,837
Sócmhainní reatha	120,744	105,694
<b>Iomlán na sócmhainní</b>	<b>130,040</b>	<b>112,531</b>
Cothromas iomlán	29,979	26,444
Dlíteanais reatha	100,061	86,087
Dlíteanais iomlána	100,061	86,087
<b>Iomlán an chothromais agus na n-dlíteanas</b>	<b>130,040</b>	<b>112,531</b>

	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2021 € '000	Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2020 € '000
Ioncam	15,882	13,784
Costais	(12,347)	(12,651)
<b>Brabús oibriúcháin</b>	<b>3,535</b>	<b>1,133</b>

**30. (G) Leas i gComhoibríocht (ar lean)**

Mar a leagtar amach i nóta 30 (F), measann an Chuideachta gur comhoibríocht é an tIdirnascaire Ceilteach DAC freisin. Tá na méideanna a leanas ó Celtic Interconnector DAC curtha san áireamh i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar bhonn líne ar líne:

	<b>30 Meán Fómhair 2021</b> € '000
Sócmhainní neamhreatha	–
Sócmhainní reatha	2,284
<b>Iomlán na sócmhainní</b>	<b>2,284</b>
Cothromas iomlán	54
Dliteanais reatha	2,230
Dliteanais iomlána	2,230
<b>Iomlán an chothromais agus na n-dliteanas</b>	<b>2,284</b>

	<b>Bliain go dtí</b> <b>30 Meán Fómhair 2021</b> € '000
Ioncam	11
Costais	(10)
<b>Brabús oibríocháin</b>	<b>1</b>

**30. (H) Infheistíochtaí eile**

	<b>30 Meán Fómhair 2021</b> € '000	<b>30 Meán Fómhair 2020</b> € '000
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	325	325
Breiseanna	–	–
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>325</b>	<b>325</b>

In 2018 fuair EirGrid leas cothromais de 4.75% in S.A. Oifig Leithdháilte Chomhdhlúite le haghaidh €0.2m, cuideachta atá cláraithe i Lucsamburg. Faoi Rialacha AE, ceanglaítear ar Oibrítheoirí Córais Tarchurtha Ardán Leithdháilte Lárnach a chur i bhfeidhm i ndáil le hacmhainn ar idirnascairí. Tá EirGrid, agus é ina Oibrítheoir deimhnithe Córais Tarchurtha le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar, anois ina scairshealbhóir san Oifig Leithdháilte Chomhdhlúite (JAO), a mhol na hoibrítheoirí córais tarchurtha mar an Ardán Leithdháilte Lárnach.

Faoi na rialacha Eorpacha (Cóid Líonraí), ceanglaítear ar EirGrid bheith ag comhoibriú ar bhonn réigiúnach le ‘Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach’ (RSC) amháin ar a laghad, agus mar sin de, fuair sé leas cothromais de 3.7% in SA Coreso RSC le haghaidh €0.1m in 2018, cuideachta atá cláraithe sa Bheilg.

## 30. (I) Sócmhainní doláimhsithe

	Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite	Bogearraí TF eile	Bogearraí atá á bhforbairt	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
<b>Costas</b>				
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	74,988	36,741	9,047	120,776
Breiseanna	–	–	9,295	9,295
Aistriú (chuig)/ó shócmhainní eile	3,675	3,518	(7,193)	–
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	78,663	40,259	11,149	130,071
<b>Amúchadh</b>				
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	28,967	33,163	–	62,130
Muirear amúchta	15,401	2,549	–	17,950
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	44,368	35,712	–	80,080
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>34,295</b>	<b>4,547</b>	<b>11,149</b>	<b>49,991</b>
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	<b>46,021</b>	<b>3,578</b>	<b>9,047</b>	<b>58,646</b>

Tá athrú suntasach déanta ar an Margadh Leictreachais Aonair. Tá reachtaíocht ón Aontas Eorpach ag tabhairt margaí fuinnimh ar fud na hEorpa le chéile agus é mar aidhm margadh leictreachais inmheánach atá go hiomlán saor a chruthú. Bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil agus an Margadh Leictreachais Aonair á athdhearadh agus tá na costais seo sainithe mar shócmhainn de chuid an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite ('I-SEM').

## 30. (J) Sealúchas, Gléasra agus Trealamh

	Talamh agus Foirgneamh *	Daing- neáin agus Feistiú	Trealamh TF agus teileachumarsáide agus eile	Mótarfhei- thiclí	Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite Iomlán	Sócmhainní á dtógáil	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
<b>Costas</b>							
An t-iarbhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	10,407	3,337	59,584	77	2,923	14,648	90,976
Breiseanna	10,001	–	–	–	–	12,408	22,409
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	–
Aistriú (chuig)/ó aicmí eile	–	2,235	1,895	–	–	(4,130)	–
An t-iarbhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	20,408	5,572	61,479	77	2,923	22,926	113,385
<b>Dímheas</b>							
An t-iarbhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2020	5,279	2,665	49,048	65	1,170	–	58,227
An Muirear	436	656	3,170	10	585	–	4,857
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–	–
An t-iarbhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	5,715	3,321	52,218	75	1,755	–	63,084
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>14,693</b>	<b>2,251</b>	<b>9,261</b>	<b>2</b>	<b>1,168</b>	<b>22,926</b>	<b>50,301</b>
An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020	5,128	672	10,536	12	1,753	14,648	32,749

\* Léirítear le costas fhoirgnimh na Cuideachta feabhsúcháin léasachta.

\*\* Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an Mhargaidh Leictreachais Aonair nua agus baineann sé le cruá-earraí TF.

\*\*\* Cuimsíonn acmhainní atá á dtógáil na nithe a leanas:

	30 Meán Fómhair 2021 € '000	30 Meán Fómhair 2020 € '000
Trealamh TF agus teileachumarsáide	2,352	12,566
Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh	18,047	9,815
Saoráidí	2,527	2,267
<b>Iomlán</b>	<b>22,926</b>	<b>14,648</b>



## 30. (K) Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dlíteanais Léasa

	Sealúchas	Mótarfheithiclí	Iomlán
Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	€ '000	€ '000	€ '000
<b>Costas</b>			
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	32,478	29	32,507
Breiseanna	–	–	–
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	32,478	29	32,507
Mionathruithe ar léas	633	–	633
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>33,111</b>	<b>29</b>	<b>33,140</b>
<b>Dímheas carntha agus cailteanais laige</b>			
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	–	–	–
Dímheas	3,015	14	3,029
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	3,015	14	3,029
Dímheas	3,436	12	3,448
An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021	6,451	26	6,477
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>26,660</b>	<b>3</b>	<b>26,663</b>
<b>An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2020</b>	<b>29,463</b>	<b>15</b>	<b>29,478</b>
<b>Dlíteanais léasa</b>			<b>Iomlán</b>
			<b>€ '000</b>
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020			32,043
Mionathrú ar léas			633
Ús			429
Íocaíochtaí léasa			(3,420)
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>			<b>29,685</b>
<b>Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:</b>			<b>€ '000</b>
Reatha			2,239
Neamh-Reatha			27,446
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>			<b>29,685</b>

### 30. (K) Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dlíteanais Léasa (ar lean)

Taispeánann an tábla thíos an anailís aibíochta a bhaineann leis an dlíteanas léasa lascainithe agus neamhlescainithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí léasa an Ghrúpa.

<b>Dlíteanais léasa</b>	<b>Lascaínithe</b> € '000	<b>Neamhlescainithe</b> € '000
Laistigh de bhliain amháin	2,239	2,634
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	10,361	11,635
Tar éis cúig bliana	17,085	17,766
<b>Iomlán</b>	<b>29,685</b>	<b>32,035</b>

<b>Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam</b>	<b>Iomlán</b> € '000
Dímheas maidir le sócmhainní i ndáil le ceart úsáide	3,448
Costais a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha	–
Íocaíochtaí léasa athraitheacha *	17
Costais a bhaineann le léasanna de shócmhainní lena mbaineann luach íseal, gan léasanna gearrthréimhseacha de shócmhainní lena mbaineann luach íseal san áireamh	–
Ús ar dhlíteanais léasa	429

\* Tá conradh seirbhíse priontála bainistíochta ag an nGrúpa agus tá íocaíochtaí léasa athraitheacha bainte le húsáid na sócmhainne forlúití amach anseo, agus mar sin de, fágadh na híocaíochtaí seo as an áireamh sa tomhas ar dhlíteanais léasa.

<b>Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam</b>	<b>Iomlán</b> € '000
Iomlán an tsreafa airgid le haghaidh an léasa le linn na bliana *	3,437

\* Áirítear leis costas úis, aisíocaíochtaí príomha, costais ghearrthréimhseacha agus costais léasa lena mbaineann luach íseal

## 30. (L) Trádáil agus Infháiltais Eile – Méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	Nóta	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
		€ '000	€ '000
Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail		21,548	20,101
Infháiltais eile		38,550	16,125
Méideanna dlite ag gnóthais fochuideachta		162,250	163,540
Cáin iarchurtha	30 (S)	12,015	13,121
<b>Iomlán</b>		<b>234,363</b>	<b>212,887</b>

Dar leis na Stiúrthóirí go measann suim ghlanluacha na trádála agus na n-infháltas eile a gcóirluach.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais na Cuideachta a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha de €21.5m. (2020: €20.1m) faoi seach, agus d'fhéadfaí nach mbeifí in ann iad a aisghabháil laistigh de dhá mhí déag.

I measc na n-infháltas eile tá €38.6m a bhaineann le costais aisghabhála a eascraíonn as feidhmiú Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tá an Grúpa sásta go dtacófar le gach costas a eascraíonn as feidhmiú an Rialacháin le taraif rialaithe bunaithe ar an margadh. Aithníodh na costais seo le foráil a leagtar amach i nóta 30 (U).

## 30. (M) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	455,095	413,311

Cuimsítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim arna shealbhú ag an gCuideachta agus taiscí bainc gearrthréimhseacha ag a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú tráth a eisiúna. Measann suim ghlanluacha na sócmhainní seo a gcóirluach. Tá an riosca creidmheasa i ndáil le cistí leachtach toisc gur bainc iad na contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa atá sách ard agus atá sannta ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátálacha creidmheasa.

Áirítear le hiarmhéideanna airgid taiscí slándála de €8.8m (2020: €12.9m). Áirítear leis na hiarmhéideanna airgid €60.0m (2020: €46.5m) arna shealbhú ar iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa Mhargadh Leictreachais Aonair agus €29.1m (2020: €19.5m) arna shealbhú i gcuntais cúlchiste chomhthaobhaigh an Mhargaidh Leictreachais Aonair (cuntais shlándála arna sealbhú in ainm na rannpháirtithe margaidh).

## 30. (N) Trádáil agus Infháltas Eile – Méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Infháltais thrádála	1,744	500
Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail	29,562	27,713
Infháltais neamhbhilleáilte	90,430	84,767
Infháltais eile	23,464	34,647
Infháltais na cánach reatha	–	6,460
Méideanna dlite ag gnóthais fochuideachta	16,302	31,429
<b>Iomlán</b>	<b>161,502</b>	<b>185,516</b>

€5.7m (2020: €2.0m) d'iarmhéid na n-infháltas eile, baineann sé le híocaíochtaí atá dlite do BSL mar Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha in Éirinn.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais na Cuideachta a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha de €21.2m. (2020: €19.2m), agus d'fhéadfaí nach mbeifí in ann iad a aisghabháil laistigh de dhá mhí déag.

I measc na n-infháltas eile a bhí dlite i níos lú ná bliain sa bhliain roimhe sin bhí €9.3m a bhí dlite ó mhargadh cothromúcháin an Mhargaidh Leictreachais Aonair le SEMO i ndáil le riachtanais caipítíl oibre a tharla sa mhargadh cothromúcháin le linn na bliana roimhe sin agus a maoiníodh le cistiúchán ó bhanc seachtrach arna chur EirGrid agus SONI ar fáil trí SEMO é. Aisghabhadh an t-iarmhéid seo le coigeartuithe ar tharaifí k-fhachtóra le linn na bliana agus aisíocadh saoráid an chaipítíl oibre. De bharr aisghabhálacha ró-ard sa mhargadh le linn na bliana bhí iarmhéid dlite leis an margadh cothromúcháin SEM amháin an 30 Meán Fómhair 2021 mar a leagtar amach i nóta 30 (O).



## 30. (O) Trádáil agus Iníocthaigh Eile – Méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	Nóta	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
		€ '000	€ '000
Iníocthaigh thrádála		63,845	59,174
Fabhraithe		166,327	158,269
Ioncam iarchurtha		1,712	1,109
Cánachas agus árachas sóisialta		13,366	12,844
An cháin reatha atá le híoc		4,242	–
Iníocthaigh eile		108,899	58,051
Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachta		6,869	18,955
Deontais	30 (Q)	147	356
Íasachtaí	30 (R)	10,352	9,928
Dliteanais léasa	30 (K)	2,239	2,639
<b>Iomlán</b>		<b>377,998</b>	<b>321,325</b>

Cuimsítear le cánachas agus árachas sóisialta na nithe a leanas:

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Cáin ioncaim arna hasbhaint faoi ÍMAT	549	512
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	494	505
CBL	11,901	11,079
Cáin shiarchoinneálach	422	748
<b>Iomlán</b>	<b>13,366</b>	<b>12,844</b>

Cuimsítear le hiníocthaigh thrádála agus fabhraithe, méideanna gan íoc le haghaidh ceannacháin thrádála agus costais leantacha go príomha. €57.8m (2020: €55.0m) d'iarmhéid iníocthach thrádála na Cuideachta, baineann se leis an muirear atá le híoc le BSL mar Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha. Cuimsítear le fabhraithe costais dhíreacha go príomha, costais a bhaineann le reáchtáil an chórais tarchurtha don dá mhí dheireanacha sa tréimhse chuntasaíochta.

Áirítear le hiníocthaigh eile atá dlite i níos lú ná bliain €61.6m (2020: €nialas) atá dlite don mhargadh cothromúcháin SEM de bharr aisghabhálacha ró-arda a chuirfear ar ais leis an gcoigeartú ar an taraif k-fhachtóra. Bhí an margadh cothromúcháin i staid infháltais sa bhliain roimhe sin mar a leagtar amach i nóta 30 (N).

## 30. (P) Trádáil agus Iníocthaigh Eile – Méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin

	Nóta	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
		€ '000	€ '000
Ionstraim dhíorthach airgeadais		56,029	70,579
Deontais	30 (Q)	–	–
Iasachtaí	30 (R)	182,511	242,863
Dliteanais léasa	30 (K)	27,446	29,404
<b>Iomlán</b>		<b>265,986</b>	<b>342,846</b>

## 30. Deontais (Q)

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2020	356	114
Breiseanna	–	797
Amúchadh	(209)	(555)
<b>An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>147</b>	<b>356</b>

## Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:

Reatha	147	356
Neamh-Reatha	–	–
<b>An t-iarmhéid deiridh</b>	<b>147</b>	<b>356</b>

Is deis é tionscadal AE-SysFlex Fís 2020 chun bheith chun tosaigh agus rannpháirteach i dtionscadal straitéiseach a chuimsíonn an Eoraip ar fad agus atá ailínithe go díreach le cuspóir straitéiseach EirGrid Group a bheith “ina cheannaire domhanda maidir le heangaí cliste agus ionchuimsiú athnuaiteán”. Tá an deontas incheadaithe le haghaidh costais áirithe a leagtar amach sa chomhaontú deontais. Scaoiltear an t-ioncam deontais i leith an chaiteachais de réir mar a thabhaítear é agus bhí €0.1m i ndeontais neamh-amúchta ag deireadh na bliana. Mura gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha Chomhaontú Deontais an Choimisiúin Eorpaigh, d’fhéadfaí go dtarraingeofaí an cistiú deontas arna fháil ag EirGrid ar ais.

## 30. (R) Iasachtaí

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
<b>Inaisíochta i dtráthchodanna</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin	10,352	9,928
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin agus dhá bhliain	10,793	10,352
Inaisíochta laistigh de dhá bhliain agus cúig bliana	35,217	33,775
Inaisíochta i mbreis agus cúig bliana	136,501	148,736
<b>Iomlán</b>	<b>192,863</b>	<b>202,791</b>
	<b>30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>30 Meán Fómhair 2020</b>
<b>Inaisíochta ar bhealach eile seachas i dtráthchodanna</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin	–	–
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin agus dhá bhliain	–	50,000
Inaisíochta laistigh de dhá bhliain agus cúig bliana	–	–
Inaisíochta i mbreis agus cúig bliana	–	–
<b>Iomlán</b>	<b>–</b>	<b>50,000</b>
	<b>30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>30 Meán Fómhair 2020</b>
<b>Iomlán na niasachtaí</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin	10,352	9,928
Inaisíochta laistigh de bhliain amháin agus dhá bhliain	10,793	60,352
Inaisíochta laistigh de dhá bhliain agus cúig bliana	35,217	33,775
Inaisíochta i mbreis agus cúig bliana	136,501	148,736
<b>Iomlán</b>	<b>192,863</b>	<b>252,791</b>

Aistríodh sciar de na hiasachtaí ón ráta comhlúthach úis go ráta comhlúthach úis seasta agus conarthaí babhtála ráta úis á n-úsáid. Féach nóta 25 de na ráitis chomhdhlúite airgeadais.

Bhí saoráidí iasachta gan úsáid ag an gCuideachta de €150.0m (2020: €100.0m) ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Cuireadh formhór na n-iasachtaí gan úsáid seo in ord ionas go mbeadh saoráidí teannta leordhóthanacha ag an gCuideachta chun íocaíochtaí sriantachta nach bhfuil sa bhuiséad nó nach mbeadh súil leo a chlúdach.

## 30. (S) Cáin Iarchurtha

	Dímheas cánach luathaithe	Oibleagáidí sochair scoir	Fálú ar an sreabhadh airgid	Iomlán
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2019	(943)	6,146	9,592	14,795
(Muirear)/Creidmheas ar an Ráiteas ar Ioncam don bhliain	471	(131)	–	340
Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	–	(1,244)	(770)	(2,014)
Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2020	(472)	4,771	8,822	13,121
(Muirear)/Creidmheas ar an Ráiteas ar Ioncam don bhliain	505	40	–	545
Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	–	167	(1,818)	(1,651)
<b>Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>33</b>	<b>4,978</b>	<b>7,004</b>	<b>12,015</b>

## 30. (T) Oibleagáid sochair scoir

Is mar seo a leanas a bhí an méid a bhí sa Chlár Comhardaithe agus a d'éascair as na n-oibleagáidí mar gheall ar na pleananna sochair sainithe seo:

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe maoinithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach	208,143	183,040
Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana	(168,315)	(144,870)
<b>Glandlíteanas</b>	<b>39,828</b>	<b>38,170</b>

Mar a leagtar amach i nóta 23, tá scéim pinsin amháin ar chlár comhardaithe EirGrid plc. Soláthraíodh faisnéis ar na scéimeanna pinsin seo de réir nóta 23 de na ráitis chomhdhlúite airgeadais. Toisc nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir an fhaisnéis a thugtar sna nótaí comhdhlúite agus faisnéis na Cuideachta, roghnaíodh gan an fhaisnéis seo a atáirgeadh.



## 30. (U) Soláthairtí eile

	30 Meán Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2020
	€ '000	€ '000
An t-iarmhéid tosaigh	16,125	16,125
Soláthair déanta i rith na bliana	22,425	–
<b>An t-iarmhéid deiridh</b>	<b>38,550</b>	16,125

Tá Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach (“Rialachán”) maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais mar chuid den Phacáiste um Fhuinneamh Glan agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tagraíonn Airteagal 12 den Rialachán seo do sheoladh na freagartha giniúna agus éilimh, agus tagraíonn Airteagal 13 don athsheoladh (i gcás ina n-iarrann oibrítheoir córais tarchurtha ar gineadóir an leibhéal beartaithe táirgthe a athrú – chun é a laghdú de ghnáth sa chomhthéacs seo). Tá Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair fós ag plé chur i bhfeidhm an Rialacháin in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Sheol Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair comhairliúchán maidir leis an Rialachán ag díriú ar Airteagail 12 agus 13 (SEM-20-028 27 Aibreán 2020). Leagadh amach leis an bpáipéar comhairliúcháin go mbainfidh nuashonruithe ar na socruithe reatha leis an Rialachán (SEM-11-062) chun na riachtanais nua maidir le seoladh tosaíochta a léiriú agus, chomh maith leis sin, nuashonruithe ar shocruithe (SEM-13-010) maidir le cúiteamh le haghaidh ciorrúcháin agus srianta arna dtabhairt isteach ag an Rialachán.

Sheol Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair páipéar comhairliúcháin (SEM-21-026) eile freisin in Aibreán 2021, inar tugadh sonraí maidir le tuairimí na nÚdarás Rialála i ndáil leis an staid maidir le réimsí áirithe arna n-ardú sa pháipéar comhairliúcháin SEM-20-028, a bhain le cur chun feidhme na nAirteagal 12 agus 13 ag díriú ar shainmhínte an tseolta, an athsheolta agus athsheolta nach bhfuil bunaithe ar an margadh sa Mhargadh Leictreachais Aonair agus socruithe le haghaidh cúitimh faoi Airteagal 13(7). Cé gur tugadh le fios roimhe seo go gcuirfí na saincheisteanna a bhaineann leis an rialachán seo i láthair mar chuid de pháipéar cinnteoireachta beartaithe, foilsíodh comhairliúcháin eile mar gheall ar roinnt saincheisteanna casta a bhain leis an rialachán. Ina dhiaidh sin, i Lúnasa 2021, d’fhoilsigh Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair na freagraí a fuarthas i ndáil le SEM-21-026 agus SEM 21-027, ach níor foilsíodh aon pháipéar cinnteoireachta críochnaitheach mar gheall ar chur i bhfeidhm an rialacháin go dtí seo.

Cé go bhfuil dibhéirseacht ag baint le léirmhíniú agus forfheidhmiú beartaithe an rialacháin seo, agus é go bhfuil féidearthacht ann go mbeadh an dliteanas féideartha cothrom le nialas, creidim gur dócha, mar gheall ar an Rialachán, go bhfuil oibleagáid íocaíochta ag an gCuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2021. Braithfidh na méid deiridh ar an mbealach a gcinnfidh na hÚdarás Rialála an Rialachán a chur chun feidhme in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann maidir le híocaíochtaí sriantachta le gineadóirí in-athnuaite ag a bhfuil naisc dhochta, íocaíochtaí ciorrúcháin le gineadóirí in-athnuaite agus íocaíochtaí sriantachta le gineadóirí in-athnuaite nach bhfuil naisc dhochta acu. Meastar go mbeidh an dliteanas féideartha idir €17.7m agus €150.9m. Toisc gur meastachán é seo, tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh an dliteanas féideartha bheith os cionn an raoin seo nó níos ísle ná é. Mar sin féin, bunaithe ar bhreithniú na Cuideachta, is é €38.6m an meastachán is fearr laistigh den raon seo. Tá amú na n-íocaíochtaí éiginnte, ach ní mór tús a chur le híocaíochtaí leis na páirtithe lena mbaineann tar éis chríochnaíocht chomhairliúcháin.

Tá an Chuideachta sásta go dtacófar le gach costas a eascraíonn as feidhmiú an Rialacháin le socrú taraif rialaithe bunaithe ar an margadh. Dá réir sin, cuireadh méid in-aisghabhála de €38.6m san áireamh in Trádáil agus infháltais eile i nóta 30 (L).

**30. (V) Ceangaltais Chaipitil**

	<b>30 Meán Fómhair 2021</b>	<b>30 Meán Fómhair 2020</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Caiteachas a ndearnadh conradh dó, ach nach ndearnadh foráil dó sna Ráitis Airgeadais	3,458	5,110

Tá ceangaltais chonartha ag an gCuideachta a eascraíonn as tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, arb é sin an nasc beartaithe leictreachais idir Éire agus mór-roinn na hEorpa atá ag céim an dearaidh mhionsonraithe agus toilithe

**30. (W) Dlíteanais Theagmhasacha**

Níl an Chuideachta ar an eolas maidir le haon dlíteanas teagmhasach ag deireadh na bliana (2020: nialas).

**30. (X) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Ráthaíonn EirGrid plc iasachtaí EirGrid Interconnector Designated Activity Company le struchtúr trasrathaíochta. Tá litreacha tacaíochta eisithe ag an gCuideachta dá bhfochuideachtaí EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Designated Activity Company and the EirGrid Celtic Interconnector Designated Activity Company.

Tá Fochuideachta Máthairchuideachta de £10.0m (2020: £10.0m) tugtha ag EirGrid plc do SONI Teoranta.

Tá leas bainte ag an gCuideachta as an díolúine faoi mhír 8(k) de FRS101, gan idirbhearta le fochuideachtaí comhlacha atá go hiomlán faoina úinéireacht a nochtadh.

**30. (Y) Teagmhais Iarchláir Comhardaithe**

Níor tharla aon teagmhas eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a dteastódh nochtadh agus/nó coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

**30. (Z) Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 15 Nollaig 2021.



# Nótaí





EirGrid  
An tUbhchruth,  
160 Bóthar Shíol Bhroin,  
Droichead na Dothra,  
Baile Átha Cliath, Do4 FW28

T +353 1 677 1700  
[eirgridgroup.com](http://eirgridgroup.com)

